



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 483 de 2012**



NA RIALACHA UM CHLÁRÚ TALÚN, 2012

*[An tiontú oifigiúil.]*

## NA RIALACHA UM CHLÁRÚ TALÚN, 2012

<b>Ábhar</b>	<b>Riail</b>
<b>CLÁR AN ÁBHAIR</b>	
RÉAMHRÁITEACH	
Tosach feidhme	1
Léiriú	2
CUID 1	
NA CLÁIR AGUS OIFIGÍ NA CLÁRLAINNE	
Foirm agus ábhair na gclár	3
Modh cláraithe	4
Athmheas fhóiliónna na gclár	5
Athruithe foirmiúla sa chlár agus cealú taifead atá foirceanta	6
Earráidí a cheartú	7
Tuairisc na maoin	8
Treoirleabhair	9
Dúnadh cláir i leith muirear	10
CUID 2	
IARRATAIS AR CHLÁRÚ	
Iarratais ar chlárú	11
Iarratais nach mbeidh in ord	12
Fianaise agus fiosrúcháin bhreise	13
CUID 3	
CÉADCHLÁRÚ, COMHSHÓ TEIDEAL SEALBHACH AGUS TEIDEAL SRIANTA, AGUS CLÁRÚ EILE INAR GÁ SCRÚDÚ AR THEIDEAL DAOINE CHUN LEASANNA NEAMHCHLÁRAITHE I MAOIN CHLÁRAITHE	
<i>Céadchlárú</i>	
Iarratas ar chéadchlárú	14
Doiciméid is gá a chur le hiarratas chun úinéireacht maoin rúfse a chlárú	15
Doiciméid is gá a chur le hiarratas chun úinéireacht ar leasanna léasacha agus ar chearta seachas oidhreachtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán a chlárú	16
Iarratas ar chéadchlárú nuair is seilbh is bun leis	17
Scrúdú teidil	18
Scrúdú teidil a mhodhnú	19
Iarratas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar chlárú le teideal sealbhach	20

Iarratas ó údarás áitiúil faoi chumhachtaí reachtúla chun ceannaitheoir a chéadchlárú	21
Doiciméid atá le taisceadh i gcás an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara do thabhairt clárú i gcóir	22
Maoin thairfeadta a aistriú chun na gclár	23
Maoin thairfeadta a chlárú	24
Éasúint nó <i>profit à prendre</i> a thairfeadadh mar chuid de thuirisc ar mhaoin a chláraítear	25
Maoin a fuarthas faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh agus mar mhalairt	26
Fógra i dtaobh srianta reachtúla	27
Tairfid maidir le mianaigh agus mianraí	28
Teaghaisín, árasán, urlár, siléar, tollán, mianaigh agus mianraí, ithir, fo-ithir, áiléar, aerspás nó urthrá	29
Foirm an rabhaidh i gcoinne céadchlárú agus na mionnscribhinne mar thaca leis	30
Tréimhse le haghaidh agóide agus foirm an fhógra do rabhdóir	31

*Teideal a chomhshó*

Iarratas i gcás úinéireacht a bheith cláraithe le 30 bliain	32
Iarratas i gcás úinéireacht a bheith cláraithe le 12 bhliain faoi aistriú ar chomhaoin luachmhar	33
Iarratas i gcás maoin a fuarthas de dhroim díola, nó a fuair údarás reachtúil, agus nach mó ná €1,000,000 a luach	34
Iarratais eile chun teideal sealbhach a chomhshó	35
Scrúdú ar theideal chun leasanna a chosnaítear trí chlárú le teideal sealbhach	36
Teideal cláraithe a chomhshó i gcásanna faoi Alt 50(2) den Acht	37
Fógra, fógrán agus fiosrúcháin roimh chomhshó sna cásanna sin	38
Iarratas chun teideal srianta a chomhshó	39
Fógra le tabhairt faoi chomhshó beartaithe	40
Ualaí a cinntíodh a thairfeadadh ar chomhshó	41
An clár a chur i gcomhréir le teidil a cinntíodh	42
I gcás go dtaiscfear gníomhais chun lian a bhunú	43
Scrúduithe eile teidil lasmuigh den chlár	44

*Teideal a fuarthas, de dhroim seilbhe, chun maoin cláraithe*

Teideal a fuarthas, de dhroim seilbhe, chun maoin cláraithe	45
---	----

*Éasúintí agus brabúis a fháil trí fhorordú*

Éasúintí agus brabúis a fháil trí fhorordú	46
--	----

*Forálacha ginearálta maidir le céadchlárú agus le hiarratais inar gá scrúdú teidil ar leasanna neamhchláraithe*

Foirm mionnscribhinne follasaithe	47
Céadchlárú tionóntaí i gcoiteannas	48
Céadchlárú iontaobhaí mar úinéir	49

4 [483]

Fógra a thabhairt faoi chlárú beartaithe	50
Dáta an chlárú	51

CUID 4

DÉILEÁLACHA LE MAOIN CHLÁRAITHE

*Ginearálta*

Foirm na n-ionstraimí	52
Iarratais nó ionstraimí i bhfoirm mhíchuí	53
Fianaise gur forghníomhaíodh ionstraimí	54
Fianaise ar fhorghníomhú ionstraime ag aturnae	55
Cuid de mhaoin chlárú a aistrítear a aithint	56
Déileáil a thíolacadh lena chlárú	57
Ord tosaíochta déileálacha a gheofar lena gclárú	58
Fógra sa chlárú faoi chlárú atá ar feitheamh	59
Dáta an chlárú	60
Ionstraim a leasú agus tosaíocht na hionstraime leasaithe	61
Deimhniú stampa arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim	62
Tionónta i gcoiteannas a chlárú	63
Úinéir faoi iontaobhas a chlárú	64
Iarratas ag úinéir clárú ar leasú fóilió	65
Iarratas ar iontaobhaithe a chlárú	66

*Aistrithe*

Foirmeacha aistrithe	67
Foirm léasa	68
Aistrí atá ina iontaobhaí nó ina hiontaobhaí a chlárú	69
Clárú faoi aistriú nó faoi ordú dílseacháin de bhun díola i bhforghníomhú ordú cúirte	70
Tagairt a chur sa chlárú do chúnant chun cíos a íoc nó páirtí a shlánú	71
Clárú ceannaitheora ó ionadaí pearsanta úinéara a urscaoileadh ó mhorgáiste breithiúnais ar leas tairbhí	72
Clárú faoi dheontas ag forchoimeád cíosa	73
Clárú cuideachtaí	74
Clárú faoi aistriú a shroicheadh thar eastát nó leas úinéara chlárú	75
Fógra i dtaobh iarratas ar chlárú faoi aistriú a shroicheadh thar eastát nó leas úinéara chlárú	76
Ualaí a chealú i gcás aistriú a shroicheadh thar eastát nó leas úinéara chlárú	77
Fógra faoi ualaí a chealú i gcás aistriú a shroicheadh thar eastát nó leas an úinéara chlárú	78
Aistriú a chlárú faoi chumhacht díola	79
Clárú iontaobhaithe nó sannaithe úinéara is féimheach agus athchlárú an úinéara	80
Clárú aistrí i gcás aistriú ag údarás áitiúil faoi reacht	81
Údarás áitiúil a chlárú faoi reacht	82
Clárú diúscairtí i leith maoin thaifeadta	83

Clárú iontaobhaí nua carachumainn	84
<i>Tarchur ar bhás</i>	
Iarratas ar chláru i gcás an t-úinéir cláraithe d'fháil bháis roimh an 1 Meitheamh, 1959	85
<i>Iarratais ar chláru i gcás an t-úinéir cláraithe d'fháil bháis an 1 Meitheamh, 1959 nó dá éis</i>	
Aontú ó ionadaí pearsanta nó ionadaithe pearsanta, i gcás tiomnóir d'fháil bháis, le cláru duine ag a bhfuil teideal; iarratas ar chláru ó dhuine ag a bhfuil teideal	86
Aistriú ag ionadaí pearsanta nó ionadaithe pearsanta chuig duine atá i dteideal a chláráithe nó a cláraithe i gcás lán-úinéir d'fháil bháis ina thiomnóir nó ina tiomnóir	87
Iarratas ar chláru ó dhuine, seachas an t-ionadaí pearsanta, atá i dteideal a chláráithe nó a cláraithe i gcás díthiomnachta	88
Iarratas ar chláru ó ionadaí pearsanta nó ionadaithe pearsanta ag a bhfuil teideal faoi dhíthiomnacht	89
Iarratas ar chláru i gcás duine a bhfuil teideal aige nó aici ach nach bhfuil cláraithe mar úinéir d'fháil bháis	90
Tarchur ar úinéir muirir nó ualaigh eile d'fháil bháis	91
Nóta faoi bhás úinéara chláráithe	92
Iarratas chun comharba úinéara theoranta a chláru	93
Iarratas ar chláru ó mharthanóir nó ó mharthanóirí de chomhthionntaí	94
<i>Orduithe cúirte agus ualaí go ginearálta</i>	
Cláru de bhun ordú cúirte	95
An t-aontú le cláru ualaí atá le tabhairt ag daoine seachas an t-úinéir	96
An chaoi chun aontú le cláru ualaigh	97
An chaoi chun ualach a thaifeadadh	98
Nóta sa chlár i gcás tosaíocht reachtúil a éileamh d'ualach	99
Ord tosaíochta i gcás dhá ualach nó níos mó a bhunú le hionstraim	100
Fianaise ar a bhféadfar ualach a chealú nó a mhodhnú	101
Iarratas ar mhuirear a chealú trí mheán leictreonach	102
Iarratas ar Ordú Coigeartaithe Maoine a chealú	103
Ualach a chealú mar ualach atá múchta	104
<i>Muirir</i>	
Foirmeacha muirir, aistriú muirir agus a urscaoileadh	105
Cláru muirir arna bhunú ag cuideachta	106
Muirear criostalaithe mar ualach	107
Fomhuirir	108
Déileáil le morgáiste a bunaíodh roimh an gcéadchláru i gcás a chláráithe	109

*Morgáistí breithiúnais*

Morgáiste breithiúnais a chlárú	110
Fianaise ar chlárú morgáiste breithiúnais	111
Fógra faoi chlárú morgáiste breithiúnais	112
Iarratas chun taifead ar mhorgáiste breithiúnais a chealú mar gheall ar neamhbhailíocht	113
Taifead ar mhorgáiste breithiúnais a cláraíodh go bailí a chealú	114

*Ualaí eile*

Léas	115
Cumhacht chun maoin a chur faoi mhuirear agus iontaobhas chun airgead a urrú	116
Lian i leith airgead ceannaigh neamhíochta	117
Breithiúnas nó ordú cúirte	118
<i>Lis pendens</i>	119
Cúirtbhannaí, bannaí agus breithiúnais	120
Éasúint nó <i>profit à prendre</i>	121

*Rabhaidh agus toirmisc i gcoinne diúscairtí a chlárú*

Foirm an rabhaidh agus na mionnscribhinne nó an deimhnithe i dtaca leis, agus an fógra	122
Fógra foláirimh do rabhdóir	123
Iarratas ó úinéir cláraithe chun rabhadh a urscaoileadh	124
An nós imeachta i gcás rabhdóir do láithriú de bhun fógra foláirimh	125
Rabhadh a tharraingt siar nó toiliú rabhdóra le déileáil	126
Rabhadh do dhul as feidhm	127
Foirm toirmisc	128
Toirmeasc a thairfeadh le toiliú	129
Iarratas ar thoirmeasc i gcás nach dtoilítear	130
An nós imeachta i gcás iarratas ar thoirmeasc	131
An nós imeachta i gcás agóid i gcoinne toirmisc	132
Toirmeasc cláraithe a mhodhnú nó a urscaoileadh	133
Iarratas in oirchill ar dhéileáil atá faoi thoirmeasc gan ordú nó formheas ón Údarás	134
An nós imeachta i gcás déileáil faoi thoirmeasc a thaisceadh gan fógra do dhaoine sonraithe	135
Toirmeasc faoi ordú cúirte	136

*Taifid eile*

Taifeadh fógra i dtaobh ualaí áirithe a dhéanann difear do mhaoin gan iad a bheith cláraithe	137
Taifeadh fógra i dtaobh díolúine ó ualaí áirithe faoi Alt 72(2) den Acht	138
Taifead i dtaobh teorainn mhaoine a bheith dochloíte	139
Taifead i dtaobh teorainn a cinneadh le tíolacas an Bhreithimh Talún	140
Taifead i dtaobh teorainn a comhaontaíodh	141
Socrú teorann i gcás maoin a aistriú	142

Tuairisc mar "naíon" a bhaint as an gclár	143
Taifead sa chlár i gcás léas inathnuaite atá cláraithe a chomhshó	144
Úinéireacht Theoranta	145

CUID 5  
ILGHNÉITHEACH

*Léarscáileanna Clárlainne*

Foirm na léarscáileanna Clárlainne	146
Na nithe a bheidh ar léarscáileanna Clárlainne	147

*Mionaoisigh agus daoine mímhheabhracha*

Daoine a fhéadfaidh feidhmiú ar son mionaoiseach	148
Ceapadh duine chun feidhmiú ar son mionaoisigh	149
Ceapadh duine chun feidhmiú ar son duine mímhheabhrach	150

*Gníomhais agus doiciméid*

Doiciméid faoi réir liain a thaisceadh	151
Doiciméid atá le coinneáil sa Chlárlann agus a fhéadfar a sheachadadh	152
Seachadadh doiciméad a bhaineann le maoin neamhchláraithe	153
Formhuiniú doiciméad a sheachadfar	154
Doiciméid a sheachadadh ar aturnae lena dtabhairt ar aird i gcúirt nó le haghaidh fómhais	155
Tarchur doiciméad chun cúirte	156
Iarratas chun doiciméad a tharchur chuig Cláraitheoir Contae	157
An doiciméad a tharchuirfear a bheith faoi choimeád an Chláraitheora Contae	158
Iníúchadh doiciméad a comhdaíodh agus cóipeanna díobh a fháil	159

*Cuardach sna cláir agus sna léarscáileanna clárlainne*

Cuardach oifigiúil	160
Taifead tosaíochta	161
Éifeacht taifid tosaíochta	162
Tosaíocht i gcás dhá thaifead tosaíochta nó níos mó a dhéanamh	163
Gan aturnae ná duine eile a bheith freagrach as earráid i gcuardach oifigiúil	164
Cuardach ag an bpobal	165

*Imeachtaí sa Chlárlann*

Gan imeachtaí a dhul ar ceal	166
Fianaise in imeachtaí	167
Mionnscríbhinní agus dearbhuithe reachtúla in imeachtaí	168
Foirm na bhfógraí a eiseofar	169
Seirbheáil fógraí	170
Gach fógra a sheirbheálfar	171
An nós imeachta i gcás fógra a cuireadh leis an bpost a aiscur	172

8 [483]

Fógra, toghairm, nó ordú a sheirbheáil go pearsanta	173
Ceisteanna a chinneadh	174
Toghairm ón Údarás	175
Cumhachtaí an Údaráis faoi Ailt 16 agus 94 den Acht	176
Costas imeachtaí os comhair an Údaráis	177
Ordú i leith costas a fhorfheidhmiú	178
Cinntí an Údaráis a thairfeadh	179
An nós imeachta i gcás Achomhairc chun na Cúirte	180
Ceisteanna a chur faoi bhráid na cúirte	181
Cumhachtaí ginearálta an Údaráis	182
Cumhacht chun imeachtaí a áireamh mar imeachtaí a tréigeadh	183

CUID 6

CÚITEAMH IS INÍOCTHA AS AN BPRÍOMH-CHISTE

An duine a gcuirfear iarratas ar chúiteamh chuige nó chuici	184
Na nithe a bheidh san iarratas ar chúiteamh	185

CUID 7

CLÁRÚ SA CHLÁR A CHOIMEÁD TAR FAOI ALT 8(B) DEN ACHT AGUS MALARTÚ  
GABHÁLTAS FAOI ALT 46 DEN ACHT TALMHAN, 1923

Ceartha incláraithe i dtalamh	186
Oidhreachtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán	187
Feidhm an Achta ar oidhreachtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán	188
Feidhm an Achta ar chearta seachas oidhreachtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán	189
Malartú faoi Alt 46 den Acht Talmhan, 1923	190
Éifeacht an chlárú ar an malartú	191
Clárú le teideal sealbhach	192
Fógraí atá le tabhairt	193



### Sceideal na bhFoirmeacha

<b>Foirm</b>	<b>Ábhar</b>
	<i>Céadchlárú, teideal de bhua seilbhe etc.</i>
Foirm 1	Iarratas maoin ruíse a chéadchlárú
Foirm 2	Iarratas léasachtaí agus cearta (seachas oidhrechtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán) a chéadchlárú
Foirm 3	Iarratas ar chéadchlárú, mura mó ná €1,000,000 an t-airgead ceannaigh nó an cúiteamh
Foirm 4	Iarratas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Alt 26(1) den Acht ar chéadchlárú le teideal sealbhach
Foirm 5	Iarratas ar chéadchlárú nuair is seilbh is bun leis an teideal
Foirm 6	Iarratas ar chlárú más seilbh talún cláraithe amháin is bun leis an teideal
Foirm 7	Rabhadh i gcoinne céadchlárú
Foirm 8	Mionnscribhinn leasa mar thaca le rabhadh i gcoinne céadchlárú, nach foláir a fhorhnuiniú ar an rabhadh
Foirm 9	Fógra foláirimh do rabhdóir i dtaobh iarratas ar chéadchlárú
	<i>Déileálacha le maoin chláraithe</i>
	<i>Teideal sealbhach a chomhshó</i>
Foirm 10	Iarratas chun teideal sealbhach (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) a chomhshó
Foirm 11	Iarratas chun teideal sealbhach (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) a chomhshó i gcás nár imscrúdaigh abhcóide an teideal chun na tionóntachta a bhí ar marthain roimh an gcéadchlárú
Foirm 12	Iarratas chun teideal sealbhach (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) a chomhshó i gcás inar imscrúdaigh abhcóide an teideal chun na tionóntachta a bhí ar marthain roimh an gcéadchlárú
Foirm 13	Iarratas chun teideal sealbhach a chomhshó (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) ar dheimhniú ó aturnae, nuair nach mó ná €1,000,000 an cúiteamh nó an t-airgead ceannaigh
Foirm 14	Iarratas chun teideal sealbhach a chomhshó (maoin nár ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh agus i gcás gur taisceadh é le haistriú ar chomaoin luachmhar nó diúscairt eile ar chomaoin luachmhar) nó chun teideal srianta a chomhshó
Foirm 15	Iarratas chun teideal sealbhach a chomhshó (maoin nár ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh agus i gcás nár taisceadh é le haistriú ar chomaoin luachmhar nó diúscairt eile ar chomaoin luachmhar)
Foirm 16	Mionnscribhinn follasaithe

*Iarratais ar chlárú*

- Foirm 17 Iarratas chun úinéireacht nó taifid eile a chlárú  
 Foirm 18 Fógra d'úinéir cláraithe go ndearna iarratasóir pearsanta iarratas

*Aistrithe*

- Foirm 19 Aistriú maoinne ag úinéir cláraithe  
 Foirm 20 Mionnscribhinn ó fhinné fianaithe  
 Foirm 21 Aistriú cuid de mhaoín ó úinéir cláraithe  
 Foirm 22 Aistriú cuid de mhaoín (eastát a thógáil) ag úinéir cláraithe  
 Foirm 23 Aistriú saorálach maoinne ruilse ag úinéir cláraithe, maille le cumhacht chúlghairme  
 Foirm 24 Aistriú maoinne ag úinéir cláraithe muirir i bhfeidhmiú cumhachta díola  
 Foirm 25 Fógra d'úinéir cláraithe faoi aistriú a chlárú faoi chumhacht díola  
 Foirm 26 Fógra i dtaobh iarualach ar chumhacht díola a chealú faoi Alt 62(10) den Acht  
 Foirm 27 Fógra don úinéir cláraithe i dtaobh aistriú a shroicheann thar eastát nó leas an úinéara chláraithe faoi Alt 60 den Acht  
 Foirm 28 Fógra i dtaobh ualach a chealú i gcás aistriú a shroicheann thar eastát nó leas an úinéara chláraithe  
 Foirm 29 Aistriú maoinne chun iontaobhaithe  
 Foirm 30 Aistriú maoinne ruilse ag úinéir cláraithe ag bunú cearta ina fhabhar féin/ina fhabhar féin agus i bhfabhar daoine eile  
 Foirm 31 Léas ar thalamh cláraithe  
 Foirm 32 Iarratas ó údarás áitiúil go gclárófaí é mar úinéir ar mhaoín a dílsíodh dó faoi reacht

*Tarchur*

- Foirm 33 Iarratas ar chlárú i gcás gur éag an t-úinéir cláraithe roimh an 1 Meitheamh, 1959  
 Foirm 34 Mionnscribhinn ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta úinéara chláraithe maidir le hualaí nó cearta eile a bunaíodh le huacht an tiomnóra, nó, maidir leis na daoine atá de réir dlí i dteideal na maoinne de bhun na díthiomnachta, i gcás báis roimh an 1 Meitheamh, 1959; **nó**,  
 Mionnscribhinn ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta i gcás gur éag duine ag a raibh teideal ach gan é/í a bheith cláraithe mar úinéir i gcás báis roimh an 1 Meitheamh, 1959 nó dá éis  
 Foirm 35 Aontú ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta le clárú duine ag a bhfuil teideal mar úinéir, i gcás úinéir cláraithe d'fháil bháis ina thiomnóir/ina tiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin  
 Foirm 36 Iarratas ó dhuine atá á éileamh go bhfuil sé/sí i dteideal a chláraithe/a cláraithe mar úinéir le haontú ón ionadaí (ó na hionadaithe) pearsanta, i gcás gur éag úinéir cláraithe ina thiomnóir/ina tiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin

- Foirm 37 Iarratas ó iontaobhaithe ar chlárú mar úinéirí maoin le haontú ón ionadaí (nó ó na hionadaithe) pearsanta, i gcás gur éag úinéir cláraithe ina thiomnóir/ina tiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis
- Foirm 38 Iarratas ar chlárú ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta atá á éileamh go bhfuil sé/sí/siad i dteideal a chláraithe/a cláraithe/a gcláraithe mar úinéir i gcás gur éag úinéir cláraithe ina thiomnóir/ina tiomnóir an 1 Meitheamh, 1959 nó dá éis
- Foirm 39 Iarratas ó ionadaí nó ionadaithe pearsanta chun ar réadtiomnaíodh maoin mar iontaobhaithe ar úinéir cláraithe d'fháil bháis ina thiomnóir/ina tiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin
- Foirm 40 Aistriú ón ionadaí (ó na hionadaithe) pearsanta chuig duine atá i dteideal a chláraithe/a cláraithe mar úinéir, i gcás gur éag úinéir cláraithe ina thiomnóir/ ina tiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin
- Foirm 41 Aontú ó ionadaí/ionadaithe pearsanta le clárú duine ag a bhfuil teideal mar úinéir i gcás gur éag úinéir cláraithe ina dhíthiomnóir/ina díthiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin
- Foirm 42 Iarratas ar chlárú ó dhuine atá á éileamh go bhfuil sé/sí i dteideal a chláraithe/a cláraithe mar úinéir, i gcás gur éag úinéir cláraithe ina dhíthiomnóir/ina díthiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin
- Foirm 43 Aistriú ón ionadaí (ó na hionadaithe) pearsanta chuig duine atá i dteideal a chláraithe/a cláraithe mar úinéir, i gcás gur éag úinéir cláraithe ina dhíthiomnóir/ina díthiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin
- Foirm 44 Iarratas ar chlárú ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta atá á éileamh go bhfuil sé/sí/siad i dteideal a chláraithe/a cláraithe/a gcláraithe mar úinéir, i gcás úinéir cláraithe d'fháil bháis ina dhíthiomnóir/ina díthiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin
- Foirm 45 Iarratas ar chlárú mar úinéir ó dhuine ag a bhfuil teideal de dhroim eastát nó leas úinéara theoranta chláraithe a fhoirceannadh
- Foirm 46 Iarratas ar chlárú mar úinéir ó dhuine ag a bhfuil teideal de dhroim eastát nó leas úinéara theoranta chláraithe a fhoirceannadh nuair nach cuí Foirm 45
- Foirm 47 Iarratas ar chlárú ó chomhthionónta marthanach nó ó chomhthionóntaí marthanacha

*Muirir agus cealuithe*

- Foirm 48 Aontú le clárú ualaigh
- Foirm 49 Muirear i leith príomhshuime
- Foirm 50 Muirear i leith airleacain todhchaí
- Foirm 51 Muirear i leith airleacain láithreacha agus airleacain todhchaí
- Foirm 52 Muirear sonrath i leith airleacain láithreacha agus todhchaí a thagann as morgáiste tráchtála nó bintiúr a bhunú

- Foirm 53 Muirear ag ionadaí pearsanta i leith airgead a dhlíonn sé/sí a íoc mar ionadaí pearsanta
- Foirm 54 Iarratas chun muirear foluaineach criostalaithe a chlárú
- Foirm 55 Muirear criostalaithe a thaifeadadh sa chlár
- Foirm 56 Muirear a aistriú
- Foirm 57A Foréileamh ó úinéir cláraithe muirir go gcealófaí muirear
- Foirm 57B Foréileamh go gcealófaí muirear mura dtoilíonn a úinéir cláraithe
- Foirm 58 Iarratas i bhfoirm leictreonach go ndéanfaí taifead ar mhuirear a chealú
- Foirm 59A Iarratas ó aturnae chun ordú coigeartaithe maoinne a chealú
- Foirm 59B Iarratas chun ordú coigeartaithe maoinne a chealú ó thairbhí an ordaithe
- Foirm 59C Iarratas ó na páirtithe sna himeachtaí chun ordú coigeartaithe maoinne a chealú

*Morgáistí breithiúnais agus ualaí eile*

- Foirm 60 Iarratas ar bhreithiúnas a chlárú mar mhorgáiste breithiúnais
- Foirm 61 Taifead a chur sa chlár ar bhreithiúnas mar mhorgáiste breithiúnais
- Foirm 62 Fógra faoi bhreithiúnas a chlárú sa Chlárlann mar mhorgáiste breithiúnais
- Foirm 63 Foréileamh ó chreidiúnaí breithiúnais go gcealófaí sa chlár taifead i leith fógra gur taisceadh mionnscríbhinn breithiúnais mar mhorgáiste nó taifead i leith morgáiste breithiúnais
- Foirm 64 Foréileamh chun *lis pendens* a chlárú mar ualach
- Foirm 65 *Lis pendens* a thaifeadadh sa chlár
- Foirm 66 Cúirtbhanna a thaifeadadh sa chlár
- Foirm 67 Deonú ceart slí ag lán-úinéir cláraithe maoinne chun tairbhe do mhaoín chláraithe eile
- Foirm 68 Iarratas ar éasúint nó *profit à prendre* a chlárú a fuarthas le forordú
- Foirm 69 Fógra i dtaobh iarratas ar éasúint nó *profit à prendre* a fuarthas le forordú a chlárú

*Rabhaidh agus toirmisc*

- Foirm 70 Foréileamh ar rabhadh i gcoinne déileálacha ag úinéir cláraithe
- Foirm 71 Mionnscríbhinn i dtacaíocht le rabhadh
- Foirm 72 Fógra d'úinéir cláraithe i dtaobh rabhadh a thaifeadadh
- Foirm 73 Fógra foláirimh do rabhdóir i dtaobh déileáil a taisceadh
- Foirm 74 Fógra foláirimh do rabhdóir i dtaobh iarratas ón úinéir cláraithe chun rabhadh a chealú
- Foirm 75 Iarratas ó rabhdóir chun rabhadh a tharraingt siar
- Foirm 76 Iarratas chun an Údaráis toirmeasc a thaifeadadh i gclár
- Foirm 77 Foirmeacha toirmisc
- Foirm 78 Fógra i dtaobh iarratas chun toirmeasc a thaifeadadh
- Foirm 79 Iarratas chun an Údaráis toirmeasc a chealú nó a mhodhnú le toiliú na bpáirtithe

Foirm 80 Iarratas chun an Údaráis toirmeasc a chealú nó a mhodhnú, i gcás nach dtoilfonn na páirtithe

*Ilghnéitheach*

Foirm 81 Fógra i dtaobh gníomhais a thaisceadh sa Chlárlann faoi réir liain orthu

Foirm 82 Iarratas chun ionstraim chomhdaithe a tharchur chuig Cláraitheoir Contae lena tabhairt ar aird i gcúirt

Foirm 83 Iarratas ó úinéir cláraithe chun ainm, seoladh nó tuairisc úinéara chláraithe a leasú

Foirm 84 Fógra i dtaobh ceartú earráide i gclárú

Foirm 85 Taifead le cur sa chlár de bhun Riail 145

Foirm 86 Iarratas ar chlárú iontaobhaí (iontaobhaithe) atá i dteideal a chláraithe/a cláraithe/a gcláraithe mar úinéir (úinéirí) ar thalamh cláraithe de bhun Acht 2009

Foirm 87 Toghairm chun freastal os comhair an Údaráis Clárúcháin Maoine

*Cuardach*

Foirm 88 Foréileamh ar chuardach oifigiúil san ainmthreoir

Foirm 89 Foréileamh ar chuardach oifigiúil ag lorg chlárú na húinéireachta a chláraítear sna cláir a choimeádtar faoi Alt 8 (a) agus (b) den Acht

Foirm 90 Foréileamh ar chuardach oifigiúil i gclár ag lorg na dtaifead a rinneadh ó céadchláraíodh an mhaoin

Foirm 91 Deimhniú ar an toradh a bhí ar an gcuardach oifigiúil san ainmthreoir

Foirm 92 Deimhniú ar an toradh a bhí ar chuardach oifigiúil ag lorg clárú úinéireachta i gcás maoin shonraithe nó ag lorg taifead i gclár

*Taifid tosaíochta*

Foirm 93 Iarratas ar thaifead tosaíochta a thaifeadadh de bhun alt 108 den Acht

Foirm 94 Fógra i dtaobh iarratas ar thaifead tosaíochta a chlárú de bhun alt 108 den Acht

Foirm 95 Taifead le déanamh de bhun alt 108 den Acht

*Ionstraimí*

Foirm 96 Iarratas chun cóip d'ionstraim faoi Riail 159 de na Rialacha um Chlárú Talún a iniúchadh nó a fháil

Foirm 97 Fógra i dtaobh iarratas chun ionstraim a iniúchadh (nó cóip di a fháil)

*Cúiteamh*

Foirm 98 Iarratas ar chúiteamh as an bPríomh-Chiste faoi Alt 120 den Acht

I.R. Uimh. 483 de 2012

NA RIALACHA UM CHLÁRÚ TALÚN, 2012

**Na Rialacha um Chlárú Talún**

*Tosach feidhme*

1. Na Rialacha um Chlárú Talún, 2012 is teideal do na Rialacha seo agus tiocfaidh siad i ngníomh an 1ú lá d’Fheabhra, 2013. Cealaítear leis seo na Rialacha um Chlárú Talún, 1972 go 2011.

*Léiriú*

2. (1) Sna Rialacha seo-

ciallaíonn “an tAcht” an tAcht um Chlárú Teidil, 1964; agus tá le focail nó abairtí a mhínítear san Acht an bhrí chéanna atá leo san Acht, nuair a cheadaíonn an comhthéacs é;

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006; agus tá le focail nó abairtí a mhínítear san Acht an bhrí chéanna atá leo san Acht, nuair a cheadaíonn an comhthéacs é;

ciallaíonn “Acht 2009” an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009;

ciallaíonn “na hAchtanna” na hAchtanna um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006;

ciallaíonn “an tÚdarás” an tÚdarás Clárúcháin Maoine;

ciallaíonn “an Chlárlann” Clárlann na Talún;

ciallaíonn “léarscáil iarratais”;

(a) léarscáil i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach arna heisiúint ag an Údarás,

(b) cibé léarscáil eile i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach a cheadóidh an tÚdarás,

ar a ndéantar, i cibé slí a ordóidh an tÚdarás, maoin is ábhar d’iarratas ar chlárú a shainaithint;

ciallaíonn “fóilió” comhchuid de chlár, ina bhfuil mionsonraí úinéireachta aonair;

ciallaíonn “Foirm” nó “Foirmeacha” foirm nó na foirmeacha i Sceideal na bhFoirmeacha;

*Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 7 Nollaig, 2012, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

ciallaíonn “tuairim dhlíthiúil” tuairim abhcóide chleachtaigh nó atur nae chleachtaigh;

folaíonn “údarás áitiúil” comhairle contae, comhairle cathrach nó buirge, comhairle baile agus aon chomhlacht poiblí nó duine a bheidh bunaithe le haon reacht, nó de bhun aon reachta chun aon cheann dá bhfeidhmeanna a chomhlíonadh;

ciallaíonn “arna thaisceadh de láimh” iarratas a thaisceadh go pearsanta in Oifig Phoiblí den Chlárú, le linn na n-uaireanta ina mbeidh an Chlárú ar oscailt don phobal;

folaíonn “teideal sealbhach” teideal a meastar faoin Acht nó faoi na Rialacha seo gur teideal sealbhach é;

ciallaíonn “táille fhorordaithe” an táille chlárúcháin chuí arna socrú ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú faoi Alt 14 den Acht nó faoi Alt 21 d’Acht 2006;

folaíonn “maoin” talamh, agus aon eastát, leas léasach, oidhreachtán neamhchorprach, nó ceart eile, i dtalamh nó chun talún, a bhfuil a úinéireacht cláraithe, nó a bhféadfar a úinéireacht a chlárú, sna cláir arna mbunú faoin Acht.

(2) Beidh feidhm ag an Acht Léiriúcháin, 2005 chun na Rialacha seo a léiriú amháin mar atá feidhm aige chun Acht den Oireachtas a léiriú, ach amháin a mhéid a bheidh sé ar neamhréir leis an Acht nó leis na Rialacha seo.

## CUID 1

### NA CLÁIR AGUS OIFIGÍ NA CLÁRLAINNE

#### *Foirm agus ábhair na gclár*

3. (1) Is é a bheidh sna cláir faisnéis a cheanglaítear leis na hAchtanna agus leis na Rialacha seo a thaifeadh i leith gach úinéireachta a cláraíodh faoi na hAchtanna.

(2) Déanfar gach úinéireacht a cláraíodh a aithint le huimhir ar leith ar a dtabharfar uimhir an fhóilió nó uimhir an teidil.

(3) Coimeádfar na cláir i bhfoirm páipéir nó leictreonach nó go páirteach i bhfoirm amháin agus go páirteach san fhoirm eile.

(4) Coimeádfar na cláir i nGaeilge nó i mBéarla nó go páirteach i dteanga amháin agus go páirteach sa teanga eile.

(5) I gcás gur i bhfoirm páipéir a bheidh clár nó aon chuid de, taifeadh an fhaisnéis ar fhóilió nó ar fhóiliónna ina mbeidh trí chuid.

(6) Sa chéad chuid d’fhóilió taifeadhfar-

(a) tuairisc ar an maoin a gcláraítear a húinéireacht, maille le tagairt don phlean ar na léarscáileanna clárlainne don talamh dá ndéanfar difear;

- (b) tuairisc ar aon chuid den mhaoín a aistrítear chuig fóilió eile;
  - (c) cibé faisnéis a údaraítear leis na hAchtanna nó leis na Rialacha seo i gcás;
    - (i) éasúintí agus cearta chun tairbhe na maoin;
    - (ii) mianaigh agus mianraí a áireamh sa mhaoín nó a eisiáimh ón maoin;
    - (iii) teorainneacha na maoin.
- (7) Sa dara cuid d'fhóilió taifeadfar-
- (a) ainm úinéir na maoin agus an seoladh atá aige nó aici sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air nó uirthi;
  - (b) cibé faisnéis is gá ina dtaobh seo-
    - (i) na cineálacha teideal a chláraítear de bhun Ailt 33 nó 40 den Acht;
    - (ii) cineachadh na maoin;
    - (iii) na nithe dá dtagraítear in Alt 91 den Acht;
  - (c) rabhaidh agus toirmisc lena gcuirtear srian le clárú diúscairtí i leith na maoin;
  - (d) nóta faoi Alt 61(6)(b) den Acht i dtaobh bhás an úinéara chláráithe agus ainmneacha a ionadaí nó a hionadaí pearsanta nó a hionadaithe pearsanta.
- (8) Sa tríú cuid d'fhóilió taifeadfar-
- (a) na hualaí a n-údaraítear a gclárú le hAlt 69 den Acht;
  - (b) úinéireacht muirir chláráithe, mura bhfuil sin cláráithe sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht agus, má cheadaíonn an tÚdarás é, fomhuirir ar mhuirear cláráithe agus úinéireacht na bhfomhuirear sin;
  - (c) fógra faoi dhíolúine ó na hualaí a shonraítear in Alt 72 den Acht nó faoi na hualaí sin a bheith ann;
  - (d) rabhaidh agus toirmisc i gcoinne clárú déileálacha le hualach cláráithe nár cláraíodh a úinéireacht sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht.
- (9) I gcás gur i bhfoirm leictreonach a bheidh clár nó aon chuid de, féadfar é a atáirgeadh i bhfoirm inléite san fhoirm chéanna amhail is dá mba i bhfoirm páipéir a bhí sé.



(10) Ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis i leith aon úinéireacht áirithe le linn cibé tréimhse-

(a) a cheanglófar chun an fhaisnéis sin a nuashonrú,

(b) a eascróidh mar gheall ar *force majeure*, lena n-áirítear imthosca neamhghnácha nach raibh coinne leo ná nach raibh neart ag an tÚdarás orthu.

(11) Déanfar gach fóilió atá cheana sna cláir a athmheas de réir na bhforálacha roimhe seo den riail seo aon uair a mheasfaidh an tÚdarás é a bheith fóirsteanach.

#### *Modh cláraithe*

4. Aithneofar i bhfaisnéis arna taifeadadh an mhaoín áirithe nó an leas áirithe sa mhaoín dá bhfuil sé beartaithe difear a dhéanamh; agus ní dhéanfar tagairt in aon fhaisnéis do ní nach n-údaraítear leis na hAchtanna ná leis na Rialacha seo mar ní is ábhar do chlárú.

#### *Athmheas fhóiliónna na gclár*

5. (1) Féadfaidh an tÚdarás, ar iarratas ón úinéir cláraithe nó nuair is dóigh leis é a bheith indéanta nó inmhianaithe, an teideal chun maoin atá taifeadta i bhfóilió de chlár a ghlanadh tríd an bhfóilió a dhúnadh agus fóilió athbhreithnithe, nach mbeidh ann ach na taifid atá fós ar marthain, a oscailt don mhaoín. Le linn dó déanamh amhlaidh, féadfaidh sé aon athchóiriú a dhéanamh ar mhaithe leis an tsoiléire, lena n-áirítear an mhaoín a thaifeadadh in dhá fhóilió nó níos mó, nó an mhaoín atá in dhá fhóilió nó níos mó a thaifeadadh san aon fhóilió amháin, nó uimhir fhóilió a athrú. Cuirfear fógra chuig an úinéir cláraithe (nó chuig a aturnae nó a haturnae), ar athmheas an fhóilió a chríochnú, i dtaobh uimhir athmheasta an fhóilió sin.

(2) Aon duine a bheidh ag iniúchadh fóilió athmheasta de chlár féadfaidh sé nó sí iniúchadh a dhéanamh ar an bhfóilió nó ar na fóiliónna dúnta ar cuireadh ina ionad nó ina n-ionad é nó ar an bhfóilió nó ar na fóiliónna roimhe seo nó ar an taifead ina thaobh sin a choimeádtar sa Chlárlann.

#### *Athruithe foirmiúla sa chlár agus cealú taifead atá foirceanta*

6. Féadfaidh an tÚdarás, tráth ar bith, tar éis cibé fiosrúcháin agus fógraí (más ann) is cuí leis agus ar cibé fianaise a mheasfaidh sé a bheith sásúil a fháil, aon athruithe foirmiúla a dhéanamh i gclár, nó aon ualach, fógra nó taifead a tharraingt siar as clár, trína chealú, más deimhin leis nach ndéanann sé difear a thuilleadh don mhaoín nó nach mbaineann sé a thuilleadh léi.

#### *Earráidí a cheartú*

7. (1) I gcás go n-aimseofar earráid chléireachais i gclár nó i léarscáil clárlainne, féadfaidh an tÚdarás, tar éis aon fhógraí a thabhairt agus aon fhianaise nó aontú a fháil is dóigh leis is cuí, an ceartú is gá a dhéanamh.

(2) Féadfar aon earráid eile i gclár nó i léarscáil clárlainne, a thosaigh sa Chlárlann, a cheartú-

- (a) le toiliú ó úinéir cláraithe na maoine (nó óna aturnae nó óna haturnae) dá ndéanann an earráid nó an ceartú sin difear agus ó cibé daoine eile ar dealraitheach don Údarás leas a bheith acu, nó
- (b) tar éis aon fhógra a thabhairt agus aon fhianaise nó aontú a fháil is dóigh leis an Údarás is cuí. Is i bhFoirm 84 a bheidh fógra.

#### *Tuairisc na maoine*

8. (1) Is faoi threoir na n-ainmneacha agus na n-ainmníochtaí arna dtairfeadh ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a bheidh tuairisc na maoine sna cláir agus féadfaidh, i gcás go gceadóidh an tÚdarás é, aon fhaisnéis gheografach nó suímh eile a bheith inti.

(2) Ní bheidh tuairisc na maoine i gclár ná a haitheantas trí thagairt do léarscáil clárlainne dochloíte maidir lena teorainneacha nó lena fairsinge agus taifeadfar nóta sa chéill sin sa chlár.

(3) I gcás go dtairfeadh réimsí maoine, ní bheidh na réimsí sin dochloíte.

(4) Athmheasfaidh an tÚdarás ó am go ham tuairisc na maoine agus cuirfidh sé i gcomhréir í leis an tuairisc ar an léarscáil clárlainne de réir mar a athbhreithneofar agus nuair a athbhreithneofar í.

#### *Treoirleabhair*

9. (1) Coimeádfar ainmthreoir agus talamhthreoir sa Chlárlann.

(2) San ainmthreoir beidh ainm agus seoladh gach duine is úinéir cláraithe ar thalamh ruíse, ar leas léasach nó ar cheart sa chlár a choimeádtar faoi alt 8(b) den Acht, maille le tagairt don fhóilió den chlár a bhfuil a úinéireacht nó a húinéireacht taifeadta ann.

(3) Sa talamhthreoir beidh na tagairtí aitheantais nó síolphointí ar an léarscáil clárlainne do gach dáileacht talún a bhfuil a húinéireacht cláraithe i gclár na ruíseach, nó a bhfuil úinéireacht leasa léasaigh nó oidhrechtáin neamhchorpraigh uirthi, nó aisti, cláraithe i gclár na leasanna léasacha nó sa chlár a choimeádtar faoi alt 8(b) den Acht, maille le tagairt don fhóilió den chlár a bhfuil an úinéireacht taifeadta ann.

#### *Dúnadh cláir i leith mhuirear*

10. I gcás foréileamh ó úinéir aon mhuirir a cláraíodh sa chlár a choimeádtar faoi alt 8(b) den Acht chun an clár sin a dhúnadh i leith an mhuirir sin ionas go gclárófaí an úinéireacht i gclár na maoine a cuireadh faoi mhuirear, is é nó is í an t-úinéir cláraithe nó a aturnae nó a haturnae a dhéanfaidh é i scríbhinn agus ní foláir toiliú a chur ina theannta ó gach duine ar dealraitheach ón gclár go bhfuil aon leas aige nó aici sa mhuirear.

## CUID 2

## IARRATAIS AR CHLÁRÚ

*Iarratais ar chlárú*

11. (1) I dteannta gach iarratais a chuirfear, a sheachadfar nó a tharchuirfear chuig an gClárlann chun go gcláródh duine nó aturnae é, cuirfear-

- (a) na doiciméid is gá chun tacú leis an gclárú a iarrtar;
  - (b) an táille fhorordaithe;
  - (c) ráiteas faoina shíniú nó faoina síniú ina leagfar amach-
    - (i) an úinéireacht nó na taifid eile a bhfuil a gclárú á n-iarraidh aige nó aici;
    - (ii) na doiciméid atá á gcur ar aghaidh;
    - (iii) méid na dtáillí do Chlárlann na Talún is infoctha;
    - (iv) i gcás gur iarratas ó aturnae a bheidh ann, ainmneacha na bpáirtithe go léir san idirbheart a bhfuil sé nó sí ag gníomhú mar aturnae dóibh.
- (2) Is i bhFoirm 17 a dhéanfar an ráiteas.
- (3) (a) Féadfaidh an tÚdarás cibé foirmeacha agus ordacháin is cuí leis a ullmhú agus a chur faoi deara an céanna a fhógairt chun imeachtaí a éascú faoi na hAchtanna.
- (b) Féadfar, mar shampla, a shonrú in ordacháin faoi fho-riail 3(a) airíonna an pháipéir (lena n-áirítear cruth, dearadh, méid, dath agus cáilíocht) a úsáidfear i gcomhair foirmeacha le haghaidh aon chineál déileála nó ní eile, nó formáid foirmeacha i bhfoirm leictreonach, agus na diallta ó fhoirmeacha forordaithe a cheadaítear nó a cheanglaítear a dhéanamh i dtaca le déileálacha nó nithe eile den chineál sin.
- (4) (a) Féadfaidh an tÚdarás cibé fianaise i dtaobh céannacht agus seoladh buan iarratasóirí pearsanta ar chlárú is cuí leis a éileamh.
- (b) I gcás go ndéanfar iarratais den sórt sin ar chlárú, féadfaidh sé fógra a sheirbheáil ar an úinéir cláraithe más cuí leis an Údarás é.
- (c) Is i bhFoirm 18 a bheidh an fógra.

*Iarratais nach mbeidh in ord*

12. (1) Más rud é nach mbeidh iarratas in ord, féadfaidh an tÚdarás cibé foréilimh a mheasfaidh sé is gá a ardú, ina sonrúfar tréimhse ar laistigh di a bheidh na foréilimh le comhlíonadh ag an iarratasóir.

(2) Má mhainníonn an t-iarratasóir an foréileamh a chomhlíonadh laistigh den tréimhse sin nó de cibé tréimhse bhreise a cheadóidh an tÚdarás, féadfaidh an tÚdarás déileáil leis an iarratas mar iarratas tréigthe agus é a chealú.

(3) Má mheasann an tÚdarás go bhfuil an t-iarratas fabhtach go substaintiúil, féadfaidh sé diúltú dó láithreach nó aon tráth dá éis sin.

*Fianaise agus fiosrúcháin bhreise*

13. Má mheasann an tÚdarás aon tráth gur gá nó gurb inmhianaithe aon doiciméid nó fianaise bhreise a thabhairt ar aird nó aon fhógra a thabhairt, féadfaidh sé diúltú an t-iarratas a chríochnú nó dul ar aghaidh leis, nó aon ghníomh a dhéanamh nó aon taifead a dhéanamh, go dtí go mbeidh na doiciméid, an fhianaise nó na fógraí sin soláthraithe nó tugtha.

CUID 3

CÉADCHLÁRÚ, COMHSHÓ TEIDEAL SEALBHACH AGUS TEIDEAL SRIANTA, AGUS  
CLÁRÚ EILE INAR GÁ SCRÚDÚ AR THEIDEAL DAOINE CHUN LEASANNA  
NEAMHCHLÁRAITHE I MAOIN CHLÁRAITHE

*Iarratais ar chéadchlárú*

14. Is i bhFoirm 1 nó 2, de réir mar is gá sa chás, a dhéanfar gach iarratas chun úinéireacht a chéadchlárú faoin Acht, ach amháin iarratas faoi Rialacha 17, 19(3), 19(4), 20(1), 21 nó 22.

*Doiciméid is gá a chur le hiarratas chun úinéireacht maoiné ruilse a chlárú*

15. (1) Maidir le hiarratas chun úinéireacht maoiné ruilse nach mbaineann Riail 19(3), 19(4), 20(1), 21 nó 22 leis a chlárú, ní foláir, mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt, na doiciméid seo a leanas a bheith ina theannta-

- (a) ráiteas achomair i dtaobh an teidil a dtabharfar ann, in ord aimsire, achoimre ar na doiciméid agus ar na teagmhais agus na fíorais is bonn d'éileamh an iarratasóra chun na maoiné á thosú le fréamh teidil agus ar cuid é d'Fhoirm 1;
- (b) gach gníomhas bunaidh agus gach doiciméad i seilbh an iarratasóra, nó faoina urlámhas nó faoina hurlámhas, a bhaineann leis an teideal, lena n-áirítear tuairimí dlíthiúla, achomaireachtaí teidil, conarthaí agus coinníollacha díola, cuardaigh, foréilimh agus freagraí, agus doiciméid eile dá samhail, agus an fhianaise trí mhionnscríbhinn, dearbhú reachtúil, nó eile, lena gcruthaítear na fíorais a luaitear agus is gá a chruthú chun an teideal a shuíomh;
- (c) léarscáil iarratais, mura dtugann an t-iarratas leoreolas ar dhóigh eile chun an mhaoin a aithint ar an léarscáil clárlainne;
- (d) sceideal i ndúblach de na doiciméid go léir a thaisctear leis an iarratas.

(2) I gcás go mbeidh an t-iarratasóir, mar a údaraítear leis na Rialacha seo, ag seasamh ar thuairim dhlíthiúil mar thaca lena theideal nó lena teideal, ní gá an ráiteas teidil a cheanglaítear leis an riail seo a thaisceadh.

(3) Ní thabharfar fógra don Údarás faoi aon ní a nochtar in aon doiciméad a thaisctear ar a bhfuil dáta roimh dháta an doiciméid a aithnítear mar an doiciméad is fréamh don teideal.

*Doiciméid is gá a chur le hiarratas chun úinéireacht ar leasanna léasacha agus ar chearta seachas oidhreachtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán a chlárú*

16. (1) Aon iarratas ón léasaí bunaidh chun úinéireacht ar leas léasach le teideal léasach bailí, nach mbaineann Riail 19(3) nó 19(4) leis a chlárú, ní foláir, mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt, an léas nó an deontas agus léarscáil iarratais a bheith ina theannta mura dtugann an t-iarratas leoreolas ar dhóigh eile chun an mhaoín a aithint ar an léarscáil clárlainne.

(2) Ach amháin i gcásanna lena mbaineann fo-riail (1) nó Riail 19(3) nó 19(4), maidir le hiarratas chun úinéireacht ar leas léasach le teideal léasach bailí (más infheidhme), teideal srianta nó teideal sealbhach a chlárú, ní foláir, mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt, na doiciméid seo a bheith ina theannta-

- (a) ráiteas achomair i dtaobh an teidil a dtabharfar ann, in ord aimsire, achoimre ar na doiciméid agus ar na teagmhais agus na fíorais is bonn d'éileamh an iarratasóra chun an leasa léasaigh, á thosú le fréamh teidil agus ar cuid é d'Fhoirm 2;
- (b) gach gníomhas bunaidh agus gach doiciméad i seilbh an iarratasóra, nó faoina urlámhas nó faoina hurlámhas, a bhaineann leis an teideal, lena n-áirítear tuairimí dlíthiúla, achomaireachtaí teidil, conarthaí agus coinníollacha díola, cuardaigh, foréilimh agus freagraí, doiciméid eile dá samhail, agus an fhianaise trí mhionscríbhinn, dearbhú reachtúil, nó eile, lena gcruthaítear na fíorais a luaitear agus is gá a chruthú chun an teideal atá le clárú a shuíomh;
- (c) léarscáil iarratais, mura dtugann an t-iarratas leoreolas ar dhóigh eile chun an mhaoín a aithint ar an léarscáil clárlainne;
- (d) sceideal i ndúblach de na doiciméid go léir a thaisctear leis an iarratas.

(3) I gcás go mbeidh an t-iarratasóir, amhail mar a údaraítear leis na Rialacha seo, ag seasamh ar thuairim dhlíthiúil mar thaca lena theideal nó lena teideal, ní gá an ráiteas teidil a cheanglaítear leis an riail seo a thaisceadh.

(4) Aon iarratas chun úinéireacht ar leas léasach a chlárú le teideal iomlán, ní foláir, mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt, cibé doiciméid a cheanglaítear leis an riail seo i leith an leasa léasaigh a bheith ina theannta, maille le cibé doiciméid agus cruthúnas ar an eastát ruilse agus ar aon leas léasach idirmheánach a cheanglaítear in iarratas chun an t-eastát agus na leasanna sin a chlárú le teideal iomlán.

(5) Maidir le hiarratas chun úinéireacht ar cheart, seachas oidhreachtán neamhchorprach atá ar teachtadh i gcomhlán, a chlárú, nach mbaineann riail 19(3), 19(4) nó 22 leis, ní foláir, mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt, na doiciméid seo a leanas a bheith ina theannta-

- (a) i gcás gur iarratas ón deontaí bunaidh nó thar ceann an duine sin a bheidh ann agus nach gceanglaítear clárú le teideal iomlán, an deontas agus léarscáil iarratais, mura dtugann an t-iarratas leoreolas ar dhóigh eile chun an mhaoin a aithint ar an léarscáil clárlainne;
- (b) ach amháin i gcásanna lena mbaineann fomhír (a), na doiciméid a shonraítear i bhfo-riail (2)(a), (b) agus (d) agus i gcás go gceanglófar clárú le teideal iomlán, cibé doiciméid agus cruthúnas ar an eastát ruilse agus ar aon eastát nó leas idirmheánach is gá in iarratas chun an t-eastát agus na leasanna sin a chlárú le teideal iomlán.

(6) Ní thabharfar fógra don Údarás faoi aon ní a nochtar in aon doiciméad a thaisctear ar a bhfuil dáta roimh dháta an doiciméid a aithnítear mar an doiciméad is fréamh don teideal.

#### *Iarratas ar chéadchlárú nuair is seilbh is bun leis*

17. I gcás gur seilbh is bun d'iarratas chun úinéireacht maoin a chlárú, nó mura bhfuil ina sheilbh nó ina seilbh ná faoina urlámhas nó faoina hurlámhas ag an iarratasóir aon doiciméid teidil i ndáil leis an maoin sin, agus gur deimhin leis an Údarás de thoradh fiosrúcháin nó ar dhóigh eile go bhfuil an t-iarratasóir i seilbh, nó ag fáil, chíosanna agus bhrabúis na maoin, féadfar an t-iarratas a dhéanamh i bhFoirm 5, fara cibé modhnuithe is gá sa chás.

#### *Scrúdú teidil*

18. Déanfaidh an tÚdarás, nó déanfar faoina mhaoirseacht, gach teideal chun maoin is ábhar d'iarratas faoi Riail 14 nó 17 a scrúdú, agus ordóidh an tÚdarás cibé cuardaigh, fógraín, fógraí agus fiosrúcháin is dóigh leis is gá. Féadfaidh sé i gcás ar bith scrúdú oifigiúil an teidil a ligean thar ceal nó é a mhodhnú, nó féadfaidh sé glacadh le teideal a mheasfaidh sé a bheith ina theideal bailí chun an mhaoin a theachtadh agus cibé slánaíocht a mheasfaidh sé a bheith riachtanach a ghlacadh. Ní éileofar aon fhianaise theidil nach bhféadfaí a éileamh i gcás an mhaoin a dhíol faoi chonradh díshriantach.

#### *Scrúdú teidil a mhodhnú*

19. (1) Ach amháin mar atá ráite agus mar a fhoráiltear a mhalairt sa riail seo, féadfaidh an teideal a bheidh le suíomh ag an iarratasóir tosú le diúscairt i leith na maoin a rinneadh 15 bliana ar a laghad roimh dháta an iarratais agus a bheadh ina fhréamh bhailí theidil i gcás díol faoi chonradh gan teorannú ach ar an ré theidil ba ghá a shuíomh.

(2) I gcás go suífear chun sástacht an Údaráis nach mó ná €1,000,000 margadhluach na maoin is ábhar don iarratas, féadfaidh an teideal a bheidh le suíomh ag an iarratasóir tosú le tíolacadh nó sannadh de bhun díola a rinneadh 12 bhliain ar a laghad roimh dháta an iarratais agus a bheadh ina fhréamh bhailí theidil i gcás díol faoi chonradh gan teorannú ach ar an ré theidil ba ghá a shuíomh.

(3) I gcás go ndíoltar maoin agus nach mó ná €1,000,000 an t-airgead ceannaigh, féadfaidh an tÚdarás, más cú leis, teideal a chlárú mar theideal iomlán nó mar theideal srianta nó mar theideal léasach bailí ar aturnae do

thabhairt deimhniú ar aird, ar chostas an iarratasóra i bhFoirm 3, arna hoiriúnú mar is gá sa chás, maille le léarscáil iarratais.

(4) I gcás go bhfaighidh údarás reachtúil maoin gan an t-airgead ceannaigh nó an cúiteamh a íocadh ina leith a bheith níos mó ná €1,000,000, féadfaidh an tÚdarás scrúdú oifigiúil an teidil a ligean thar ceal agus féadfaidh sé an t-údarás reachtúil a chlárú le teideal iomlán nó le teideal srianta nó le teideal léasach bailí ar atur nae don údarás sin do thabhairt deimhniú ar aird i bhFoirm 3 arna hoiriúnú mar is gá sa chás maille le léarscáil iarratais.

(5) I gcás go mbeidh teideal iarratasóra scrúdaithe-

- (a) ag an abhcóide tíolacaíochta do chúirt i gcás an mhaoin a dhíol nó a cheannach faoi ordú ón gcúirt; nó
- (b) ag abhcóide cleachtach nó atur nae cleachtach i gcás an mhaoin a dhíol nó a mhorgáistiú, féadfaidh an tÚdarás scrúdú oifigiúil an teidil a ligean thar ceal, nó é a mhodhnú mar is cuí leis.

(6) Más rud é, i gcúrsa teideal a imscrúdú, go n-iarrfaidh an t-iarratasóir amhlaidh, nó gur dealraitheach don Údarás é a bheith inmhianaithe an teideal a tharchur chun tuairim dhlíthiúil a fháil air, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú agus ar chostas an iarratasóra, aontú leis an teideal a tharchur chun tuairim dhlíthiúil a fháil air maidir le haon ní sonrach. Féadfar an tuairim dhlíthiúil a thabhairt i bhFoirm 3, arna hoiriúnú mar is gá sa chás.

*Iarratas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar chlárú le teideal sealbhach*

20. (1) Is i bhFoirm 4 a dhéanfar iarratas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Alt 26(1) den Acht chun duine a chéadchlárú mar úinéir le teideal sealbhach agus cuirfear ina theannta léarscáil iarratais.

(2) Ní foláir deimhniú ó atur nae an iarratasóra a fhormhuiniú ar an iarratas á dheimhniú go bhfuil an duine a n-iarrtar an clárú dó nó di i seilbh na maoine is ábhar don iarratas.

*Iarratas ó údarás áitiúil faoi chumhachtaí reachtúla chun ceannaitheoir a chéadchlárú*

21. (1) Aon iarratas ó údarás áitiúil chun ceannaitheoir maoine faoi Acht na Sclábhaithe, 1936, a chéadchlárú, déanfar é trí na doiciméid a fhorordaítear le hAlt 19(2) den Acht sin a thaisceadh sa Chlárú.

(2) Aon iarratas ó údarás áitiúil chun ceannaitheoir maoine faoi Alt 92 d'Acht na dTithe, 1966 a chéadchlárú, déanfar é tríd an Ordú Aistriúcháin a fhorordaítear le halt 90(5) den Acht sin (arna ionadú le hAlt 26 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992) a thaisceadh sa Chlárú.

(3) Cuirfear i dteannta iarratas ar chéadchlárú faoin Riail seo léarscáil iarratais.

*Doiciméid atá le taisceadh i gcás an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara do thabhairt clárú i gcrích*

22. Nuair a bheidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara tar éis maoin a fháil faoina chumhachtaí reachtúla nó faoina cumhachtaí reachtúla nó maoin a dhíol le ceannaitheoir faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh an 31 Márta, 1999, nó dá éis sin, is i bhfoirm an ordaithe dílseacháin, an *fiat* dílseacháin, an liosta chríochnaithigh nó an ordaithe aistriúcháin, ar faoina réim nó dá bhua a dhílsítear an mhaoin don Aire nó don cheannaitheoir, cibé acu é, a bheidh an doiciméad is gá don Aire a chur chuig an Údarás chun críoche cláraithe agus féadfar, ach amháin i gcás ordú aistriúcháin, cóip oifigiúil den ionstraim sin a úsáid chuige sin. Ní foláir léarscáil iarratais a chur i dteannta an doiciméid.

*Maoin thairfeadta a aistriú chun na gclár*

23. (1) Déanfar an teideal chun maoin atá thairfeadta faoin Record of Title (Ireland) Act, 1865, a aistriú chun na gclár a bunaíodh leis an Acht, cibé tráthanna a ordóidh an tÚdarás.

(2) Féadfaidh an tÚdarás clárú aon mhaoine thairfeadta i gclár faoin Acht a chur siar go dtí go mbeifear ar tí iarratas a dhéanamh chun í a chlárú faoi dhiúscairt ina leith.

(3) Ar úinéireacht maoin thairfeadta a chlárú i gclár faoin Acht, dúnfar an thairfead faoi Acht 1865 agus déanfar tagairt don fhóilió sa chlár ar aistríodh an mhaoin chuige.

*Maoin thairfeadta a chlárú*

24. Ar mhaoin thairfeadta a aistriú chun clár faoin Acht-

(a) déanfar na muirir, na heirí, na léasanna, agus na cearta eile go léir ar an thairfead, atá ina n-ualaí de réir bhrí Alt 69 den Acht, a thairfeadadh mar ualaí sa chlár san ord tosaíochta inar thairfeadadh iad;

(b) cuirfear fógra sa chlár gurb ann d'aon chinn atá ar thairfead de na hualaí a shonraítear in Alt 72 den Acht.

*Éasúint nó profit à prendre a thairfeadadh mar chuid de thuirisc ar mhaoin a chláraítear*

25. (1) Féadfar éasúint nó *profit à prendre* a deonaíodh go sainráiteach mar chomhghabhálas trí thíolacas ó Bhreitheamh Talún, nó le hordú dílseacháin, *fiat* dílseacháin nó ionstraim eile ó Choimisiún na Talún nó ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, a thairfeadadh sa chlár mar chuid de thuirisc na maoin agus féadfar é a thuirisciú sa chlár trí thagairt don tíolacais, don ordú, don *fiat* nó don ionstraim eile.

(2) Más rud é gur mian le húinéir cláraithe nó le hiarratasóir ar chlárú mar úinéir, go dtairfeadfaí go sonrath sa chlár aon cheart atá comhghabhálach leis an maoin a fuarthas trí dheontas i scríbhinn nó faoi ordú cúirte, féadfaidh sé nó sí, nó féadfaidh a aturnae nó a haturnae thar a cheann nó thar a ceann, iarratas i scríbhinn a chur chuig an Údarás á iarraidh an thairfead sin a dhéanamh. Féadfaidh an tÚdarás ansin ar chruthúnas sásúil ar an teideal a thabhairt ar aird



agus faoi réir cibé fógraí (más ann) a sheirbheáil a ordóidh sé, an ceart sin a thaifeadadh sa chlár mar cheart atá comhghabhálach leis an maoin.

*Maoin a fuarthas faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh agus mar mhalairt*

26. (1) Más rud é, i gcás maoin a ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh a chéadchlárú, nach deimhin leis an Údarás gur cóir teideal iomlán nó teideal srianta a dheonú, cláróidh sé an mhaoin le teideal sealbhach.

(2) Más rud é go bhfuarthas an mhaoin mar mhalairt ar mhaoin a cláraíodh le teideal sealbhach agus go ndéantar na cearta neamhchláraithe a cosnaíodh leis an gclárú sin, agus a bhfuil feidhm acu maidir leis an maoin a tugadh mar mhalairt, a aistriú faoi aon fhoráil de na hAchtanna Talamh-Cheannaigh chuig an maoin a fuarthas, clárófar le teideal sealbhach an mhaoin a fuarthas.

*Fógra i dtaobh srianta reachtúla*

27. Más rud é, ar iarratas chun úinéireacht maoin a chéadchlárú, gur dealraitheach go bhfuil an mhaoin faoi réir forálacha sriantacha nó toirmeascacha faoi aon achtachán i gcoinne coimhthiú, sannadh, fo-roinnt, ligean nó foligean, taifeadfar sa chlár fógra go bhfuil an mhaoin faoi réir na bhforálacha sriantacha nó toirmeascacha sin.

*Taifid maidir le mianaigh agus mianraí*

28. (1) Más rud é, ar iarratas chun úinéireacht maoin a chéadchlárú, nach dtugtar ar aird aon fhianaise maidir le húinéireacht na mianach nó na mianraí nó nach gcruthaítear an úinéireacht sin chun sástacht an Údaráis nó gur dealraitheach ó aon doiciméad, nó ar dhóigh eile, go bhfuil gach ceann nó aon cheann de na mianaigh agus na mianraí ar téarbhád leis an maoin, cuirfear nóta sa chlár á rá nach sroicheann an clárú chuig na mianaigh agus na mianraí, nó chuig cibé cinn díobh atá ar téarbhád amhlaidh.

(2) Más rud é, ar iarratas chun úinéireacht maoin a chéadchlárú nó tráth ar bith tar éis an chlárú sin, go gcruthófar chun sástacht an Údaráis go bhfuil an ceart chun gach ceann nó aon cheann de na mianaigh nó na mianraí dílsithe don iarratasóir, nó don úinéir cláraithe, féadfaidh sé an clárú a leathnú chuig na mianaigh agus na mianraí sin trí nóta a chur le tuairisc na maoin sa chlár á rá go bhfuil na mianaigh agus na mianraí, nó mianaigh shonraithe agus mianraí sonraithe, ar áireamh sa chlárú. Beidh siad ina gcuid ansin den mhaoin a thuairiscítear sa chlár a bhfuil a húinéireacht cláraithe.

*Teaghaisín, árasán, urlár, siléar, tollán, mianaigh agus mianraí, ithir, fo-ithir, áiléar, aerspás nó urthrú*

29. (1) (a) Más rud é gurb é a bheidh san iarratas chun maoin a chlárú cuid d'áitreabh, nó siléar nó tollán, nó mianaigh nó mianraí, nó spás faoi thalamh ar leithligh ón dromchla, tabharfar léarscáil iarratais den dromchla ar faoina bhun nó os a chionn atá suíomh na maoin atá le clárú, maille le cibé pleannanna, trasghearrthacha agus tuairisc eile (más ann) a mheasfaidh an tÚdarás a bheith riachtanach, agus le sonraí i dtaobh aon cheart comhghabhálach rochtana, cibé acu i gcoiteannas le daoine eile é nach ea, nó oibleagáidí a dhéanann difear do mhaoin eile chun tairbhe don mhaoin a bhfuil a teideal á chlárú,

agus ina theannta sin, i gcás mianach agus mianraí, maille le sonraí i dtaobh na gceart atá ag foghabháil le hoibriú na mianach agus na mianraí a bheadh fós ar marthain.

- (b) Sula mbeidh clárú na maoinne sin críochnaithe, féadfar fógra a thabhairt d'úinéirí toimhdean nó d'áititheoirí na maoinne eile nó na maoinne atá os cionn, nó faoi bhun, agus (más san fhoirgneamh céanna di) tadhlach le taobh, na maoinne atá le clárú, agus do cibé daoine eile a ordóidh an tÚdarás.

(2) Toimhdeoidh an tÚdarás, ar iarratas ar chlárú teidil chun an urláir is ísle d'fhoirgneamh ilstórach nó chun cuid de, mura suítear a mhalairt, nach sroicheann an teideal chuig an ithir nó chuig an bhfo-ithir faoi.

(3) Ar iarratas a dhéanamh ar theideal chun an urláir is airde nó an déanmhais is airde d'fhoirgneamh ilstóir nó cuid de a chlárú, toimhdeoidh an tÚdarás, mura suítear a mhalairt, nach mbaineann an teideal leis an áiléar nó leis an aerspás os a chionn.

(4) Má bhíonn urthrá ina cuid d'aon talamh a áirítear in iarratas chun úinéireacht a chlárú, is ceart é sin a lua san iarratas ionas go bhféadfaí cibé fógra (más ann) a cheanglófar le hAlt 125 den Acht a sheirbheáil.

*Foirm an rabhaidh i gcoinne céadchlárú agus na mionnscríbhinne mar thaca leis*

30. (1) Is i bhFoirm 7 a bheidh rabhadh á cheangal fógra a thabhairt i dtaobh iarratas chun úinéireacht maoinne a chéadchlárú.

(2) Is i bhFoirm 8 a bheidh an mhionnscríbhinn leasa mar thaca leis an rabhadh agus is é nó is í an rabhdóir nó a aturnae nó a haturnae a dhéanfaidh í.

(3) Féadfaidh rabhdóir tráth ar bith, i scríbhinn, arna síniú aige féin nó aici féin nó ag a aturnae nó ag a haturnae, a rabhadh nó a thoiliú nó a toiliú le clárú a tharraingt siar.

*Tréimhse le haghaidh agóide agus foirm an fhógra do rabhdóir*

31. 21 lá an tréimhse ama a bheidh le lua san fhógra a sheirbheálfar ar rabhdóir faoi Alt 96 den Acht, ar laistigh di a fhéadfaidh sé nó sí láithriú agus cur i gcoinne iarratas ar chéadchlárú. Is i bhFoirm 9 a bheidh an fógra.

*Teidil Shealbhacha agus Shrianta a Chomhshó*

*Iarratas i gcás úinéireacht a bheith cláraithe le 30 bliain*

32. I gcás úinéireacht maoinne a ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh a bheith cláraithe le 30 bliain, féadfaidh an tÚdarás teideal sealbhach a chomhshó ina theideal iomlán ar an úinéir cláraithe nó a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta iarratas a dhéanamh i bhFoirm 10 fara cibé modhnuithe de réir mar is gá sa chás.

*Iarratas i gcás úinéireacht a bheith cláraithe le 12 bhliain faoi aistriú ar chomaoin luachmhar*

33. I gcás úinéireacht maoin a ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh a bheith cláraithe le breis agus 12 bhliain, agus go ndéanfaidh iarratasóir ar chomhshó teidil shealbhaigh éileamh mar úinéir cláraithe nó trí nó faoi úinéir cláraithe a cláraíodh 12 bhliain ar a laghad roimh an iarratas, faoi aistriú ar chomaoin luachmhar a rinneadh tar éis an mhaoin sin a chéadchlárú, agus go raibh an mhaoin sin á háitiú de réir an teidil chláraithe, féadfaidh an tÚdarás, ar iarratas i bhFoirm 10 a thaisceadh, fara cibé modhnuithe is gá sa chás, an teideal a chomhshó ina theideal iomlán.

*Iarratas i gcás maoin a fuarthas de dhroim díola, nó a fuair údarás reachtúil, agus nach mó ná €1,000,000 a luach*

34. (1) I gcás maoin a ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh agus a cláraíodh le teideal sealbhach a bheith faighte de bhun díola, nó ag údarás reachtúil agus nach mó ná €1,000,000 an t-airgead ceannaigh nó an cúiteamh a íocadh ina leith nó a luach, féadfaidh an tÚdarás, ar iarratas a fháil ó aturnae an iarratasóra á dheimhniú go ndearna sé nó sí imscrúdú ar an teideal roimh an gcéadchlárú agus nár nochtadh san imscrúdú sin aon chearta codarsna, cúnaint shriantacha ná eirí ina leith, an teideal sealbhach sin a chomhshó ina theideal iomlán.

(2) Is i bhFoirm 13, fara cibé modhnuithe is gá sa chás, a dhéanfar an t-iarratas.

*Iarratais eile chun teideal sealbhach a chomhshó*

35. (1) I ngach iarratas eile chun teideal sealbhach a chomhshó ina theideal iomlán i gcás maoin a ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh, ní foláir an teideal a bhí ar marthain chun na maoin sin, sular ceannaíodh amhlaidh í, a thaispeáint.

(2) Má cheadaíonn an tÚdarás é, is féidir an teideal chun na tionóntachta-

- (a) a thosú le diúscairt a rinneadh 15 bliana ar a laghad roimh dháta an iarratais; nó
- (b) a rianú do thréimhse 30 bliain ar a laghad roimh an iarratas cibé acu seilbh nó eile is bun don teideal.

(3) Is le mionnscríbhinn i bhFoirm 11 nó 12, fara cibé modhnuithe is gá sa chás, de réir mar a bheidh nó nach mbeidh a sheasamh nó a seasamh ag an iarratasóir ar thuairim dhlíthiúil, a dhéanfar an t-iarratas.

*Scrúdú ar theideal chun leasanna a chosnaítear trí chlárú le teideal sealbhach*

36. (1) In iarratais faoi Riail 35, déanfaidh an tÚdarás, nó déanfar faoina mhaoirseacht, an teideal a scrúdú, agus féadfaidh sé an scrúdú a leathnú nó a mhodhnú ar cibé dóigh is gá in imthosca an cháis áirithe; ach ní éileofar aon fhianaise teidil nach bhféadfaí a éileamh i gcás an mhaoin a dhíol faoi chonradh díshriantach.

(2) Féadfaidh an tÚdarás scrúdú oifigiúil an teidil a ligean thar ceal nó a mhodhnú, de réir mar is cuí leis. Go háirithe féadfaidh sé sin a dhéanamh-

- (a) i gcás an teideal a bheith scrúdaithe don tréimhse fhorordaithe ag abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach tráth a rinneadh diúscairt ar chomaoin luachmhar, agus má dhéantar a thuairim nó a tuairim, maille leis an bhfianaise ar ar bunaíodh í, a thaisceadh i dteannta an iarratais; féadfar an tuairim sin a thabhairt i bhFoirm 3 arna hoiriúnú mar is gá sa chás, nó
- (b) más rud é, i gcúrsa teideal a imscrúdú, go gcuirfear an teideal ar aghaidh le haghaidh tuairim dhlíthiúil ar nós mar a dhéanfaí faoi Riail 19(6); féadfar an tuairim sin a thabhairt i bhFoirm 3 arna hoiriúnú mar is gá sa chás, nó
- (c) trí ghlacadh le teideal a mheasfaidh sé a bheith ina theideal bailí sealbhaíochta agus cibé slánaíocht is riachtanach leis a thógáil.

*Teideal cláraithe a chomhshó i gcásanna faoi Alt 50(2) den Acht*

37. (1) I gcás lena mbaineann Alt 50(2)(a) den Acht, taiscfidh an t-iarratasóir na doiciméid go léir a shonraítear sa mhír sin mar aon le Foirm 14, mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt.

(2) I gcás lena mbaineann Alt 50(2)(c) den Acht, ní gá don iarratasóir na doiciméid a shonraítear in Alt 50(2)(a) a thaisceadh.

(3) Is i bhFoirm 15 a dhéanfar iarratas chun teideal sealbhach a chomhshó ina theideal iomlán, i gcás nach mbaineann Alt 50(2)(c) den Acht leis.

*Fógra, fógrán agus fiosrúcháin roimh chomhshó sna cásanna sin*

38. Sula gcomhshófar teideal sealbhach i gcás lena mbaineann an riail sin roimhe seo, féadfaidh an tÚdarás-

- (a) cibé fógraí is riachtanach leis a sheirbheáil, lena n-áirítear fógraí d'úinéirí maoin sa chomharsanacht a mbeadh cúis aige chun a chreidiúint go bhféadfaidís bheith i dteideal coinníollacha sriantacha a chur i bhfeidhm a dhéanann difear don mhaoin;
- (b) ar chostas an iarratasóra (mura mbeidh ordú dá mhalairt déanta aige), fógra faoin gcomhshó beartaithe a chur i cibé foilseacháin (más ann) a ordóidh sé;
- (c) cibé fiosrúcháin is riachtanach leis a dhéanamh ar an maoin nó in aon áit eile.

*Iarratas chun teideal srianta a chomhshó*

39. Is i scríbhinn a dhéanfar iarratas chun teideal srianta a chomhshó ina theideal iomlán nó ina theideal léasach bailí, agus cuirfear ina theannta fianaise ar theideal an úinéara chláraithe chun an eastáit nó an leasa a eiscear sa chlár ó éifeacht an chláraithe, nó cibé fianaise eile ar a mbeidh seasamh an iarratasóra mar chruthúnas gur múchadh an t-eastát nó an leas a eiscear amhlaidh nó gur

scoir sé ar dhóigh eile de dhifear a dhéanamh don mhaoin. Is i bhFoirm 14 a dhéanfar an t-iarratas.

*Fógra le tabhairt faoi chomhshó beartaithe*

40. Sula gcomhshófar teideal sealbhach de dhroim scrúdú teidil, déanfaidh an tÚdarás, más riachtanach leis é-

- (a) fógra faoin gcomhshó beartaithe a thabhairt don úinéir cláraithe, murab é nó í atá ag iarraidh an chomhshó sin nó mura páirtí toilteanach chuige é nó í;
- (b) má chinntítear go bhfuil ualach ann le tosaíocht aige ar ualach cláraithe, fógra a thabhairt d'úinéir, nó d'úinéir toimhdean, an ualaigh chláraithe i dtaobh na tosaíochta a cinntíodh amhlaidh agus i dtaobh chlárú beartaithe an ualaigh;
- (c) ar chostas an iarratasóra, cibé fógra is cuí leis a thabhairt faoin gcomhshó beartaithe, nó faoi thaifid nó cealú taifead atá beartaithe de dhroim an scrúdaithe teidil.

*Ualaí a cinntíodh a thairfeadh ar chomhshó*

41. Ar theideal sealbhach nó srianta a chomhshó, de dhroim scrúdú teidil faoi na Rialacha seo—

- (a) déanfar ualach a cinntíodh go ndéanann sé difear don mhaoin a thairfeadh sa chlár ar an gcuma chéanna le hualach a bunaíodh tar éis céadchlárú; ach ní chlárófar aon úinéireacht i leith an ualaigh go dtí go suifear chun sástacht an Údaráis teideal an duine atá ag éileamh na húinéireachta sin;
- (b) má chinntítear go bhfuil tosaíocht ag an ualach ar ualach atá cláraithe, cuirfear nóta i dtaobh na tosaíochta sin isteach sa chlár.

*An clár a chur i gcomhréir le teidil a cinntíodh*

42. Más léir don Údarás, ar iarratas chun teideal sealbhach nó srianta a chomhshó, nach ndéanann ualach cláraithe difear d'úinéireacht na maoine mar a cinntíodh í, nó nach ndéanann sé difear ach d'úinéireacht theoranta nó le heastát nó leas fuíll, tabharfaidh sé fógra d'úinéir, nó d'úinéir toimhdean, an ualaigh i dtaobh na bhfóras a cinntíodh agus i dtaobh na dtaifead ann atá beartaithe aige a chur sa chlár agus na dtaifead ann atá beartaithe aige a chealú nó a leasú; agus, mura ndéantar agóid, nó faoi réir a gcinnfear de réir na Rialacha seo i gcás aon agóid a rinneadh, cealófar nó leasófar an taifead sa chlár nó an taifead nua ann atá beartaithe, de réir mar is gá, chun an teideal cláraithe a chur i gcomhréir leis an teideal arna chinntiú.

*I gcás go dtairfeadh gníomhais chun lian a bhunú*

43. (1) Más rud é, ar iarratas ar theideal sealbhach nó srianta a chomhshó, go gceanglóidh iarratasóir ar theideal a chomhshó ar dhuine a éilíonn lian ar mhodh morgáiste cothromais arna bhunú roimh chéadchlárú ar dhoiciméad ina sheilbh nó ina seilbh an doiciméad a thabhairt ar aird ag an gClárlann, nó go

gceanglóidh an tÚdarás air nó uirthi cúis a shuíomh nár chóir an doiciméad a thabhairt ar aird, féadfaidh sé nó sí é a thaisceadh sa ChlárLann faoi réir an liain.

(2) Aon duine a bheidh ag taisceadh doiciméid faoin rialail seo faoi réir lian arna bhunú trína thaisceadh taiscfidh sé nó sí leis éileamh ar an lian i bhFoirm 81 arna shíniú aige nó aici nó a aturnae nó ag a haturnae.

(3) Áireofar i lian duine a bheidh ag taisceadh doiciméid faoin rialail seo na costais ar é a thaisceadh.

(4) Ní dhéanfar aon chlárú a d'fhéadfadh an lian a shárú nó dochar a dhéanamh dó go dtí go ndeimhneofar é nó go bhforálfar maidir leis i gcás go nglacfar leis.

*Scrúduithe eile teidil lasmuigh den chlár*

44. Is i bhFoirm 1 nó 2, fara cibé modhnuithe is gá sa chás, a dhéanfar iarratas chun na teidil seo a leanas a scrúdú—

- (a) teideal léasóra leasa léasaigh a bhfuil a úinéireacht cláraithe le teideal léasach bailí, ionas go sonróaí go ndearnadh an teideal a chomhshó ina theideal iomlán, nó
- (b) teideal deontóra oidhreachtáin chorpraigh chláraithe maoiné ruilse, ionas go sonróaí go ndearnadh an teideal cláraithe a chomhshó ina theideal iomlán, nó
- (c) teideal deontóra deontais feofheirme nó deontais suthaineachta a rinneadh faoi fhorálacha aon achtacháin mar chomhshó ar leas léasach cláraithe, ionas go n-aistreofaí an mhaoin ó chlár úinéireachta na leasanna léasacha go clár úinéireachta na maoiné ruilse, nó
- (d) teideal duine ar bith chun léas nó foléas atá cláraithe mar ualach gan a úinéireacht a bheith cláraithe, ionas go gcealófaí an t-ualach nó go gclárófaí a úinéireacht, nó
- (e) teideal duine ar bith chun morgáiste nó muirear atá cláraithe mar ualach gan a úinéireacht a bheith cláraithe, ionas go mbainfí as an gclár é nó go gclárófaí a úinéir,

agus beidh feidhm ag forálacha na rialacha roimhe seo nuair is gá, ach nach mbeidh sé riachtanach léarscáil a thaisceadh i dteannta an iarratais.

*Teideal a fuarthas, de dhroim seilbhe, chun maoiné cláraithe*

*Teideal a fuarthas, de dhroim seilbhe, chun maoiné cláraithe*

45. De bhun Alt 49 den Acht, féadfaidh aon duine a éileoidh go bhfuair sé nó sí teideal, de dhroim seilbhe, chun maoiné cláraithe iarratas a dhéanamh i bhFoirm 6 fara cibé modhnuithe is gá sa chás, chun a chláraithe nó chun a cláraithe mar úinéir. Féadfaidh an tÚdarás más deimhin leis go bhfuil an teideal faighte ag an duine sin, an t-iarratasóir a chlárú mar lánúinéir le teideal iomlán,

le teideal léasach bailí, le teideal sealbhach nó le teideal srianta, de réir mar is gá sa chás.

*Éasúintí agus brabúis a fháil trí fhorordú*

*Éasúintí agus brabúis a fháil trí fhorordú*

46. (1) De bhun Alt 49A den Acht, aon duine a éileoidh go bhfuil teidlíocht aige nó aici chun éasúna nó *profit à prendre* de bhun Ailt 33 go 38 d'Acht 2009, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh ar a chlárú nó a clárú ar an gceart sin i bhFoirm 68 fara cibé modhnuithe is gá sa chás. Féadfaidh an tÚdarás, más deimhin leis go bhfuil na ceanglais iomchuí den Acht sin comhlíonta, agus tar éis fógraí a sheirbheáil ar an bhfo-úinéir, a chur faoi deara, de réir mar is cuí, an éasúint éilithe nó an *profit à prendre* éilithe a thaifeadadh mar chomhghabhálas de réir Alt 82 den Acht, mar ualach de bhun Alt 69(1)(jj) agus, i gcás *profit à prendre* i gcomhlán, a thaifeadadh sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b)(i).

(2) Is i bhFoirm 69 a dhéanfar an fógra.

(3) I gcás nach bhfuil príomhtheideal an iarratasóra cláraithe, ní mór iarratas ar chéadchlárú de bhun Rialacha 14 go 19 a bheith i dteannta an iarratais.

(4) I gcás nach bhfuil teideal an fho-úinéara cláraithe, ní mór fianaise shásúil ar theideal a thabhairt ar aird don Údarás.

*Forálacha ginearálta maidir le céadchlárú agus le hiarratais inar gá scrúdú teidil ar leasanna neamhchláraithe*

*Foirm mionnscríbhinne follasaithe*

47. Is i bhFoirm 16 a dhéanfar mionnscríbhinn follasaithe a dhéanfar de bhun Alt 93 den Acht mura bhforordófar foirm iarratais ina n-áireofar na deimhnisc iomchuí. Mura gceadóidh an tÚdarás a mhalairt, is é nó is í an t-iarratasóir a dhéanfaidh an mhionnscríbhinn. Más duine ar bith seachas an t-iarratasóir a dhéanfaidh é, luafaidh an teisteoir bun a eolais nó a heolais. I gcás comhlacht corparáideach, féadfaidh an Rúnaí, an Gníomhaire Dlí, nó duine a bheidh údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin an mhionnscríbhinn a dhéanamh i gcás go ndeimhneasfar go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an fhoirse riachtanach eolais aige nó aici.

*Céadchlárú tionóntaí i gcoiteannas*

48. Más léir don Údarás, de thoradh scrúdú teidil, go bhfuil teidlíocht chun maoin ag beirt nó níos mó mar thionóntaí i gcoiteannas cinnteoidh sé cad í an scair atá ag gach duine díobh sa mhaoín agus taifeadfaidh sé sa chlár í.

*Céadchlárú iontaobhaí mar úinéir*

49. Más iontaobhaí iarratasóir ar chlárú mar úinéir nó mar an úinéir cláraithe, cibé acu é, féadfaidh sé nó sí, ar chomhlánú an chláraithe, toirmeasc a thaifeadadh sa chlár chun srian a chur le clárú i gcás diúscairtí nach bhfuil údaraithe leis an iontaobhas. Féadfaidh an toirmeasc a bheith san fhoirm a fhorordaítear i Riail 130.



*Fógra a thabhairt faoi chlárú beartaithe*

50. Mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt, ní chomhlánófar aon chlárú de dhroim scrúdú teidil go dtí go mbeifear tar éis fógra faoin gclárú beartaithe a thabhairt don iarratasóir, agus do cibé daoine eile a ordóidh an tÚdarás.

*Dáta an chlárú*

51. Gach clárú nó taifead a dhéanfar i gclár de dhroim scrúdú teidil chun leasanna neamhchlárú, déanfar é amhail ar an lá a shocrófar go críochnaitheach sa Chlárlann an dréachtfhóilió don chlárú nó an dréacht-taifead d'fhóilió.

## CUID 4

## DÉILEÁLACHA LE MAOIN CHLÁRAITHE

*Ginearálta**Foirm na n-ionstraimí*

52. (1) Is iad na foirmeacha a fhorordaítear leis na Rialacha seo le haghaidh aistriú, muirearú agus diúscairtí eile a úsáidfeadh i ngach idirbheart dá dtagraíonn siad nó inar infheidhme nó inchurtha in oiriúint iad, arna n-athrú nó arna mbreisiú de réir mar is gá do na hidirbhearta agus mar a cheadóidh an tÚdarás.

(2) Is i cibé foirm a ordóidh nó a cheadóidh an tÚdarás a bheidh ionstraimí nach bhforordaítear aon fhoirm dóibh, agus cloífeadh leis na foirmeacha sa sceideal chomh dlúth agus is féidir sna himthosca.

*Iarratais nó ionstraimí i bhfoirm mhíchúí*

53. Más dealraitheach don Údarás go bhfuil iarratas nó ionstraim ar bith míchúí ó thaobh foirme nó substainte nó neamhshoiléir, nó nach gcuirtear in iúl sách cruinn cad é an leas nó an talamh áirithe a bhfuil sé ceaptha don iarratas nó don ionstraim dífeadh a dhéanamh dó, nó nach dtagraítear ann nó inti ach d'ábhair nach ábhar do chlárú iad faoin Acht, nó go dtugtar i gceist chlárú i leith sriantachta a bheadh míréasúnach nó ar dóigh di ciotáí a dhéanamh, nó go bhfuil an t-iarratas nó an ionstraim curtha i bhfriotal ar dhóigh eile nach réitíonn leis na prionsabail a ndlitear an clár a choimeád dá réir, féadfaidh sé chlárú a dhiúltú nó an mhaoin a chlárú faoi réir cibé modhnuithe a cheadóidh sé.

*Fianaise gur forghníomhaíodh ionstraimí*

54. Ní foláir forghníomhú gach iarratais, ach amháin iarratas ó aturnae, agus gach ionstraim, a bheidh fianaithe ag finné. Ní foláir forghníomhú iarratais nó ionstraim ag duine atá dall nó neamhliteartha a bheidh fíoraithe le mionnscríbhinn ó fhinné fianaithe á rá gur léadh amach agus gur míníodh an t-iarratas nó an ionstraim don duine sin agus gur dhealraigh an duine sin gur thuig sé nó sí an céanna. Ní foláir forghníomhú iarratais nó ionstraim ag duine lena mharc nó lena marc, mar gheall ar mhíchumas coirp, agus ar an gcúis sin amháin, a bheidh fíoraithe le mionnscríbhinn ó fhinné fianaithe a thabharfaidh fáth an fhorghníomhaithe sin. In aon chás ina bhfuil an t-eolas sin tugtha sa chlásal fianaithe, féadfaidh an t-údarás an mhionnscríbhinn sin a ligean thar ceal. Ní foláir forghníomhú iarratais nó ionstraim ag daoine eile a bheidh fíoraithe le



mionnscribhinn ó fhinné fianaithe aon uair a theastóidh sin ón Údarás. Féadfar mionnscribhinn an fhinné fianaithe a dhéanamh i bhFoirm 20.

*Fianaise ar fhorghníomhú ionstraim ag aturnae*

55. I gcás gur aturnae a dhéanfaidh forghníomhú ar iarratas nó ar ionstraim, déanfar an chumhacht aturnae nó cóip dheimhnithe di arna déanamh de bhun Alt 21 den Acht um Chumhachtaí Aturnae, 1996 nó cóip fhianaithe arna déanamh de bhun Alt 22 den Acht sin a thabhairt ar aird don Údarás.

*Cuid de mhaoin chláraithe a aistrítear a aithint*

56. (1) Aon ionstraim a mbeidh baint aici le cuid den mhaoin i bhfóilió den chlár beidh ina teannta léarscáil iarratais dá dtagrófar san ionstraim.

(2) Féadfaidh an tÚdarás léarscáil iarratais i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach ina sainaitheofar teorainneacha dhá mhaoin nó níos mó i gcás go mbeidh gach maoin acu ina hábhar do theideal cláraithe ar leithligh (“léarscáil scéime”) a cheadú sula dtaiscfear iarratas ar chlárú.

(3) Más cuí, beidh feidhm ag forálacha Riail 29 maidir le léarscáil den sórt sin.

*Déileáil a thíolacadh lena clárú*

57. (1) Féadfar iarratais ar chlárú a chur chuig cibé oifig nó oifigí nó cibé seoladh nó seoltaí de chuid an Údaráis a ainmneoidh sé nó féadfar iad a sheachadadh ar an gcéanna nó a tharchur chuig an gcéanna.

(2) Féadfar iarratais a dhéanamh trí mheán leictreonach i gcás gur deimhin leis an Údarás go bhfuil socrúithe cuí ar bun chun déileáil le hiarratais den sórt sin. Déanfar iarratais trí mheán leictreonach a tharchur chuig cibé seoladh leictreonach nó seoltaí leictreonacha a ainmneoidh an tÚdarás chun iarratais den sórt sin a ghlacadh.

(3) Féadfar iarratais ar chlárú a dhéanamh i bpearsa nó tríd an bpost ag cibé oifig nó cibé oifigí a ainmneoidh an tÚdarás chun iarratais den sórt sin a ghlacadh.

*Ord tosaíochta déileálacha a gheofar lena gclárú*

58. (1) Ach amháin mar a fhoráiltear dá mhalairt sna Rialacha seo, déanfar iarratais, lena n-áirítear iarratais a thaiscfear de láimh, a chlárú san ord ina bhfaighidh an tÚdarás iad.

(2) Maidir leis na hiarratais go léir a gheofar, lena n-áirítear trí mheán leictreonach, seachas iarratais a taisceadh de láimh:

- (a) ar aon lá sula n-osclófar an Chlárlann don phobal ar an lá sin, measfar go bhfuarthas iad ar an tráth céanna díreach sular osclaíodh an Chlárlann don phobal;
- (b) tar éis an Chlárlann a oscailt don phobal measfar go bhfuarthas iad ar an tráth céanna agus díreach sular dúnadh an Chlárlann ar an bpobal ar an lá sin;

- (c) tar éis an Chlárlann a dhúnadh don phobal ar lá áirithe, measfar go bhfuarthas iad ar an tráth céanna agus díreach sular osclaíodh an Chlárlann don phobal ar an gcéad lá oibre eile.

(3) Maidir le hiarratais de bhun mhír (2) thuas a measadh a fuarthas ar an tráth céanna beidh siad ar comhthosaíocht le chéile.

(4) Maidir le dhá iarratas nó níos mó a bhaineann leis an maoin chéanna a sheachadadh ar an tráth céanna ag an duine céanna tabharfar tosaíocht dóibh san ord a ordóidh an duine a sheachadfaidh iad nó, in éagmais ordachán den sórt sin, i cibé ord is intuigthe as na hiarratais.

*Fógra sa chlár faoi chlárú atá ar feitheamh*

59. Déanfar fógra i dtaobh gach iarratais a gheofar lena chlárú a thaifeadadh, go dtí go gclárófar é, san fhóilió den chlár lena mbaineann sé ar cibé modh a ordóidh an tÚdarás.

*Dáta an chlárúithe*

60. Ach amháin mar a fhoráiltear dá mhalairt le reacht, nó mar a fhoráiltear i Rialacha 51, 61(3) agus 161, comhlánófar an clárú amhail ar an lá a gheofar an t-iarratas lena chlárú.

*Ionstraim a leasú agus tosaíocht na hionstraim leasaithe*

61. (1) Nuair is gá aon athrú a dhéanamh ar ionstraim tar éis í a ghlacadh lena clárú, féadfar, má cheadaíonn an tÚdarás é, í a tharraingt siar as an gClárlann chun í a athrú agus a athfhorghníomhú sula mbeidh aon taifead fúithi curtha isteach i gclár.

(2) Beidh an t-athfhorghníomhú le déanamh ag gach duine ar dealraitheach difear a bheith á dhéanamh dá leasanna, cibé acu a rinne siad forghníomhú uirthi an chéad uair nó nach ndearna.

(3) Ar an ionstraim a athsheachadadh sa Chlárlann, déanfar í a thaifeadadh lena clárú mar a iarradh amhail ar dháta agus in ord tosaíochta an athsheachadta.

*Deimhniú stampa arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim*

62. (1) Más rud é go n-éiríonn ceist i ndáil le deimhniú stampa arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim agus go dtabharfaidh aturnae an iarratasóra gealltanas i scríbhinn go soláthróidh sé, laistigh de thréimhse a cheapfaidh an tÚdarás an fhianaise is gá chun an cheist a fhuascailt féadfar an ionstraim iomchuí a chur ar ais chuig an aturnae chun an fhianaise sin a fháil. Má dhéantar ina dhiaidh sin, laistigh den tréimhse a shocrófar, an ionstraim sin a thaisceadh leis an bhfianaise is gá, comhlánófar an clárú amhail ar dháta an t-iarratas bunaidh a thaisceadh.

(2) I gcás nach gcomhlíonfar an gealltanas i scríbhinn laistigh den tréimhse a shocrófar, measfar go bhfuil an t-iarratas ar chlárú tréigthe.

*Tionónta i gcoiteannas a chlárú*

63. I gcás iarratas ar chlárú mar úinéir ó dhuine a éileoidh sin mar thionónta i gcoiteannas ar scair neamhroinnte i maoin, ní foláir an scair a bhfuil teideal aige nó aici chuici a lua, nuair nach léir ón ionstraim a thaiscfear cad í an scair í. Is é an taifead a chuirfear sa chlár go bhfuil an t-iarratasóir ina úinéir nó ina húnéir ar scair neamhroinnte shonraithe den mhaoin.

*Úinéir faoi iontaobhas a chlárú*

64. Más iontaobhaí é nó í iarratasóir ar chlárú, féadfaidh sé nó sí, ar chomhlánú an chláraithe, toirmeasc a chur ar taifead sa chlár chun srian a chur le clárúithe faoi dhiúscairtí nach n-údaráítear leis an iontaobhas.

*Iarratas ag úinéir clárúithe ar leasú*

65. Is i bhFoirm 83 a bheith iarratas ag an úinéir clárúithe ar a ainm nó a hainm nó a sheoladh nó a seoladh nó a thuairisc nó a tuairisc sa chlár a leasú.

*Iarratas ar iontaobhaithe a chlárú*

66. Is i bhFoirm 86 a bheidh iarratas ar chlárú iontaobhaithe is úinéirí talún clárúithe de bhua Acht 2009.

*Aistrithe**Foirmeacha aistrithe*

67. Is le hionstraim i cibé ceann de na Foirmeacha 19, 21 go 24, 29 agus 30 is infheidhme a dhéanfar aistriú.

*Foirm léasa*

68. Is i bhFoirm 31 a bheidh léas ar thalamh clárúithe.

*Aistrí atá ina iontaobhaí nó ina hiontaobhaí a chlárú*

69. I gcás aistriú a dhéanamh chun aistrí atá ina iontaobhaí nó ina hiontaobhaí i leith na maoin a aistrítear, féadfaidh an t-aistrí toirmeasc a chur ar taifead sa chlár, ar chomhlánú an chlárúithe, chun srian a chur le clárú faoi dhiúscairtí nach n-údaráítear leis an iontaobhas.

*Clárú faoi aistriú nó faoi ordú dílseacháin de bhun díola i bhforghníomhú ordú cúirte*

70. (1) I gcás maoin a aistriú arna díol ag úinéir clárúithe (nó ag a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta nó ag duine arna cheapadh nó arna ceapadh chuige sin ag an gcúirt) i bhforghníomhú foraithe, breithiúnais nó ordaithe ó chúirt, nó i gcás ordú dílseacháin arna díol de bhun foraithe nó breithiúnas nó ordú den sórt sin, cuirfear i dteannta an aistrithe nó an ordaithe dílseacháin—

- (a) cóip oifigiúil den ordú ón gcúirt á ordú an mhaoin a dhíol;
- (b) deimhniú ó Scrúdaitheoir na hArd-Chúirte nó (más í an Chúirt Chuarda a d'ordaigh an díol) deimhniú ón gclárúitheoir contae, a dheimhneoidh toradh a fhiosrúchán nó a fiosrúchán i dtaobh eirí;
- (c) cóip oifigiúil den ordú críochnaitheach lena gceadófar an díol agus fáltais an díola a dhíol lasmuigh de chúirt.

- (d) más de bhun ordú ón gCúirt Chuarda a díoladh an mhaoín, deimhniú eile ón gcláraitheoir contae a shonróidh na páirtithe sna himeachtaí le haghaidh an díola agus na daoine ar ar seirbheáladh fógra i dtaobh na n-imeachtaí sin agus a bhí faoi cheangal acu.

(2) Ar na doiciméid iomchuí dá dtagraítear ag fomhíreanna (a), (b), (c) agus (d) a thabhairt ar aird sa Chlár, déanfaidh an tÚdarás cibé muirir, morgáistí breithiúnais agus eirí eile a chealú i gclár na maoin a áirítear san aistriú agus ar dealraitheach nach ndéanann siad difear a thuilleadh don mhaoín a díoladh.

*Tagairt a chur sa chlár do chúnant chun cíos a íoc nó páirtí a shlánú*

71. Ar mhaoín a aistriú atá faoi réir cíos láithreach nó faoi réir ualach a taifeadadh sa chlár, féadfar tagairtí a chur sa chlár do chúnant san aistriú ó cheachtar páirtí chun an páirtí eile a shlánú nó a shaoradh ón gcíos nó ón ualach nó ó chuid de, nó ó éifeacht an chéanna.

*Clárú ceannaitheora ó ionadaí pearsanta úinéara a urscaoileadh ó mhorgáiste breithiúnais ar leas tairbhí*

72. (1) I gcás iarratas chun ceannaitheoir a chlárú mar úinéir faoi aistriú maoin arna díol ó ionadaí pearsanta lánúinéara maoin, féadfaidh an ceannaitheoir a iarraidh go gcealófaí gach taifead i dtaobh fógra faoi mhionscríbhinn bhreithiúnais a thaisceadh mar mhorgáiste faoin *Judgment Mortgage (Ireland) Act, 1850* nó taifead i dtaobh morgáiste breithiúnais faoi Alt 116 d'Acht 2009 mar mhorgáiste ar eastát nó leas duine a bhfuil leas tairbhíúil aige nó aici sa mhaoín faoin uacht nó ar dhíthiomnacht an úinéara mhairbh nó faoi Alt 111 den Acht Comharbais, 1965.

(2) Cuirfear fógra faoin gcealú beartaithe chuig an duine a dtaispeántar sa chlár go bhfuil teidlíocht aige nó aici chun an fhéich bhreithiúnais.

(3) Bainfidh foráil Riail 113, *mutatis mutandis*, leis an iarratas agus leis an bhfógra sin.

*Clárú faoi dheontas ag forchoimeád cíosa*

73. I gcás maoin ruilse a aistriú trí dheontas suthaineachta ag forchoimeád cíosa, tabharfar éifeacht don aistriú tríd an deontáí a chlárú mar úinéir na maoin agus an cíos a chlárú mar ualach ar an maoin.

*Clárú cuideachtaí*

74. (1) Ní foláir do chuideachta de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963, a iarraidh clárú faoi aistriú, deimhniú ó Chláraitheoir na gCuideachtaí gur corpraíodh í a thabhairt ar aird.

(2) Ní foláir do chuideachta a corpraíodh lasmuigh den Stát agus a iarraidh clárú fianaise gur corpraíodh í a thabhairt ar aird.

(3) I gcás diúscairt ag cuideachta, ní fhiosróidh an tÚdarás cé acu aistriú é atá teagmhasach le cuspóirí na cuideachta, mar atá siad leagtha amach ina meabhrán comhlachais, nó nach ea.

(4) I gcás diúscairt ag cuideachta má dhealraíonn an séala a bheith arna ghreamú i láthair rúnaí, leasrúnaí nó comhalta de bhord stiúrthóirí na cuideachta agus a bheith arna fhianú aige nó aici, beidh an tÚdarás i dteideal a thiomhdiú ina leith go ndearna an chuideachta forghníomhú go cuí ar an ngníomhas.

(5) Ar dhiúscairt arna déanamh ag comhlacht corpraithe coigríche i gcás go dtaiscfear deimhniú ó atur nae ón tír atá i gceist nó ag a bhfuil eolas leordhóthanach ar dhlíthe na tíre atá i gceist, gur forghníomhaíodh an gníomhas de réir na gceanglas dlíthiúil lena rialaítear forghníomhú na hionstraime atá i gceist ag comhlacht corpraithe den sórt sin sa dlínse ina bhfuil sé corpraithe, beidh an tÚdarás i dteideal a thiomhdiú ina leith go ndearna an comhlacht corpraithe forghníomhú go cuí ar an ngníomhas.

*Clárú faoi aistriú a shroicheann thar eastát nó leas úinéara chláraithe*

75. (1) Más rud é, i gcás lena mbaineann Alt 60 den Acht, go n-aistreoidh úinéireacht maoiné cláraithe chun duine eile faoi dhiúscairt, de shárú ar eastát nó leas an úinéara chláraithe, ansin, faoi réir aon agóid a fuarthas mar fhreagra ar fhógra arna thabhairt mar a ordaítear le Riail 76, clárófar an t-aistrí ar an bhfianaise seo a leanas a thabhairt ar aird-

- (a) i gcás an diúscairt a dhéanamh ag duine i bhfeidhmiú cumhachta reachtúla nó cumhachta a cláraíodh mar ualach, an ceapachán, an gníomhas aonpháirtí nó aon ionstraim eile lena bhfeidhmítear an chumhacht agus, faoi réir Riail 81, cibé fianaise a d'fhéadfadh ceannaitheoir a éileamh dá mba mhaoin neamhchláraithe í an mhaoin, á thaispeáint go bhfuil an chumhacht infheidhmithe ag an duine dár dílsíodh í agus gur fheidhmigh sé nó sí í;
- (b) i gcás an diúscairt a dhéanamh ag duine seachas an t-úinéir cláraithe, i bhforghníomhú breithiúnas, ordú, foraithe nó próis ó chúirt, an diúscairt a d'fhorghníomhaigh an duine a bhí ceaptha ag an gcúirt lena forghníomhú, mar aon le cóip oifigiúil d'ordú na cúirte á cheapadh nó á ceapadh;
- (c) i gcás an mhaoin a aistriú le reacht, iarratas i scríbhinn ar chlárú a dtagraítear ann don reacht ar a bhfuiltear ag seasamh, agus, faoi réir riail 82, an fhianaise ar a bhfuiltear ag seasamh mar chruthúnas go bhfuil na dálaí ann, nó na teagmhais tar éis tarlú, a aistríonn an mhaoin de bhua an reachta.

(2) Féadfar cruthúnas a thabhairt le mionnscríbhinn nó le dearbhú reachtúil ar aon fhíorais is gá de réir na rialach seo.

*Fógra i dtaobh iarratas ar chlárú faoi aistriú a shroicheann thar eastát nó leas úinéara chláraithe*

76. (1) Ní thabharfar an fógra faoi iarratas ar chlárú, de shárú ar eastát nó leas úinéara chláraithe, da dtagraítear in Alt 60 den Acht má shroichtear thar an eastát nó an leas le reacht, le tíolacadh Breithimh Thalún, le hordú dílseacháin ó chúirt nó ó Choimisiún na Talún nó ón Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara, le haistriú ag Coimisiún na Talún nó ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus na Mara

i bhfeidhmiú a chuid cumhachtaí reachtúla nó a cuid cumhachtaí reachtúla, nó le haistriú a d'fhorghníomhaigh duine a ceapadh chuige sin ag cúirt i bhforghníomhú a breithiúnais nó hordaithe nó a foraithe.

(2) Mura gcomhthoileoidh ionadaí pearsanta úinéara chláraithe éagtha, nó, i gcás muirir nó ualaigh, úinéara chláraithe éagtha, le hiarratas ar chlárú faoin Alt sin 60, déanfar, i gcásanna seachas cinn a shonraítear i mír (1) den riail seo, fógra faoin iarratas i bhFoirm 27 a thabhairt-

- (a) don ionadaí pearsanta, nó
- (b) mura bhfuil aon ionadaí pearsanta ann, don duine nó do na daoine a éilíonn go bhfuil teidlíocht aige nó aici nó acu, cibé acu faoi uacht an éagaigh é, faoina dhíthiomnacht nó faoina díthiomnacht nó faoi Alt 111 den Acht Comharbais, 1965.

(3) Tabharfaidh an t-iarratasóir ar chlárú don Údarás na sonraí is gá chun na fógraí a fhorordaítear leis an riail seo a sheirbheáil, a mhéid a bheidh an t-iarratasóir i riocht é sin a dhéanamh.

*Ualaí a chealú i gcás aistriú a shroicheann thar eastát nó leas úinéara chláraithe*

77. (1) Ar úinéir a chlárú faoi Alt 60 den Acht, ar dhóigh seachas mar a fhoráiltear le Riail 70, cealófar na hualaí agus na fógraí cláraithe seo a leanas sa chlár-

- (a) i gcás an t-aistriú a dhéanamh le reacht nó i bhfeidhmiú cumhachta reachtúla, na hualaí agus na fógraí a mbeadh an mhaoin urscaoilte uathu leis an reacht nó i bhfeidhmiú na cumhachta reachtúla, dá mbeadh an mhaoin gan bheith cláraithe;
- (b) I gcás an t-aistriú a dhéanamh i bhfeidhmiú cumhachta a cláraíodh mar ualach, na hualaí agus na fógraí a thagann in ord tosaíochta i ndiaidh na cumhachta;
- (c) i gcás an t-aistriú a dhéanamh le hordú dílseacháin ó chúirt nó ag duine arna cheapadh nó arna ceapadh ag cúirt chun aistriú a dhéanamh, na hualaí agus na fógraí ar ordaigh an chúirt iad a urscaoileadh ar an aistrí a chlárú.

(2) Má éilítear sin ar an iarratasóir ar chlárú, luafaidh sé nó sí i scríbhinn na hualaí agus na fógraí sa chlár a bhfuil sé nó sí ag iarraidh a gcealaithe.

*Fógra faoi ualaí a chealú i gcás aistriú a shroicheann thar eastát nó leas an úinéara chláraithe*

78. Déanfaidh an tÚdarás fógra a sheirbheáil i bhFoirm 28 ar an úinéir cláraithe (más ann) i dtaobh ualaí agus fógraí a bheidh le cealú faoi Riail 77(1) (a) nó (b).

*Aistriú a chlárú faoi chumhacht díola*

79. (1) Ar aistriú a chlárú faoi chumhacht díola faoi Alt 62(9) den Acht seirbheálfar fógra i bhFoirm 25 ar an úinéir cláraithe nó i gcás a bháis nó a báis

ar a ionadaí pearsanta nó ar a hionadaí pearsanta nó ar a ionadaithe pearsanta nó ar a hionadaithe pearsanta.

(2) Déanfar aon ualaí agus aon taifid a urscaoileadh faoi Alt 62(10) den Acht a chealú agus seirbheálfar fógra i bhFoirm 26 ar an úinéir cláraithe (más ann) i dtaobh an ualaigh nó an taifid a cealaíodh.

*Clárú iontaobhaithe nó sannaithe úinéara is féimheach agus athchlárú an úinéara*

80. (1) Féadfar na sannaithe i bhféimheacht i leith úinéir cláraithe a breithníodh a bheith ina fhéimheach nó ina féimheach a chlárú mar úinéirí ina ionad nó ina hionad, má thugtar ar aird don Údarás cóip oifigiúil den deimhniú gur dílsíodh an t-eastát agus na hearraí do na sannaithe, arna fhorhuiniú mar a fhorordaítear leis an riail seo.

(2) I gcás féimheach ar cláraíodh a iontaobhaí nó a hiontaobhaí nó a shannaí nó a sannaí cláraithe mar úinéir ar a mhaoín chláraithe nó a maoin chláraithe féadfar é nó í a athchlárú mar úinéir nó, más úinéir teoranta é nó í, féadfar taifead an tsannaí nó an iontaobhaí mar shannaí a eastáit nó a leasa theoranta nó a heastáit nó a leasa theoranta a chealú ar an ngníomhas athdhílseacháin a thabhairt ar aird sa Chlárlann.

(3) I gcás féichiúnaí comhshocraíochta ar cláraíodh a iontaobhaithe nó a hiontaobhaithe mar úinéirí ar a mhaoín chláraithe nó ar a maoin chláraithe, féadfar é nó í a athchlárú mar úinéir nó, más úinéir teoranta é nó í, féadfar taifead na n-iontaobhaithe mar sannaithe a eastáit nó a leasa theoranta nó a heastáit nó a leasa theoranta a chealú má thugtar ar aird sa Chlárlann cóip oifigiúil d'ordú na cúirte faoi Alt 85 den Acht Féimheachta, 1988, arna formhuiniú mar a fhorordaítear leis an riail seo.

(4) Gach ordú, deimhniú, rún nó comhaontú nó cóip oifigiúil a thabharfar ar aird le haghaidh clárú dá dtagraítear sa riail seo, ní foláir deimhniú ón Sannaí Oifigiúil i bhFéimheacht nó ón iontaobhaí, a bheith formhuinithe air á rá gurb é an duine céanna an féimheach nó an féichiúnaí comhshocraíochta a ainmnítear san ordú nó sa deimhniú agus an t-úinéir cláraithe atá ainmnithe i bhfóilió sonraithe den chlár agus a n-iarrtar a mhaoín nó a maoin a aistriú. I gcás inar chun an duine a bhí ina fhéimheach nó ina féimheach nó ina fhéichiúnaí comhshocraíochta nó ina féichiúnaí comhshocraíochta a athchlárú é an t-iarratas, ní foláir, i gcás féimheachta, an ngníomhas athdhílseacháin nó, i gcás comhshocraíochta, cóip oifigiúil d'ordú na cúirte faoi alt 85 d'Acht Féimheachta, 1988 nó, sa chás arbh infheidhme é, toiliú an iontaobhaí, i scríbhinn, leis an athchlárú a bheith i dteannta an iarratais.

*Clárú aistrí i gcás aistriú ag údarás áitiúil faoi reacht*

81. Ar aistrí a chlárú ina úinéir nó ina húinéir faoi aistriú ag údarás áitiúil i bhfeidhmiú a chumhachtaí faoi reacht, ní iarrfar aon fhianaise gur sáraíodh aon choinníollacha reachtúla nó sna rialacháin sin nó gur tharla aon teagmhas a thug cumhacht díola don údarás áitiúil.



*Údarás áitiúil a chlárú faoi reacht*

82. Clárófar údarás áitiúil mar úinéir ar mhaoín a dílsíodh dó faoi reacht de shárú ar eastát nó leas a úinéara chláraithe ar iarratas a fháil ó aturnae an údaráis áitiúil i bhFoirm 32. Ní gá aon fhianaise, seachas an deimhniú san iarratas sin, go bhfuil an mhaoín i seilbh an údaráis áitiúil.

*Clárú diúscairtí i leith maoin thairfeadta*

83. (1) Gach iarratas ar chlárú faoi dhiúscairt nó tarchur i gcás maoiné thairfeadta a aistríodh go clár agus a thairfeadadh ann faoin Acht, déanfar é agus, faoi réir fhorálacha na rialach seo, déanfar an clárú de réir fhorálacha an Achta agus an nós imeachta a fhorordaítear leis na Rialacha seo.

(2) Más faoi dhiúscairt nó tarchur neamhthairfeadta, roimh aistriú na maoiné thairfeadta go clár faoin Acht atá teideal ag iarratasóir chun a chláraithe nó a cláraithe, ní foláir ráiteas gearr ar theideal an iarratasóra a thaisceadh i dteannta a iarratais nó a hiarratais, maille leis na doiciméid dá dtagrófar ann agus an fhianaise ar na fíorais is gá a chruthú chun a theideal nó a teideal a shuíomh; agus féadfaidh an tÚdarás, tar éis dó an teideal a scrúdú, agus cibé fiosrúcháin agus cuardaigh a dhéanamh agus cibé fógraí a thabhairt a mheasfaidh sé is gá nó is fóirsteanach, cibé clárú a dhéanamh sa chlár a thabharfaidh éifeacht don teideal a cruthaíodh.

*Clárú iontaobhaí nua carachumainn*

84. (1) Déanfar ainm iontaobhaí nua Cara-Chumainn nó brainse de charachumann, a ceapadh de bhun Alt 25(2) den *Friendly Societies Act*, 1896 a thairfeadadh sa chlár má thugtar ar aird sa Chlárlann cóip den rún a ritheadh de bhun an ailt sin, arna síniú ag an iontaobhaí a ceapadh amhlaidh agus ag Rúnaí an chumainn nó an bhainse sin.

(2) Déanfar an chóip den rún ag ceapadh an iontaobhaí nua sin a chomhdú sa Chlárlann le haghaidh tagartha.

*Tarchur ar bhás**Iarratas ar chlárú i gcás an t-úinéir cláraithe d'fháil bháis roimh an 1 Meitheamh, 1959*

85. (1) Ar bhás úinéara chláraithe aonair ar mhaoín, nó comharba úinéirí cláraithe éagsúla ar mhaoín, nach bhfuil cláraithe mar thionóntaí i gcoiteannas roimh an 1 Meitheamh 1959, is i bhFoirm 33 a dhéanfar iarratas ar chlárú mar úinéir ag an duine a bheidh i dteideal a bheith cláraithe agus féadfaidh aon duine a mbeidh leas aige nó aici sa talamh é a dhéanamh.

(2) I gcás go mbaineann an t-iarratas le maoiné a dílsíodh don ionadaí pearsanta nó do na hionadaithe pearsanta beidh ina theannta mionnscríbhinn ag an ionadaí pearsanta nó ag na hionadaithe pearsanta i bhFoirm 34 agus beidh ina theannta an phrobháid nó na litreacha riaracháin nó cóip oifigiúil den chéanna.



*Iarratais ar chlárú i gcás an t-úinéir cláraithe d'fháil bháis an 1 Meitheamh,  
1959 nó dá éis*

*Aontú ó ionadaí pearsanta nó ionadaithe pearsanta, i gcás tiomnóir d'fháil bháis, le clárú duine ag a bhfuil teideal; iarratas ar chlárú ó dhuine ag a bhfuil teideal*

86. (1) Is i bhFoirm 35 a bheidh aontú ó ionadaí pearsanta le clárú duine a éilíonn go bhfuil teidlíocht de réir dlí aige nó aici chun maoiné lán-úinéara chláraithe éagtha a fuair bás ina thiomnóir nó ina tiomnóir, ach amháin nuair a éilíonn an t-ionadaí pearsanta nó na hionadaithe pearsanta go bhfuil teidlíocht aige nó aici nó acu chun na maoiné.

(2) Is i bhFoirm 36 nó 37 a dhéanfar iarratas ó dhuine a éilíonn go bhfuil teidlíocht aige nó aici de réir dlí chun maoiné lán-úinéara chláraithe éagtha a fuair bás ina thiomnóir nó ina tiomnóir.

(3) Is i bhFoirm 38 nó 39 a dhéanfar iarratas go gclárófaí é nó í mar úinéir ón ionadaí pearsanta nó ó na hionadaithe pearsanta a éilíonn go bhfuil teidlíocht aige nó aici nó acu chun maoiné ar lán-úinéir cláraithe d'fháil bháis ina thiomnóir nó ina tiomnóir.

(4) Cuirfear i dteannta an iarratais an phrobháid nó na litreacha riaracháin maille leis an uacht, nó cóip oifigiúil den chéanna.

*Aistriú ag ionadaí pearsanta nó ionadaithe pearsanta chuig duine atá i dteideal a chláraithe nó a cláraithe i gcás lán-úinéir d'fháil bháis ina thiomnóir nó ina tiomnóir*

87. (1) Is i bhFoirm 40 a dhéanfaidh an t-ionadaí pearsanta nó na hionadaithe pearsanta maoin a aistriú chuig duine a éilíonn go bhfuil teidlíocht de réir dlí aige nó aici chun maoiné lán-úinéara chláraithe éagtha a fuair bás ina thiomnóir nó ina tiomnóir.

(2) Cuirfear i dteannta an iarratais ar chlárú faoin aistriú sin an phrobháid nó na litreacha riaracháin maille leis an uacht, nó cóip oifigiúil den chéanna.

*Iarratas ar chlárú ó dhuine, seachas an t-ionadaí pearsanta nó na hionadaithe pearsanta, atá i dteideal a chláraithe nó a cláraithe i gcás díthiomnachta*

88. (1) I gcás iarratas go gclárófaí é nó í mar úinéir ó dhuine a éilíonn go bhfuil teidlíocht de réir dlí aige nó aici chun maoiné lán-úinéara chláraithe dhíthiomnaigh, déanfar an t-iarratas sin, murab é nó murab í an t-aon ionadaí pearsanta amháin é nó í-

(a) trí iarratas a chur isteach i bhFoirm 42 mar aon le haontú ó ionadaí pearsanta nó ionadaithe pearsanta an úinéara sin i bhFoirm 41, nó

(b) trí aistriú na maoiné chuige nó chuici ón ionadaí pearsanta nó ó na hionadaithe pearsanta a chur isteach. Is i bhFoirm 43 a dhéanfar an t-aistriú.

(2) Cuirfear na litreacha riaracháin, nó cóip oifigiúil díobh, isteach i dteannta an iarratais.

*Iarratas ar chlárú ó ionadaí pearsanta ag a bhfuil teideal faoi dhíthiomnacht*

89. (1) Is i bhFoirm 44 a dhéanfar iarratas go gclárófaí é nó í mar úinéir ó ionadaí pearsanta a éilíonn go bhfuil teidlíocht aige nó aici chun maoiné lán-úinéara chláráithe dhíthiomnaigh.

(2) Cuirfear na litreacha riaracháin, nó cóip oifigiúil díobh, isteach i dteannta an iarratais.

*Iarratas ar chlárú i gcás duine a bhfuil teideal aige nó aici ach nach bhfuil cláráithe mar úinéir d'fháil bháis*

90. I gcás duine atá i dteideal a bheith cláráithe mar úinéir maoiné, ach nach bhfuil cláráithe mar úinéir d'fháil bháis an 1 Meitheamh 1959 nó dá éis, déanfar mionnscríbhinn ag an ionadaí pearsanta nó na hionadaithe pearsanta i bhFoirm 34 a thaisceadh mar aon le ceanglais Rialacha 86 go 89.

*Tarchur ar úinéir muirir nó ualaigh eile d'fháil bháis*

91. Ar bhás a fháil d'úinéir cláráithe muirir nó ualaigh eile, déanfar iarratas go gclárófaí mar úinéir é nó í ó dhuine a éilíonn go bhfuil teidlíocht aige nó aici chun a chláráithe nó a cláráithe ar bhás a fháil dó nó di, ina thiomnóir nó ina dhíthiomnóir nó ina tiomnóir nó ina díthiomnóir, ar an bhfianaise a fhorordaítear i gcás iarratas dá shamhail ar chlárú mar úinéir talún, agus leanfar an nós imeachta agus úsáidfear na foirmeacha, fara cibé modhnuithe (más ann), mar is gá don chineál muirir nó ualaigh eile atá ann nó in imthosca an cháis.

*Nóta faoi bhás úinéara chláráithe*

92. Ar bhás a fháil, ina thiomnóir nó ina dhíthiomnóir nó ina tiomnóir nó ina díthiomnóir, d'úinéir cláráithe maoiné gan é nó í a bheith cláráithe mar úinéir teoranta nó mar chomhthionónta, féadfaidh a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta nó a ionadaithe pearsanta nó a hionadaithe pearsanta, ar an bprobháid bhunaidh nó na litreacha riaracháin bhunaidh nó cóip oifigiúil den chéanna, cibé acu é, a thaisceadh sa Chlárú, mar aon le deimhniú ón atur nae atá ag gníomhú san ábhar nó, má iarrann an tÚdarás é, mionnscríbhinn gurbh é nó gurbh í an t-éagach a ainmnítear sa phrobháid nó sna litreacha riaracháin úinéir cláráithe na maoiné, a chur faoi deara go dtaifeadfar nóta sa chlár go bhfuair an t-úinéir sin bás amhlaidh agus ag tabhairt ainmneacha an ionadaí phearsanta nó na n-ionadaithe pearsanta sin.

*Iarratas chun comharba úinéara theoranta a chlárú*

93. (1) Ar eastát nó leas úinéara theoranta a chinneadh, is i bhFoirm 45 nó 46, de réir mar is gá sa chás, a dhéanfar iarratas ar chlárú ó dhuine a éileoidh sin faoin iontaobhas nó faoin tsocraíocht. Más í Foirm 46 a oireann agus gur le huacht a bunaíodh an t-iontaobhas nó an tsocraíocht, taiscfear an chóip bhunaidh nó cóip oifigiúil den uacht agus den phrobháid nó de na litreacha riaracháin maille leis an uacht. Más í Foirm 45 a oireann, is leor an t-aontú nó an t-aistriú a comhdaíodh cheana sa Chlárú agus faoinar cláraíodh an t-úinéir teoranta.

(2) Amach ó chásanna ina n-oireann Foirm 45, ní chlárófar an t-iarratasóir ach amháin le comhthoilíú iontaobhaithe (más ann) an iontaobhais nó na socraíochta nó tar éis fógra a thabhairt dóibh.

(3) Féadfaidh iontaobhaithe an iontaobhais nó na socraíochta freisin an t-iarratas a dhéanamh i bhFoirm 45 nó 46, de réir mar is gá sa chás, fara na modhnuithe is gá, agus le haontú an úinéara atá le clárú go gclárófaí aon ualaí a dhéanann difear dá eastát nó dá heastát nó dá leas.

(4) Beidh admháil ó na hiontaobhaithe gur urscaoileadh ualaí a bunaíodh leis an iontaobhas nó leis an tsocraíocht, nó go bhfuil deireadh leo ina leorfhianaise gur urscaoileadh iad nó gur cuireadh deireadh leo.

*Iarratas ar chlárú ó mharthanóir nó ó mharthanóirí de chomhthionóntaí*

94. (1) Ar bhás a fháil do dhuine de bheirt nó níos mó a cláraíodh mar chomhthionóntaí, déanfar an comhthionónta marthanach nó na comhthionóntaí marthanacha ar iarratas a chlárú mar úinéir nó úinéirí ar chruthúnas a fháil go bhfuair an duine sin nó na daoine sin bás.

(2) Féadfar an bás a chruthú tríd an bprobháid nó na litreacha riaracháin, nó cóip oifigiúil, nó deimhniú báis a thabhairt ar aird, mar aon le fianaise gurb é an t-éagach a ainmnítear an t-úinéir a deirtear atá tar éis bháis, nó cibé cruthúnas eile is leor leis an Údarás.

(3) Is i bhFoirm 47 a dhéanfar an t-iarratas.

*Orduithe cúirte agus ualaí go ginearálta*

*Clárú de bhun ordú cúirte*

95. Is trí chóip oifigiúil den ordú a thaisceadh sa Chlárú a dhéanfar iarratas ar chlárú de bhun ordú ón gcúirt.

*An t-aontú le clárú ualaí atá le tabhairt ag daoine seachas an t-úinéir*

96. (1) De bhun Alt 69(2) den Acht, forordaítear leis seo go nglacfar le comhthoilíú na ndaoine thíosluaite in ionad chomhthoilíú an úinéara chlárúithe sna cásanna seo a leanas-

- (a) i gclárú ualaigh ar mhaoín aistrithe a bunaíodh leis an aistriú nó a d'éirigh dá dhroim, is é nó is í an t-aistriú, nó duine a bheidh ag éileamh faoin aistriú agus a iarrfaidh clárú mar úinéir faoin aistriú, a thabharfaidh an comhthoilíú;
- (b) i gclárú ualaigh a bunaíodh le huacht úinéara éagtha, is é nó is í réadtiomnaí na maoine dá ndéanann an t-ualach difear, nó an duine a bheidh ag éileamh faoin réadtiomnaí agus a iarrfaidh clárú mar úinéir nó, i gcás díthiomnacht pháirteach, an duine ar a gcineachfaidh an leas sa mhaoín, nó an duine a bheidh ag éileamh faoin duine sin agus a iarrfaidh clárú mar úinéir, a thabharfaidh an comhthoilíú;
- (c) i gclárú muirir ag ionadaí pearsanta úinéara talún le haghaidh airgead a dhlíonn sé nó sí a íoc, is é nó is í an duine a iarrfaidh clárú mar úinéir faoi aontú nó faoi aistriú ón ionadaí pearsanta a thabharfaidh an comhthoilíú;

- (d) i gclárú na muirear seo a leanas, is é an tÚdarás a thabharfaidh an comhthoilíú;
- (i) ualach arna bhunú faoi reacht nó faoi chumhacht reachtúil, nó faoi chumhacht a chláraítear mar ualach nó faoi iontaobhas chun airgead a urrú a chláraítear mar ualach;
  - (ii) ualach arna bhunú ag iontaobhaithe i bhfeidhmiú cumhachta faoi shocraíocht faoina gcláraítear úinéir teoranta,
  - (iii) aon ualach a shonraítear in Alt 69(1)(h) nó (i) den Acht,
  - (iv) lian arna chlárú mar ualach de bhun Alt 73 d'Acht 2006,
  - (v) éasúint nó brabús arna clárú nó arna chlárú mar ualach de bhun Alt 49A den Acht.

(2) I ngach cás inar gá comhthoilíú ó úinéir cláraithe nó ó dhuine (seachas an tÚdarás) a n-údaraítear dó nó di leis an riail seo comhthoilíú i gclárú ualaigh, féadfaidh a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta an comhthoilíú a thabhairt.

(3) Féadfaidh úinéir cláraithe nó duine (seachas an tÚdarás) a n-údaraítear dó nó di leis an riail seo comhthoilíú i gclárú ualaigh a chomhthoilíú nó a comhthoilíú a thabhairt i bpearsa nó trína aturnae nó trína haturnae.

*An chaoi chun aontú le clárú ualaigh*

97. (1) Is le haontú i scríbhinn a thabharfar comhthoilíú ó dhuine (seachas an tÚdarás) a n-údaraítear dó nó di comhthoilíú i gclárú ualaigh agus comhdófar an t-aontú.

(2) Féadfar an t-aontú a thabhairt san ionstraim lena mbunaítear an t-ualach. I gcásanna eile is i bhFoirm 48 a thabharfar é, nó cuirfear isteach i bhFoirm 17 é.

(3) Beidh taifead ar ualach sa chlár, sa chás ina n-údaraítear don Údarás comhthoilíú leis, ina fhianaise gur chomhthoiligh sé ina chlárú.

*An chaoi chun ualach a thairfeadh*

98. I gcás ina gcomhdaítear sa Chlárlann ionstraim nó cóip d'ionstraim a údaraítear leis na Rialacha seo, agus go mbunaíonn an ionstraim sin ualach, nó go n-aontaíonn sí lena chlárú, féadfar an t-ualach a thairfeadh sa chlár trí thagairt don ionstraim nó trí shliocht aisti, nó a héifeacht, a leagan amach.

*Nóta sa chlár i gcás tosaíocht reachtúil a éileamh d'ualach*

99. (1) Iarratasóir a iarrfaidh clárú i leith ualach a bhfuil sé nó sí ag éileamh tosaíochta dó ar ualaí eile de bhua reachta, luafaidh sé nó sí i scríbhinn an reachta faoina bhfuil an tosaíocht á héileamh.

(2) Ar an ualach a chlárú, féadfaidh an tÚdarás, más deimhin leis go bhfuil an tosaíocht a éilítear ag an ualach, taifead a chur sa chlár á chur in iúl go bhfuil

tosaíocht ag an ualach, amhail idir é agus ualaí roimhe, san ord a thugtar dó leis an reacht a shonraítear.

*Ord tosaíochta i gcás dhá ualach nó níos mó a bhunú le hionstraim*

100. Má bhunaíonn ionstraim a thaisctear lena clárú dhá ualach, nó níos mó ar an maoin a chláraítear, is mar a thaispeántar san ionstraim a bheidh tosaíocht na n-ualaí sin le taifeadadh sa chlár; i gcásanna eile, measfar gurb ionann tosaíocht dóibh agus is dá réir sin a thairfeadfar sa chlár iad.

*Fianaise ar a bhféadfar ualach a chealú nó a mhodhnú*

101. (1) Ar iarratas a fháil ó aon duine a bhfuil leas aige nó aici in ualach cláraithe nó sa mhaoin ar ar cláraíodh é, féadfaidh an tÚdarás an t-ualach a chealú nó a mhodhnú, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha seo a leanas-

- (a) I gcás úinéireacht an ualaigh a bheith cláraithe, is gá comhthoilíú a úinéara chláraithe nó a ionadaí phearsanta. Ní dhéanfar aon mhodhnú ba dhochar do chearta úinéir na maoin dá ndéanann an t-ualach difear, nó do chearta úinéir aon ualaigh chláraithe eile, gan comhthoilíú an úinéara sin.
- (b) I gcás úinéireacht an ualaigh a bheith gan chlárú nó mura gcomhthoilíonn úinéir cláraithe an ualaigh sa chealú nó sa mhodhnú atá beartaithe, caithfear cruthúnas chun sástacht an Údaráis a thabhairt ar cheart an iarratasóra chun an chealaithe nó an mhodhnaithe a iarrrtar; agus ní dhéanfar an cealú nó an modhnú go dtí go mbeidh cibé fiosrúcháin déanta agus cibé fógraí tugtha mar a ordóidh an tÚdarás.
- (c) Más é atá san ualach cúnant nó coinníoll a bhaineann le húsáid nó sealúchas na maoin, is gá comhthoilíú na ndaoine go léir ar dealraitheach don Údarás leas a bheith acu ina chur i bhfeidhm.

(2) Féadfar an t-iarratas a dhéanamh i bhFoirm 57A nó 57B, de réir mar is gá sa chás, arna hoiriúnú d'fhórais an cháis áirithe.

*Iarratas ar mhuirear a chealú trí mheán leictreonach*

102. Féadfar iarratas ar an taifead ar mhuirear a chealú a dhéanamh chuig an Údarás trí mheán leictreonach i gcás gur deimhin leis an Údarás go bhfuil socruithe cuí ar bun chun iarratas den sórt sin a chur i gcrích. Is i bhFoirm 58 a bheidh an t-iarratas.

*Iarratas ar Ordú Coigeartaithe Maoine a chealú*

103. Is i bhFoirm 59A, 59B nó 59C a bheidh iarratas ar Ordú Coigeartaithe Maoine a chealú de bhun Alt 9 nó 18 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 nó Alt 14 nó 22 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó Alt 118 nó 131 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010.

*Ualach a chealú mar ualach atá múchta*

104. I gcás úinéir cláraithe ualaigh a theacht chun bheith ina úinéir cláraithe nó ina húnéir cláraithe ar an maoin ar a luíonn an t-ualach, féadfaidh an

tÚdarás, mura léir a mhalairt, é a áireamh mar ualach atá múchta agus taifead an ualaigh sa chlár a chealú, más rud é, tar éis fógra a thabhairt do gach páirtí leasmhar go bhfuil sin ar intinn aige, nach ndéantar aon agóid i gcoinne an chealaithe bheartaithe.

### *Muirir*

#### *Foirmeacha muirir, aistriú muirir agus a urscaoileadh*

105. Is le hionstraimí i cibé ceann de na Foirmeacha 49 go 53 agus 56 go 58 a oireann a chuirfear íocaíocht airgid de mhuirear ar mhaoin, agus a dhéanfar an muirear sin a aistriú agus a urscaoileadh.

#### *Clárú muirir arna bhunú ag cuideachta*

106. Más rud é, ar mhuirear a chlárú a bhunaigh cuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí nó ar chlárú muirir criostalaithe mar ualach ar thalamh cuideachta de bhun Riail 107, nár tugadh deimhniú ar aird á thaispeáint gur cláraíodh an muirear de réir cheanglais Alt 99 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, taifeadfar fógra dá réir sin sa chlár.

#### *Muirear criostalaithe mar ualach*

107. (1) De bhun Alt 69(1)(s) den Acht, forordaítear leis seo go bhféadfar muirear criostalaithe ar thalamh cuideachta de dhroim glacadóir a cheapadh faoi bhintiúr lenar bunaíodh muirear foluaineach ar a gnóthas agus a sócmhainní a chlárú mar ualach a dhéanann difear do thalamh chláraithe.

(2) Déanfar iarratas ar mhuirear criostalaithe a chlárú tríd an mbintiúr agus an gceapachán glacadóra a thaisceadh sa Chlárlann mar aon le dúblach nó cóip fhianaithe de na doiciméid sin. Is i bhFoirm 54 a bheidh an t-iarratas agus is i bhFoirm 55 a bheidh an taifead sa Chlár.

(3) Ar mhuirear criostalaithe a chlárú mar ualach ar thalamh cuideachta, féadfaidh an glacadóir a cheapfar faoin mbintiúr na cumhachtaí a thugtar dó nó di leis an mbintiúr a fheidhmiú i ndáil leis an talamh sin.

(4) Ní mheasfar gur ionstraim mhuirir faoi Alt 62(2) den Acht sin é an muirear criostalaithe.

(5) Ar an muirear criostalaithe sin a chlárú mar ualach, déanfar an chóip bhunaidh den bhintiúr sin agus den cheapachán glacadóra sin a chur ar ais chuig an duine a bheidh ag taisceadh an chéanna.

#### *Fomhuirir*

108. (1) Féadfaidh úinéir cláraithe muirir an muirear sin a chur faoi mhuirear amhail mar a d'fhéadfadh úinéir cláraithe talún a thalamh nó a talamh a chur faoi mhuirear. Tabharfar fomhuirear de thuairisc sa chlár ar mhuirear den sórt sin.

(2) Féadfar fomhuirear a bhunú, a chlárú, a aistriú, a dhiúscairt agus a urscaoileadh ar an modh céanna le muirear.

(3) Ar fhomhuirear nó aon déileáil leis a chlárú, féadfaidh an tÚdarás, má mheasann sé go mbeadh sin fóirsteanach nó go gcuideodh sé leis an tsoiléireacht, an teideal chun an mhuirir dá ndéanann an fomhuirear difear a aistriú go dtí an clár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht.

*Déileáil le morgáiste a bunaíodh roimh an gcéadchlárú i gcás a chláraithe*

109. (1) Nuair a thaifeadfar sa chlár morgáiste a bunaíodh roimh chéadchlárú maoinne, féadfaidh an tÚdarás, ar iarratas, nó le comhthoilíú, an duine ag a bhfuil teideal chuige an duine sin a chlárú mar úinéir muirir, ar chruthúnas cuí a fháil ar a theideal nó ar a teideal agus tar éis fógra a thabhairt d'úinéir na maoinne morgáistithe.

(2) Chun muirear a bhfuil úinéir cláraithe amhlaidh ina leith a aistriú nó a dhiúscairt ar dhóigh eile, féadfar na foirmeacha céanna a úsáid, agus an nós imeachta céanna a leanúint, a bhaineann le muirir chláraithe.

*Morgáistí breithiúnais*

*Morgáiste breithiúnais a chlárú*

110. (1) Is i bhFoirm 60 a dhéanfar iarratas ar chlárú morgáiste breithiúnais mar ualach ar mhaoine chláraithe de bhun Alt 116 d'Acht 2009 agus beidh formhuinithe air deimhniú go bhfuarthas an breithiúnas, arna shíniú ag an oifigeach cuí don chúirt iomchuí.

(2) Is i bhFoirm 61 a bheidh taifead sa chlár, agus cibé athrú déanta air a ordóidh an tÚdarás in imthosca speisialta.

*Fianaise ar chlárú morgáiste breithiúnais*

111. Beidh in iarratas ar chlárú morgáiste breithiúnais ráiteas go bhfuil ag an bhféichiúnaí breithiúnais tráth mionnaithe na mionnscríbhinne, de réir mar is fearr is eol don iarratasóir agus a chreideann sé nó sí, eastát nó leas sna tailte atá i bhfóilió sonraithe den chlár, nó sa chuid shainithe dá ndéanann an clárú difear.

*Fógra faoi chlárú morgáiste breithiúnais*

112. (1) Déanfaidh an tÚdarás fógra faoi chlárú morgáiste breithiúnais sa Chlárlann a chur chuig úinéir cláraithe na maoinne agus chuig na daoine eile (más ann) a n-airbheartaíonn an t-iarratas difear a dhéanamh dá n-eastát ná dá leas agus a bhfuil a seoladh sa Stát chun fógraí a sheirbheáil orthu tugtha sa chlár nó san iarratas.

(2) Is i bhFoirm 62 a bheidh an fógra.

*Iarratas chun taifead ar mhorgáiste breithiúnais a chealú mar gheall ar neamhbhailíocht*

113. (1) I gcás go ndéanfar taifead ar fhógra i dtaobh mionnscríbhinn bhreithiúnais a thaisceadh faoin *Judgment Mortgage (Ireland) Act, 1850* nó taifead ar mhorgáiste breithiúnais faoi Alt 116 d'Acht 2009 i gclár aon mhaoine, féadfaidh úinéir cláraithe, nó aon duine leasmhar eile, a éileoidh nach mbunaíonn an taisceadh, agus an fógra ina thaobh sa chlár, ualach bailí, ná nach ualach bailí é an morgáiste breithiúnais, a iarraidh ar an Údarás an taifead a chealú.



(2) Is i scríbhinn a dhéanfar an t-iarratas agus luafar ann na forais ar a n-éilíonn an t-iarratasóir gur ceart an taifead a chealú, mar shampla, nár comhlíonadh foráil shonraithe de na *Judgment Mortgage (Ireland) Acts*, 1850 agus 1858, nó nach raibh aon eastát ná leas sa mhaoín ag an bhféichiúnaí breithiúnais, ná aon eastát ná leas a bhféadfadh clárú na mionnscríbhinne difear a dhéanamh dó, ná morgáiste breithiúnais agus luafar ann na fíorais ar a bhfuil a sheasamh nó a seasamh mar thaca lena éileamh nó lena héileamh.

(3) Más deimhin leis an Údarás, de bharr na bhfíoras a luafar, gur suíodh cúis *prima facie* leis an taifead a chealú, tabharfar fógra don chreidiúnaí breithiúnais i dtaobh an iarratais agus i dtaobh an chealaithe atá beartaithe agus mura bhfaighfear agóid ina choinne sin uaidh nó uaithi, laistigh den tréimhse a shonrófar leis an bhfógra, cealófar an taifead.

(4) Is i scríbhinn a dhéanfar gach agóid i gcoinne cealú beartaithe, agus ní foláir í a bheith sínithe ag an gcreidiúnaí breithiúnais nó ag a aturnae nó ag a haturnae. Luafar inti forais na hagóide, agus na forais ar a bhfuil seasamh mar thaca.

(5) Más é tuairim an Údaráis nach dtarraingíonn an t-iarratas agus an agóid ceist dlí nó fíorais anuas a bhaineann le bailíocht an chláraithe a rinneadh agus ba cheart a chur faoi bhráid na cúirte, féadfaidh sé an taifead ar an bhfógra faoin taisceadh, nó faoin morgáiste breithiúnais, a chealú nó diúltú é a chealú; ach má nochtar ceist dlí nó fíorais arb é a thuairim go mbraitheann bailíocht na mionnscríbhinne nó an iarratais mar mhorgáiste breithiúnais uirthi, féadfaidh sé an cheist a chur faoi bhráid na cúirte le breith a thabhairt uirthi.

#### *Taifead ar mhorgáiste breithiúnais a cláraíodh go bailí a chealú*

114. Faoi réir toirmeasc ina choinne sin sa chlár, féadfar taifead ar fhógra faoi thaisceadh mionnscríbhinne breithiúnais nó ar mhorgáiste breithiúnais a chealú má thugtar ar aird sa Chlárlann an deimhniú a shonraítear in Alt 9 den *Judgment Mortgage (Ireland) Act*, 1850, gur sásaíodh an breithiúnas nó an fhoraithe nó an t-ordú ar taisceadh an mhionnscríbhinn ina leith, nó foréileamh on gcreidiúnaí breithiúnais nó óna ionadaí pearsanta nó óna hionadaí pearsanta, i bhFoirm 63, chun an taifead a urscaoileadh.

#### *Ualáí eile*

##### *Léas*

115. (1) Déanfar iarratas go gclárófaí mar ualach léas a bunaíodh go cuí tar éis chéadchlárú na maoin dá ndéantar difear trí chuid an léasaí den léas, mar aon le dúblach nó cóip fhianaithe, a thaisceadh sa Chlárlann. Sa taifead sa chlár tabharfar dáta an léasa, an téarma agus an cíos agus sonraí na maoin a forléasadh is leor chun í a aithint ar an léarscáil clárlainne.

(2) De bhun Alt 70 den Acht, forordaítear leis seo go ndéanfar, ar an léas a chlárú mar ualach, más mó ná aon bhliain is fiche iarmhéid neamhchaite an téarma a deonaíodh leis an léas, úinéireacht an léasa a thairfeadh sa chlár cuí a choimeádtar faoi Alt 8 den Acht.



*Cumhacht chun maoin a chur faoi mhuirear agus iontaobhas chun airgead a urrú*

116. (1) Déanfar iontaobhas chun airgead a urrú, agus cumhacht chun maoin a chur faoi mhuirear nó cumhacht eile a dílsíodh d'aon duine *virtute officii*, a chlárú mar ualach trí thagairt don ionstraim lenar bunaíodh an t-iontaobhas nó an chumhacht, agus ní chlárófar aon mhuirear faoin iontaobhas nó faoin gcumhacht go dtí go suífear chun sástacht an Údaráis gurb é nó gurb í an duine atá ag cruinniú an airgid faoin iontaobhas nó faoin gcumhacht an duine a n-údaráítear sin dó nó di leis an ionstraim.

(2) Duine a bheidh ag urrú airgid faoi iontaobhas nó cumhacht den sórt sin, déanfaidh sé nó sí amhlaidh trí mhuirear cláraithe a bhunú ar an modh a fhorordaítear le hAlt 76 den Acht, agus ar an modh sin amháin.

*Lian i leith airgead ceannaigh neamhíoctha*

117. (1) Is i scríbhinn arna síniú ag an díoltóir nó ag a aturnae nó ag a haturnae, a dhéanfar iarratas chun lian i leith airgead ceannaigh neamhíoctha a chlárú. Tabharfar ann seoladh an díoltóra sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air nó uirthi, agus cuirfear ina theannta an t-aontú forordaithe lena chlárú mar ualach.

(2) Féadfar lian a urscaoileadh sa chlár le toiliú an díoltóra nó a ionadaí phearsanta nó a hionadaí phearsanta nó le toiliú an aturnae do cheachtar acu.

*Breithiúnas nó ordú cúirte*

118. Is i scríbhinn arna síniú ag an iarratasóir nó ag a aturnae nó a haturnae, a dhéanfar iarratas chun breithiúnas nó ordú cúirte a chlárú. Cuirfear in iúl ann an mhaoin dá ndéanann an breithiúnas difear nó an t-ordú trí thagairt don fhóilió den chlár a dtaispeántar a húinéireacht ann agus do léarscáil, más gá, agus luafar ann cé acu don mhaoin go léir a dhéanann sé difear nó, murab ea, cad é an chuid di dá ndéanann sé difear. I dteannta an iarratais a thaiscfead fianaise i dtaobh an bhreithiúnais nó an ordaithe.

*Lis pendens*

119. (1) Is i bhFoirm 64 a dhéanfar iarratas chun *lis pendens* a chlárú mar ualach. Ní foláir é a bheith sínithe ag an iarratasóir nó ag a aturnae nó ag a haturnae, agus deimhniú formhuinthe air go bhfuil an chúis nó an t-imeacht ar marthain, arna shíniú ag oifigeach cuí Phríomh-Oifig na hArd-Chúirte.

(2) Is i bhFoirm 65 arna hathrú mar a ordóidh an tÚdarás in imthosca speisialta, a thairfeadfar *lis pendens* sa chlár.

(3) Déanfar iarratas chun *lis pendens* a chealú tríd an oifigeach cuí do Phríomh-Oifig na hArd-Chúirte do thaisceadh deimhniú i bhFoirm 33 dá bhforáiltear le Riail 5 d'Ordú 72A de Rialacha na nUaschúirteanna (Acht 2009), 2010 sa Chlárann á rá go bhfuil an *lis pendens* cealaithe ar chlár na *lis pendens* a choimeádtar i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte, nó ina ionad sin, i gcás gur cláraíodh an *lis pendens* roimh an 1 Nollaig 2009, trí ordú ón gcúirt á ordú é a chealú ar an gclár a thaisceadh, nó trí aistriú na maoine arna dhéanamh de bhun ordú le haghaidh díola ag an gcúirt ina bhfuil an *lis pendens* a thaisceadh, nó trí thoiliú an duine ar ar a iarratas nó a hiarratas a cláraíodh mar ualach é a thaisceadh.

*Cúirtbhannaí, bannaí agus breithiúnais*

120. (1) Déanfar iarratas chun cúirtbhanna nó ábhar eile dá dtagraítear in alt 117 (2)(a) den Acht a chlárú mar ualach tríd an meabhrán a fhorordaítear le hAlt 11 den *Judgments (Ireland) Act*, 1844, a thaisceadh sa Chlár, mar aon le fianaise gurb é nó gurb í an duine a n-iarrtar difear a dhéanamh dá eastát nó dá heastát nó dá leas an t-úinéir cláraithe nó, i gcás talamh shocraithe, gur duine eile é nó í le heastát nó leas sa mhaoín faoin tsocraíocht a bhfuil clárú á iarraidh ina choinne nó ina coinne. Ní foláir an meabhrán a bheith sínithe ag an iarratasóir nó ag a aturnae nó a haturnae, agus deimhniú a bheith ina bhun go bhfuil an cúirtbhanna nó an t-ábhar eile ar marthain, arna shíniú ag oifigeach cuí na cúirte ina bhfuarthas é nó ag duine cuí-údaráithe eile.

(2) Is i bhFoirm 66 a thairfeadfar cúirtbhanna sa chlár. Is i bhfoirm dá samhail, arna hathrú mar is gá sa chás agus mar a cheadóidh an tÚdarás, a dhéanfar na hábhair eile dá dtagraítear san alt sin 117(2)(a) den Acht a thairfeadadh sa chlár.

(3) Is trí dheimhniú díchurtha a thairfeadh sa Chlár a dhéanfar iarratas chun cúirtbhanna nó banna Stáit a urscaoileadh.

(4) Is trí dheimhniú gur sásaíodh an breithiúnas a thairfeadh sa Chlár a dhéanfar iarratas chun breithiúnas a urscaoileadh.

*Éasúint nó profit à prendre*

121. (1) I dteannta gach iarratais chun éasúint nó *profit à prendre* a chlárú mar ualach cuirfeadh léarscáil iarratais a thairfeánfaidh an chuid den mhaoín a thairiscítear sa chlár agus a bhfuil an ceart le feidhmiú thairsti, mura rud é gur féidir í a aithint go soiléir ar dhóigh eile sa léarscáil clárlainne ón thairisc san ionstraim a bhunaigh an ceart. Más iarratas é chun ceart bealaigh a chlárú, féadfar an deontas a dhéanamh i bhFoirm 67, fara cibé modhnuithe is gá sa chás.

(2) Cuirfeadh i dteannta an iarratais freisin léarscáil iarratais a thairfeánfaidh an mhaoín a bhfuil an ceart a dheonaítear comhghabhálach léi (ach amháin más *profit à prendre* é i gcomhlán), mura rud é gur féidir í a aithint ar an léarscáil clárlainne trí thairisc don fhóilió den chlár a bhfuil a húinéireacht cláraithe ann.

(3) Mura mbeidh an léarscáil formhuithe ar an ionstraim lena mbunaítear an ceart, agus thairisc dó inti, ní foláir í a bheith sínithe ag úinéir cláraithe na maoin a bhfuil an ceart le clárú uirthi mar ualach agus ag deontaí an chirt nó ag a aturnae/a haturnae.

(4) Beidh feidhm ag forálacha Riail 29 maidir le léarscáil den sórt sin i gcás gur cuí sin.

*Rabhaidh agus toirmisc i gcoinne diúscairtí a chlárú**Foirm an rabhaidh agus na mionnscríbhinne nó an deimhnithe i dtaca leis, agus an fógra*

122. (1) Is i bhFoirm 70 a bheidh rabhadh i gcoinne déileálacha ag úinéir cláraithe. Ní foláir an rabhadh a bheith sínithe ag an rabhdóir nó ag a aturnae nó a haturnae, agus seoladh sa Stát a bheith ann chun fógraí a sheirbheáil ar an rabhdóir.

(2) Féadfaidh rabhadh gan baint a bheith aige ach le déileálacha sonracha ag an úinéir cláraithe.

(3) Is i bhFoirm 71 a dhéanfar an mhionnscríbhinn mar thaca leis an rabhadh agus luafar inti na fórais a thaispeánann an ceart neamhchláraithe sa mhaoín chláraithe, nó chuici nó thairsti, a dtaisctear an rabhadh ina leith. Féadfaidh an deimhniú faoi Alt 97(6) den Acht bheith i bhFoirm 65 (arna hoiriúnú go cuí), arna shíniú ag atur nae an údaráis reachtúil.

(4) Cuirfidh an tÚdarás fógra i dtaobh rabhadh a taifeadadh chuig úinéir cláraithe na maoiné lena mbaineann sé. Is i bhFoirm 72 a bheidh an fógra.

*Fógra foláirimh do rabhdóir*

123. (1) Aon uair-

(a) a dhéanfaidh úinéir cláraithe na maoiné dá ndéanfadh rabhadh difear iarratas i scríbhinn chun an rabhadh sin a urscaoileadh; nó

(b) a dhéanfar déileáil a dteastóidh fógra ina taobh ón rabhdóir a thíolacadh lena clárú gan toiliú an rabhdóra;

cuirfeadh fógra chuig an rabhdóir go scoirfidh a rabhadh d'éifeacht a bheith aige i ndiaidh na tréimhse a luafar san fhógra.

(2) Is é an tréimhse a shonrófar i bhfógra foláirimh ná 21 lá nó cibé tréimhse eile a ordóidh an tÚdarás in imthosca cáis áirithe.

(3) Is i bhFoirm 73 nó 74 a bheidh an fógra.

*Iarratas ó úinéir cláraithe chun rabhadh a urscaoileadh*

124. Luafar in iarratas ó úinéir cláraithe chun rabhadh a urscaoileadh forais a iarratais nó a hiarratais, mar shampla, nach ann don cheart ar taifeadadh an rabhadh chun a chosanta, nó nach ann dó a thuilleadh, agus luafar ann na forais a líomhnaítear mar thaca leis.

*An nós imeachta i gcás rabhdóir do láithriú de bhun fógra foláirimh*

125. (1) Féadfaidh rabhdóir nó a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta láithriú os comhair an Údaráis, nó ráiteas i scríbhinn a sheachadadh sa Chlárlann, tráth ar bith laistigh den tréimhse a luadh san fhógra foláirimh chun bac a fháil ar chlárú na déileála dár tagraíodh san fhógra foláirimh nó, más ar iarratas an úinéara chláraithe a cuireadh an fógra foláirimh amach, chun an rabhadh a choimeád i bhfeidhm.

(2) Luafaidh an t-iarratasóir na forais ar ar cheart clárú na déileála a bhac nó an rabhadh a choimeád i bhfeidhm, mar shampla go sáródh an déileáil nó go gcuirfeadh sí siar, dá gclárófaí í, an ceart tosaíochta neamhchláraithe atá ag an rabhdóir agus a bhí sé nó sí chun é a chur i bhfeidhm nó, i gcás an fógra foláirimh a chur amach ar iarratas an úinéara chláraithe, go bhfuil imeachtaí ar feitheamh, nó ar tí a dtionscanta, chun an ceart a chosnaítear leis an rabhadh a chur i bhfeidhm.

(3) Má mheasann an tÚdarás é a bheith riachtanach nó fóirsteanach, féadfaidh sé lá agus am a cheapadh chun na páirtithe do fhreastal os a chomhair le go gcinnear na téarmaí agus na coinníollacha ar a ndéanfaí clárú déileála a bhac nó an rabhadh a choimeád i bhfeidhm nó a chealú.

(4) Féadfaidh an tÚdarás cibé rialú is cóir leis a dhéanamh i leith an iarratais, mar shampla, go mbacfar clárú faoin déileáil go ceann tréimhse shonraithe nó go ndéanfar clárú faoin déileáil go gcoimeádfar an rabhadh i bhfeidhm nó, más ar iarratas an úinéara chláráithe a tugadh an fógra foláirimh, go gcoimeádfar an rabhadh i bhfeidhm gan tréimhse a cheapadh dó nó go ceann tréimhse shonraithe nó go gcealófar an taifead ina leith.

#### *Rabhadh a tharraingt siar nó toiliú rabhdóra le déileáil*

126. (1) Féadfar rabhadh a tharraingt siar tráth ar bith, i gcoinne na maoin go léir nó i gcás aon chuid den mhaoin lena mbaineann sé. Féadfaidh an t-iarratas chun é a tharraingt siar a bheith i bhFoirm 75, agus is gá síniú an rabhdóra nó a aturnae nó a haturnae nó síniú ionadaí pearsanta an rabhdóra nó a aturnae nó a haturnae a bheith leis; agus, más i gcoinne cuid den mhaoin dá ndéanann an rabhadh difear atá an rabhadh le tarraingt siar, ní mór an chuid lena mbaineann an tarraingt siar a shainiú trí thagairt do phlean, más gá sin.

(2) Féadfaidh rabhdóir nó a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta, i scríbhinn arna síniú aige féin nó aici féin nó ag a aturnae nó ag a haturnae, toiliú le clárú faoi dhéileáil shonraithe. Féadfar an toiliú a thabhairt go hiomlán, nó ar choinníoll go gcoimeádfar an rabhadh i bhfeidhm nó go dtaifeadfar toirmeasc sonraithe sa chlár.

#### *Rabhadh do dhul as feidhm*

127. I gcás an fógra foláirimh is gá de réir rabhaidh a bheith tugtha i leith iomlán na maoin lena mbaineann an rabhadh, agus an tréimhse a luadh san fhógra foláirimh a bheith caite, measfar an rabhadh a bheith as feidhm agus cealófar an taifead air sa chlár, mura n-ordóidh an tÚdarás a mhalairt.

#### *Foirm toirmisc*

128. (1) Féadfaidh toirmeasc chun ceart nó leas neamhchláráithe a chosaint a bheith i dtéarmaí ceann de na clásail i bhFoirm 77, a fhéadfar a mhodhnú nó a oiriúnú mar is gá chun srian a chur le clárú déileálacha a sháródh an ceart nó an leas a éilítear nó a chuirfeadh siar é nó a dhéanfadh dochar dó.

(2) Féadfaidh an tÚdarás diúltú toirmeasc a thaifeadadh i gclár mura n-insíonn sé go soiléir agus go follas cad é an srianadh atá le déanamh.

#### *Toirmeasc a thaifeadadh le toiliú*

129. (1) Féadfar toirmeasc chun ceart nó leas neamhchláráithe a chosaint, a dhéanann difear do mhaoin úinéara chláráithe, a thaifeadadh i gclár na maoin le toiliú uaidh/uaithe i scríbhinn, agus taiscfear é sa Chlárlann mar aon le ráiteas i dtaobh na bhfíoras á thaispeáint cad é an cineál cirt nó leasa neamhchláráithe sa mhaoin is inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an úinéara chláráithe.

(2) Féadfar toirmeasc chun ceart nó leas neamhchláráithe a chosaint, a dhéanann difear d'eastát nó do leas a bunaíodh le socraíocht faoinar cláraíodh

úinéir teoranta, a thairfeadh sa chlár le toiliú úinéir an eastáit nó an leasa sin nó iontaobhaithe na socraíochta. Is i scríbhinn a thabharfar an toiliú agus taiscfear é sa Chlárlann mar aon le ráiteas i dtaobh na bhfíoras a thaispeánann cad é an cineál cirt nó leasa neamhchláraithe sa mhaoín is inchurtha i bhfeidhm i gcoinne úinéir an eastáit nó an leasa sin.

(3) Féadfar toirmeasc chun an t-úinéir cláraithe a chosaint a thairfeadh sa chlár, le toiliú i scríbhinn ón úinéir cláraithe, i gcás gur gá sin i dtuairim an Údaráis.

*Iarratas ar thoirmeasc i gcás nach dtoilítear*

130. (1) Féadfar iarratas chun an Údaráis go dtaifeadfaí toirmeasc, seachas toirmeasc a údaraítear a thairfeadh ar an toiliú a fhorordaítear le Riail 129, a dhéanamh i bhFoirm 76. Féach Riail 49 maidir le toirmeasc i ndáil le talamh neamhchláraithe.

(2) Más é an toirmeasc a iarrtar srian a chur le clárú diúscairtí ag úinéir cláraithe, luafar san iarratas na fíoras a thaispeánann go bhfuil ceart nó leas neamhchláraithe ag an iarratasóir sa mhaoín agus é inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an úinéara chláraithe.

(3) Má iarrtar sa toirmeasc sin srian a chur le húdarú diúscairtí ag-

- (a) ionadaí pearsanta úinéara chláraithe maoiné;
- (b) an oidhre, an réadtiomnaí nó an duine eile a mbeadh teideal aige nó aici ar bhás lán-úinéara;
- (c) úinéir eastáit nó leasa i maoin is ábhar do shocraíocht faoina gcláraítear úinéir teoranta; nó
- (d) aon duine a éilíonn go bhfuil ceart aige nó aici in ualach cláraithe, nó chuide, nach bhfuil a úinéireacht cláraithe;

luafar san iarratas na fíorais a thaispeánann go bhfuil ceart nó leas neamhchláraithe ag an iarratasóir sa mhaoín agus é inchurtha i bhfeidhm i gcoinne an duine sin.

(4) Cuirfear i dteannta an iarratais an ionstraim (más ann) a bhunaigh an ceart nó an leas neamhchláraithe, nó cibé fianaise eile ina thaobh sin is leor leis an Údarás nó, mura de bhun ionstraime a tháinig an ceart nó an leas, mionscríbhinn nó fianaise eile i gcruthúnas ar na fíorais ba bhun leis.

(5) Féadfar, má iarrann an t-iarratasóir é, ionstraim a bhunaigh ceart nó leas neamhchláraithe a chomhdú sa Chlárlann lena slánchoimeád.

*An nós imeachta i gcás iarratas ar thoirmeasc*

131. (1) Féadfaidh an tÚdarás diúltú toirmeasc a iarrtar a thairfeadh mura modhnaítear é mar a ordóidh sé.

(2) Más deimhin leis an Údarás, de thoradh na bhfíoras a nochtar in iarratas nó in aon doiciméad a thabharfar ar aird mar thaca leis, go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal an chirt nó an leasa a éilítear, cuirfidh sé fógra faoin iarratas agus faoin toirmeasc atá beartaithe—

- (a) chuig úinéir cláraithe na maoin, má tá an ceart nó an leas inchurtha i bhfeidhm ina choinne nó ina coinne;
- (b) chuig an duine nó na daoine is cosúil atá i dteideal an t-eastát nó an leas sa mhaoín a bhfuil an ceart ar marthain ina choinne a dhiúscairt, más eol an t-úinéir cláraithe a bheith marbh, nó más mionaoiseach é nó í, nó má tá éagumas meabhrach air nó uirthi, nó murab eol cá háit a bhfuil sé nó sí, nó má tá an t-eastát nó an leas lena mbaineann an ceart i socraíocht faoinar cláraíodh úinéir teoranta.

(3) Féadfaidh an tÚdarás fógra a thabhairt freisin d'aon duine ar cosúil ón gclár baint a bheith ag an gceart nó ag an leas leis nó léi.

(4) Is i bhFoirm 78 a bheidh an fógra.

*An nós imeachta i gcás agóid i gcoinne toirmisc*

132. (1) Aon duine a gcuirfear fógra chuige nó chuici i dtaobh iarratas ar thoirmeasc, féadfaidh sé nó sí, laistigh den tréimhse a luafar, iarratas a chur chun an Údaráis, ag déanamh agóid in aghaidh an toirmeasc atá beartaithe a thaifeadadh nó á iarraidh go modhnófaí a théarmaí nó go gcuirfí teorainn lena ré feidhme. Ní foláir dó nó di forais na hagóide nó na hiarrata a lua.

(2) Féadfaidh an tÚdarás, más cuí leis é, lá agus am a cheapadh chun na páirtithe a fhreastal os a chomhair le haon cheist a chinneadh a bhaineann le téarmaí nó ré feidhme an toirmisc atá le taifeadadh.

(3) Féadfaidh an tÚdarás aon mhodhnú is fóirsteanach leis a dhéanamh ar an toirmeasc atá beartaithe, ag féachaint d'aon fhíorais bhreise a nochtfaidh na páirtithe, agus féadfaidh sé an toirmeasc arna athrú amhlaidh a thaifeadadh sa chlár.

*Toirmeasc cláraithe a mhodhnú nó a urscaoileadh*

133. (1) Is i bhFoirm 79 nó 80 a dhéanfar iarratas toirmeasc a mhodhnú nó a urscaoileadh a taifeadadh sa chlár ar dhóigh seachas de bhun ordú cúirte.

(2) I gcás an t-iarratas a dhéanamh gan toiliú na ndaoine go léir ar dealraitheach ón gclár agus ón ionstraim a ndearnadh an taifead ar a scór go bhfuil teidlíocht acu chun tairbhe an toirmisc, nó gan toiliú aturnaetha na ndaoine sin, cuirfear isteach ina theannta fianaise i dtaobh na bhfíoras ar dá mbun a éilítear gur cheart an taifead a mhodhnú, nó fianaise gur scaoileadh nó gur sásaíodh an ceart a chosnaítear leis an taifead nó go bhfuil scortha aige ar dhóigh eile de bheith ar marthain.

(3) Tabharfar fógra i dtaobh an iarratais, mura lena dtoiliú a dhéantar é, do na daoine ar dealraitheach ón gclár, nó ón ionstraim ar ar a scór a taifeadadh an toirmeasc, go bhfuil teidlíocht acu chun tairbhe an toirmisc, agus féadfaidh

siad agóid a dhéanamh ina choinne laistigh den tréimhse a luafar san fhógra. Is i scríbhinn a dhéanfar gach agóid agus luafar a forais.

(4) Féadfaidh an tÚdarás cibé rialú is cóir leis a thabhairt i leith an iarratais. Féadfaidh sé go háirithe a ordú an toirmeasc a urscaoileadh, nó féadfaidh sé é a choimeád i bhfeidhm ar feadh tréimhse éiginnte nó go ceann tréimhse shonraithe nó le cibé modhnuithe a ordóidh sé.

*Iarratas in oirchill ar dhéileáil atá faoi thoirmeasc gan ordú nó formheas ón Údarás*

134. (1) Féadfar iarratas a dhéanamh chun an Údaráis in oirchill ar dhéileáil atá beartaithe le maoin atá faoi réir toirmeasc sa chlár i gcoinne diúscairtí ach amháin faoi ordú nó le formheas ón Údarás, ag iarraidh ordachán i scríbhinn go bhféadfaí clárú a dhéanamh faoin déileáil atá beartaithe; agus féadfaidh an tÚdarás a ordú go bhféadfar clárú faoin déileáil, má chuirtear i gcrích í, a dhéanamh gan choinníoll nó faoi réir cibé toirmeasc a ordóidh sé.

(2) Féadfaidh ordachán an Údaráis tréimhse a shonrú chun clárú a dhéanamh faoin déileáil a údaraítear.

*An nós imeachta i gcás déileáil faoi thoirmeasc a thaisceadh gan fógra do dhaoine sonraithe*

135. (1) Má thaifeadtar sa chlár toirmeasc ag srianadh déileálacha ach amháin tar éis fógra a thabhairt do dhuine sonraithe, beidh an fógra a thabharfar don duine sin, i gcás déileáil de réir téarmaí an toirmisc a thíolacadh lena clárú, san fhoirm chéanna le fógra foláirimh a fhorordaítear lena sheirbheáil ar rabhdóir, arna modhnú mar a mheasfaidh an tÚdarás is gá.

(2) Féadfaidh an duine a shonraítear sa toirmeasc, nó a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta, nó duine eile a bheidh i dteideal thairbhe an toirmisc, láithriú i leith an fhógra foláirimh agus bac ar an gclárú a iarraidh; agus is é an nós imeachta a fhorordaítear i gcás iarratas dá shamhail ó rabhdóir is inleanta. Beidh na cumhachtaí céanna ag an Údarás a bheadh aige i gcás iarratas dá shamhail ó rabhdóir.

*Toirmeasc faoi ordú cúirte*

136. Nuair a thaifeadfar toirmeasc faoi ordú cúirte, luafar gur de bhun an ordaithe sin a dhéantar an taifead.

*Taifid eile*

*Taifeadadh fógra i dtaobh ualaí áirithe a dhéanann difear do mhaoín gan iad a bheith cláraithe*

137. (1) Tabharfar fógra faoi aon ualach a shonraítear in Alt 72(1) den Acht a bheith ar marthain trí thaifead a chur sa chlár go bhfuil an mhaoín a shonraítear faoi réir an ualaigh.

(2) Mura mbaineann an t-ualach leis an maoin go léir a thuairiscítear i bhfóilió den chlár, cuirfear in éineacht leis an toiliú, nó leis an ordú á údarú fógra ina thaobh a thaifeadadh, léarscáil iarratais a thaispeánfaidh an chuid den



mhaoin atá faoi réir an ualaigh, mura féidir í a leoraithint ar dhóigh eile ar an léarscáil clárlainne.

(3) Is é a bheidh sa nóta a cheanglaítear le hAlt 59 den Acht ná taifead á chur in iúl go bhfuil an mhaoin faoi réir na bhforálacha den achtachán a chuireann srian leis an gcoimhthiú, leis an sannadh, leis an bhforoinnt nó leis an bhfoligean, cibé acu é.

*Taifeadadh fógra i dtaobh díolúine ó ualaí áirithe faoi Alt 72(2) den Acht*

138. Féadfar fógra faoi dhíolúine maoiní sonraithe ó shean-choróinchiós, cíós cúiteach, cíosmhúirear deachún eaglaise, íocaíocht in ionad deachún nó cíosmhúirir dheachún, muirear feabhsaithe talún, muirear siltin nó blianacht talamh-cheannaigh, a thaifeadadh sa chlár ar dheimhniú a díolúine a bheith tugtha ag an Roinn Stáit ar a bhfuil sé de chúram na suimeanna a bhailiú is iníoctha ar an ualach sin.

*Taifead i dtaobh teorainn mhaoiní a bheith dochloíte*

139. Gach taifead a chuirfear sa chlár i dtaobh teorainn a bheith dochloíte, luafar ann teorainn aiceanta na maoiní ar feadh líne shonraithe ar an léarscáil clárlainne nó aithneofar é le haon fhaisnéis gheografach nó suímh, agus an chuid di arb í líne chinnte na teorainn í, mar shampla, gurb é éadan nó lár an fháil nó an bhalla, nó lár nó taobh sonraithe srutháin nó draenach, feadh na líne a thaispeántar ar an léarscáil, an teorainn agus gur teorainn dhochloíte í amhail idir na húinéirí tadhlaigh, nó i gcoinne gach uile dhuine, de réir mar a bheidh.

*Taifead i dtaobh teorainn a cinneadh le tíolacas an Bhreithimh Talún*

140. Ní dhéanfar teorainn a bheidh sainithe le haon ionstraim a shonraítear in Alt 86 den Acht a thaifeadadh sa chlár mar theorainn dhochloíte mura féidir na fíorais a bheireann gur féidir í a shainiú sa chlár de réir na rialach sin roimhe seo a fháil amach ón ionstraim, ná mura rud é go mbeidh fógra tugtha d'úinéirí na maoiní atá tadhlaigh faoin taifead atá beartaithe agus nach bhfuarthas aon agóid ina choinne laistigh den tréimhse a ceapadh leis an bhfógra.

*Taifead i dtaobh teorainn a comhaontaíodh*

141. (1) I gcás iarratas ó úinéirí maoiní atá tadhlaigh chun an teorainn idir a maoin, nó cuid di, a thaifeadadh sa chlár, taiscfear sa Chlárlann-

- (a) plean arna tharraingt ar léarscáil iarratais a thaispeánann an talamh atá tadhlaigh leis an teorainn atá le sainiú agus a léiríonn suíomh na teorainn faoi líne dhaite;
- (b) toiliú i scríbhinn ó na húinéirí a thagraíonn don phlean agus ina luaitear, ar an modh a fhorordaítear le Riail 139, an teorainn aiceanta feadh na líne a thaispeántar ar an bplean, agus an chuid di a gcomhaontaíonn siad gurb í an teorainn í.

(2) Más úinéir ar thalamh neamhchláraithe é nó í úinéir atá ina pháirtí toilitheach nó ina páirtí toilitheach, tabharfar cruthúnas freisin gurb é nó í an t-úinéir é nó í, de réir bhrí Alt 89 den Acht, atá údaraithe leis an alt sin chun toiliú a thabhairt.



*Socrú teorann i gcás maoin a aistriú*

142. Féadfar an teorainn idir maoin chláráithe a d'aistrigh úinéir cláráithe agus maoin chláráithe eile arb é nó í is úinéir cláráithe uirthi a thaifeadadh sa chlár mar theorainn dhochloíte má thaisctear sa Chlárlann toiliú ón aistreibí agus ón aistrí sna téarmaí a shonraítear sa rial roimhe seo.

*Tuairisc mar "naíon" a bhaint as an gclár*

143. Déanfar tuairisc gur naíon nó mionaoiseach is úinéir cláráithe ar mhaoin a bhaint as an gclár ar iarratas a fháil i scríbhinn mar aon le cruthúnas go bhfuil lán-aois slánáithe aige nó aici.

*Taifead a chur sa chlár i gcás léas inathnuaithe atá cláráithe a chomhshó*

144. Má thugtar ar aird sa Chlárlann deontas suthaineachta i leith maoin neamhchláráithe a tugadh faoi fhorálacha aon aachtacháin, seachas an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967, d'úinéir cláráithe leasa léasaigh, de chomhshó an léasa ina dheontas feofheirme nó ina dheontas suthaineachta, cuirfear nóta sa chlár go bhfuil an t-úinéir cláráithe ag éileamh an fheo shimplí faoin deontas; agus tabharfar gearrshonraí i dtaobh an deontais. Déanfar fógra faoi chlárú úinéireacht an leasa léasaigh, agus i dtaobh fhorálacha Alt 48 den Acht, a fhorghníú ar an deontas, agus athsheachadfar é ar an duine a thug ar aird é.

*Úinéireacht Theoranta*

145. I gcás ina bhfuil maoin cláráithe in ainm úinéara theoranta nó naín nó mionaoisigh, féadfaidh an tÚdarás taifead i bhFoirm 85 a thaifeadadh ar an bhfóilió.

## CUID 5

## ILGHNÉITHEACH

*Léarscáileanna Clárlainne**Foirm na léarscáileanna Clárlainne*

146. (1) Coimeádfar léarscáileanna clárlainne i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, nó go páirteach i bhfoirm amháin agus go páirteach i bhfoirm eile, do na pleananna maoin a thuairiscítear sna cláir.

(2) I gcás na léarscáileanna clárlainne a bheith i bhfoirm páipéir áireofar iontu-

(a) léarscáileanna ginearálta agus/nó innéacsúla ar a dtaispeántar suíomh agus fairsinge gach uile mhaoin atá cláráithe;

(b) aon léarscáil lena nglacfar faoi fhorálacha Alt 84(2) den Acht (arna ionadú le hAlt 61 d'Acht 2006).

(3) I gcás na léarscáileanna clárlainne a bheith á sealbhú i bhfoirm leictreonach féadfar iad a thaispeáint nó a atáirgeadh i cibé slí a chinnfidh an tÚdarás.

(4) Beidh na léarscáileanna a choimeádfar ar cibé teilgean léarscáile, fara na coigeartuithe go léir is gá agus is follas, chun go mbeidh siad de réir shonra Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann nó fara cibé toilithe nó tar éis cibé fiosrúcháin nó fógraí, a ordóidh an tÚdarás. Nuair nach féidir déanamh dá réir sin, féadfar léarscáileanna a choimeád do na limistéir sin ar cibé scálaí a cheadóidh an tÚdarás.

*Na nithe a bheidh ar léarscáileanna Clárlainne*

147. (1) Taispeánfar ar na léarscáileanna clárlainne is cuí-

- (a) plan nó plananna den mhaoín a thuairiscítear i ngach fóilió de chlár na húinéireachta ar thalamh ruílse;
- (b) plan nó plananna den mhaoín atá faoi réir úinéireacht ar leasanna léasacha a thuairiscítear i ngach fóilió de chlár na leasanna léasacha;
- (c) plan nó plananna den mhaoín is ábhar do gach oidhreachtán neamhchorprach tionachta ruílse, nó léas ina leith, a thuairiscítear i ngach fóilió den chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht;
- (d) cibé plan nó plananna is gá nó is fóirsteanach ó am go ham chun go n-aithneofar maoin atá faoi réir ualach, fógra, rabhadh nó toirmeasc a taifeadh i bhfóilió de chlár.

(2) Déanfar gach plan a shainiú ar an léarscáil clárlainne le ciumhais dhaite, nó ar dhóigh eile de réir mar is oiriúnach leis an Údarás i gcás áirithe, agus cuirfear uimhir nó comhartha air; agus déanfar an mhaoín a thuairiscítear i ngach fóilió a chur in iúl trí thagairt dá plan nó dá plananna ar an léarscáil clárlainne.

*Mionaoisigh agus daoine mímhéabhracha*

*Daoine a fhéadfaidh feidhmiú ar son mionaoiseach*

148. (1) I gcás mionaoisigh féadfaidh a chaomhnóir nó a caomhnóir (más ann), arna cheapadh nó arna ceapadh ag cúirt dlínse inniúla nó, murar ceapadh aon chaomhnóir amhlaidh, féadfaidh a thuismitheoirí nó a thuismitheoirí nó duine is caomhnóir air nó uirthi faoi fhorálacha an Achta um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, nó iontaobhaithe faoi fhorálacha Alt 57 den Acht Comharbais, 1965, feidhmiú ar a shon nó ar a son chun gach ceann nó aon cheann de chríocha an Achta.

(2) Más dealraitheach don Údarás, i gcúrsa aon imeacht faoin Acht, go bhfuil leas atá codarsna, nó contrártha, le leas an mhionaoisigh ag an duine atá ag feidhmiú ar a shon nó ar a son, nó gur cheart ar mhaithe leis an mionaoiseach duine éigin eile a cheapadh chun feidhmiú ar a shon nó ar a son, féadfaidh sé diúltú dul ar aghaidh go dtí go gceapfar duine eile chun feidhmiú ar son an mhionaoisigh sna himeachtaí.

*Ceapadh duine chun feidhmiú ar son mionaoisigh*

149. (1) I gcás gan aon duine a bheith údaraithe leis an riail roimhe seo chun feidhmiú ar son mionaoisigh, nó i gcás inar cheart duine éigin seachas an duine

sin a cheapadh, féadfaidh an tÚdarás duine a cheapadh le feidhmiú ar son an mhionaoisigh chun gach ceann nó aon cheann de chríocha an Achta.

(2) Is i scríbhinn a dhéanfar an t-iarratas chun an Údaráis á iarraidh sin air, agus cuirfear ina theannta toiliú chun gníomhú ón duine a bheartaítear a cheapadh, agus mionnscribhinn i dtaobh a inniúlachta nó a hinniúlachta.

*Ceapadh duine chun feidhmiú ar son duine mímhheabhrach*

150. Más rud é, i gcúrsa aon imeacht sa Chlárú, ach amháin iarratas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Alt 26(1) den Acht, chun ceannaitheoir a chlárú faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh, gur dealraitheach gur duine mímhheabhrach nár breithníodh ina dhuine mímhheabhrach nó ina duine mímhheabhrach ag ionchoisne aon duine leasmhar (nach duine é nó í ar ceapadh cúramaí nó caomhnóir ina leith faoin *Lunacy Regulation (Ireland) Act, 1871* ná duine lagmheabhrach atá, go sealadach éagumasach ar a ghnóthaí nó a gnóthaí féin a rialú agus ar ceapadh caomhnóir air nó uirthi faoi Acht sin 1871), ní dhéanfar san imeacht aon chlárú a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do cheart an duine sin go dtí go mbeidh caomhnóir, arna cheapadh nó arna ceapadh chuige sin ag an gcúirt, ag feidhmiú ar a shon nó ar a son, nó go mbeidh a leas á chosaint ar dhóigh eile chun sástacht an Údaráis.

*Gníomhais agus doiciméid*

*Doiciméid faoi réir liain a thaisceadh*

151. (1) Aon duine a bheidh á éileamh go bhfuil lian i bhfoirm morgáiste cothromais aige nó aici ar dhoiciméad atá ina sheilbh nó ina seilbh, agus a gcuirfidh duine a bheidh ag iarraidh úinéireacht a chéadchlárú de cheangal air nó uirthi an doiciméad sin a thabhairt ar aird sa Chlárú, nó a gceanglóidh an tÚdarás air nó uirthi cúis a shuíomh chun gan é a thabhairt ar aird, féadfaidh sé nó sí an doiciméad a thaisceadh sa Chlárú faoi réir an liain.

(2) Aon duine a dhéanfaidh doiciméad a thaisceadh faoin riail seo, faoi réir lian a bhunófar trína thaisceadh, taiscfidh sé nó sí éileamh ar an lian i bhFoirm 81 arna shíniú aige nó aici féin nó ag a aturnae nó a haturnae.

(3) Áireofar i lian duine a thaiscfidh doiciméad faoin riail seo costais a thaiscthe.

(4) Ní dhéanfar aon chlárú a d'fhéadfadh an lian a shárú, nó dochar a dhéanamh dó, go dtí go sásófar an lian nó go ndéanfar soláthar dó i gcás ina n-admhaítear é nó, más rud é nach n-admhaítear é, go dtí go gcinnfear go bhfuil an lian ar marthain nó go bhfuil sé bailí agus, nuair a chinnfear, go sásófar é nó go ndéanfar soláthar dó.

*Doiciméid atá le coinneáil sa Chlárú agus a fhéadfar a sheachadadh*

152. (1) Féadfar aon doiciméad acu seo a leanas a bhaineann le maoin chlárú a thabhairt ar ais don duine a bheadh i dteideal iad a choimeád dá mbeadh an maoin gan chlárú, ar chóip fhianaithe de a sheachadadh sa Chlárú nó ar an táille a íoc is inéilithe ar chóip dheimhnithe-

(a) ionstraim ag déileáil le maoin chlárú agus neamhchlárú;

- (b) socraíocht atá ar marthain, ionstraim ina bhfuil iontaobhais atá ar marthain, ionstraim lena gceaptar iontaobhaithe i leith socraíocht atá ar marthain, nó i leith ionstraim ina bhfuil iontaobhais atá ar marthain;
- (c) léas nó deontas feofheirme, nó contrapháirt léasa nó deontais feofheirme, atá ar marthain;
- (d) gníomhas bunaidh muirir chun airleacain todhchaí a urrú.

(2) Déanfar an chóip fhianaithe nó dheimhnithe a chomhdú le haghaidh tagartha in ionad na hionstraime a seachadadh amhlaidh, agus i gcás déileálacha feasta féadfar í a ghlacadh mar leorfhianaise ar an doiciméad agus ar a bhfuil ann.

(3) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sna Rialacha seo, coinneofar sa Chlárann gach ionstraim eile faoina ndéanfar taifead sa chlár. Comhdófar iad sa chlárann agus ní thógfar amach as an oifig sin iad ach amháin ar údarás i scríbhinn ón Údarás agus ar cibé téarmaí a shonróidh sé nó ar ordú ón gcúirt.

(4) Féadfaidh an tÚdarás, faoi réir an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 a chomhlíonadh, a ordú freisin go ndíothófar fóiliónna dúnta, nó aon doiciméid a comhdaíodh sa Chlárann, nuair a bheidh a n-ionad gafa ag taifid sa chlár nó a bheidh siad imithe ó éifeacht, nó féadfaidh sé, má fheictear dó gur díol suime ó thaobh na staire na doiciméid sin, iad a chur chuig an gCartlann Náisiúnta lena gcomhdú.

(5) Féadfaidh an tÚdarás, ar chlárú a bheith comhlánaithe, a ordú go ndéanfar doiciméid chomhdaithe a scaoileadh chuig an úinéir cláraithe, chuig duine arna ainmniú nó arna hainmniú ag an úinéir cláraithe, nó chuig aturnae an úinéara chláraithe.

#### *Seachadadh doiciméad a bhaineann le maoin neamhchláraithe*

153. I gcás doiciméid sa Chlárann nach mbaineann ach le maoin neamhchláraithe, féadfar, cheal iarratas ón duine a thaisc iad nó óna ionadaithe pearsanta nó óna hionadaithe pearsanta agus tar éis fógra a thabhairt dó nó di nó dóibh, iad a sheachadadh ar an duine is dóigh leis an Údarás atá i dteideal a gcoimeádta, ar iarratas a fháil uaidh nó uaithe.

#### *Formhuiniú doiciméad a sheachadfar*

154. Ní dhéanfar aon ghníomhas bunaidh faoinar cláraíodh maoin, nó diúscairt mhaoine, a sheachadadh ón gClárann go dtí go mbeidh formhuiniú déanta air a thaispeánfaidh go soiléir, ar an modh a ordóidh an tÚdarás, an mhaoin faoi réir fhorálacha an Achta, agus an leas sa mhaoin lena mbaineann an clárú.

#### *Doiciméid a sheachadadh ar aturnae lena dtabhairt ar aird i gcúirt nó le haghaidh fómhais*

155. Féadfaidh an tÚdarás ionstraim ag déileáil le maoin a sheachadadh ar aturnae úinéir cláraithe na maoine, ach amháin ionstraim muirir nó diúscairt ina leith, ar an aturnae á dheimhniú i scríbhinn gur gá í a thabhairt ar aird i gcúirt

le linn éisteacht chúise nó ábhair éigin, nó os comhair Máistir Fómhais don Ard-Chúirt nó Cláráitheoir Contae le haghaidh fómhais, agus ar é nó í á ghealladh go pearsanta i scríbhinn go dtabharfaidh sé nó sí ar ais don Chlárlann í laistigh de thréimhse a shocróidh an tÚdarás.

*Tarchur doiciméad chuig cúirte*

156. Féadfaidh an tÚdarás doiciméad a comhdaíodh sa Chlárlann a tharchur chuig Cláráitheoir Contae lena tabhairt ar aird i gcúirt le linn éisteacht chúise nó ábhair a bhaineann leis an maoin is ábhar don doiciméad-

- (a) más páirtí sa chúis nó san ábhar úinéir cláráithe na maoine is ábhar don doiciméad, nó a ionadaí pearsanta nó a hionadaí pearsanta, nó a chomharba i dteideal nó a comharba i dteideal; nó
- (b) más rud é go bhfuil an duine a d'iarr a tharchur i dteideal é a iniúchadh faoi na Rialacha seo agus gur páirtí é nó í sa chúis nó san ábhar; nó
- (c) má thoilíonn úinéir cláráithe na maoine is ábhar don doiciméad é a tharchur; nó
- (d) más imeachtaí faoin Acht, a bhaineann leis an maoin is ábhar don doiciméad, na himeachtaí sa chúirt.

*Iarratas chun doiciméad a tharchur chuig Cláráitheoir Contae*

157. (1) Is i bhFoirm 82 a dhéanfar iarratas chun doiciméad a tharchur chuig Cláráitheoir Contae, agus taiscfear i ndúblach é. Más ag duine seachas úinéir cláráithe na maoine is ábhar don doiciméad a bheidh an t-iarratas á dhéanamh, tabharfar fógra don úinéir i dtaobh an iarratais agus i dtaobh tharchur an doiciméid.

(2) Tabharfar an doiciméad ar ais don Chlárlann nuair a chríochnóidh na suíonna cúirte inar taifeadadh le haghaidh éisteachta an chúis nó an t-ábhar dár foréilíodh é. Má chuirtear an éisteacht ar atráth, déanfar iarratas eile an doiciméad a tharchur chuig an gCláráitheoir Contae le haghaidh na héisteachta atrátha.

*An doiciméad a tharchuirfear a bheith faoi choimeád an Chláráitheora Contae*

158. (1) Coinneoidh an Cláráitheoir Contae aon doiciméad a tharchuirfear chuige nó chuici faoin riail roimhe seo d'aonghnó lena thabhairt ar aird le linn éisteacht na cúise ná an ábhair dár foréilíodh é agus, mura n-ordóidh an chúirt a mhalairt, ní cheadóidh sé do dhuine ar bith é a iniúchadh, ach amháin na daoine a údaraítear le Riail 159, go dtí go mbeidh sé glactha i bhfianaise ag an gcúirt.

(2) I gcás an doiciméad a tharchur ar iarratas ó aon duine seachas úinéir cláráithe na maoine is ábhar don doiciméad, beidh a thabhairt ar aird faoi réir rialú na cúirte ar aon agóid ón úinéir cláráithe i gcoinne a iniúchta nó a ghlactha i bhfianaise.

*Iniúchadh doiciméad a comhdaíodh agus cóipeanna díobh a fháil*

159. (1) Féadfaidh úinéir cláraithe maoin agus aon duine arna údarú nó arna húdarú ag an úinéir sin nó le hordú ón gcúirt nó leis na Rialacha seo, ach ní fhéadfaidh duine ar bith eile, doiciméad a iniúchadh a comhdaíodh sa Chlárann i gcás déileáil nó idirbheart le maoin an úinéara.

(2) Aon duine a bheadh i dteideal doiciméad maidir le maoin a iniúchadh, dá mba rud é nach mbeadh a húinéireacht cláraithe faoin Acht agus go mbeadh an doiciméad i seilbh an duine a bhí i dteideal a choimeáda de réir dlí, beidh sé nó sí i dteideal an doiciméad a iniúchadh má chomhdaítear sa Chlárann é.

(3) Féadfaidh duine ar bith mionnscríbhinn breithiúnais a taisceadh sa Chlárann de bhun an *Judgement Mortgage Ireland Act*, 1850, arna leasú leis an Acht, nó iarratas ar mhorgáiste breithiúnais a chlárú faoi Riail 110, a iniúchadh fad a bheidh fógra a thaiscthe nó an taifead ar an morgáiste breithiúnais gan cealú i gclár.

(4) Féadfaidh duine ar bith meabhrán maidir le *lis pendens*, banna, cúirtbhanna nó ionchoisne a comhdaíodh sa Chlárann a iniúchadh fad a bheidh an taifead ina thaobh gan cealú i gclár.

(5) Aon iarratas, aontú, mionnscríbhinn nó aistriú a bheidh déanta ag ionadaí pearsanta úinéara éagtha maoin ar dílsíodh don ionadaí pearsanta í, féadfaidh réadtiomnaí nó duine eile, ach amháin creidiúnaí, a bhfuil leas aige nó aici sa mhaoin faoi uacht an úinéara, é a iniúchadh nó, má d'éag an t-úinéir ina dhíthiomnóir nó ina díthiomnóir, féadfaidh duine ar chineachaigh leas tairbhiúil sa mhaoin chuige nó chuici de chionn na díthiomnachta, nó féadfaidh duine a shásóidh an tÚdarás gurb é nó í an comharba i dteideal é nó í ar dhuine de na daoine sin, é a iniúchadh.

(6) Féadfaidh an duine a thaisc ionstraim a comhdaíodh sa Chlárann faoi Riail 130(5) an ionstraim sin a iniúchadh, nó má chruthaíonn duine ar bith chun sástacht an Údaráis go bhfuil teidlíocht aige nó aici chun tairbhe aon chirt a bunaíodh leis an ionstraim féadfaidh sé nó sí í a iniúchadh.

(7) Aon duine a shásóidh an tÚdarás gurb é nó í úinéir maoin fothionóntáin neamhchláraithe nó gurb é nó í nó iad an duine nó na daoine atá i dteideal a bheith ina úinéir nó ina húinéir nó ina n-úinéirí ar mhaoin fothionóntáin neamhchláraithe é nó í nó iad, ar cláraíodh ceart thairsti mar cheart atá comhghabhálach le maoin príomhthionóntáin faoi Alt 49A den Acht, féadfaidh sé nó sí nó siad ionstraim a comhdaíodh sa Chlárann faoi Riail 46 a iniúchadh, ar cibé cruthúnais a ordóidh an tÚdarás a thabhairt ar aird.

(8) Aon duine a bheidh i dteideal doiciméad a comhdaíodh sa Chlárann a iniúchadh, féadfaidh sé nó sí cóip de a fháil.

(9) Féadfaidh an tÚdarás, in imthosca speisialta agus ar cibé téarmaí is cuí leis, cead a thabhairt do dhuine doiciméad a comhdaíodh sa Chlárann a iniúchadh nó cóip de a fháil.

(10) Is i bhFoirm 96 a dhéanfar iarratas chun cóip a iniúchadh nó a fháil faoin riail seo.

(11) Sula ligfidh sé do dhuine a éileoidh cead iniúchta faoi Riail 159 aon doiciméad a iniúchadh, féadfaidh an tÚdarás cibé fiosrúcháin a dhéanamh agus cibé fógraí a thabhairt a mheasfaidh sé a bheith oiriúnach. Is i bhFoirm 97 a bheidh fógra faoin riail seo.

*Cuardach sna cláir agus sna léarscáileanna clárlainne*

*Cuardach oifigiúil*

160. (1) Féadfaidh duine ar bith a iarraidh ar an Údarás cuardach oifigiúil a dhéanamh agus deimhniú a thabhairt-

- (a) an bhfuil duine ainmnithe ar taifead san ainmthreoir do chontae agus, má tá, cad é fóilió-thagairt an chláir ina bhfuil ainm an duine sin;
- (b) an bhfuil úinéireacht dáileachta talún, a thaispeántar ar cibé léarscáil a cheadóidh an tÚdarás, ar taifead i gclár na húinéireachta ar thalamh ruilse, nó an bhfuil úinéireacht aon leasa léasaigh, nó aon chirt sa dáileacht nó chuici nó thairsti, ar taifead i gclár na húinéireachta ar leasanna léasacha nó sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht; nó
- (c) i dtaobh na dtaifead a cuireadh i gclár nó i léarscáil clárlainne ó ceadchláraíodh an mhaoin, nó i rith aon tréimhse shonraithe ina dhiaidh sin.

(2) Is i bhFoirm 88, 89 nó 90 nó ar cibé modh a ordóidh an tÚdarás, de réir mar a bheidh, a fhoréileofar an cuardach.

(3) Is i bhFoirm 91 nó 92 nó ar cibé modh a ordóidh an tÚdarás, de réir mar a bheidh, a bheidh an deimhniú ar thoradh an chuardaigh.

*Taifead tosaíochta*

161. (1) Duine a rinne conradh chun maoin chláráithe a cheannach nó a thógáil ar léas, nó chun iasacht airgid a thabhairt ar urrús muirir ar an maoin sin, féadfaidh sé nó sí a iarraidh ar an Údarás taifead a chur sa chlár de bhun Alt 108 den Acht.

(2) Is i bhFoirm 93 a dhéanfar iarratas faoin riail seo.

(3) Aon iarratas chun an Údarás chun taifead tosaíochta a chlárú, féadfar é a dhéanamh trí mheán leictreonach más deimhin leis an Údarás go bhfuil socrúithe cú i bhfeidhm.

(4) Is i bhFoirm 94 nó ar cibé modh a ordóidh an tÚdarás a bheidh seirbheáil an fhógra i dtaobh an iarratais sin.

(5) Is i bhFoirm 95 a bheidh an taifead.

(6) Féadfaidh an t-iarratasóir iarratas a dhéanamh chun an taifead tosaíochta a chealú sula mbeidh an dáta éagtha caite. Féadfar an t-iarratas sin a dhéanamh ar cibé modh a ordóidh an tÚdarás.

*Éifeacht taifid tosaíochta*

162. (1) Má bhíonn taifead tosaíochta cláraithe ag duine atá le bheith ina cheannaitheoir nó ina ceannaitheoir, ina léasaí, nó ina mhuirearaí nó ina muirearaí, gheobhaidh iarratas uaidh nó uaithi go gclárofaí ionstraim chomhlánaithe an cheannaigh, an léasa nó an mhuirir an tosaíocht a shonraítear in Alt 108(2) den Acht, ar an gcoinníoll go bhfuil an t-iarratas in ord faoi na Rialacha seo agus go seachadfar í sa Chlárann laistigh de thréimhse 44 lá tar éis dháta an taifid tosaíochta.

(2) Má fhaightear iarratas ar chlárú ó aon duine eile tar éis dháta an taifid agus sula ndéanfaidh an duine atá le bheith ina cheannaitheoir nó ina ceannaitheoir, ina léasaí, nó ina mhuirearaí nó ina muirearaí an t-iarratas ar chlárú de réir mhír (1) den riail seo, cuirfear an t-iarratas sin, chun críche thosaíocht a chláraithe, i ndiaidh iarratas an duine atá le bheith ina cheannaitheoir nó ina ceannaitheoir, ina léasaí, nó ina mhuirearaí nó ina muirearaí.

*Tosaíocht i gcás dhá thaifead tosaíochta nó níos mó a dhéanamh*

163. I gcás dhá thaifead tosaíochta, nó níos mó, a dhéanamh de bhun Alt 108, gabhfaidh na taifid sin, chomh fada is a bhaineann leis an tosaíocht a thugtar leo, éifeacht san ord ina bhfuarthas na hiarratais sa Chlárann nó inar measadh, de bhun Riail 58, iad a sheachadadh.

*Gan aturnae ná duine eile a bheith freagrach as earráid i gcuardach oifigiúil*

164. Ní bheidh aturnae ná duine eile a gheobhaidh deimhniú de thoradh cuardach oifigiúil freagrach as aon chailteanas a tharla de dheasca aon earráid ann.

*Cuardach ag an bpobal*

165. (1) Féadfaidh duine ar bith, ar an táille fhorordaithe a íoc, cuardach a dhéanamh sna léarscáileanna clárlainne, san ainmthreoir, sa mhaointreoir, agus i bhfóilíonna na glár le linn na n-uaireanta an chloig a bheidh an Chlárann ar oscailt don phobal.

(2) Más deimhin leis an Údarás go bhfuil socrúithe cuí i bhfeidhm chun cuardach a dhéanamh trí mheán leictreonach, féadfar cuardach den sórt sin a dhéanamh le linn cibé uaireanta an chloig a ordóidh an tÚdarás.

(3) Féadfar cóipeanna d'fhóilíonna nó de léarscáileanna, nó sleachta as fóilíonna nó léarscáileanna a fháil ar an táille fhorordaithe a íoc. Más i bhfoirm leictreonach atá an clár nó aon chuid de, féadfar atáirgeadh i bhfoirm páipéir a eisiúint mar chóip.



*Imeachtaí sa Chlárlann**Gan imeachtaí a dhul ar ceal*

166. Más rud é, i gcás aon iarratas ar chlárú, go dtarlóidh bás, tarchur nó athrú leasa sula mbeidh an clárú déanta, ní rachaidh na himeachtaí ar ceal, ach féadfaidh aon duine a bheidh i dteideal clárú a iarraidh leanúint de na himeachtaí sin.

*Fianaise in imeachtaí*

167. Féadfar fianaise in aon imeacht sa Chlárlann a thabhairt trí mhionnscribhinn nó, lasmuigh de chás ina bhforordaíonn an tAcht mionnscribhinn, trí dhearbhuí reachtúil, agus féadfaidh an tÚdarás, más cú leis é, fianaise ó bhéal os a chomhair a ghlacadh faoi mhionn, agus daoine a chur faoi mhionn.

*Mionnscribhinní agus dearbhuithe reachtúla in imeachtaí*

168. (1) Féadfar mionnscribhinn, nó dearbhú reachtúil, chun críche aon imeacht sa Chlárlann, a mhionnú nó a ghlacadh os comhair an Údaráis, aon chomhalta d'fhoireann an Údaráis a bheidh údaraithe go cú aige agus ag an Aire, nó os comhair aon duine a bheidh údaraithe de réir dlí chun daoine a mhionnú nó i gcás dearbhú reachtúil, aon duine a bheidh údaraithe de réir dlí chun dearbhuithe reachtúla a ghlacadh.

(2) Is mar atá i bhFoirm 1 nó 10, de réir mar is gá sa chás, a bheidh an teideal ar mhionnscribhinn le haghaidh úsáid in imeachtaí sa Chlárlann, agus beidh an mhionnscribhinn i gcomhréir go ginearálta leis na forálacha maidir le foirm, jurat, idirlíniú, athrú agus scriosadh, atá i Rialacha na nUaschúirteanna i dtaobh mionnscribhinní le haghaidh úsáid san Ard-Chúirt.

*Foirm na bhfógraí a eiseofar*

169. (1) Gach fógra a eiseofar nó a chuirfear amach ón gClárlann (ach amháin fógraí go bhfuarthas ionstraimí, iarratais, gur comhlánaíodh clárú, nó fógraí foirmiúla dá samhail sin), ceapfaidh sé tréimhse chun gníomh nó beart a dhéanamh a cheanglaítear a dhéanamh leis an bhfógra, agus luafar ann cad a tharlóidh mura gcomhlíontar é.

(2) Luafar freisin san fhógra cad é an dóigh, agus cad é an tréimhse, ina mbeidh aon fhreagra, agóid nó cumarsáid, más ann, de dhroim an fhógra, le cur isteach, agus an seoladh a mbeadh sin le seachadadh ann nó le cur chuige nó chuici.

(3) D'ainneoin fhorálacha Alt 106(1) den Acht, féadfaidh duine ar bith, más áil leis nó léi é, trí sheoladh a bheith aige nó aici, lena n-áirítear (más cú leis nó léi é) seoladh a aturnae nó a haturnae, nó a ghnólachta aturnaetha nó a gnólachta aturnaetha san áireamh, a mbeidh gach fógra agus gach cumarsáid eile le seirbheáil ag gach seoladh díobh.

*Seirbheáil fógraí*

170. Gach fógra is gá de réir an Achta nó na Rialacha seo a thabhairt do dhuine ar bith, féadfar é a chur leis an bpost i litir réamhíoctha nó trí chumarsáid

leictreonach chuig seoladh leictreonach, mura n-ordóidh an tÚdarás é a chur le litir chláráithe nó seirbheáil phearsanta a dhéanamh.

*Gach fógra a sheirbheálfar*

171. Gach fógra a sheirbheálfar, measfar é a bheith faighte-

- (a) má chuirtear leis an bpost é, laistigh de thrí lá ag an duine ar seoladh chuige nó chuici é, gan lá a churtha sa phost a áireamh, d'éagmais fianaise chontrártha dó sin, nó, mura seoladh sa Stát é, laistigh de cibé tréimhse a luafar san fhógra agus a chinnfidh an tÚdarás; agus is dá réir sin a ríomhfar an tréimhse a chinn an fógra chun beart a dhéanamh faoi;
- (b) más rud é go gcuirtear go leictreonach é, laistigh de 1 lá ó dháta eisiúna na cumarsáide leictreonaí, agus nach bhfuarthas séanadh ón seoladh leictreonach gur glacadh leis an gcumarsáid leictreonach.

*An nós imeachta i gcás fógra a cuireadh leis an bpost a aiscur*

172. Má chuireann oifig an phoist ar ais litir le fógra inti, féadfaidh an tÚdarás a cheangal go dtabharfar fógra éigin eile, nó féadfaidh sé a údarú seirbheáil ionadach a dhéanamh i leith an fhógra, nó féadfaidh sé dul ar aghaidh gan a thuilleadh fógra má mheasann sé, sna himthosca, gur cuí sin.

*Fógra, toghairm, nó ordú a sheirbheáil go pearsanta*

173. (1) Déanfar fógra nó toghairm nó ordú ón Údarás a sheirbheáil go pearsanta tríd an bhfógra nó an toghairm nó, i gcás ordú, trí chóip shéalaithe den ordú, a sheachadadh ar an duine ar ordaíodh é a sheirbheáil air nó uirthi. Cruthófar an tseirbheáil le mionnscríbhinn.

(2) Mura féidir seirbheáil phearsanta a dhéanamh, nó má thaispeántar nach bhfuil sí indéanta go réasúnach, féadfaidh an tÚdarás a ordú cibé seirbheáil ionadach a dhéanamh is leor leis in imthosca an cháis áirithe.

*Ceisteanna a chinneadh*

174. Má éiríonn aon cheist, deacracht nó díospóid le linn imscrúdú teidil nó clárú nó imeachtaí eile sa Chlárlann, féadfaidh an tÚdarás fógra a thabhairt do gach duine leasmhar freastal os a chomhair lá agus am a luafar san fhógra chun an t-ábhar a bhreithniú; agus, ag an am ceaptha, cinnfidh sé an cheist nó, má bhíonn amhras air ina taobh, cuirfidh sé faoi bhráid na cúirte í mar a mhínítear in Alt 18 den Acht lena cinneadh.

*Toghairm ón Údarás*

175. (1) Is i bhFoirm 87 a bheidh toghairm ón Údarás faoi Alt 16 den Acht.

(2) I gcás an toghairm a sheirbheáil ar aon duine nach bhfuil sé de cheangal air nó uirthi freastal ar a chostas féin nó ar a costas féin, déanfar freisin, sa mhionnscríbhinn á chruthú gur seirbheáladh an toghairm, cruthúnas a thabhairt gur íocadh leis an duine a toghaireadh, nó gur tairgeadh dó nó di, na costais réasúnacha a bhain lena fhreastal nó lena freastal.

(3) Is cuid de chostais an iarratasóra san ábhar na costais réasúnacha a bhain le freastal duine ar bith de bhun toghairm maidir le clárú.

*Cumhachtaí an Údaráis faoi Ailt 16 agus 94 den Acht*

176. Beidh ag an Údarás na cumhachtaí a thugtar dó le hAilt 16 agus 94 den Acht i ngach imeacht sa Chlárlann chun úinéireacht maoiné nó ualach uirthi a chlárú, nó inar gá teideal a scrúdú lasmuigh de na cláir.

*Costas imeachtaí os comhair an Údaráis*

177. (1) Beidh costais aon imeachtaí le linn éisteacht os comhair an Údaráis faoi rogha an Údaráis, agus féadfaidh sé a ordú cé a íocfaidh agus cé leis nó léi a n-íocfar iad.

(2) Faoi réir fhorálacha Alt 100(2) den Acht, agus mura gcomhaontóidh na páirtithe ar a mhalairt, déanfar na costais a fhómhas.

(3) I gcás ina mbeidh costais infhómhais, déanfaidh Máistir Fómhais don Ard-Chúirt fómhas orthu, agus bainfidh Rialacha na nUaschúirteanna de thuras na huairé i dtaobh fómhais leis na costais sin ionann is dá mba Oifig den Ard-Chúirt Clárlann na Talún.

(4) Le linn costais a fhómhas, tabharfaidh an Máistir Fómhais aird ar an nós imeachta a fhorordaítear leis an Acht agus leis na Rialacha seo, agus dícheadóidh sé nó sí costais aon doiciméid nó aon chuid de dhoiciméad a mheasfaidh sé nó sí a bheith neamhriachtanach nó fadálach ag féachaint don fhoirm fhorordaithe agus don nós imeachta agus don éifeacht a ghabhann le clárú faoin Acht.

*Ordú i leith costas a fhorfheidhmiú*

178. Féadfar ordú ón Údarás chun costais a íoc a fhorfheidhmiú ar an modh a fhoráiltear le hAlt 20 den Acht chun orduithe ón Údarás a fhorfheidhmiú.

*Cinntí an Údaráis a thaifeadh*

179. (1) Gach cinneadh a thabharfaidh an tÚdarás á dhiúltú úinéireacht, ualach, fógra nó taifeadh eile a iarrfar a thaifeadh i gclár, tabharfaidh sé é trí rialú a shíneoidh sé, agus a thaifeadfar i leabhar rialuithe a choimeádfar chuige sin.

(2) Gach cinneadh eile (nach ordú) a thabharfaidh an tÚdarás, taifeadfar é mar rialú i leabhar na rialuithe, ar iarratas ó dhuine ar bith ar mian leis nó léi achomharc a dhéanamh.

(3) Tagróidh gach rialú do na doiciméid ar a ndearnadh é, agus luafaidh sé forais an chinnte a tugadh.

*An nós imeachta i gcás Achomhairc chun na Cúirte*

180. Féadfar Achomhairc chun na Cúirte faoi Alt 19(1) den Acht a dhéanamh-

(a) I gcás achomharc chun na hArd-Chúirte trí fhógra foriarratais agus mionnscribhinn fhorais a chomhdú leis an gCláraitheoir Cúirte de réir

Ordú 96 de Rialacha na nUaschúrteanna, 1986, a fhéadfaidh a ordú go seirbheálfaí an fógra foriarratais agus an mhionnscribhinn fhorais sin ar cibé páirtithe eile is gá;

- (b) I gcás Achomharc chun na Cúirte Cuarda trí fhógra foriarratais agus mionnscribhinn fhorais a chomhdú de réir Ordú 51 de Rialacha na Cúirte Cuarda, 1950.

*Ceisteanna a chur faoi bhráid na cúirte*

181. (1) Aon ordú a dhéanfaidh an tÚdarás ag cur ceist dlí nó fíorais faoi bhráid na cúirte faoi Alt 19(2) den Acht nó aon iarratas a dhéanfar chun na cúirte faoi Alt 21(2) den Acht, féadfar, más cuí leis an Údarás é, meabhrán faoina shíniú a chur i gceangal leis a mbeidh ráiteas gearr ann ar na fíorais agus na doiciméid ábhartha as ar éirigh an cheist atá á cur faoi bhráid na cúirte.

(2) Féadfar a rá san ordú cad é an cheist dlí nó fíorais atá le cinneadh ag an gcúirt agus a ordú cé atá leis an ábhar a thabhairt os comhair na cúirte agus cé hiad na daoine a bhfuil fógra faoin iarratas chun na cúirte le tabhairt dóibh.

(3) Má fheictear don Údarás gur bhain moill mhíchuí le hábhar a tharchuir sé chun na cúirte a thabhairt os comhair na cúirte lena chinneadh, féadfaidh sé, le hordú, cúram na n-imeachtaí a aistriú ón duine dár tugadh é chun duine leasmhair éigin eile, nó féadfaidh sé a ordú a chealú agus na himeachtaí ina ndearnadh an tarchur a áireamh mar imeachtaí tréigthe.

*Cumhachtaí ginearálta an Údaráis*

182. Féadfaidh an tÚdarás, in aon chás áirithe, an tréimhse a cheaptar leis na Rialacha seo a fhadú nó na rialacháin a dhéantar leo a mhaolú, agus féadfaidh sé, tráth ar bith, aon imeachtaí a chur ar atráth. Más dóigh leis tráth ar bith gur gá nó gurb inmhianaithe doiciméid nó fianaise bhreise a chur ar fáil, nó aon fhógra a thabhairt, féadfaidh sé diúltú dul ar aghaidh go dtí go ndéanfar na doiciméid, an fhianaise nó an fógra a sholáthar nó a thabhairt.

*Cumhacht chun imeachtaí a áireamh mar imeachtaí a tréigeadh*

183. Má bhítear gan aon bheart a dhéanamh ar feadh tréimhse míosa in ábhar atá ar feitheamh sa Chlárann, féadfaidh an tÚdarás fógra a thabhairt don iarratasóir nó dá aturnae nó dá haturnae go n-áireofar an t-ábhar mar ábhar a tréigeadh mura rachfar ar aghaidh leis go cuí laistigh de thréimhse a luafar san fhógra agus, ar an tréimhse sin a bheith caite, féadfaidh sé an t-ábhar a áireamh mar ábhar a tréigeadh mura ndeachthas ar aghaidh leis.

CUID 6

CÚITEAMH IS INÍOCTHA AS AN BPRÍOMH-CHISTE

*An duine a gcuirfead iarratas ar chúiteamh chuige nó chuici*

184. Is i scribhinn, i bhFoirm 98, chun an Údaráis a dhéanfar gach iarratas ar chúiteamh as an bPríomh-Chiste (faoi Alt 120 den Acht), agus cuirfead dhá chóip in éineacht leis.

*Na nithe a bheidh san iarratas ar chúiteamh*

185. Ní foláir gach iarratas ar chúiteamh a bheith sínithe ag an éilitheoir, nó ag a aturnae nó a haturnae, agus na nithe seo a leanas a bheith ann-

- (a) sonraí na maoinne a bhfuiltear ag éileamh cúitimh mar gheall ar a cailleadh;
- (b) sonraí na hearráide, nó an bhrionnaithe nó na calaoise is bonn don éileamh;
- (c) sonraí an chaillteanais;
- (d) seoladh sa Stát a bhféadfar gach fógra agus cumarsáid le haghaidh an éilitheora a chur chuige, agus ní foláir é a bheith fíoraithe le mionnscríbhinn ón éilitheoir nó, le cead an Údaráis, ó dhuine éigin thar ceann an éilitheora a bhfuil eolas aige nó aici ar na fíorais.

## CUID 7

CLÁRÚ SA CHLÁR A CHOIMEÁDтар FAOI ALT 8(B) DEN ACHT AGUS MALARTÚ  
GABHÁLTAS FAOI ALT 46 DEN ACHT TALMHAN, 1923

*Ceartha incláraithe i dtalamh*

186. Forordaítear de bhun Alt 8(b)(ii) den Acht, go bhféadfar úinéireacht na gceart seo a leanas i dtalamh a thairfeadh sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b)-

- (a) aon léas ar oidhrechtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán;
- (b) aon mhuirear, cibé uair a bunaíodh é, a chláraítear mar ualach;
- (c) aon mhorgáiste breithiúnais a chláraítear mar ualach;
- (d) aon leas a chosnaítear faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 go 2004.

*Oidhrechtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán*

187. (1) Clárófar mar úinéir le teideal iomlán iarratasóir a iarrfaidh clárú ar úinéireacht oidhrechtáin neamhchorpraigh atá ar teachtadh i gcomhlán, má thugann an tÚdarás formheas ar theideal chun leas an deontaí agus chun leas an deontóra agus chun uasleas nó leas idirmheánach ar bith a bheadh ar marthain.

(2) Más rud é, díreach roimh thosach feidhme an Achta, go raibh sa chlárú ar úinéireacht oidhrechtáin neamhchorpraigh a bhí ar teachtadh i gcomhlán nóta á rá gur imscrúdaíodh teideal an deontóra chun an deonú a dhéanamh agus go bhfuarthas gur theideal bailí é, measfar gur teideal iomlán an teideal chun leas an deontaí. Mura bhfuil aon nóta den sórt sin ann, measfar an teideal a bheith ina theideal sealbhach.

(3) Má dhéanann an t-úinéir ar mhaoin a cláraíodh le teideal iomlán, nó sealbhach nó srianta, oidhrechtán neamhchorprach atá ar teachtadh i gcomhlán

a dheonú, measfar mar an gcéanna teideal úinéir cláraithe an oidhrechtáin neamhchorpraigh sin a bheith ina theideal iomlán, sealbhach nó srianta, cibé acu é.

(4) Má chláraítear duine mar chéad lán-úinéir ar oidhrechtán neamhchorprach atá ar teachtadh i gcomhlán le teideal sealbhach, ní dhéanfaidh sin difear ná dochar d'fheidhmiú aon chirt (cibé acu i leith theideal an deontóra nó eile é) codarsna do theideal an deontóra nó an duine sin, nó de mhaolú ar a theideal nó ar a teideal atá ar marthain nó arbh fhéidir dó teacht chun bheith ann tráth an chláraithe ach, lasmuigh dá bhfuil ráite roimhe seo, beidh éifeacht aige is ionann agus clárú le teideal iomlán.

*Feidhm an Achta ar oidhrechtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán*

188. Faoi réir Rial 187, beidh feidhm ag na forálacha den Acht a bhaineann le clárú an teidil chun maoine agus na n-ualaí a luíonn ar mhaoin chláraithe, ach amháin na cinn lena mbaineann Alt 73, maidir le clárú sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht i gcás úinéireacht gach uile oidhrechtán neamhchorprach atá ar teachtadh i gcomhlán de bhun fhorálacha an Achta sin agus na Rialacha seo, arna modhnú mar a leanas-

- (a) Cuirfear tagairt do thalamh a chuimsíonn oidhrechtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán in ionad tagairtí do thalamh nó do thailte nó do thalamh ruíse mar a bhfuil siad sin sna forálacha sin agus de réir mar a éileoidh an comhthéacs é;
- (b) Na hualaí a shonraítear in Alt 69(1)(b), (h), (j), (m), (n) agus an chuid sin den ualach a shonraítear ag (q), eadhon, "nó ceart cónaithe (cibé acu ceart eisiatach cónaithe é nó nach ea)"; agus d'Alt 72(1)(b), (h), (n) agus (o), eisiafar iad ó na hailt sin ina bhfeidhm maidir leis an oidhrechtán sin, ach déanfar na coinníollacha, na heastáit, na cearta agus na leasanna, más ann, a shonraítear sa deontas lena bunáodh an t-oidhrechtán a áireamh mar ualaí a bhfuil oidhrechtán cláraithe den sórt sin faoina réir, bíodh nár cláraíodh iad.

*Feidhm an Achta ar chearta seachas oidhrechtáin neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán*

189. Na forálacha den Acht a bhaineann le clárú an teidil chun talún (ach amháin na cinn maidir le clárú úinéireachtaí teoranta, le haistriú talún agus le hualaí atá, gan a gclárú, le luí ar thalamh cláraithe), agus na forálacha d'Alt 64 a bhaineann le haistriú muirear, beidh feidhm acu ar chlárú sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht, i gcás an teidil chun na gceart i dtalamh a shonraítear ag (b) agus (c) de Rial 186, arna modhnú mar a leanas-

- (a) cuirfear tagairtí do cheart nó do chearta, nó do na cearta, nó do cheart cláraithe nó don cheart cláraithe, de réir mar a éileoidh an comhthéacs, in ionad na dtagairtí do thalamh nó do thailte, nó do thalamh ruíse nó do thalamh cláraithe, agus sna forálacha den Acht a bhaineann le muirir cuirfear tagairt do cheart in ionad tagairt do mhuirear;

- (b) is é nó is í an duine a fhéadfar a chlárú mar úinéir ar cheart den sórt sin ná an duine a bhfuil an ceart dílsithe dó nó di go hiomlán, cibé acu chun tairbhe dó féin nó di féin nó mar iontaobhaí é;
- (c) cuirfear "an chirt" in ionad "talún ruilse le teideal iomlán", agus cuirfear "an ceart" in ionad "eastát i bhfeó simplí sa talamh, maille leis na cearta, na pribhléidí agus na comhghabhálais go léir, sainráite nó intuigthe, a bhaineann nó atá comhghabhálach leis sin", in Alt 37(1);
- (d) ní dhéanfaidh an teideal a thabharfaidh clárú d'úinéir ar cheart den sórt sin difear ná dochar d'fheidhmiú aon chirt eile a bhaineann leis an talamh a bhfuil an ceart cláraithe ina ualach air i dtosaíocht, nó de mhaolú, ar an gceart cláraithe atá ar marthain nó arbh fhéidir dó teacht chun bheith ann tráth an chéad-chláraithe;
- (e) ní bheidh clárú úinéara morgáiste breithiúnais ina bharánta gurb ualach bailí é ar an maoin a dtuairiscítear sa chlár go ndéanann an ceart difear di;
- (f) beidh na hualaí go léir in Alt 72 eisiata ón alt sin ina fheidhm maidir le ceart cláraithe den sórt sin, agus déanfar "aon chirt eile" a shonraítear i mír (e) a áireamh ansin mar ualaí a bhfuil ceart cláraithe den sórt sin faoina réir, bíodh nár cláraíodh iad.

*Malartú faoi Alt 46 den Acht Talmhan, 1923*

190. Nuair a dhéanfar, de bhun Alt 46 den Acht Talmhan, 1923, maoin (dá ngairtear "an gabháltas bunaidh" sa riail seo agus i Rialacha 191 agus 192) a mhalartú leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar mhaoín (dá ngairtear "an gabháltas nua" sa riail seo agus i Rialacha 191 agus 192), luafar san ordú dílseacháin nó san ionstraim eile lena n-aistrítear an gabháltas nua cé acu atá nó nach bhfuil an talamh faoi réir blianacht talamh-cheannaigh agus tagrófar ann d'uimhir an fhóilió de chlár an gabháltais bunaidh.

*Éifeacht an chláraithe ar an malartú*

191. (1) An duine ab úinéir cláraithe ar an ngabháltas bunaidh nuair a taisceadh an t-aistriú nó na haistrithe nó an t-ordú dílseacháin nó na horduithe dílseacháin (cibé acu é), clárófar é nó í mar lán-úinéir nó úinéir teoranta ar an ngabháltas nua, de réir mar ba lán-úinéir nó úinéir teoranta ar an ngabháltas bunaidh é nó í.

(2) Féadfar ainmnitheach arna cheapadh nó arna ceapadh ag Coimisiún na Talún nó ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoina chumhachtaí reachtúla nó faoina cumhachtaí reachtúla a chlárú mar lán-úinéir le teideal sealbhach.

(3) Taifeadfar i bhfóilió an gabháltais nua na hualaí (seachas ualaí a urscaoileadh faoi Acht 1923 leis an aistriú nó leis an ordú dílseacháin, cibé acu é) a thaispeántar i bhfóilió an gabháltais bunaidh. Beidh an gabháltas nua faoi réir na n-ualaí a chlárófar amhlaidh, agus aon ualaí a dhéanann difear dó, gan a gclárú.

*Clárú le teideal sealbhach*

192. Más dealraitheach ón gclár nár fionnadh cad iad na hualaí a tháinig ann trína mheas go bhfuil an leas a dílsíodh do cheannaitheoir an ghabháltais bunaidh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh ina ghreamacht ar a leas roimhe sin sa ghabháltas sin, clárófar úinéireacht an ghabháltais nua le teideal sealbhach.

*Fógraí atá le tabhairt*

193. Ar úinéireacht an ghabháltais nua a chlárú, cuirfidh an tÚdarás chuig na daoine go léir a dtaispeántar ar fhóilió an ghabháltais bunaidh gurb úinéirí iad ar ualaí a aistrítear chun an ghabháltais nua, fógra gur aistríodh a n-ualaí chun an ghabháltais nua agus gur cláraíodh iad.



## FOIRM 1

*Iarratas maoin ruilse a chéadchlárú (Rialacha 14 agus 15)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

Mionnaímse, A.B., as , agus deirim—

1. Tá teidlíocht agam chun mo thairbhe féin (*nó*, mar iontaobhaí faoi ghníomhas dar dáta, etc., *nó, de réir mar a oireann*) chun na maoin atá leagtha amach i gCuid 1 den Sceideal a ghabhann leis seo agus atá faoi réir na morgáistí, na muirear, na léasanna, na dtionóntachtaí, na gcúnant sriantach agus na n-eirí a shonraítear i gCuid 2 den Sceideal sin (*nó*, nach bhfuil faoi réir aon mhorgáiste, muirir, léasa, cúnant sriantach ná eire).
2. Táim i seilbh (*nó*, ag fáil chíosanna agus bhrabúis) na maoin gan díospóid agus níl sí, ná aon chuid di, á háitiú ag aon duine i gcodarsna le m'eastátsa inti.
3. Tagraím don ráiteas i dtaobh mo theidil atá leagtha amach i gCuid 3 den Sceideal a ghabhann leis seo (don tuairim dhlíthiúil ina thaobh (*féach Nóta (1)*), don léarscáil iarratais nó don léarscáil eile dá dtagraítear i Riail 15(1)(c) agus don sceideal doiciméad atá á thaisceadh leis seo, arb é atá ann liosta de na doiciméid uile a bhaineann leis an teideal agus atá i mo sheilbh nó faoi m'urláimh. Is fíor agus is cruinn na fíorais a shonraítear i ráiteas mo theidil, agus taispeántar ar an léarscáil teorainneacha na maoin go dílis.
4. Chun go gcosnófar na hiontaobhais ar a bhfuil an mhaoin ar teachtadh agam, iarraim leis seo an toirmeasc seo a leanas a thaifeadadh sa chlár ar mé a chlárú mar úinéir (*féach Nóta (2), Riail 49 agus Foirm 77*).
5. Níl go bhfios dom aon mhorgáiste, muirear, léas, lian, comhaontú, cúnant sriantach, eire ná iontaobhas lena ndéanfar difear don mhaoin a shonraítear i mír 1, agus is ábhar do m'iarratas ná d'aon chuid di, nár nochtadh sna himeachtaí sa Chlárlann i leith an iarratais.
6. Níl go bhfios dom aon cheist ag baint le mo theideal chun na maoin ná chun cuid ar bith di, ná aon ní a dhéanann nó a dhéanfadh difear don teideal sin ná a thugann ná a thabharfadh i gceist é ar dhóigh ar bith.
7. Na conarthaí, na hachomaireachtaí, na tuairimí dlíthiúla, na foréilimh, na freagraí, na gníomhais, na huachtanna agus na doiciméid eile dá dtagraítear san iarratas sin, nó a taisceadh ina theannta, agus a tugadh ar aird sna himeachtaí ina leith, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'urláimh de dhoiciméid a bhaineann leis an maoin sin dar tosach fréamh bhailí teidil.
8. Níl go bhfios dom leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana, nó atá mímhéabhrach (ach amháin — *tabhair*

*ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (féach Nóta (6)) nó atá mímhheabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí, nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi Alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoine sin (ach amháin — tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh).*

9. Iarraim leis seo go gclárófaí mé i gClár na Ruilseach mar úinéir le teideal iomlán [nó, le teideal cáilithe, (cáilithe maidir le )] [nó, le teideal sealbhach] ar an maoin a thuairiscítear i gCuid 1 den Sceideal a ghabhann leis seo. (féach Nóta (7)).

## An Sceideal

### CUID 1

(Anseo bíodh tuairisc na maoine, an t-achar, an baile fearainn, an bharúntacht agus an contae, nó, más i gcathair nó i gceantar uirbeach di, an tsráid nó an bóthar agus an chathair nó an ceantar uirbeach).

..... a thaispeántar le himeall dearg agus ar a bhfuil na litreacha ar an léarscáil iarratais atá i gceangal leis seo (ar léarscáil iarratais í ar a dtaispeántar teorainneacha na maoine go dílis).

### CUID 2

(Anseo bíodh gearrshonraí maidir le gach morgáiste, léas, tionóntacht, cúnant sriantach agus eire atá ar marthain seachas ualaí lena mbaineann Alt 72 den Acht).

### CUID 3

(Anseo bíodh ráiteas achomair i dtaobh an teidil a dtabharfar ann, in ord aimsire, achoimre ar na doiciméid agus ar na teagmhais agus na fíorais is bonn d'éileamh an iarratasóra chun na maoine. Ba chóir dó tosú le fréamh bhailí teidil ach i gcás deontas feofheirme ba chóir dó an céanna a aithris agus ansin dul ar aghaidh díreach chuig fréamh bhailí teidil. Ba chóir go luafar ann an fho-riail de Riail 19 a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh fúithi. Ba chóir go bhfolófar sa ráiteas teidil doiciméid réamhfhreámhe lenar cruthaíodh ualaí de chuid Alt 69 a dhéanann difear don teideal).

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo  
go bhfuil aithne agam ar an  
teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir.*)

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Le cur isteach i gcás an t-iarratas do sheasamh ar thuairim dhlíthiúil faoi Riail 19, agus sa chás sin amháin.

Nóta (2) — Le cur isteach i gcás an t-iarratasóir a bheith ina iontaobhaí nó ina hiontaobhaí [féach Riail 49], agus sa chás sin amháin.

Nóta (3) — Mura dtosaíonn an teideal le fréamh bhailí teidil, ba chóir leasú a dhéanamh go cuí ar mhír 7 agus ar an ráiteas teidil i gCuid 3 den Sceideal ar chóir dó tosú leis an bhfréamh teidil. Más rud é go mbeidh iarratas á dhéanamh faoi Riail 19(2), ba chóir fianaise a thaisceadh nach mó ná €1,000,000 an margadhluach an dáta a dhéantar an t-iarratas.

Nóta (4) — Más é atá á iarraidh céadchlárú i leith oidhreachtán neamhchorprach atá ar teachtadh i gcomhlán, ní mór an naoú mír a athrú agus a rá gurb é atá á iarraidh úinéireacht an oidhreachtáin a shonraítear i gCuid 1 den Sceideal a chlárú sa chlár iomchuí, agus ní foláir sonraí an oidhreachtáin agus na maoine as a n-eisíonn sé a chur sa chuid sin. Más iarratas é ó dheontaí bunaidh an oidhreachtáin, ná bíodh tagairt i mír 3 ach don deonú.

Nóta (5) — Déantar deimhnisc iomchuí Fhoirm 16 a áireamh i bhFoirm 1.

Nóta (6) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaoiseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaoisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son [féach Alt 19 d'Acht 2009].

Nóta (7) — I gcás níos mó ná iarratasóir amháin a bheith ann, ba chóir go luafar go soiléir i mír 9 cibé acu is comhthionóntaí nó tionóntaí i gcoiteannas iad agus, más tionóntaí i gcoiteannas iad, scaireanna gach iarratasóra.

Nóta (8) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba cheart an fhoirm a leasú dá réir sin.

Nóta (9) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneasctha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

## FOIRM 2

*Iarratas léasachtaí agus cearta (seachas oidhreachtaín neamhchorpracha atá ar teachtadh i gcomhlán) a chéadchlárú (Rialacha 14 agus 16)*

### CLÁRLANN NA TALÚN

#### Contae

Mionnaímse, A.B., as \_\_\_\_\_, agus deirim—

1. Tá teidlíocht agam chun mo thairbhe féin (*nó*, mar iontaobhaí faoi ghníomhas dar dáta *nó*, *de réir mar a oireann*) chun leas an léasaí sa léas dá dtagraítear i mír 9 agus atá faoi réir na morgáistí, na muirear, na bhfoléasanna, na dtionóntachtaí, na gcúnant sriantach agus na n-eirí a luaitear i gCuid 2 den Sceideal a ghabhann leis seo (*nó*, nach bhfuil faoi réir aon mhorgáiste, muirir, foléasa, tionóntachta, cúnant sriantach ná eire).
2. Táim i seilbh (*nó*, ag fáil chíosanna agus bhrabúis) na maoin gan díospóid agus níl sí, ná aon chuid di, á háitiú ag aon duine i gcodarsna le m'eastátsa inti.
3. Tagraím don ráiteas i dtaobh mo theidil atá leagtha amach i gCuid 3 den Sceideal a ghabhann leis seo (don tuairim dhlíthiúil ina thaobh (*féach Nóta (1)*), don léarscáil iarratais nó don léarscáil eile dá dtagraítear i Riail 16(2)(c) agus don sceideal doiciméad atá á thaisceadh leis seo, arb é atá ann liosta de na doiciméid uile a bhaineann leis an teideal agus atá i mo sheilbh nó faoi m'urláimh. Is fíor agus is cruinn na fíorais a shonraítear i ráiteas mo theidil, agus taispeántar ar an léarscáil teorainneacha na maoin go dílis.
4. Chun go gcosnófar na hiontaobhais ar a bhfuil an mhaoin ar teachtadh agam, iarraim leis seo an toirmeasc seo a leanas a thaifeadadh sa chlár ar mé a chlárú mar úinéir (*féach Nóta (2)*, *Riail 49 agus Foirm 77*).
5. Níl go bhfios dom aon mhorgáiste, muirear, léas, lian, comhaontú, cúnant sriantach, eire ná iontaobhas lena ndéanfar difear don mhaoin a shonraítear i mír 1, agus is ábhar do m'iarratas ná d'aon chuid di, nár nochtadh sna himeachtaí sa Chlárlann i leith an iarratais.
6. Níl go bhfios dom aon cheist ag baint le mo theideal chun na maoin ná chun cuid ar bith di, ná aon ní a dhéanann nó a dhéanfadh difear don teideal sin ná a thugann ná a thabharfadh i gceist é ar dhóigh ar bith.
7. Na conarthaí, na hachomaireachtaí, na tuairimí dlíthiúla, na foréilimh, na freagraí, na gníomhais, na huachtanna agus na doiciméid eile dá dtagraítear san iarratas sin, nó a taisceadh ina theannta, agus a tugadh ar aird sna

himeachtaí ina leith, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'urláimh de dhoiciméid a bhaineann leis an maoin sin dar tosach fréamh bhailí teidil.

8. Níl go bhfios dom leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana, nó atá mímhheabhrach (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (féach Nóta (8)) nó atá mímhheabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí, nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi Alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoin sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).
9. Iarraim leis seo go gclárófaí mé mar úinéir le teideal léasach bailí [*nó, le teideal iomlán nó, le teideal sealbhach nó, le teideal cáilithe, (cáilithe maidir le* )] ar an leas léasach sa mhaoin a thuiriscítear i gCuid 1 den Sceideal a ghabhann leis seo agus a forléasadh le léas dar dáta an lá de ó C.D. go E.F. go ceann téarma ó (*dáta tosach feidhme*) ar chíos € (*nó, de réir mar a oireann*) (*féach Nóta (9)*).

## **An Sceideal**

### **CUID 1**

(Anseo bíodh tuairisc na maoin, an t-achar, an baile fearainn, an bharúntacht agus an contae, nó, más i gcathair nó i gceantar uirbeach di, an tsráid nó an bóthar agus an chathair nó an ceantar uirbeach).

..... a thaispeántar le himeall dearg agus ar a bhfuil na litreacha ar an léarscáil iarratais atá i gceangal leis seo (agus taispeántar ar an léarscáil teorainneacha na maoin go dílis).

### **CUID 2**

(Anseo bíodh gearrshonraí maidir le gach morgáiste, léas, tionóntacht, cúnant sriantach agus eire atá ar marthain seachas ualaí lena mbaineann Alt 72 den Acht).

### **CUID 3**

(Anseo bíodh ráiteas achomair i dtaobh an teidil a dtabharfar ann, in ord aimsire, achoimre ar na doiciméid agus ar na teagmhais agus na fíorais is bonn d'éileamh an iarratasóra chun na maoin. Ba chóir dó tosú leis an léas agus ansin dul ar aghaidh díreach chuig fréamh bhailí teidil. Ba chóir go luafar ann an fho-riail de Riail 19 a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh fúithi. Ba chóir go bhfolófar sa ráiteas teidil doiciméid réamhfhéimhe lenar cruthaíodh ualaí de chuid Alt 69 a dhéanann difear don teideal).

Síniú an teisteora.	Arna mhionnú an      lá seo de      , 20      , i      , i gContae      , os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí ( <i>nó duine cáilithe eile</i> ), agus tá aithne agam ar an teisteoir
Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.	( <i>nó</i> , tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir).
Síniú	Síniú

Nóta (1) — Le cur isteach i gcás an t-iarratas do sheasamh ar thuairim dhlíthiúil faoi Riail 19, agus sa chás sin amháin.

Nóta (2) — Le cur isteach i gcás an t-iarratasóir a bheith ina iontaobhaí nó ina hiontaobhaí [féach Riail 49], agus sa chás sin amháin.

Nóta (3) — Mura dtosaíonn an teideal le fréamh bhailí teidil, ba chóir leasú a dhéanamh go cuí ar mhír 7 agus ar an ráiteas teidil i gCuid 3 den Sceideal ar chóir dó tosú leis an bhfréamh teidil. Más rud é go mbeidh iarratas á dhéanamh faoi Riail 19(2), ba chóir fianaise a thaisceadh nach mó ná €1,000,000 an margadhluach an dáta a dhéantar an t-iarratas.

Nóta (4) — Is féidir an fhoirm seo a oiriúnú mar aon le Foirm 1 i gcás gurb é atá á iarraidh teideal iomlán. Féach Alt 40(4) den Acht.

Nóta (5) — Ní mór an fhoirm seo a oiriúnú ar iarratas ar úinéireacht cirt (seachas oidhreachtán neamhchorprach atá ar teachtadh i gcomhlán) a chéadchlárú sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht.

Nóta (6) — Féadfar an tagairt i mír 3 do sceideal doiciméad a fhágáil ar lár i gcás go mbeidh feidhm ag Riail 16(a).

Nóta (7) — Déantar deimhnisc iomchuí Fhoirm 16 a áireamh i bhFoirm 2.

Nóta (8) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaoiseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaoisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son [féach Alt 19 d'Acht 2009].

Nóta (9) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir go luafar go soiléir i mír 9 cibé acu is comhthionóntaí nó tionóntaí i gcoiteannas iad agus, más tionóntaí i gcoiteannas iad, scaireanna gach iarratasóra.

Nóta (10) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir sin.

Nóta (11) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

## FOIRM 3

*Iarratas ar chéadchlárú, mura mó ná €1,000,000 an t-airgead ceannaigh nó an cúiteamh (Riail 19(3) agus (4))*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

1. Is mise an t-athair do (cuir isteach ainm iomlán agus seoladh an iarratasóra) a bhfuil iarratas aige nó aici á dhéanamh é nó í a chlárú mar úinéir.
2. Tá imscrúdú déanta agam ar an teideal chun na maoin a thuairiscítear sa tíolacais dar dáta an      lá de      , (nó, an ionstraim eile) atá á thaisceadh leis seo. Taispeántar an mhaoin lena mbaineann an t-eastát nó an leas a fuarthas de bhun an tíolacais (nó, an ionstraim eile) ar an léarscáil iarratais atá á taisceadh leis seo agus a thaispeántar le himeall dearg agus ar a bhfuil na litreacha.
3. Deimhním, de thoradh an imscrúdaithe a rinne mé ar an teideal, gur thíolaic (nó, gur dhílsigh) an tíolacais (nó, an ionstraim) feo simplí na maoin (nó, leas an léasaí i léas dar dáta an      lá de      , ó      go      sa mhaoin go ceann      bliana ó (dáta tosach feidhme),      , léas a bhfuil cóip fhianaithe de á taisceadh leis seo, (nó, an cearta eile a fuarthas ar an mhaoin) don iarratasóir, saor ó aon chearta codarsnacha, cúnaint shriantacha nó eirí, ach amháin iad siúd ar faoina réir a thíolaic an tíolacais (nó, an ionstraim) an mhaoin go sainráite.
4. Deimhním go bhfuil an mhaoin sin (seachas an morgáiste a leagtar amach i mír 8) saor i gcónaí ó aon chearta codarsnacha, cúnaint shriantacha nó eirí (ach amháin iad siúd dár tagraíodh cheana féin i mír 3 de seo) agus nach bhfuil aon idirbheart, dáta an deimhnithe seo, a dhéanann nó a dhéanfadh difear don mhaoin sin seachas mar a luaitear anseo.
5. Níor mhó ná €1,000,000 an t-airgead ceannaigh (nó, an cúiteamh) i leith na maoin. Bhí an t-iomlán íoctha leis an duine (nó, na daoine) a bhí ina theideal nó ag a raibh údarás admháil a thabhairt ina leith.
6. Deimhním nach seilbh is bun leis an teideal tosaíochta.
7. Deimhním nach méadú ar leas tosaíochta a shealbhaigh an t-iarratasóir sa mhaoin an leas a tíolacadh nó a sannadh.
8. Iarraim go gclárófaí an t-iarratasóir mar úinéir le teideal iomlán (nó, le teideal cáilithe (cáilithe maidir le      )) (nó le teideal léasach bailí) agus go gclárófaí mar ualaí de chuid (an morgáiste dar dáta      idir      agus      ) agus na cearta seo a leanas, ar cosúil ón tíolacais sin (nó, ón ionstraim sin) go ndéanann siad difear don úinéireacht.



Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

Nóta — Féadfar an tuairim dhlíthiúil a leagtar amach i Riall 19(6) a thabhairt i bhFoirm 3 arna hoiriúnú de réir mar is gá sa chás.

**FOIRM 4**

*Iarratas ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Alt 26(1) den Acht ar chéadchlárú le teideal sealbhach (Riail 20)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

Tá an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, de bhun Alt 26(1) den Acht, á iarraidh leis seo (*cuir isteach ainm, seoladh agus tuairisc an duine atá le clárú*) a chéadchlárú le teideal sealbhach mar úinéir ar an maoin a bhfuil a sonraí sa Sceideal a ghabhann leis seo, is é sin an mhaoin a léirítear ar an léarscáil iarratais atá ag gabháil leis an iarratas seo agus a thaispeántar le himeall agus uimhir uirthi.

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

**An Sceideal****CUID 1**

Sonraí na maoin

Contae	Barúntacht	Baile fearainn	Achar

## CUID 2

### Fáil na maoinne — sonraí

Teideal an ábhair inar díoladh an mhaoin	Tionóntacht an cheannaitheora mar atá sonraithe ina chomhaontú/ina comhaontú ceannaigh	Dáta agus gearrshonraí na hionstraime dílseacháin, i.e., cé acu tíolacas, ordú dílseacháin nó <i>fiat</i> í, agus ainm an duine dár dílsíodh an mhaoin	Airgead ceannaigh

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an aturnae don Aire nó ag an oifigeach údaraithe dó nó di)*

Nóta — Formhuinítear ar an iarratas an deimhniú is gá de réir Riall 20(2).

## FOIRM 5

*Iarratas ar chéadchlárú nuair is seilbh is bun leis an teideal (Riail 17)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

Mionnaímse, A.B., as , agus deirim—

1. Is agamsa, (agus ag mo réamhtheachtaithe i dteideal), amháin atá áitíocht thairbhiúil eisiatach ar (*tabhair tuairisc na maoine*), arb í an mhaoin í a thaispeántar le himeall dearg agus ar a bhfuil na litreacha ar an léarscáil iarratais atá i gceangal leis seo (ar léarscáil iarratais í ar a dtaispeántar teorainneacha na maoine go dílis), agus/nó atá cíosanna agus brabúis na maoine sin á bhfáil, le breis is bliana anuas, agus níor thug mé (thugamar) admháil ar bith i bhfabhar duine ar bith i leith na maoine sin ná i leith aon chuid di
2. (a) (*Tabhair tuairisc ar an gcuma inar thosaigh an áitíocht agus leag amach na fíorais sin ar a bhfuil seasamh an iarratasóra mar thaca lena éileamh/lena héileamh go bhfuil a theideal/a teideal bunaithe, e.g. suiteoireacht d'aon ghnó le hintinn an mhaoin a fháil; glacadh seilbhe mar dhuine de neasghaolta úinéara mhairbh i gcoinne ionadaí pearsanta an úinéara sin, neasghaolta eile, etc.; an úsáid a bhaintear as an maoin; na daoine a bhfuil sé/sí á éileamh a theideal/a teideal a bheith faighte aige/aici ina gcoinne, daoine a d'imigh nó a cuireadh as seilbh, daoine a d'éag má bhaineann sin le hábhar; neasghaolta, seoltaí chun fógraí a sheirbheáil, etc.*).
2. (b) (*Ba chóir an teideal a bhfuil an tseilbh chodarsnach á héileamh ina leith a leagan amach. Más deontas feofheirme nó léasacht atá i gceist, ba chóir na mionsonraí iomlána atá i seilbh nó ar fáil ag an iarratasóir a leagan amach. Más teideal é nach bhfuil ar eolas, ba chóir na hiarrachtaí a rinneadh chun an teideal a bhunú a leagan amach go hiomlán*).
3. Tá teidlíocht agam chun tairbhe dom féin chun an leasa feo shimplí sa mhaoin (*nó, de réir mar a oireann*) agus níl, go bhfios dom, aon chonradh ná comhaontú i gcomhair díolacháin, ná aon mhorgáiste, muirear, léas, comhaontú i gcomhair léasa, cúnant sriantach, lian, eire ná iontaobhas (*nó, ach amháin mar a luaitear sa Sceideal a ghabhann leis seo*) a dhéanann difear don mhaoin sin, ná d'aon chuid di, agus dearbhaím nach bhfuil seilbh ná áitíocht ag duine ar bith ar an maoin ná ar aon chuid di i gcodarsna le m'eastátsa nó le mo leas-sa inti.
4. Níl, go bhfios dom, aon cheist ná amhras ag baint leis an teideal chun na maoine ná chun aon chuid den mhaoin, ná aon ní ná rud is cúis, nó ab fhéidir a bheith ina chúis, chun an teideal a tháinseamh, chun difear a dhéanamh dó nó chun é a thabhairt i gceist ar dhóigh ar bith.

5. Níl, go bhfios dom, leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhéabhrach, (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (féach Nóta (3)) nó atá mímhéabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoin sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).
6. Na conarthaí, na hachomaireachtaí, na tuairimí dlíthiúla, na foréilimh, na freagraí, na gníomhais, na huachtanna agus na doiciméid eile dá dtagraítear san iarratas sin, nó a taisceadh ina theannta, agus a tugadh ar aird sna himeachtaí ina leith, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'urláimh (*nó, ina sheilbh/ina seilbh nó faoina urláimh/faoina hurláimh ag* ) de dhoiciméid a bhaineann leis an maoin sin.
7. Iarraim go gclárófaí mé mar lán-úinéir ag a bhfuil teideal iomlán (*nó, teideal srianta (atá srianta maidir le) nó, teideal léasach bailí nó, teideal sealbhach*) chun na maoin a leagtar amach i mír 1.

### An Sceideal

(*más gá*)

Síniú an teisteora.	Arna mhionnú an      lá seo de      , 20      , i      , i gContae      , os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí ( <i>nó duine cáilithe eile</i> ), agus tá aithne agam ar an teisteoir
Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.	( <i>nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir</i> ).
Síniú	Síniú

Nóta (1) — I gcás gur seilbh talún cláraithe is bun leis an iarratas, ba chóir Foirm 6 a úsáid seachas an fhoirm seo.

Nóta (2) — Is ceadmhach an fhoirm seo a úsáid sa chás nach bhfuil doiciméid teidil ar bith i seilbh nó faoi urláimh an iarratasóra (*féach Riail 17*).

Nóta (3) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaoiseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaoisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son (*féach Alt 19 d'Acht 2009*).

Nóta (4) — Tá deimhnisc ábhartha Fhoirm 16 san áireamh i bhFoirm 5.

Nóta (5) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (6) — Ba chóir deimhniú ó na Coimisinéirí Ioncaim de bhun Alt 62(2) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 [arna leasú le hAlt 128 den Acht Airgeadais, 2008] nó, más cuí, deimhniú ó aturnae san fhoirm a fhorordaítear le hAlt 62(7) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 [arna leasú le hAlt 128 den Acht Airgeadais, 2008] a thaisceadh.

Nóta (7) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba cheart an fhoirm a leasú dá réir sin.

## FOIRM 6

*Iarratas ar chlárú más seilbh talún cláraithe amháin is bun leis an teideal (Riail 45 agus Alt 49)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

1. Is agamsa, (agus ag mo réamhtheachtaithe i dteideal), amháin atá áitíocht thairbhiúil eisiatach ar (tabhair tuairisc na maoine) agus/nó atá cíosanna agus brabúis na maoine sin a bhfáil, le breis is                      bliana anuas, agus níor thug mé (thugamar) admháil ar bith i bhfabhar duine ar bith i leith na maoine sin ná i leith aon chuid di.

2. *(Tabhair tuairisc ar an gcuma inar thosaigh an áitíocht agus leag amach na fíoras sin ar a bhfuil seasamh an iarratasóra mar thaca lena éileamh/lena héileamh go bhfuil a theideal/a teideal bunaithe, e.g. suiteoireacht d'aon ghnó le hintinn an mhaoin a fháil; glacadh seilbhe mar dhuine de neasghaolta úinéara mhairbh i gcoinne ionadaí pearsanta an úinéara sin, neasghaolta eile, etc.; an úsáid a bhaintear as an maoin; na daoine a bhfuil sé/sí á éileamh a theideal/a teideal a bheith faighte aige/aici ina gcoinne (úinéir cláraithe nó a chomharbaí/a comharbaí); daoine a d'imigh nó a cuireadh as seilbh, daoine a d'éag má bhaineann sin le hábhar; neasghaolta, seoltaí chun fógraí a sheirbheáil, etc.).*

3. Tá teidlíocht agam chun tairbhe dom féin chun an leasa feo shimplí sa mhaoin (nó, de réir mar a oireann) agus níl, go bhfios dom, aon chonradh ná comhaontú i gcomhair díolacháin, ná aon mhorgáiste, muirear, léas, comhaontú i gcomhair léasa, cúnant sriantach ná eire (nó, ach amháin mar a luaitear sa Sceideal a ghabhann leis seo) a dhéanann difear don mhaoin sin, ná d'aon chuid di, agus dearbhaím nach bhfuil seilbh ná áitíocht ag duine ar bith ar an maoin ná ar aon chuid di i gcodarsna le m'eastátsa nó le mo leas-sa inti.

4. Níl, go bhfios dom, aon cheist ná amhras a dhéanfaidh difear don teideal chun na maoine, chun aon chuid den mhaoin, ná aon ní ná rud is cúis, nó ab fhéidir a bheith ina chúis, chun an teideal a tháinseamh, chun difear a dhéanamh dó nó chun é a thabhairt i gceist ar shlí ar bith.

5. Níl, go bhfios dom, leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhéabhrach, (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach nó atá mímhéabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoine sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).

6. Iarraim go gclárófaí mé mar úinéir ag a bhfuil teideal iomlán na maoine a leagtar amach i mír 1.

**An Sceideal***(más gá)*

Síniú an teisteora.	Arna mhionnú an      lá seo de      , 20      , i      , i gContae      , os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí ( <i>nó duine cáilithe eile</i> ), agus tá aithne agam ar an teisteoir
Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.	( <i>nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir.</i> )
Síniú	Síniú

Nóta (1) — I gcás gur seilbh talún neamhchláraithe is bun leis an iarratas, ba chóir Foirm 5 a úsáid seachas an fhoirm seo.

Nóta (2) — I gcás iarratas a dhéanamh maidir le cuid de mhaoín i bhfóilió faoi Riail 46, ba chóir léarscáil iarratais a thaisceadh. Ba chóir tagairt a bheith san iarratas go dtaispeánann an léarscáil teorainneacha na maoine go dílis.

Nóta (3) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaoiseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaoisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son (*féach Alt 19 d'Acht 2009*).

Nóta (4) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (5) — Ba chóir deimhniú ó na Coimisinéirí Ioncaim de bhun Alt 62(2) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 [arna leasú le hAlt 128 den Acht Airgeadais, 2008] nó, más cuí, deimhniú ó aturnae san fhoirm a fhorordaítear le hAlt 62(7) den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 [arna leasú le hAlt 128 den Acht Airgeadais, 2008] a thaisceadh.

Nóta (6) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir sin.



**FOIRM 7**

*Rabhadh i gcoinne céadchlárú (Riail 30(1))*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Don Údarás Clárúcháin Maoine**  
*(seoladh na hoifige iomchuí)*

Tugtar fógra do A.B. as                    i dtaobh aon iarratas a dhéanfar chun go gclárófaí úinéir ar an maoin (*nó*, ar an leas léasach faoi léas dar dáta ó X go Y go ceann                    bliana sa mhaoin), i gContae                    a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo.

Arna dhátú an                    lá seo de                    20                    .

**An Sceideal**

*(Anseo bíodh gearrshonraí na maoine trí thagairt a dhéanamh do léarscáil iarratais)*

Arna shíniú:  
*(Le síniú ag A.B. nó ag a aturnae nó ag a haturnae).*

## FOIRM 8

*Mionnscribhinn leasa mar thaca le rabhadh i gcoinne céadchlárú, nach foláir a fhorhhuiniú ar an rabhadh (Riail 30(2))*

### CLÁRLANN NA TALÚN

#### Contae

Mionnaímse, A.B., as \_\_\_\_\_, agus deirim—

1. Tá leas agam (*nó*, ag C.D., a bhfuilim i m'aturnae aige nó aici) sa mhaoin (*nó*, sa leas léasach,) dá dtagraítear sa rabhadh atá anseo istigh. Seo thíos sonraí mo (*nó*, a) leasa.
2. (*Sonraigh go hachomair, i míreanna gearra, na doiciméid nó na fíorais a thaispeánann go bhfuil eire ag an rabhdóir ar an maoin, nó go bhfuil sé/ sí i dteideal cur in aghaidh a diúscartha gan toiliú uaidh/uaithe.*)

Síniú an teisteora. Arna mhionnú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_, 20 \_\_\_\_\_, i \_\_\_\_\_, i gContae \_\_\_\_\_, os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir. (*nó*, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir).

Síniú

Síniú

**FOIRM 9**

*Fógra foláirimh do rabhdóir i dtaobh iarratas ar chéadchlárú (Riail 31)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**FÓGRA FOLÁIRIMH**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine  
*(seoladh na hoifige iomchuí)*

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit gur iarr E.F., as                      go gclárófaí é nó í mar úinéir ar an maoin (*nó, ar an leas léasach*) dá dtagraítear i do rabhadh, a taisceadh i gClárlann na Talún an                      lá de                      .

Má tá ar intinn agat cur i gcoinne an iarratais sin uaidh/uaithi ní mór duit é sin a dhéanamh i scríbhinn chun an Údaráis Clárúcháin Maoine ag an seoladh thuas sula mbeidh 21 lá caite ó dháta an fógra seo a sheirbheáil ort. Mura gcuirfidh tú ina choinne, rachfar ar aghaidh leis an iarratas.

Má dhéanann tú aon agóid i gcoinne an iarratais, ní mór na forais a lua.

Arna dhátú an                      lá seo de                      20                      .

Arna shíniú:

Chuíg:  
*(Cuir isteach ainm agus seoladh an rabhdóra)*

## FOIRM 10

*(Iarratas chun teideal sealbhach (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) a chomhshó*

*(a) atá cláraithe le 30 bliain (Riail 32) nó*

*(b) atá cláraithe le níos mó ná 12 bhliain nuair is faoi aistriú ar chomaoin luachmhar a cláraíodh 12 bhliain ar a laghad roimh an iarratas atá an t-iarratasóir ag déanamh an éilimh).*  
*(Riail 33)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Mionnaímse, A.B., as \_\_\_\_\_, úinéir cláraithe na maoine dá dtagraítear i mír 1 de seo, agus deirim—

1. Déantar an mhaoin lena mbaineann an t-iarratas seo a thuairisciú i bhfóilió den chlár.

2. (a). *(más faoi Riail 32 atá an t-iarratas)*

Cláraíodh mé mar úinéir na maoine sin (faoi aistriú ó nó, faoi réadtiomnú in uacht nó, de réir mar a oireann) (ní foláir a thaispeáint go bhfuil úinéireacht na maoine faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh cláraithe le 30 bliain)

nó

2. (b). *(más faoi Riail 33 atá an t-iarratas)*

Aistríodh an mhaoin sin chugam (nó, chuig E.F.) le haistriú dar dáta an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ trína díol agus cláraíodh mé (nó, E.F.) mar lán-úinéir faoin aistriú sin an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ (ní foláir fíorais a shonrú a thaispeánfadh gur faoi aistriú cláraithe, ar chomaoin luachmhar, chuige nó chuici féin nó chuige a réamhtheachtaí i dteideal atá cláraithe le breis is 12 bhliain atá an t-éileamh á dhéanamh ag an iarratasóir).

3. Tá teideal iomlán agam chun na maoine agus níl go bhfios dom aon mhorgáiste, muirear, léas, comhaontú, eire, cúnant sriantach ná iontaobhas a dhéanann difear don mhaoin ná d'aon chuid di agus a cruthaíodh roimh (cuir isteach dáta an chéadchláraithe) (ach amháin mar atá ráite i mír 7).

4. Níl go bhfios dom aon cheist a dhéanfaidh difear do mo theideal chun na maoine ná chun cuid ar bith di, ná aon ní a dhéanann nó a dhéanadh difear don teideal sin ná a thugann ná a thabharfadh i gceist é i slí ar bith.

5. Níl go bhfios dom, leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhéabhrach (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (Féach Nóta (1)) nó atá mímhéabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí, nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má*

*tá sin aige/aici)* ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoin sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).

6. Tá an mhaoin go léir á háitiú agam iarbhír agus níl ceart cónaithe inti, ceart blianacht a fháil inti, ná ceart cothabhála ná cónaithe, ná aon phribhléid eile inti nó aisti, ag duine ar bith faoi aon chomhaontú, socraíocht ná gníomhas, ná ceart faoi aon réadtiomnú ná díthiomnacht a rinneadh nó a tharla roimh (*cuir isteach dáta an chéadchláraithe*) (seachas mar atá luaite i mír 3); agus níl go bhfios dom aon ghníomhas, uacht, socraíocht ná doiciméad eile a dhéanfaidh difear don mhaoin ná d'aon chuid di, ná aon ní roimh an lá de (*i.e., dáta an chéadchláraithe*) a dhéanfaidh difear do mo theideal chuici ná a thabharfaidh mo theideal chuici i gceist i slí ar bith. Níor thug mé (ná de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim níor thug mo réamhtheachtaithe i dteideal) aon admháil teidil chun na maoin sin do dhuine ar bith.
7. Níl i mo sheilbh ná faoi m'urláimh aon ghníomhais ná doiciméid eile a bhaineann leis an maoin (seachas na cinn atá liostaithe sa Sceideal agus atá á dtaisceadh leis seo).
8. Iarraim go ndéanfaí an teideal sealbhach i gclár na maoin a chomhshó ina theideal iomlán.

### An Sceideal

(*gníomhais agus doiciméid a dhéanann difear don mhaoin*)

Síniú an teisteora. Arna mhionnú an lá seo de ,  
20 , i , i gContae , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo (nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne agam ar an go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir).

Síniú Síniú

Nóta (1) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaioseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaóisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son (*féach Alt 19 d'Acht 2009*).

Nóta (2)— Más faoi Riail 32 atá an t-iarratas á dhéanamh scrios mír 2(b). Más faoi Riail 33 atá an t-iarratas á dhéanamh scrios mír 2(a).

Nóta (3) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (4)— Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir sin.

## FOIRM 11

*Iarratas chun teideal sealbhach (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) a chomhshó i gcás nár imscrúdaigh abhcóide an teideal chun na tionóntachta a bhí ar marthain roimh an gcéadchlárú (Riail 35)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Mionnaímse A.B., as \_\_\_\_\_, úinéir cláraithe na maoine dá dtagraítear i mír 1 de seo, agus deirimse—

1. Déantar an mhaoin lena mbaineann an t-iarratas seo a thuairisciú i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_
2. Is mise (*nó*, Is é nó í C.D.) an t-úinéir cláraithe (agus tagraím don toiliú ó C.D. sin leis an iarratas seo atá a thaisceadh leis seo (*féach Nóta (4)*))
3. (Sonraigh go hachomair téarmaí na diúscartha is fréamh don teideal, mar aon leis na doiciméid, na fíorais agus na teagmhais dá éis sin a léiríonn an teideal atá á éileamh. Má léiríonn na doiciméid aon mhuirear nó ualach eile, ní foláir a chruthú gur urscaoileadh é, mura n-admhaítear é a bheith ann) e.g. le socraíocht, dar dáta an \_\_\_\_\_, a rinneadh nuair a phós C.D. agus E.F. (*nó*, le tíolacas, dar dáta \_\_\_\_\_ nó lena Uacht/lena hUacht dar dáta \_\_\_\_\_) thíolaic (*nó* réadtiomnaigh) A.B., tionónta na maoine an uair sin, an mhaoin sin chun \_\_\_\_\_.
4. Na gníomhais agus na doiciméid eile atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis seo, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'úrláimh de ghníomhais agus de dhoiciméid a dhéanann difear don mhaoin.
5. Is mise (*nó*, Is é C.D.) atá i seilbh na maoine go léir agus níl aon mhaoin ná aon chuid di á háitiú ag duine ar bith seachas mé féin (ach amháin ag a bhfuil (*limistéar*) ar áitiú faoi).
6. Níl go bhfios dom aon mhorgáiste, muirear, léas, lian, comhaontú, cúnant sriantach, eire ná iontaobhas a dhéanann difear don mhaoin a shonraítear i mír 1 agus is ábhar do m'iarratas, ná d'aon chuid di, nár nochtadh sna himeachtaí sa Chlárlann ar an iarratas, agus níl aon duine i seilbh ná ag áitiú, cuid ar bith den mhaoin i gcodarsna le m'eastátsa (*nó*, lena eastátsan nó lena heastátsan) inti.
7. Níl go bhfios dom aon cheist a dhéanann difear do mo theideal chun na maoine ná chun cuid ar bith di, ná aon ní a dhéanann nó a dhéanfadh difear don teideal sin ná a thugann ná a thabharfadh i gceist é i slí ar bith.
8. Níl go bhfios dom, leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhéabhrach (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (Féach Nóta (1)) nó atá mímhéabhrach agus ainm agus*

*seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí, nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoin sin (ach amháin— tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh).*

9. Na conarthaí, na hachomaireachtaí, na tuairimí dlíthiúla, na foréilimh, na freagraí, na gníomhais, na huachtanna agus na doiciméid eile dá dtagraítear san iarratas sin, nó a taisceadh in éineacht leis, agus a tugadh ar aird sna himeachtaí ina leith, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'urláimh (nó, i seilbh nó faoina urláimh nó a hurláimh) de dhoiciméid a bhaineann leis an maoin sin.
10. Iarraim go ndéanfaí an teideal sealbhach i gclár na maoin a chomhshó ina theideal iomlán (agus go ndéanfaí na heirí seo a leanas a thairfeadh sa chlár sin mar ualaí. Sonraigh na hualaí a cruthaíodh roimh an gcéadchlárú agus a n-admhaíonn an t-iarratasóir go bhfuil siad ar marthain).

### **An Sceideal**

*(gníomhais agus doiciméid a dhéanann difear don mhaoin)*

Síniú an teisteora.	Arna mhionnú an      lá seo de      , 20      , i      , i gContae      , os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (nó duine cáilithe eile), agus tá aithne agam ar an teisteoir
Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.	(nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir).

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaoiseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaoisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son — féach Alt 19 d'Acht 2009.

Nóta (2) — Déantar deimhnisc iomchuí Fhoirm 16 a áireamh i bhFoirm 11.

Nóta (3) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (4)— Féach Riail 40(a).

Nóta (5) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir sin.



## FOIRM 12

*Iarratas chun teideal sealbhach (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) a chomhshó i gcás inar imscrúdaigh abhcóide an teideal chun na tionóntachta a bhí ar marthain roimh an gcéadchlárú (Rialacha 35 agus 36)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Mionnaímse A.B., as \_\_\_\_\_, úinéir cláraithe na maoine dá dtagraítear i mír 1 de seo agus deirimse—

1. Déantar an mhaoin lena mbaineann an t-iarratas seo a thuairisciú i bhfóilió den chlár do Chontae \_\_\_\_\_.
2. Is mise ceannaitheoir na maoine óna húinéir cláraithe agus tá an t-aistriú uaidhsean nó uathisean chugamsa á thaisceadh leis an iarratas seo

*nó*

Is mise úinéir an mhuirir ar an maoin óna húinéir cláraithe, atá á thaisceadh leis an iarratas seo (nó, *de réir mar a oireann*)

3. Tráth a ceannaithe dom (*nó*, tráth na hiasachta, *nó* de réir mar a oireann) d'imscrúdaigh abhcóide cleachtach (*nó aturnae cleachtach*) an teideal chun na tionóntachta a bhí ar marthain sa mhaoin roimh an gcéadchlárú, agus tagraím dá thuairim nó dá tuairim sin air arna dátú agus don achomaireacht teidil, don chonradh, do na cuardaigh, do na foréilimh, do na freagraí, do na gníomhais, agus do na doiciméid eile, agus don fhianaise, a tugadh ar aird tráth an díola (*nó*, tráth na hiasachta) agus a bhfuil áireamh orthu sa Sceideal a ghabhann leis seo. Is iad na doiciméid a shonraítear sa Sceideal sin a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'úrláimh de dhoiciméid a bhaineann leis an maoin agus leis an teideal chuici.
4. Níl go bhfios dom aon ghníomhas, uacht, socraíocht ná doiciméid eile ag baint leis an maoin roimh a céadchlárú seachas a bhfuil luaite, ná aon ní a dhéanfadh difear do mo theideal ná do theideal an úinéara chláraithe ná a thabharfadh i gceist iad ar shlí ar bith.
5. Tá an mhaoin go léir ar áitiú iarbhír agam agus níl seilbh ná áitíocht ag aon duine ar an maoin ná ar cuid dí i gcodarsna le m'eastátsa (*nó*, lena eastátsan/lena heastátsan) inti.
6. Níl go bhfios dom, leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhéabhrach (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (Féach Nóta (2)) nó atá mímhéabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí, nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má*

*tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoiné sin (ach amháin— *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).

7. Iarraim go ndéanfaí an teideal sealbhach i gclár na maoiné a chomhshó ina theideal iomlán, (agus go dtaifeadfaí sa chlár mar (*a*) ualach/ualaí an t-eire/na heirí seo a leanas arb é an tuairim dhlíthiúil go ndéanann sé/siad difear don mhaoin, eadhon ).

### **An Sceideal**

*(gníomhais agus doiciméid a dhéanann difear don mhaoin)*

Síniú an teisteora.	Arna mhionnú an      lá seo de      , 20      , i      , i gContae      , os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí ( <i>nó duine cáilithe eile</i> ), agus tá aithne agam ar an teisteoir
Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.	( <i>nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir</i> ).

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Déantar deimhnisc iomchuí Fhoirm 16 a áireamh i bhFoirm 12.

Nóta (2) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaíseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaíseach chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son — féach Alt 19 d’Acht 2009.

Nóta (3) — Féadfar an tuairim dhlíthiúil a thabhairt i bhFoirm 3 arna hoiriúnú de réir mar is gá.

Nóta (4) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (5) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir sin.

### FOIRM 13

*Iarratas chun teideal sealbhach a chomhshó (maoin arna ceannach faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh) ar dheimhniú ó aturnae, nuair nach mó ná €1,000,000 an cúiteamh nó an t-airgead ceannaigh (Riail 34)*

### CLÁRLANN NA TALÚN

#### Contae

#### Fóilió

1. Is mise, \_\_\_\_\_, an tAturnae do (*cuir isteach tuairisc chruinn iomlán an iarratasóra*).
2. Déantar an mhaoin lena mbaineann an t-iarratas seo a thuairisciú i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_.
3. Tá imscrúdú déanta agam ar an teideal chun na tionóntachta a bhí ar marthain sa mhaoin roimh an gcéadchlárú, agus deimhním nach maireann agus nach dtarlaíonn ann aon eirí, aon chúnaint shriantacha ná aon chearta i gcodarsna leis an iarratasóir sin i leith na tionóntachta sin sa mhaoin, ar aistríodh an feo simplí inti chun an iarratasóra le haistriú (*nó, ionstraim eile*), dar dáta an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_, 20\_\_\_\_\_, agus nár mhó ná €1,000,000 an t-airgead ceannaigh (*nó, an cúiteamh*) a íocadh ina leith.
4. Iarraim go ndéanfaí an teideal sealbhach i gclár na maoin a chomhshó ina theideal iomlán.

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20\_\_\_\_\_.

Arna shíniú:

## FOIRM 14

*Iarratas chun teideal sealbhach a chomhshó (maoin nár ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh agus i gcás gur taisceadh é le haistriú ar chomaoin luachmhar nó diúscairt eile ar chomaoin luachmhar) (Riail 37(1) agus (2)) nó chun teideal srianta a chomhshó (Riail 39)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

Contae

Fóilió

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

1. Tuairiscítear an mhaoin dá dtagraíonn an mhionnscríbhinn seo i bhfóilió den chlár do Chontae .
2. (a). (*más iarratas faoi Riail 37(1) an t-iarratas*).  
Aistríodh an mhaoin sin le haistriú, dar dáta an      lá de chugamsa ar chomaoin luachmhar (*nó, diúscairt eile ar chomaoin luachmhar*).
2. (b). (*más iarratas faoi Riail 37(2) an t-iarratas*)  
Tá an mhaoin cláraithe ó (*ní mór go mbeidh sí cláraithe le 15 bliana*) i leith agus aistríodh an mhaoin sin le haistriú, dar dáta an      lá de      chugam ar chomaoin luachmhar (*nó, diúscairt eile ar chomaoin luachmhar*).
2. (c). (*más iarratas faoi Riail 39 an t-iarratas*)  
(*leag amach fianaise ar theideal an úinéara chláraithe chun an eastáit nó an leasa a eisctear sa chlár ó éifeacht an chláraithe nó cibé fianaise eile ar a mbeidh seasamh an iarratasóra mar chruthúnas gur cealaíodh an t-eastát nó an leas a eisctear amhlaidh nó gur scoir sé ar dhóigh eile de dhifear a dhéanamh don mhaoin, e.g. tá an doiciméad arbh é an fhréamh teidil dátaithe agus cáilíonn sí anois mar fhréamh bhailí teidil faoi Riail 19(1)*).
3. Níl go bhfios dom aon mhorgáiste, muirear, léas, lian, comhaontú, cúnant sriantach, eire ná iontaobhas a dhéanann difear don mhaoin a shonraítear i mír 1, agus is ábhar do m'iarratas (nó d'iarratas      ) ná d'aon chuid di, nár nochtadh sna himeachtaí sa Chlárlann i leith an iarratais, agus níl duine ar bith i seilbh, ná ag áitiú, cuid ar bith den mhaoin i gcodarsna le m'eastátsa (*nó, lena eastátsa nó lena heastátsa*) inti.
4. Níl go bhfios dom aon cheist a dhéanann difear do mo theideal chun na maoine (*nó, do theideal chun na maoine*) ná chun cuid ar bith di, ná aon ní a dhéanann ná a dhéanfadh difear don teideal ná a thugann ná a thabharfadh i gceist é i slí ar bith.
5. Na conarthaí, na hachomaireachtaí, na tuairimí dlíthiúla, na foréilimh, na freagraí, na gníomhais, na huachtanna agus na doiciméid eile dá samhail dá dtagraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo agus a taisceadh in éineacht

leis an iarratas seo, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'urláimh (nó, i seilbh nó faoina urláimh/faoina hurláimh) de dhoiciméid a bhaineann leis an maoin sin (*más iarratas faoi Riail 37(2) an t-iarratas, ní gá na doiciméid seo a thaisceadh*).

6. Níl, go bhfios dom, leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhheabhrach, (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (féach Nóta (3)) nó atá mímhheabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoin sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).
7. Iarraim go ndéanfaí an teideal sealbhach (nó, an teideal srianta) i gclár na maoin a chomhshó ina theideal iomlán (nó, ina theideal léasach bailí), agus go dtaifeadfaí sa chlár mar ualaí na heirí seo a leanas. (*Leag amach na hualaí a cruthaíodh roimh an gcéadchlárú a n-admhaíonn an t-iarratasóir go bhfuil said ar marthain*).

Síniú an teisteora.	Arna mhionnú an _____ lá seo de _____, 20____, i _____, i gContae _____, os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí ( <i>nó duine cáilithe eile</i> ), agus tá aithne agam ar an teisteoir
---------------------	---

Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.	(nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir).
---	---

Síniú	Síniú
-------	-------

### An Sceideal

*(gníomhais agus doiciméid a dhéanann difear don mhaoin)*

Nóta (1) — Tá deimhnisc iomchuí Fhoirm 16 san fhoirm seo.

Nóta (2) — Más faoi Riail 37(1) atá an t-iarratas á dhéanamh, scrios mír 2(b) agus 2(c). Más faoi Riail 37(2) atá an t-iarratas á dhéanamh, scrios mír 2(a) agus 2(c). Más faoi Riail 39 atá an t-iarratas á dhéanamh, scrios mír 2(a) agus 2(b).

Nóta (3) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaoiseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaoisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son — féach Alt 19 d'Acht 2009.

Nóta (4) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (5) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir sin.

## FOIRM 15

*Iarratas chun teideal sealbhach a chomhshó (maoin nár ceannaíodh faoi na hAchtanna Talamh-Cheannaigh agus i gcás nár taisceadh é le haistriú ar chomaoin luachmhar nó diúscairt eile ar chomaoin luachmhar)(Riail 37(3))*

## CLÁRLANN NA TALÚN

Contae

Fóilió

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

1. Tá teidlíocht agam chun mo thairbhe féin chun na maoin a leagtar amach i bhfóilió do Chontae , agus atá faoi réir na morgáistí, na muirear, na léasanna, na dtionóntachtaí, na gcúnant sriantach agus na n-eirí a shonraítear sa Sceideal (nó, nach bhfuil faoi réir aon mhorgáiste, muirir, léasa, tionóntachta, cúnant sriantach ná eire).
2. *(leag amach na doiciméid agus na fíoraí agus aon fhianaise eile ina n-iomláine is bonn d'éileamh an iarratasóra ar chomhshó teidil).*
3. Táim i seilbh (nó, ag fáil chíosanna agus bhrabúis) na maoin gan díospóid agus níl sí, ná aon chuid di, á háitiú ag aon duine i gcodarsna le m'eastátsa inti.
4. Níl go bhfios dom aon mhorgáiste, muirear, léas, lian, comhaontú, cúnant sriantach, eire ná iontaobhas a dhéanann difear don mhaoin a shonraítear i Mír 1, agus is ábhar do m'iarratas ná d'aon chuid di, nár nochtadh sna himeachtaí sa Chlárlann i leith an iarratais, agus níl aon duine i seilbh, ná ag áitiú, cuid ar bith den mhaoin i gcodarsna le m'eastátsa inti.
5. Níl go bhfios dom aon cheist a dhéanann difear do mo theideal chun na maoin ná chun cuid ar bith di, ná aon ní a dhéanann ná a dhéanfadh difear don teideal sin ná a thugann ná a thabharfadh i gceist é i slí ar bith.
6. Na conarthaí, na hachomaireachtaí, na tuairimí dlíthiúla, na foréilimh, na freagraí, na gníomhais, na huachtanna agus na doiciméid eile dá dtagraítear san iarratas sin, nó a taisceadh in éineacht leis, agus a tugadh ar aird sna himeachtaí ina leith, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'urláimh de dhoiciméid a bhaineann leis an maoin sin dar tosach fréamh bhailí teidil.
7. Níl go bhfios dom leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhheabhrach (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (féach Nóta (2)) nó atá mímhheabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí, nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi Alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoin sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).





## FOIRM 16

*Mionnscríbhinn follasaithe (Riail 47)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

**Contae****Fóilió** (*i gcás talamh cláraithe*)

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

1. Is í an mhaoín dá dtagraíonn an mhionnscríbhinn seo (*tabhair go soiléir tuairisc na maoine is ábhar don iarratas; má tá sí cláraithe, is ceart uimh. an fhóilió sa chlár a shonrú*).
2. Níl go bhfios dom aon mhorgáiste, muirear, léas, lian, comhaontú, cúnant sriantach, eire ná iontaobhas a dhéanann difear don mhaoín a shonraítear i Mír 1, agus is ábhar do m'iarratas (nó d'iarratas ) ná d'aon chuid dí, nár nochtadh sna himeachtaí sa Chlárlann i leith an iarratais, agus níl aon duine i seilbh, ná ag áitiú, cuid ar bith den mhaoín i gcodarsna le m'eastátsa (nó, lena eastátsa nó lena heastátsa) inti.
3. Níl go bhfios dom aon cheist a dhéanann difear do mo theideal chun na maoine (nó do theideal chun na maoine) ná chun cuid ar bith di, ná aon ní a dhéanann ná a dhéanfadh difear don teideal sin ná a thugann ná a thabharfadh i gceist é i slí ar bith.
4. Na conarthaí, na hachomaireachtaí, na tuairimí dlíthiúla, na foréilimh, na freagraí, na gníomhais, na huachtanna agus na doiciméid eile dá dtagraítear san iarratas sin, nó a taisceadh in éineacht leis agus a tugadh ar aird sna himeachtaí ina leith, is iad a bhfuil i mo sheilbh nó faoi m'urláimh (nó i seilbh nó faoina urláimh nó faoina hurláimh) de dhoiciméid a bhaineann leis an maoín sin.
5. Níl go bhfios dom leas sna himeachtaí i leith an iarratais sin ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhheabhrach (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach (féach Nóta (1)) nó atá mímhheabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi Alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in aon chúirt i leith na maoine sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an lá seo de ,  
20 , i , i gContae , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo  
go bhfuil aithne agam ar an  
teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir*).

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcruthaíonn leas atá dílsithe i mionaoiseach iontaobhas i dtalamh de bhua Chuid 4 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Ní gá go bhfuil an cumas ag caomhnóirí mionaoisigh chun gníomhú mar iontaobhaithe ar a shon/ar a son (féach Alt 19 d'Acht 2009).

Nóta (2) — Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (3) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir sin.

## FOIRM 17

Iarratas chun úinéireacht nó taifid eile a chlárú (Riail 11). Féadfaidh sealbhóirí cuntais landdirect.ie ([www.landdirect.ie](http://www.landdirect.ie)) é a thaisceadh go leictreonach

## 1. CINEÁLACHA IARRATAIS

Cuir tic ✓, le do thoil, de réir mar is cuí, le gach cineál iarratais, leis na doiciméid a taisceadh mar thaca leis an iarratas agus, le haghaidh aistriú (díol), muirear agus léasanna, sonraigh an chomaoin sa ghníomhas

Cineál na Déileála/an Iarratais	Na Doiciméid a Taisceadh
<input type="checkbox"/> Aistriú <input type="checkbox"/> Iomlán <input type="checkbox"/> Cuid (Láthair Uimh. )  <input type="checkbox"/> Díol <input type="checkbox"/> Deonach <input type="checkbox"/> An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh Comaoin an Díola €	<input type="checkbox"/> Gníomhas Aistrithe <i>Ar eisíodh Deimhniú Stampa ó na</i> Eisíodh <input type="checkbox"/> <i>Coimisinéirí Ioncaim?</i> Níor eisíodh <input type="checkbox"/> <i>Má eisíodh, cuir isteach cód aitheantais an Deimhniúe Stampa thíos</i>  <input type="checkbox"/> Léarscáil Iarratais  <input type="checkbox"/> Dáta an Ghníomhais Aistrithe  <input type="checkbox"/> Gníomhas Urscaoilte/Scaoilte/Díchurtha formhuinthe ar an Muirear  <input type="checkbox"/> Probháid/Deonú Riaracháin <input type="checkbox"/> Aontú <input type="checkbox"/> Dáta an Aontaithe  <input type="checkbox"/> Iarratas  <input type="checkbox"/> Léas <i>Nóta: Teastaíonn Foirm 16 agus</i> <input type="checkbox"/> Cóip Dheimhniúe/ <i>cuardaigh le haghaidh léasanna</i> <input type="checkbox"/> Léas Contrapháirte <i>talún cláraithe arna ndátú roimh an</i> <input type="checkbox"/> Dáta an Léasa <i>26 Bealtaine 2006.</i>
<input type="checkbox"/> Urscaoileadh/Scaoileadh/Díchur	
<input type="checkbox"/> Tarchur	<input type="checkbox"/> Iarratas  <input type="checkbox"/> Léas <input type="checkbox"/> Cóip Dheimhniúe/ Léas Contrapháirte <input type="checkbox"/> Dáta an Léasa  <input type="checkbox"/> Gníomhas an Mhuirir  <input type="checkbox"/> Cóip Dheimhniúe/Muirear Contrapháirte <input type="checkbox"/> Ainm an Iasachtóra
<input type="checkbox"/> Léas Talún Cláraithe	<input type="checkbox"/> Iarratas i bhFoirm 60  <input type="checkbox"/> Mionnscribhinn/Dearbhú  <input type="checkbox"/> Deimhniú Báis  <input type="checkbox"/> Cóip-Fhóilió <input type="checkbox"/> Cóip-Fhóilió agus Cóip-Léarscáil
<input type="checkbox"/> Muirear  <input type="checkbox"/> Airleacan láithreach agus airleacan sa todhchaí <input type="checkbox"/> Príomhshuimeanna  <input type="checkbox"/> Méid sonraithe	<input type="checkbox"/> Na doiciméid eile go léir (liostaigh le do thoil)
<input type="checkbox"/> Morgáiste Breithiúnais	
<input type="checkbox"/> Ainm a tharraingt siar	
<input type="checkbox"/> Iarratas Cóipe	
<input type="checkbox"/> Eile (liostaigh le do thoil)	

**Nóta:** In iarratais ar chéadchlárú, féadfar breithniú a dhéanamh ar aon ghníomhais iomchuí a chlárú i gClárlann na nGníomhas chun tosaíochtaí a chaomhnú.

## 2. SONRAÍ FÓILIÓ

Uimhir an Fhóilió						
Contae						

## 3. TÁILLÍ INÍOCTHA

Cuirim faoi  
iamh  
leis seo táillí €

Úsáid Oifigiúil Amháin - Táille Íoctha

*Comhlánaigh na codanna seo a leanas le bloclitreacha nó cló-aghaidh*

## 4. SONRAÍ AN IARRATASÓRA

*I gcás níos mó ná beirt iarratasóirí a bheith ann, úsáid bileog leanúna agus cuir bileog leanúna faoi ag gabháil leis an bhFoirm seo le do thoil.*

Céadainm	
Sloinne/ Ainm Eagraíochta	
Seoladh laistigh den stát chun fógraí a sheirbheáil	
Scair ( <i>Tionóntaí i gCoiteannas amháin</i> )	
Céadainm	
Sloinne/ Ainm Eagraíochta	
Seoladh laistigh den stát chun fógraí a sheirbheáil	
Scair ( <i>Tionóntaí i gCoiteannas amháin</i> )	

## 5. IARRATAS AR CHÉADCHLÁRÚ

*Iarraimse, (an t-iarratasóir nó) mar aturnaí don iarratasóir/do na hiarratasóirí, go gclárófaí an t-ainm/na hainmneacha thuas  mar chomhthionóntaí /  mar thionóntaí i gcoiteannas ar an maoin is ábhar don iarratas leis seo agus iarraim (mar an úinéir cláraithe nó an duine atá i dteideal a bheith ina úinéir cláraithe nó ina húnéir cláraithe) go gclárófaí na hualaí/na rabhaidh/na toirmisc de réir na*

*ndoiciméad a taisceadh agus aontaím leis an gcéanna a chlárú mar ualaí ar an maoin.*

## 6. TAISCTHE AG

Ainm an Ghnólachta Aturnaetha nó Ainm an Iarratasóra	
Seoladh Poist	
Seoladh ríomhphoist (más ann)	
Tagairt	

## 7. I gCÁS IARRATAIS PHEARSANTA

<input type="checkbox"/>	Fianaise ar chéannacht - <i>Riail 11(4)(a)</i>	(Doiciméad a thugann fianaise)
<input type="checkbox"/>	Fianaise ar sheoladh buan - <i>Riail 11(4)(a)</i>	(Doiciméad a thugann fianaise)

**SÍNIÚ** (Ní mór d'aturnae cleachtach aonair nó, mura bhfuil aon aturnae ag gníomhú, an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ar fad na hiarratais a shíniú.)

*Arna shíniú*

*Ainm an Ghnólachta*

*Dáta*

Is “duine iomchuí” faoi Alt 14 den Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh), 2011 [I.R. 119 de 2012] an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus féadfar sonraí a roinnt de bhun théarmaí an Achta sin.

**FOIRM 18**

*Fógra d'úinéir cláraithe go ndearna iarratasóir pearsanta iarratas (Riail 11(4)(b), (c))*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine  
(*seoladh na hoifige cuí*)

A Dhuine Uasail,

Tugtar fógra duit leis seo go bhfuil E.F., as tar éis iarratas a dhéanamh go ndéanfaí an clárú a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo ar an bhfóilió thuas.

Seirbheáiltear an fógra seo ort mar úinéir ar an bhfóilió.

Aon agóid a bheidh le déanamh agat in aghaidh an chláraithe atá beartaithe, ba cheart í a sheoladh i scríbhinn chuig an Údarás Clárúcháin Maoine ag an seoladh thuas sula mbeidh lá caite ó seirbheáiltear an fógra seo ort. Aon agóid a bheidh le déanamh agat i gcoinne an iarratais, ní mór na forais atá agat leis a lua.

Measfar an fógra seo a bheith faighte agat laistigh de lá ón dáta seo mura gcruthaítear a mhalairt.

**An Sceideal**

Dar dáta an      lá de      , 20      .

Arna shíniú:

Chuig:  
(*Cuir isteach ainm agus seoladh an úinéara chláraithe*)

**FOIRM 19**

*Aistriú maoin ag úinéir cláraithe (Rialacha 52 agus 67)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Aistriú dar dáta an      lá de      , 20

Déanann A.B., an t-úinéir cláraithe, i gcomaoin      (agus admháitear leis seo go bhfuarthas é (*más cuí*)), an mhaoin go léir a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do Chontae      a aistriú leis seo chuig C.D.

*(i gcás teideal a bheith ag níos mó ná aistrí amháin, abair cibé acu a thóghfar iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistrí)*

Is é an seoladh atá ag C.D., sa Stát chun fógraí a sheirbheáil agus is é a thuairisc/a tuairisc:

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.

i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.

i láthair:-

Nóta (1) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a ghreamú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (2) — I gcás gur aistriú de bhun díola é agus go bhfuil lian á éileamh ag an aistreoir i leith airgead ceannaigh nár íocadh, ní foláir dó/dí, d’fhonn an lian a chosaint, iarratas a dhéanamh a lian a chlárú mar ualach (*féach Rial 117*).

Nóta (3) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an fhorghníomhaithe (*féach Rialacha 54 agus 55*).

Nóta (4) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocraitheoir” nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an aistreora (*féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*).

Nóta (5) — I gcás aistriú léasa léasaigh, is féidir, más mian sin, na gnáthchúnaint ón sannaí go n-íocfaidh sé/sí an cíos agus go gcomhlíonfaidh sé/sí cúnaint an léasa a chur isteach.

Nóta (6) — Má tá níos mó ná aistreoir/aistrí amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.



## FOIRM 20

Mionnscribhinn ó fhinné fianaithe (Riail 54)

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Mionnaímse, A.B., as , agus deirim—

1. Is finné mé a d'fhianaigh forghníomhú an ghníomhais seo istigh ag an bpáirtí (nó ag na páirtithe) ann.
2. Bhí mé i láthair agus chonaic mé an gníomhas sin á shíniú, á shéalú agus á sheachadadh ag sin, a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi.

Síniú an teisteora. Arna mhionnú an lá seo de ,  
20 , i , i gContae , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo (nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne agam ar an go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir).  
teisteoir.

Síniú

Síniú

Nóta: — Más marcálaí páirtí a fhorghníomhaithe, ní mór a rá sa mhionnscribhinn seo, nó sa chlásal fianaithe leis an ngníomhas, gur léadh an gníomhas dó/di agus gur thuig sé/sí é.

## FOIRM 21

*Aistriú cuid de mhaoin ó úinéir cláraithe (Rialacha 52 agus 67)*

### CLÁRLANN NA TALÚN

#### Contae

#### Fóilió

Aistriú dar dáta an      lá de      , 20

Déanann A.B., an t-úinéir cláraithe, i gcomaoin      (agus admhaítear leis seo go bhfuarthas é (*más cúí*)), an chuid den mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do Chontae      a shonraítear sa sceideal a ghabhann leis seo a aistriú leis seo chuig C.D.

*(i gcás teideal a bheith ag níos mó ná aistriú amháin, abair cibé acu a thógfáir iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistriú)*

(mar aon leis na hualaí seo a leanas agus aontaíonn A.B. lena gclárú ar fhóilió

agus faoi réir na n-ualaí seo a leanas agus aontaíonn C.D. lena gclárú ar an maoin (*cuir isteach más cúí*))

Is é an seoladh atá ag C.D., sa Stát chun fógraí a sheirbheáil agus is é a thuairisc/a tuairisc:  
*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

#### An Sceideal

*(Anseo bíodh sonraí na coda a aistríodh agus tagairt don léarscáil di sin (féach Rial 56))*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.

i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.

i láthair:-

Nóta (1) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a gheallú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (2) — I gcás gur aistriú de bhun díola é agus go bhfuil lian á éileamh ag an aistreoir i leith airgead ceannaigh nár íocadh, ní foláir dó/di, d’fhonn an lian a chosaint, iarratas a dhéanamh a lian a chlárú mar ualach (*féach Rial 117*).

Nóta (3) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an fhorghníomhaithe (*féach Rialacha 54 agus 55*).

Nóta (4) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocraitheoir” nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an aistreora (*féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*).

Nóta (5) — I gcás aistriú léasa léasaigh, is féidir, más mian sin, na gnáthchúnaint ón sannaí go n-íocfaidh sé/sí an cíos agus go gcomhlíonfaidh sé/sí cúnaint an léasa a chur isteach.

Nóta (6) — Má tá níos mó ná aistreoir/aistrí amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 22**

*Aistriú cuid de mhaoín (eastát a thógáil) ag úinéir cláraithe (Rialacha 52 agus 67)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Aistriú dar dáta an      lá de      , 20

Déanann A.B., an t-úinéir cláraithe, i gcomaoín      (agus admhaítear leis seo go bhfuarthas é (*más cuí*)), an chuid den mhaoín a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do Chontae      agus a shonraítear i Sceideal 1 a ghabhann leis seo a aistriú leis seo chuig C.D.

*(i gcás teideal a bheith ag níos mó ná aistriú amháin, abair cibé acu a thógfad iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistriú)*

mar aon leis na héasúintí, na cearta, na pribhléidí, na cúnaint agus na coinníollacha (*etc. mar is cuí*) a leagtar amach i Sceideal 2 a ghabhann leis seo agus faoi réir na n-éasúintí, na gcearta, na bpribhléidí, na gcúnant agus na gcoinníollacha (*etc. mar is cuí*) a leagtar amach i Sceideal 3 a ghabhann leis seo.

Aontaíonn C.D. sin leis seo le clárú na n-éasúintí, na gcearta, na bpribhléidí, na gcúnant agus na gcoinníollacha (*etc. mar is cuí*) a leagtar amach i Sceideal 3 a ghabhann leis seo mar ualach ar an maoín a leagtar amach i Sceideal 1 a ghabhann leis seo.

Aontaíonn A.B. sin leis seo le clárú na n-éasúintí, na gcearta, na bpribhléidí, na gcúnant agus na gcoinníollacha (*etc. mar is cuí*) a leagtar amach i Sceideal 2 a ghabhann leis seo mar ualach ar an maoín a chuimsítear i bhfóilió.

Leagtar amach mínithe i Sceideal 4 a ghabhann leis seo.

Leagtar amach réamhaithrisí i Sceideal 5 a ghabhann leis seo.

Is é an seoladh atá ag C.D. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil agus is é a thuairisc/a tuairisc:

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

**Sceideal 1**

*(Anseo bíodh sonraí na coda a aistríodh agus tagairt don léarscáil di sin — féach Rial 56)*

**Sceideal 2**

*(leag amach na héasúintí, na cearta, na pribhléidí, na cúnaint agus na coinníollacha mar is cuí a dhéanann difear don mhaoín a aistríodh)*

### **Sceideal 3**

*(leag amach na héasúintí, na cearta, na pribhléidí, na cúnaint agus na coinníollacha mar is cuí a dhéanann difear don mhaoin a coinníodh)*

### **Sceideal 4**

*(leag amach mínithe mar is cuí)*

### **Sceideal 5**

*(leag amach réamhaithrisí mar is cuí)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.  
i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.  
i láthair:-

Nóta (1) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a ghreamú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (2) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an fhorghníomhaithe (*féach Rialacha 54 agus 55*).

Nóta (3) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocraitheoir” nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an aistreora (*féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*).

Nóta (4) — Is féidir Sceidil bhreise a chur isteach de réir mar is gá.

Nóta (5) — I gcás aistriú léasa léasaigh, is féidir, más mian sin, na gnáthchúnaint ón sannaí go n-íocfaidh sé/sí an cíos agus go gcomhlíonfaidh sé/sí cúnaint an léasa a chur isteach.

Nóta (6) — Má tá níos mó ná aistreoir/aistrí amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

## FOIRM 23

*Aistriú saorálach maoiné ruilse ag úinéir cláraithe, maille le cumhacht cúlghairme (Rialacha 52 agus 67)*

### CLÁRLANN NA TALÚN

#### Contae

#### Fóilió

Aistriú dar dáta an      lá de      , 20      .  
Déanann A.B., an t-úinéir cláraithe, i gcomaoin an cheana atá ag A.B ar C.D.  
an mhaoin go léir a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do  
Chontae      a aistriú leis seo chuig C.D.

*(i gcás teideal a bheith ag níos mó ná aistriú amháin, abair cibé acu a thógfad iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistriú)*

faoi réir na cumhachta ag A.B. uair ar bith ina dhiaidh seo an t-aistriú seo a chúlghairm, le gníomhas (nó, le huacht a dhéanfaidh tagairt shainráiteach don chumhacht seo).

Aontaíonn C.D., leis seo, le clárú an toirmisc seo a leanas:

*Ní cead aon chlárú a dhéanamh faoi dhiúscairt gan fógra roimh ré a thabhairt do A.B.*

Is é an seoladh atá ag C.D., sa Stát chun fógraí a sheirbheáil agus is é a thuairisc/a tuairisc:

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.

i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.

i láthair:-

Nóta (1) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a ghreamú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (2) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an fhorghníomhaithe (*féach Rialacha 54 agus 55*).

Nóta (3) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocraitheoir” nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an aistreora (*féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*).

Nóta (4) — Má tá níos mó ná aistreoir/aistrí amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 24**

*Aistriú maoinne ag úinéir cláraithe muirir i bhfeidhmiú cumhachta díola  
(Rialacha 52 agus 67)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Aistriú dar dáta an      lá de      20      .  
Déanann A.B., úinéir cláraithe an mhuirir a cláraíodh an      lá  
de      (nó, ag Taifead Uimh.      ) i bhfeidhmiú a chumhachta díola/a  
cumhachta díola, i gcomaoin      (agus admhaítear leis seo go bhfuarthas  
é), an mhaoin go léir a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do  
Chontae      a aistriú leis seo chuig C.D.

*(i gcás teideal a bheith ag níos mó ná aistrí amháin, abair cibé acu a thógfad  
iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i  
gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistrí)*

agus í urscaoilte ón muirear sin agus ó gach ualach eile san fhóilió sin den chlár  
a bhfuil tosaíocht ag an muirear sin air.

Is é an seoladh atá ag C.D. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é  
a thuairisc/a tuairisc:

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna shíniú (nó, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh  
ag A.B.  
i láthair:-

Arna shíniú (nó, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh  
ag C.D.  
i láthair:-



Nóta (1) — Ar an aistrí a chlárú fágfar ar an gclár gach ualach cláraithe a bhfuil tosaíocht aige ar mhuirear an úinéara atá ag feidhmiú a chumhachta díola/a cumhachta díola. Cealófar gach ualach cláraithe a thagann in ord tosaíochta i ndiaidh mhuirear an úinéara chláraithe. Ba chóir féachaint chuige más rud é go gclárófar ualach léasa áitithe tar éis an mhuirir.

Nóta (2) — Is féidir an Fhoirm seo a oiriúnú do chás duine a bhfuil aon chumhacht reachtúil díola eile aige/aici, nó cumhacht díola atá cláraithe mar ualach.

Nóta (3) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a ghreamú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (4) — Féach Alt 100 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 i ndáil le feidhmiú cumhachta díola faoi mhorgáiste a cruthaíodh an 1 Nollaig, 2009 nó dá éis.

Nóta (5) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an fhorghníomhaithe (*féach Rialacha 54 agus 55*).

Nóta (6) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocraitheoir” nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an aistreora (*féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*).

Nóta (7) — I gcás aistriú léasa léasaigh, is féidir, más mian sin, na gnáthchúnaint ón sannaí go n-íocfaidh sé/sí an cíos agus go gcomhlíonfaidh sé/sí cúnaint an léasa a chur isteach.

Nóta (8) — Má tá níos mó ná aistreoir/aistrí amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 25**

*Fógra d'úinéir cláraithe faoi aistriú a chlárú faoi chumhacht díola  
(Riail 79)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine,  
*(seoladh na hoifige iomchuí)*

A Dhuine Uasail,

Tugtar fógra duit leis seo go ndearna úinéir cláraithe an mhuirir atá cláraithe mar ualach ag taifead uimhir Cuid 3 d'fhóilió Contae i bhfeidhmiú a Chumhachta Díola/a Cumhachta Díola, le gníomhas aistrithe dar dáta an mhaoin (*nó* an chuid den mhaoin a shonraítear sa sceideal a ghabhann leis seo) atá ar áireamh i bhfóilió Contae a aistriú chuig .

Faoi Alt 62(9) den Acht um Chlárú Teidil, 1964 tá an t-aistriú cláraithe mar úinéir ar an maoin (*nó* ar an gcuid den mhaoin atá cláraithe anois ar fhóilió ).

Déantar an fógra seo a sheirbheáil ort mar úinéir cláraithe na maoine atá ar áireamh san fhóilió thuasluaite.

Is ceart gach fiosrú i ndáil leis an gcealú sin a sheoladh chuig (*an páirtí a d'fheidhmigh an chumhacht*).

**An Sceideal**

*(cuir isteach más rud é nach bhfuil ach cuid den fhóilió le haistriú)*

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

Chuig:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh úinéir cláraithe an fhóilió)*

**FOIRM 26**

*Fógra i dtaobh iarualach ar chumhacht díola a chealú faoi Alt 62(10) den Acht (Riail 79)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió****FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine,  
(seoladh na hoifige iomchuí)

A Dhuine Uasail,

Tugtar fógra duit leis seo go ndearna úinéir cláraithe an mhuirir atá cláraithe mar ualach ag taifead uimhir Cuid 3 d'fhóilió Contae i bhfeidhmiú cumhachta díola, le gníomhas aistrithe dar dáta an mhaoin (nó an chuid den mhaoin a shonraítear sa sceideal a ghabhann leis seo) atá ar áireamh i bhfóilió Contae a aistriú chuig .

Faoi Alt 62(10) den Acht um Chlárú Teidil, 1964, déanfar gach eastát, leas, ualach agus taifead tar éis an mhuirir a urscaoileadh agus faoi Riail 79(2) de na Rialacha um Chlárú Talún, 2012 cealófar na hualaí agus na fógraí sin sa Chlár.

Ar an ábhar sin, cealaíodh (*an t-ualach, an taifead etc. de réir mar is cuí*) atá cláraithe ag taifead uimhir Cuid d'fhóilió Contae (nó, osclaíodh fóilió uimhir Contae saor (*ón ualach, ón taifead etc. de réir mar is cuí*) atá cláraithe ag taifead uimhir Cuid d'fhóilió Contae ).

Déantar an fógra seo a sheirbheáil ort mar (*úinéir an ualaigh nó fógra-pháirtí an ualaigh etc. de réir mar is cuí*).

Is ceart gach fiosrú i ndáil leis an gcealú sin a sheoladh chuig (*an páirtí a d'fheidhmigh an chumhacht*).

**An Sceideal**

(*cuir isteach más rud é nach bhfuil ach cuid den fhóilió le haistriú*)

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

Chuig:

(*Cuir isteach ainm agus seoladh úinéir cláraithe an mhuirir*)

**FOIRM 27**

*Fógra don úinéir cláraithe i dtaobh aistriú a shroicheann thar eastát nó leas an úinéara chláraithe faoi Alt 60 den Acht (Riail 76)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine,  
(seoladh na hoifige iomchuí)

A Dhuine Uasail,

Tugtar fógra duit leis seo go ndearna faoi aistriú dar dáta arna dhéanamh le reacht (*leag amach na forálacha reachtúla iomchuí*) (nó i bhfeidhmiú cumhachta reachtúla (*leag amach sonraí na cumhachta reachtúla iomchuí*) nó arna dhéanamh i bhfeidhmiú cumhachta atá cláraithe mar ualach ag taifead uimhir Cuid 3 d'fhóilió Contae ) an mhaoin (nó an chuid den mhaoin a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo) atá ar áireamh i bhfóilió Contae a aistriú chuig .

Faoi Riail 76(2) de na Rialacha um Chlárú Talún, 2012 déantar an fógra seo a sheirbheáil ort mar úinéir cláraithe na maoine atá ar áireamh san fhóilió thuasluaite.

Rachfar ar aghaidh leis an gclárú mura suífidh tú cúis mhaith lena mhalairt laistigh de 21 lá tar éis duit an fógra seo a fháil. Aon agóid a bheidh le déanamh agat in aghaidh an chláraithe atá beartaithe, ba cheart í a sheoladh i scríbhinn chuig an Údarás Clárúcháin Maoine ag an seoladh thuas. Measfar an fógra seo bheith faighte agat laistigh de lá ón dáta seo.

**An Sceideal**

*(cuir isteach más rud é nach bhfuil ach cuid den fhóilió le haistriú)*

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

Chuig:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh úinéir cláraithe an fhóilió)*

**FOIRM 28**

*Fógra i dtaobh ualach a chealú i gcás aistriú a shroicheadh thar eastát nó leas an úinéara chláraithe (Riail 78)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió****FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine,  
(seoladh na hoifige iomchuí)

A Dhuine Uasail,

Tugtar fógra duit leis seo go ndearna faoi aistriú dar dáta arna dhéanamh le reacht (*leag amach na forálacha reachtúla iomchuí*) (nó i bhfeidhmiú cumhachta reachtúla (*leag amach sonraí na cumhachta reachtúla iomchuí*)) nó arna dhéanamh i bhfeidhmiú cumhachta atá cláraithe mar ualach ag taifead uimhir Cuid 3 d'fhóilió Contae ) an mhaoín (*nó an chuid den mhaoín a shonraítear sa sceideal a ghabhann leis seo*) atá ar áireamh i bhfóilió Contae a aistriú chuig .

Faoi Riail 77(1)(a) de na Rialacha um Chlárú Talún, 2012 cealófar sa Chlár na hualaí agus na fógraí a mbeadh an mhaoín urscaoilte uathu leis an reacht nó i bhfeidhmiú na cumhachta reachtúla, dá mbeadh an mhaoín gan bheith cláraithe, (*nó Faoi Riail 77(1)(b) de na Rialacha um Chlárú Talún, 2012 na hualaí agus na fógraí a thagann in ord tosaíochta i ndiaidh na cumhachta*).

Déantar an fógra seo a sheirbheáil ort mar (*úinéir an ualaigh nó fógra-pháirtí an fhógra de réir mar is cuí*).

Ar an ábhar sin, rachfar ar aghaidh leis an gclárú agus cealófar (*an t-ualach, an fógra de réir mar is cuí*) atá cláraithe ag taifead uimhir Cuid d'fhóilió Contae (*nó, osclófar fóilió nua saor (ón ualach, ón bhfógra de réir mar is cuí)*) atá cláraithe ag taifead uimhir Cuid d'fhóilió Contae ) mura suífidh tú cúis mhaith lena mhalairt laistigh de 21 lá tar éis duit an fógra seo a fháil. Aon agóid a bheidh le déanamh agat in aghaidh an chláraithe atá beartaithe, ba cheart í a sheoladh i scríbhinn chuig an Údarás Clárúcháin Maoine ag an seoladh thuas.

Measfar an fógra seo bheith faighte agat laistigh de lá ón dáta seo.

**An Sceideal**

*(cuir isteach más rud é nach bhfuil ach cuid den fhóilió le haistriú)*

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

Chuib:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh úinéir cláraithe an ualaigh nó an fhógra-pháirtí)*

**FOIRM 29**

*Aistriú maoin chun iontaobhaithe (Rialacha 52, 67 agus 69)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Aistriú dar dáta an                      lá de                      20                      .

Déanann A.B., an t-úinéir cláraithe, i gcomaoin                      (agus admhaítear leis seo go bhfuarthas é (*más cúí*)), an mhaoin go léir a thuairiscítear i bhfóilió                      den chlár do Chontae                      a aistriú leis seo chuig C.D. agus E.F.

Toilíonn C.D., agus E.F., leis seo go dtaifeadfaí an toirmeasc seo a leanas sa chlár ar iad a chlárú agus iarrann siad é a thaifeadadh amhlaidh.  
*(féach Rialacha 69 agus 128 agus foirmeacha samplacha toirmisc i bhFoirm 77)*

Is é an seoladh atá ag C.D., agus E.F., sa Stát chun fógraí a sheirbheáil orthu agus is é a thuairisc/a tuairisc:  
*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.  
i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.  
i láthair:-

Nóta (1) — Ba chóir na hiontaobhais faoina bhfuil an mhaoin ar teachtadh a dhearbhu le gníomhas ar leith, a choimeádfaidh na hiontaobhaithe.

Nóta (2) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a ghreamú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (3) — Más aistriú de bhun díola é, agus go bhfuil lian á éileamh ag an aistreoir i leith airgid ceannaigh nár íocadh, ní foláir dó/di, d'fhonn an lian a chosaint, iarratas a dhéanamh an lian a chlárú mar ualach (*féach Riail 117*).

Nóta (4) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an fhorghníomhaithe — féach Rialacha 54 agus 55.

Nóta (5) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocráitheoir” nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an aistreora (*féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*).

Nóta (6) — I gcás aistriú léasa léasaigh, is féidir, más mian sin, na gnáthchúnaint ón sannaí go n-íocfaidh sé/sí an cíos agus go gcomhlíonfaidh sé/sí cúnaint an léasa a chur isteach.

Nóta (7) — Má tá níos mó ná aistreoir amháin ann, nó níos mó ná beirt iontaobhaithe ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.



## FOIRM 30

*Aistriú maoiné ruilse ag úinéir cláraithe ag bunú cearta ina fhabhar féin/ina fabhar féin agus i bhfabhar daoine eile (Rialacha 52 agus 67)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Aistriú dar dáta an                      lá de                      20                      .  
 Déanann A.B., an t-úinéir cláraithe, i gcomaoin                      , an mhaoin go léir a  
 thuairiscítear i bhfóilió                      den chlár do Chontae                      a aistriú leis seo  
 chuig C.D.,

*(i gcás teideal a bheith ag níos mó ná aistriú amháin, abair cibé acu a thógfar iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistriú)*

faoi réir na gceart seo a leanas sa mhaoin sin agus thairisti-

1. Ceart A.B. (agus E.F., a chéile/a céile,) ar feadh a shaoil/a saoil (a saoil faoi seach) chun *(tabhair sonraí na coda den mhaoin a bhfuil teideal eisiatach chuici le bheith ag na páirtithe ar feadh a saoil, e.g., páirc. Ach maidir le ceart eisiatach cónaithe i seomra nó i seomraí, féach Nóta (1) fág ar lár na sonraí má thugtar an ceart ginearálta cónaithe i gclásal 2.)* a úsáid agus a áitiú go heisiatach agus aontaíonn C.D. leis seo go dtaifeadfaí an toirmeasc seo a leanas: Ní cead aon chlárú faoi aon diúscairt ar luach-chomaoin ó úinéir cláraithe na maoiné *((mura bhfuil i gceist ach cuid den mhaoin, leag amach an chuid iomchuí)* a dhéanamh le linn shaol (saoil) A.B. (agus E.F.) gan a thoiliú/a toiliú (a dtoiliú) (nó gan toiliú an mharthanóra díobh).
2. Ceart A.B. (agus E.F., a chéile/a céile) ar feadh a shaoil/a saoil (a saoil faoi seach) chun cónaí sa teach cónaithe ar an maoin agus chun a gothaithe ar an talamh agus a gothabháilte as mar a leanas *(tabhair sonraí na cothabhála (má socraíodh sin) agus sonraí aon íocaíochtaí in ionad na cothabhála, i gcás easaontais). (Féach Nóta (1) fág ar lár na sonraí má chuirtear clásal 1 isteach).*
3. Cumhacht do A.B., nó dá ionadaí pearsanta/dá hionadaí pearsanta an mhaoin a chur faoi mhúirear i leith cibé suim nó suimeanna, nach mó ná €                      san iomlán, a bheidh le híoc aige/aici agus a íocfaidh sé/sí laistigh de shé bliana óna dháta seo chun aon fhiacha a ghlanadh a bheidh ar A.B., ar an dáta sin *(féach Nóta (3)).*
4. Múirear i leith €                      is iníoctha le. *(tabhair sonraí an mhuirir agus a théarmaí, mar a comhaontaíodh ar mhaithe le haon duine den teaghlach).*

Aontaíonn C.D. leis seo go gclárófaí na cearta a shonraítear thuas mar ualaí ar an maoin *(féach Riail 96).*

Is é an seoladh atá ag C.D. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil/uirthi agus is é a thuairisc/a tuairisc:-

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.

i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.

i láthair:-

Nóta (1) — Clárófar mar ualach ceart ginearálta nó ceart eisiatach cónaithe ar mhaoín (*féach Alt 81 den Acht*). I gcásanna thairis sin, is iontaobhas an ceart eisiatach chun maoin shonraithe a úsáid agus a shealbhú, agus ní féidir é a chlárú mar ualach (*féach Alt 92 den Acht*). Is le toirmeasc a chosnaítear é (*féach Rialail 64*).

Nóta (2) —Ní cuí muirear ginearálta a bhunú i leith fiacha a íoc. Más mian sin, féadfar cúnant pearsanta a chur isteach a dhéanfaidh an t-aistrí leis an aistreoir i dtaobh íoc na bhfiach.

Note (3) — Más aistriú de bhun díola é, agus go bhfuil lian á éileamh ag an aistreoir i leith airgead ceannaigh nár íocadh, ní foláir dó/di, d’fhonn an lian a chosaint, iarratas a dhéanamh an lian a chlárú mar ualach (*féach Rialail 117*). Más rud é gur íocadh an t-airgead ceannaigh, is féidir an gnáthchlásal admhála a chur isteach san aistriú.

Nóta (4) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a ghreamú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (5) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an fhorghníomhaithe (*féach Rialacha 54 agus 55*).

Nóta (6) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocraitheoir” nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an aistreora (*féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009*).

Nóta (7) — Má tá níos mó ná aistreoir/aistrí amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 31***Léas ar thalamh cláraithe (Rialacha 52 agus 68)***CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Léas dar dáta an      lá de      20      .

Déanann A.B., an t-úinéir cláraithe, i gcomaoin      (agus admhaítear leis seo go bhfuarthas é, *(más cuí)* an mhaoin go léir a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do Chontae      (*nó*, an chuid sin den mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do Chontae      a shonraítear i Sceideal 1 a ghabhann leis seo) a fhorléasadh leis seo chuig C.D.

*(i gcás níos mó ná léasaí amháin a bheith ann, abair cibé acu a thógfar iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach léasaí)*

le bheith ina sheilbh aige/aici go ceann téarma      bliana ó ar chíos      is iníoctha ar (faoi réir na dtéarmaí, na gclásal, na gcomhghabhálas, na gceart coimhdeachta, na n-eisceachtaí, na bhforchoimeádas, na gcúnant, na gcoinníollacha, agus na muirear, atá leagtha amach i Sceidil 2, 3, 4 etc. a ghabhann leis seo.)

Aontaíonn A.B. sin leis seo, go gclárófaí an léas mar ualach ar an maoin sin.

Is é an seoladh atá ag C.D. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é a thuairisc/a tuairisc:

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

**Sceideal (1)**

*(más gá)*

*(tabhair sonraí na coda atá á léasú, mar aon le tagairt don léarscáil di (Riail 56))*

Arna shíniú (nó Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.  
i láthair:-

Arna shíniú (nó Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.  
i láthair:-

Nóta (1) — Is cead na téarmaí, na clásail, na comhghabhálais, na cearta coimhdeachta, na heisceachtaí, na forchoimeádais, na cúnaint, na coinníollacha, agus na muirir atá caighdeánach a chur isteach i sceidil ar leithligh.

Nóta (2) — Ba chóir an deimhniú stampa iomchuí a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim a ghreamú den ghníomhas nó má tá díolúine ó dhleacht stampa á héileamh, ba chóir fianaise ar an díolúine sin a thaisceadh de bhun Alt 104 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 64 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

Nóta (3) — Má tá níos mó ná léasóir/léasaí amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 32**

*Iarratas ó Údarás Áitiúil go gclárófaí é mar úinéir ar mhaoin a dílsíodh dó faoi reacht (Riail 82)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Déanaimse A.B., Aturnae d'Údarás Áitiúil (*nó, tabhair tuairisc chruinn ar an údarás*), leis seo an tÚdarás Áitiúil (*nó, de réir mar a oireann*) sin a chlárú mar úinéir ar an maoin go léir a thuiriscítear i bhfóilió den chlár do Chontae agus a dílsíodh dó faoi (*cuir isteach an fhoráil reachtúil iomchuí i.e. an tAlt agus an tAcht*) agus deimhním leis seo go bhfuair an tÚdarás Áitiúil (*nó, de réir mar a oireann*) seilbh ar an maoin sin faoi fhraithne ón gCúirt Chuarda (*nó, faoi ordú ón gCúirt Dúiche*) dar dáta an lá de 20 , in imeachtaí sa Chúirt dar teideal (*cuir isteach teideal na n-imeachtaí*).

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

**FOIRM 33**

*Iarratas ar chlárú i gcás gur éag an t-úinéir cláraithe roimh an 1 Meitheamh 1959 (Riail 85)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

D'éag A.B., úinéir cláraithe aonair (nó marthanóir d'úinéirí cláraithe leithleacha) na maoin atá ar áireamh i bhfóilió den chlár do Chontae , an lá de 19 agus deonaíodh probháid a uachta/a huachta dar dáta an lá de 19 (nó, litreacha riaracháin maille lena uacht/lena huacht dar dáta ) do C.D., an lá de .

Tá teideal ag E.F. chun a chláráithe/a cláraithe mar úinéir ar an maoin de bhun na gníomhas/na ndoiciméad atá leagtha amach i gCuid 1 den Sceideal a ghabhann leis seo.

Iarraimse, E.F., go gclárófaí mé mar úinéir ar an maoin (faoi réir an ualaigh (na n-ualaí) dá dtagraítear i gCuid 2 den Sceideal a ghabhann leis seo agus a bhfuil aontaithe agam lena gclárú, agus aontaím leis an toirmeasc atá leagtha amach ann a thaifeadadh).

*nó*

Iarraimse, C.D., go gclárófaí E.F. mar úinéir ar an maoin (faoi réir an ualaigh (na n-ualaí) dá dtagraítear i gCuid 2 den Sceideal agus go dtaifeadtaí an toirmeasc atá leagtha amach ann (*is ceart aontú E.F. leis an gclárú a thaisceadh*)). (*i gcás teideal a bheith ag níos mó ná duine amháin, abair cibé acu a thógfar iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistrí*)

Is é an seoladh atá ag E.F. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é a thuirisc/a tuairisc:-  
(*tabhair an seoladh agus an tuairisc*)

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

(*Le síniú ag an iarratasóir, agus ní mór a shíniú/a síniú a fhianú. Murab aturnae an té a d'fhianaigh, b'fhéidir gur ghá mionnscríbhinn ón bhfinné.*)

**An Sceideal****Cuid 1**

(*Liosta gníomhas agus doiciméad ar a mbunaítear an t-iarratas e.g. Aistriú/Aontú ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta*)

**Cuid 2**

*(Leag amach ualaí (agus toirmeasc) atá le clárú)*

Nóta (1) — Is gá Probháid nó Litreacha Riaracháin nó cóip oifigiúil díobh a thaisceadh.

Nóta (2) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 34**

*Mionnscríbhinn ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta úinéara chláraithe maidir le hualaí nó cearta eile a bunaíodh le huacht an tiomnóra, nó, maidir leis na daoine atá de réir dlí i dteideal na maoin de bhun na díthiomnachta, i gcás báis roimh an 1 Meitheamh 1959 (Riail 85)*

*nó,*

*Mionnscríbhinn ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta i gcás gur éag duine ag a raibh teideal ach gan é/í a bheith cláraithe mar úinéir i gcás báis roimh an 1 Meitheamh, 1959 nó dá éis (Riail 90)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

D'éag C.D. úinéir cláraithe na maoin a thuairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae , ina thiomnóir/ina tiomnóir (nó, ina dhíthiomnóir/ina díthiomnóir) an lá de , agus deonaíodh probháid a uachta/a huachta (nó, litreacha riaracháin maille lena uacht/lena huacht nó, litreacha riaracháin a eastáit/a heastáit) dom an lá de .

Tá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis seo ainmneacha na ndaoine go léir atá faoin uacht, i dteideal aon eastáit sa mhaoin a thuairiscítear san fhóilió sin nó aon ualaih uirthi nó aon chirt eile inti nó chuici nó thairsti, ach amháin na daoine sin a bhfuil a n-éilimh iníoctha go príomha as eastát pearsanta ginearálta an tiomnóra de shaoradh ar an maoin sin, mar aon le gearrshonraí ar leasanna na ndaoine sin agus an seoladh atá acu sa Stát chun fógraí a sheirbheáil orthu. Ní mionaíseach ná duine mímhheabhrach duine ar bith acu mura bhfuil sin ráite sa Sceideal sin (*Úinéir tiomnach*).

*nó,*

Tá leagtha amach agam sa Sceideal a ghabhann leis seo ainmneacha na ndaoine go léir a tháinig, faoi réir dhliteanais an díthiomnóra, chun bheith de réir dlí i dteideal a mhaoine/a maoin ar a bhás/ar a bás, gaol gach duine acu leis an díthiomnóir, agus a seoladh sa Stát chun fógraí a sheirbheáil orthu. Ní mionaíseach ná duine mímhheabhrach duine ar bith acu mura bhfuil sin ráite sa Sceideal sin (*Úinéir díthiomnach*).

Níl aon éileamh á dhéanamh agam, mar ionadaí pearsanta, i gcoinne na maoin sin ar aon airgead faoi chomhair caiteachais adhlactha agus thiomnacha (nó, riaracháin) nó fiacha an úinéara sin (nó, na leagáidí a muirearaíodh lena uacht/lena huacht ar a eastát/ar a heastát, idir réadach agus phearsanta, agus atá iníoctha go príomha as a eastát pearsanta/as a heastát pearsanta).



### An Sceideal

Ainm an éilitheora faoin uacht nó faoin díthiomnacht ( <i>más mionaoiseach nó duine mímhheabhrach é/i, abair sin agus tabhair ainm a chaomhnóra/ a caomhnóra nó a chúramái/ a cúramái</i> )	Eastát, ualach nó ceart an éilitheora faoin uacht, sa chás gur éag an t-úinéir ina thiomnóir/ina tiomnóir; an gaol atá ag an éilitheoir leis an úinéir, sa chás gur éag an t-úinéir ina dhíthiomnóir/ ina díthiomnóir	Seoladh an éilitheora sa Stát ( <i>nó, más mionaoiseach nó duine mímhheabhrach é/i, seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramái /a cúramái</i> )

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo  
go bhfuil aithne agam ar an  
teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir*).

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Ba chóir féachaint chuige go leagfar amach sa Sceideal ainmneacha na ndaoine a thiocthadh i dteideal faoi fhorálacha an Achta Dlisteanais, 1931, agus na nAchtanna Uchtála, 1952 agus 1964 agus an Achta um Stádas Leanaí, 1987.

Nóta (2) — Má tá níos mó ná ionadaí pearsanta amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 35**

*Aontú ó ionadaí (ionadaithe) pearsanta le clárú duine ag a bhfuil teideal mar úinéir, i gcás úinéir cláraithe d'fháil bháis ina thiomnóir/ina tiomnóir an 1 Meitheamh, 1959, nó dá éis sin (Riail 86)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

D'éag C.D., úinéir cláraithe na maoinne a thuairiscítear i bhfóilió den Chlár do Chontae , an lá de , agus deonaíodh probháid a uachta/a huachta, dar dáta an lá de , (nó, litreacha riaracháin maille lena uacht/lena huacht) dom an lá de .

Aontaím le E.F. a chlárú mar úinéir

*(i gcás teideal a bheith ag níos mó ná duine amháin, abair cibé acu a thógfad iad mar chomhthionóntaí nó mar thionóntaí i gcoiteannas agus más tionóntaí i gcoiteannas, abair na scaireanna atá á dtógáil ag gach aistrí)*

*(faoi réir na muirear agus na n-ualaí agus na gceart atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis seo) (féach Nótaí (1) agus (2)).*

**An Sceideal***(más gá)*

<p>Sonraí na n-ualaí agus/nó na gceart. <i>(I gcás gach ualaigh nó cirt díobh, luaitear conas a bunaíodh, e.g., le huacht nó le gníomhas. Bíodh sé soiléir cad é an t-ord tosaíochta ina mbeidh ualaí le taifeadadh sa chlár.)</i></p>	<p>Ainm an éilitheora <i>(Más mionaoiseach nó duine mímhheabhrach é/ í, abair sin agus luaigh ainm a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí nó a iontaobhaí (iontaobhaithe)/a hiontaobhaí (hiontaobhaithe) faoi Alt 57 den Acht Comharbais, 1965 nó Alt 19 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009)</i></p>	<p>Seoladh an éilitheora sa Stát <i>(nó, más mionaoiseach nó duine mímhheabhrach é/ í, seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí nó a iontaobhaí (iontaobhaithe)/a hiontaobhaí (hiontaobhaithe))</i></p>

Síniú an teisteora. Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
2. Deirim gur éag an chéad úinéir cláraithe ainmnithe an agus tagraím do chóip dá Dheimhniú Báis/dá Deimhniú Báis (*féach Nóta (3)*) ar a bhfuil an litir “A” marcáilte agus ar ar shínigh mé m’ainm sula ndearnadh é seo a mhionnú. Deirim go bhfuil sin dá dtagraítear ar an Deimhniú Báis sin ar dhuine de chomhúinéirí cláraithe an fhóilió thuas.
3. Déanaim iarratas agus iarraim go leasófaí an taifead sa Chlár chun a thaispeáint gur mise úinéir cláraithe aonair na maoin anois a chuimsítear san fhóilió thuas.

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an lá seo de ,  
20 , i , i gContae , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir.*)

Síniú

Síniú

Nóta (1) — I gcás go mbeidh beirt nó níos mó comhthionóntaí marthanacha ann ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

Nóta (2) — I gcás nach mbeidh comhthionóntaí marthanacha ann, ba cheart d’Ionadaí Pearsanta an chomhthionónta is déanaí a mhair an mhionnscribhinn a dhéanamh. Is gá an Deonú Probháide/na Litreacha Riaracháin a fháil ón tionónta sin.

Nóta (3) — Féadfar an bás a chruthú freisin tríd an bprobháid nó na litreacha riaracháin nó cibé cruthúnas eile is leor leis an Údarás a thabhairt ar aird (Riail 94(2)).

Nóta (4) — Más é/í aturnae an iarratasóra a dhéanfaidh an t-iarratas ba cheart dó/di a lua gurb é/í aturnae an úinéara chlárarithe mharthanaigh agus an fhoirm a shíniú, is síniú nach gceanglaítear a bheith ar mhionnscribhinn i gcás den sórt sin.

## FOIRM 48

*Aontú le clárú ualaigh (Riail 97)*

### CLÁRLANN NA TALÚN

#### Contae

#### Fóilió

Aontaíonn A.B., as \_\_\_\_\_ leis seo go gclárófaí an t-ualach a shonraítear sa Sceideal (nó, i gCuid I den Sceideal) a ghabhann leis seo mar ualach ar an maoin a thuairiscítear i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_ nó, ar an gcuid den mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_ agus a shonraítear i gCuid II den Sceideal sin).

#### An Sceideal

*(Ná roinntear an Sceideal ina chodanna ach amháin i gcás an t-ualach a bheith le clárú i leith cuid den mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió.)*

#### Cuid I

Tugtar sonraí an ualaigh atá le clárú mar a luaitear iad san ionstraim á bhunú.

#### Cuid II

Tugtar sonraí na coda den mhaoin san fhóilió ina bhfuil an t-ualach le clárú.

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_ .

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an duine dá n-údaráitear le hAlt 69 den Acht, nó le Riail 96(1) comhthoilíú le clárú an ualaigh, nó ag a aturnae/a haturnae. Más é/í an t-aturnae a shíneoidh é, ní mór dó/dí a rá go follas gurb eisean/ise aturnae an duine dá n-údaráitear comhthoilíú. I gcás a shínithe/a sínithe ag an duine dá n-údaráitear comhthoilíú, ní mór a shíniú/a síniú a fhianú.)*

## FOIRM 49

Muirear i leith príomhshuime (Rialacha 52 agus 105)

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Muirear dar dáta an      lá de      20.

I gcomaoin euro (€      ) a d'íoc C.D. leis/léi, cuireann A.B., an t-úinéir cláraithe, (nó an duine atá i dteideal a chláráithe/a cláraithe mar úinéir) leis seo de mhuirear ar an maoin uile a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do Chontae      príomhshuim euro (€      ) a íoc le C.D. an      lá de      20      , mar aon le hús ar an bpríomhshuim sin de réir faoin gcéad sa bhliain, is iníoctha go leathbhliantúil an      lá de      agus gach bliain, agus cúnantaíonn A.B. leis seo an phríomhshuim a íoc agus aontaíonn sé/sí le clárú an mhuirir mar ualach ar an maoin sin.

Is é an seoladh atá ag C.D. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é a thuairisc/a tuairisc:-

(tabhair an seoladh agus an tuairisc)

Arna shíniú (nó, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.

i láthair:-

Arna shíniú (nó, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.

i láthair:-

Nóta (1) — Féadfar aon chúnant nó coinníoll acu seo a leanas nó aon choinníoll nó cúnant dá shamhail nó eile a chur leis an bhFoirm, más gá:-

(i) Déanfar an t-ús a urraítear leis an muirear a laghdú go      faoin gcéad gach leathbhliain ina n-íocfar é laistigh de      lá tar éis é a bheith dlite.

(ii) Ní ghlaofar ar an bpríomhshuim go dtí an      lá de      20      , mura rud é nach n-íocfar an t-ús laistigh de      lá tar éis é a bheith dlite.

(iii) I gcás go n-íocfar an t-ús laistigh de      lá tar éis é a bheith dlite, beidh an phríomhshuim iníoctha i dtráthchodanna de €      an ceann, is iníoctha an      lá de      gach bliain.

(iv) Féadfar an t-iomlán nó aon chuid (nach lú ná €      aon tráth áirithe) den phríomhshuim a íoc aon lá a thiofadh an t-ús chun bheith dlite, ar fhógra      mí a thabhairt i scríbhinn go bhfuiltear ar an intinn sin, agus ar cibé ús a bheidh dlite a íoc an tráth a íocfar an phríomhshuim sin.

Nóta (2) — Maidir le forghníomhú muirir agus le fianú an fhorghníomhaithe féach Rialacha 54 agus 55.

Nóta (3) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a mhuirearaíonn an muirearóir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” a chur isteach sa ghníomhas muirir trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an mhuirearóra. Féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009.



**FOIRM 50***Muirear i leith airleacain todhchaí (Rialacha 52 agus 105)***CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Muirear dar dáta an      lá de      20      .

Cuireann A.B., an t-úinéir cláraithe, (*nó* an duine atá i dteideal a chláraithe/a cláraithe mar úinéir) leis seo de mhuirear ar an maoin atá leagtha amach sa sceideal a ghabhann leis seo na suimeanna go léir a bheidh ag dul do C.D. agus a bheidh dlite dó/di ó am go ham agus ar cúnantaíodh iad a íoc i leith airleacain todhchaí (*nó*, airleacain láithreacha agus todhchaí) chuig A.B. sin agus a urraítear leis an muirear seo a íoc leis/léi, faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, cúnaint agus oibleagáidí atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a taisceadh i gClárlann na Talún faoi thagairt      .

Aontaíonn A.B. sin leis seo go gclárófaí an muirear seo mar ualach ar an maoin.

Is é an seoladh atá ag C.D. sin sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é a thuairisc/a tuairisc:

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

**An Sceideal**

*(Tuairisc na maoine a cuireadh faoi mhuirear)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.

i láthair:

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag C.D.

i láthair:

Nóta (1) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a mhuirearaíonn an muirearóir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” a chur isteach sa ghníomhas muirir trí na focail sin a chur isteach ann i ndiaidh ainm an mhuirearóra. Féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009.

Nóta (2) — Maidir le forghníomhú muirir agus le fianú an fhorghníomhaithe — féach Rialacha 54 agus 55.

## FOIRM 51

Muirear i leith airleacain láithreacha agus airleacain todhchaí (Rialacha 52 agus 105)

## CLÁRLANN NA TALÚN

## MORGÁISTE

Dáta:	
Páirtí Urraithe:	
Morgáisteoir:	
Maoin Mhorgáistithe: An mhaoin a chuimsítear i <b>bhFóilió</b> É SIN UILE an mhaoin ar a dtabharfar.	<b>Contae</b> <i>(úsáid bileog leanúna más gá)</i>
Coinníollacha Ginearálta Morgáiste: Corpraítear sa Mhorgáiste seo na Coinníollacha Morgáiste Iasachta amhail is dá mbeidís leagtha amach go hiomlán sa Mhorgáiste seo agus admhaíonn an Morgáisteoir gur tugadh cóip de na Coinníollacha Ginearálta Morgáiste don Mhorgáisteoir agus go bhfuil siad léite aige/aici agus go n-aontaíonn sé/sí a bheith faoi cheangal acu. Tá leis an téarma “Dliteanais Urraithe” an bhrí a thugtar dó sna ‘Coinníollacha Ginearálta’.	
Morgáiste: Mar urrús i leith íoc agus urscaoileadh na nDliteanas Urraithe, cuireann an Morgáisteoir mar úinéir tairbhiúil (agus freisin i gcás talamh cláraithe mar úinéir cláraithe nó mar an duine atá i dteideal a chláraithe/a cláraithe mar úinéir cláraithe) leis seo de mhuirear ar an Maoin Mhorgáistithe, i bhfabhar an Pháirtí Urraithe, na Dliteanais Urraithe a íoc, agus aontaíonn sé/sí le clárú an mhuirir seo mar ualach ar an Maoin Mhorgáistithe.	
Sínithe:	
Arna Shíniú agus Arna Sheachadadh mar ghníomhas: .....	Arna Shíniú agus Arna Sheachadadh mar ghníomhas: .....
Síniú an fhinné: .....	Síniú an fhinné: .....
Ainm an fhinné: .....	Ainm an fhinné: .....
Seoladh an fhinné: .....	Seoladh an fhinné: .....
Slí bheatha an fhinné: .....	Slí bheatha an fhinné: ..... (úsáid bileog leanúna i gcomhair sínitheoirí breise)
Nóta — Maidir le forghníomhú muirir agus le fianú an fhorghníomhaithe — féach Rialacha 54 agus 55.	

## FOIRM 52

*Muirear sonrach i leith airleacain láithreacha agus todhchaí a thagann as morgáiste tráchtála nó bintiúr a bhunú (Rialacha 52 agus 105)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## MUIREAR SONRACH

Dáta:	
Páirtí Urraithe:	
Morgáisteoir:	
Maoin Mhorgáistithe: An mhaoin a chuimsítear i <b>bhFóilió</b> É SIN UILE an mhaoin ar a dtabharfar.	<b>Contae</b> <i>(úsáid bileog leanúna más gá)</i>
Coinníollacha Morgáiste: Corpraítear sa Mhorgáiste seo na Coinníollacha Morgáiste i Morgáiste/i mBintiúr atá faoi chomhdháta, idir na páirtithe anseo, amhail is dá mbeidís leagtha amach sa Mhorgáiste seo go hiomlán. Tá leis an téarma “Dlíteanais Urraithe” an bhrí a thugtar dó sna Coinníollacha Morgáiste.	
<p><b>MUIREAR SONRACH:</b> Mar urrús i leith íoc agus urscaoileadh na nDlíteanais Urraithe, cuireann an Morgáisteoir mar úinéir tairbhiúil (agus freisin i gcás talamh cláraithe mar úinéir cláraithe nó mar an duine atá i dteideal a chláráithe/a cláraithe mar úinéir cláraithe) leis seo de mhuirear ar an Maoin Mhorgáistithe, i bhfabhar an Pháirtí Urraithe, na Dlíteanais Urraithe a íoc, agus aontaíonn sé/sí le clárú an mhuirir seo mar ualach ar an Maoin Mhorgáistithe.</p> <p>Maidir leis an muirear a bhunaítear leis seo admhaíonn an Morgáisteoir gurb aon idirbheart amháin é leis an urrús a bunaíodh sa Mhorgáiste/sa Bintiúr réamhráite atá faoi chomhdháta i leith na nDlíteanais Urraithe a íoc.</p>	
Sínithe:	
Arna Shíniú agus Arna Sheachadadh mar ghníomhas: .....	I láthair nuair a greamaíodh gnáthshéala an mhorgáisteora de seo: .....
Síniú an fhinné: .....	Síniú an fhinné: .....
Ainm an fhinné: .....	Ainm an fhinné: .....
Seoladh an fhinné: .....	Seoladh an fhinné: .....
Slí bheatha an fhinné: .....	Slí bheatha an fhinné: ..... (úsáid bileog leanúna i gcomhair sínitheoirí breise)
Nóta — Maidir le forghníomhú muirir agus le fianú an fhorghníomhaithe — féach Rialacha 54 agus 55.	

## FOIRM 53

*Muirear ag ionadaí pearsanta i leith airgead a dhlíonn sé/sí a íoc mar ionadaí pearsanta (Rialacha 52, 96 agus 105)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Muirear dar dáta an      lá de      20      .

Cuireann A.B., ionadaí pearsanta C.D., an lán-úinéir cláraithe, leis seo de mhuirear ar an maoin go léir a thuairiscítear i bhfóilió      den chlár do Chontae      , an t-airgead go léir (*nó*, an t-airgead go léir nach mó ná €      ) a dhlíonn ionadaí pearsanta C.D. a íoc.

Aontaíonn E.F. leis seo arb é nó í an t-iarratasóir ar chlárú mar úinéir faoin (aontú *nó* aistriú) dar dáta an      ó A.B. an t-ionadaí pearsanta sin le clárú an mhuirir mar ualach ar an maoin.

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.  
i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag E.F.  
i láthair:-

Nóta (1) — Maidir le forghníomhú muirir agus le fianú an fhorghníomhaithe — féach Rialacha 54 agus 55.

Nóta (2) — Má tá níos mó ná ionadaí pearsanta amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 54**

*Iarratas chun muirear foluaineach criostalaithe a chlárú (Riail 107)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Is mise, \_\_\_\_\_, an t-aturnae do A.B. \_\_\_\_\_ (cuir isteach ainm agus seoladh iomlán an iarratasóra) arb é/í an t-iarratasóir ar chlárú an mhuirir chriostalaithe mar ualach ar an maoin a chuimsítear i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_.

Cuirim faoi iamh na doiciméid seo a leanas agus dúblach (*nó cóip fhianaithe*) díobh

(a) Bintiúr dar dáta an \_\_\_\_\_ a rinneadh idir C.D. de pháirt agus E.F. den pháirt eile.

(b) Gníomhas i dtaobh Glacadóir a Cheapadh dar dáta an \_\_\_\_\_ a rinneadh idir E.F. de pháirt agus A.B. den pháirt eile faoinar ceapadh A.B. sin mar ghlacadóir.

Is é/í C.D. úinéir cláraithe an fhóilió sin arb éard é an mhaoin dá ndéanann an muirear criostalaithe difear.

Déanaim iarratas leis seo go gclárófaí an muirear criostalaithe mar ualach ar an bhfóilió sin.

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_.

Arna shíniú:

**FOIRM 55**

*Muirear criostalaithe a thairfeadh sa chlár (Riall 107(2))*

“Muirer criostalaithe a thagann as a cheapadh mar  
ghlacadóir trí Ghníomhas Ceapacháin dar dáta an lá  
de 20 a rinneadh idir de pháirt agus den pháirt  
eile faoi Bhintiúr dar dáta an lá de 20 a rinneadh  
idir de pháirt agus den pháirt eile.”

**FOIRM 56***Muirear a aistriú (Rialacha 52 agus 105)***CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Aistriú dar dáta an                    lá de                    20                    .  
 I gcomaoin                    euro (€                    ) a íocadh leis/léi, agus a admhaítear leis  
 seo go bhfuarthas í, aistríonn A.B., an t-úinéir cláraithe (*nó*, ionadaí pearsanta  
 an úinéara chláraithe) leis seo, chuig C.D., an muirear i leith                    a  
 cláraíodh an                    lá de                    20                    (*nó*, ag Taifead Uimh.                    )  
 mar ualach ar an maoin a thuairiscítear i bhfóilió                    den chlár do  
 Chontae                    .

Is é an seoladh atá ag C.D. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é  
 a thuairisc/a tuairisc:-

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh  
 ag A.B.

i láthair:-

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh  
 ag C.D.

i láthair:-

Nóta (1) — Maidir le forghníomhú an aistrithe agus le fianú an  
 fhorghníomhaithe féach Rialacha 54 agus 55.

Nóta (2) — Más mian sin, is féidir na cúnaint i leith teidil atá intuigthe nuair a  
 aistríonn an t-aistreoir an talamh “mar úinéir tairbhiúil” nó “mar shocraitheoir”  
 nó “mar mhorgáistí” a chur isteach san aistriú trí na focail sin a chur isteach ann  
 i ndiaidh ainm an aistreora — féach Alt 80 den Acht um Athchóiriú an Dlí  
 Talún agus Tíolactha, 2009.

**FOIRM 57A**

*Foréileamh ó úinéir cláraithe muirir go gcealófaí muirear (Rialacha 52 agus 101)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Urscaoileadh dar dáta an      lá de      20      .

Tá A.B., úinéir cláraithe muirir      a cláraíodh an      lá de      (*nó*, ag Taifead Uimh.      ) mar ualach ar an maoin a thuairiscítear i bhfóilió(nna)      den chlár do Chontae      , á iarraidh leis seo nóta i dtaobh cealú an mhuirir sin, mar ualach ar an maoin sin (*nó*, ar an gcuid den mhaoin sin a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo), a thaifeadadh san fhóilió (sna fóiliónna) sin den chlár.

**An Sceideal**

*(más gá)*

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.  
i láthair:-

Nóta — Féadfar an fhoirm seo, arna modhnú mar is cuí, a úsáid chun ualaí eile a chealú.



**FOIRM 57B**

*Foréileamh go gcealófaí muirear mura dtoilíonn a úinéir cláraithe (Rialacha 52 agus 101)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Mionnaímse, A.B., as , atá d'aois nó os a chionn, agus deirim:-

Is mise úinéir cláraithe na maoinne a thuairiscítear i bhfóilió do Chontae .

Ar an lá de 20 , cláraíodh muirear i leith i bhfabhar C.D. as ag Taifead Uimh. .

Ní dhearna mé riamh aon íocaíocht i leith príomhshuime ná úis de bhun an mhuirir sin (*nó*, ní dhearna mé aon íocaíocht i leith príomhshuime ná úis de bhun an mhuirir sin ón , *nó, de réir mar a oireann*). Ní dhearnadh aon éileamh riamh i mo choinne (*nó, de réir mar a oireann*) ná níor thug mé aon admháil riamh, i leith an mhuirir sin (*nó, de réir mar a oireann*).

Is é an seoladh atá ag C.D., úinéir cláraithe an mhuirir *nó*

D'éag C.D. sin, úinéir cláraithe an mhuirir, an lá de agus tagraím do chóip dá Dheimhniú/dá Deimhniú Báis, ar a bhfuil an litir "A" marcáilte agus ar ar shínigh mé m'ainm sula ndearnadh é seo a mhionnú. Deirim gurb é/í sin dá dtagraítear ar an Deimhniú Báis sin an duine céanna le húinéir cláraithe an mhuirir.

Is iad E.F. agus G.H. as a ionadaithe pearsanta/a hionadaithe pearsanta

*nó,*

D'éag C.D. sin, úinéir cláraithe an mhuirir, ina dhíthiomnóir/ina díthiomnóir, agus níor baineadh aon ionadaíocht amach i leith a eastáit/a heastáit agus is iad seo a leanas ainmneacha agus seoltaí a neasghaolta go léir:-

Iarraim go gcealófaí an muirear.

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an lá seo de , 20 , i , i gContae , os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.

(*nó*, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir).

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Má ba é/í an t-úinéir cláraithe réamhtheachtaí i dteideal an iarratasóra an dáta a cláraíodh an muirear, féadfar an fhoirm seo a oiriúnú le deimhnisc bhreise nach ndearna an réamhtheachtaí sin aon íocaíocht etc., agus i dtaobh fhoinsí eolais an iarratasóra.

Nóta (2) — Féadfar an fhoirm seo a oiriúnú freisin i gcás ina n-éilítear gur íocadh an muirear ach nach bhfuil aon admháil ar fáil.

Nóta (3) — Féadfar an fhoirm seo a oiriúnú freisin i gcás ina n-éilítear go ndearnadh muirear i modh blianachta a íoc go hiomlán nó ina mbaintear feidhm i leith riaráistí as Reacht na dTréimhsí, 1957.

Nóta (4) — Féadfar an fhoirm seo, arna modhnú mar is cuí, a úsáid chun ualaí eile a chealú.

Nóta (5) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 58**

*Iarratas i bhfoirm leictreonach go ndéanfaí taifead ar mhuirear a chealú (Riail 102)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

Iarraim leis seo go gcealófaí an taifead/na taifid atá leagtha amach sa Sceideal anseo thíos.

Deimhnímse leis seo go bhfuilim údaraithe go cuí chun an t-iarratas sin a dhéanamh.

**An Sceideal**

*Ní mór uimhir (uimhreacha) an fhóilió agus uimhir (uimhreacha) an taifid a bheith ar áireamh sa tuairisc ar an muirear (na muirir) a bheidh le hurscaoileadh.*

Iarratasóir:

*(Ainm an oifigigh atá údaraithe go cuí)*

Dáta:

**FOIRM 59A**

*Iarratas ó aturnae chun ordú coigeartaithe maoinne a chealú (Riail 103)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Deimhnímse, A.B., aturnae  
leis seo, go ndearnadh an t-ordú coigeartaithe maoinne atá cláraithe mar ualach  
ag taifead uimh. ar an bhfóilió thuasluaite a chomhlíonadh go hiomlán,  
a mhéid a dhéanann sé difear don mhaoin atá ar áireamh san fhóilió sin, agus  
iarraim, leis seo, go gcealófaí an taifead sin.

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

**FOIRM 59B**

*Iarratas chun ordú coigeartaithe maoinne a chealú ó thairbhí an ordaithe (Riail 103)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Mionnaímse, C.D., leis seo agus deirim mar a leanas:-

1. Tá cláraithe mar ualach ag Taifead Uimh. ar an bhfóilió thuasluaite ordú coigeartaithe maoinne de bhun Alt 9 nó 18 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 (nó Alt 14 nó 22 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996) (nó Alt 118 nó 131 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010).
2. Is mise tairbhí an ordaithe coigeartaithe maoinne sin.
3. Comhlíonadh an t-ordú coigeartaithe maoinne sin go hiomlán, a mhéid a dhéanann sé difear do na tailte atá ar áireamh san fhóilió sin.
4. Iarraim go gcealófaí an taifead sin.

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo  
go bhfuil aithne agam ar an  
teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir.*)

Síniú

Síniú

**FOIRM 59C**

*Iarratas ó na páirtithe sna himeachtaí chun ordú coigeartaithe maoinne a chealú  
(Riail 103)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

De bhrí go bhfuil cláraithe mar ualach ag Taifead Uimh. ar an bhfóilió thuasluaite ordú coigeartaithe maoinne faoi Alt 9 nó 18 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, (nó Alt 14 nó 22 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996) (nó Alt 118 nó 131 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010) agus de bhrí gur comhlíonadh an t-ordú sin go hiomlán, a mhéid a dhéanann sé difear don mhaoín atá ar áireamh san fhóilió sin.

Anois toilimid, G.H. agus I.J., na páirtithe sna himeachtaí, leis seo, le cealú an taifid sin agus iarraidimid go gcealófaí amhlaidh é.

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú ag G.H. sin  
I láthair

Arna shíniú ag I.J. sin  
I láthair

## FOIRM 60

*Iarratas ar bhreithiúnas a chlárú mar mhorgáiste breithiúnais (Riail 110)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

An Ard-Chúirt  
(nó an Chuaire Chuirte Cuarda)  
(nó an Chúirt Dúiche)

Taifead Uimh.:

**Contae**

**Fóilió**

Mionnaímse, (*cuir isteach ainm an teisteora*) as....., an creidiúnaí de réir bhrí Alt 115 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 agus deirim mar a leanas:-

1. Fuair (*cuir isteach ainm an chreidiúnaí breithiúnais*) an                      lá de                      breithiúnas sa chúirt                      i gcoinne (*cuir isteach ainm an fhéichiúnaí breithiúnais*) as                      .
  2. Is é Ainm agus Teideal na Caingne, an Ábhair nó na Cúise ina bhfuarthas an breithiúnas sin Taifead Uimh.
- Idir:  
Gearánaí  
agus  
Cosantóir
3. De réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, tá ag (*cuir isteach ainm an fhéichiúnaí breithiúnais*) sin, tráth an mhionnscribhinn seo a mhionnú, eastát nó leas sna tailte atá i bhfóilió                      den chlár do Chontae                      .
  4. Iarraim go glárófaí an breithiúnas sin mar mhorgáiste breithiúnais ar an bhfóilió sin.

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an                      lá seo de                      ,  
20                      , i                      , i gContae                      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir*).

Síniú

Síniú

Deimhním go bhfuarthas breithiúnas sa chaingean thuasluaite a bhfuiltear ina teideal san Ard-Chúirt (nó sa Chuaire Chuirte Cuarda) (nó sa Chúirt Dúiche).

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

\*Arna shíniú:

\*ag an oifigeach cú den chúirt ina bhfuarthas an breithiúnas

Nóta — D'fhéadfadh nach ionann “an creidiúnaí de réir bhrí Alt 115 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009” (a fholáonn gníomhaire don chreidiúnaí breithiúnais nó duine amháin nó cuid de chreidiúnaithe ar leithligh) agus “an creidiúnaí breithiúnais”, ar duine de na páirtithe sa chaingean/san ábhar/sa chúis é/í agus arb é/í an gearánaí é/í go hiondúil (ach ní go heisiach) (is é/í an “féichiúnaí breithiúnais” an cosantóir go hiondúil ach ní go heisiach).



**FOIRM 61**

*Taifead a chur sa chlár ar bhreithiúnas mar mhorgáiste breithiúnais (Rial  
110(2))*

Morgáiste breithiúnais i leith breithiúnas a fuair (*creidiúnaí breithiúnais*) i  
gcoinne (*féichiúnaí breithiúnais*) an                      lá de                      , san Ard-Chúirt (nó  
sa Chúirt Chuarda, Cuaird                      ) (nó i gCúirt Dúiche                      ), Taifead  
Uimhir                      , i gcúis (nó i gcaingean nó in ábhar) (*gearánaí*) -v- (*cosantóir*)  
ar leas (*féichiúnaí breithiúnais*) sa mhaoin.

**FOIRM 62**

*Fógra faoi bhreithiúnas a chlárú sa Chlárlann mar mhorgáiste breithiúnais  
(Riail 112)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió****FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine,  
(seoladh na hoifige cúí)

A Dhuine Uasail,

Tugtar fógra duit leis seo go ndearnadh morgáiste breithiúnais i leith breithiúnas a fuarthas an                    lá de                    i gcoinne (*féichiúnaí breithiúnais*) san Ard-Chúirt (*nó sa Chúirt Chuarda, Cuaird*) (*nó i gCúirt Dúiche*), Taifead Uimhir                    i gcúis (*nó i gcaingean nó in ábhar*) (*gearánaí*) v (*cosantóir*) a chlárú mar ualach ar leas (*féichiúnaí breithiúnais*) sa mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió                    den chlár do Chontae                   , arb é/í                    a úinéir cláraithe.

Seirbheáiltear an fógra seo ort mar fhéichiúnaí breithiúnais agus/nó mar úinéir cláraithe fhóilió.

Arna dhátú an                    lá seo de                    20                    .

Arna shíniú:

Chuig:

(*cuir isteach ainm agus seoladh an úinéara chláraithe nó an fhógra-pháirtí*)

Nóta (1) — Mar fhaisnéis, tabhair do d'aire, le do thoil, na nithe seo a leanas i ndáil le morgáistí breithiúnais. I gcás go bhfuil airgead dlite do chreidiúnaí ó fhéichiúnaí, is cead dó/di iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar bhreithiúnas. Ní foláir breithiúnas arna thabhairt ag cúirt a chlárú i gClárlann na Talún chun difear a dhéanamh do thalamh cláraithe agus tiocfaidh sé chun bheith ina mhorgáiste breithiúnais ansin.

Nóta (2) — Is feidhm riaracháin amháin í feidhm an Údaráis Clárúcháin Maoine maidir leis an ábhar seo. Má tá aon fhiosruithe agat, ba cheart iad a sheoladh chuig an ngearánaí.

**FOIRM 63**

*Foréileamh ó chreidiúnaí breithiúnais go gcealófaí sa chlár taifead i leith fógra gur taisceadh mionnscríbhinn breithiúnais mar mhorgáiste nó taifead i leith morgáiste breithiúnais (Riail 114)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Déanann A.B., an creidiúnaí breithiúnais a shonraítear i mionnscríbhinn i leith breithiúnais (*nó*, in iarratas go gclárófaí morgáiste breithiúnais) a cláraíodh an           lá de           ag taifead uimhir           mar ualach ar leas (*féichiúnaí breithiúnais*) sa mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió           den chlár do Chontae           , foréileamh leis seo go gcealófaí san fhóilió sin an taifead maidir le fógra gur taisceadh an mhionnscríbhinn sin (*nó*, an taifead i leith morgáiste breithiúnais).

Arna dhátú an           lá seo de           20           .

Arna shíniú ag  
A.B.

sin I láthair:

Nóta — Féadfaidh ionadaí pearsanta an chreidiúnaí breithiúnais an t-iarratas seo ar chealú a dhéanamh freisin.

## FOIRM 64

*Foréileamh chun lis pendens a chlárú mar ualach (Riail 119)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

Contae

Fóilió

Don **Údarás Clárúcháin Maoine**  
(*seoladh na hoifige cuí*)

A Dhuine Uasail,

Sa mheabhrán atá scríofa anseo thíos tugtar sonraí i dtaobh atá cláraithe i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte agus a dteastaíonn uaim é a chlárú mar ualach ar an leas atá ag an duine thíosluaite sa mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae .

(*Mura mbeidh ach cuid d'fhóilió i gceist, ba cheart an chuid iomchuí a thuairisciú trí thagairt do léarscáil (Riail 56).*)

Arna shíniú:

(*ag an iarratasóir nó ag a aturnae/a haturnae nach foláir dó/di an páirtí a bhfuil sé/sí ag feidhmiú ar a shon/ar a son a ainmniú.*)

## Meabhrán

Ainm an duine a bhfuil difear le déanamh dá leas	An áit chónaithe is gnáth, nó is déanaí is eol, a bheith ag an duine sin ( <i>nó oifig chlárúithe i gcás cuideachta</i> )	Tuairisc an duine sin

Teideal agus Uimhir Thaifid na caingne nó na n-imeachtaí:

An Ard-Chúirt (*nó an Chúirt Chuarda*)

Idir

Gearánaí

agus

Cosantóir

Taifead Uimh.

Sonraí an éilimh atá á dhéanamh nó an fhaoisimh atá á lorg sa chúis nó san ábhar i leith na maoine cláraithe:

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Nóta — Ní foláir an meabhrán maidir le clárú an *lis pendens* i bPríomh-Oifig na hArd-Chúirte [Alt 121, an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009] a chur ag gabháil leis an iarratas seo.

**FOIRM 65**

*Lis pendens a thairfeadadh sa chlár (Riail 119)*

Tá imeachtaí a bhaineann le leas C.D. sa mhaoin ar feitheamh san Ard-Chúirt (nó, sa Chúirt Chuarda, Cuaird \_\_\_\_\_), Tairfead Uimhir \_\_\_\_\_ i gcúis (nó, in ábhar).



**FOIRM 67**

*Deonú ceart slí ag lán-úinéir cláraithe maoin chun tairbhe do mhaoín chláraithe eile (Riail 121)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Deontas dar dáta an                      lá de                      20                      .

I gcomaoín                      , deonaíonn A.B., úinéir cláraithe na maoin a thuairiscítear i bhfóilió (*cuir isteach fóilió-uimh. mhaoín A.B.*), den chlár do Chontae                      , leis seo do C.D., úinéir na maoin a thuairiscítear i bhfóilió (*cuir isteach fóilió-uimh. mhaoín C.D.*) den chlár do Chontae                      , agus dá cheadúnaithe/dá ceadúnaithe agus dá gceadúnaithe, láncheart agus lánsoirse gach tráth agus chun gach críche, gabháil agus athghabháil de chois, agus i dteannta nó d'éagmais ainmhithe nó feithiclí, thar an gcuid den mhaoín a thuairiscítear ar an bhfóilió sin (*cuir isteach fóilió-uimh. mhaoín A.B.*) arb é an bealach é ó                      go                      agus a bhfuil na litreacha (*nó*, dath) air ar an léarscáil atá i gceangal leis seo, agus aontaíonn A.B. leis seo go gclárófaí an ceart sin mar ualach ar an gcuid sin den mhaoín a bhfuil na litreacha (*nó*, dath) uirthi ar an léarscáil sin.

Arna shíniú (*nó*, Arna shíniú, arna shéalú) agus arna sheachadadh ag A.B.  
i láthair:-

Nóta (1) — Má tá an ceart le teorannú nó le bheith faoi réir oibleagáidí deisiúcháin, etc., féadfar an fhoirm a oiriúnú dá réir sin (Riail 52). I ngach cás ba chóir an ceart slí a thaispeáint ar léarscáil iarratais (Riail 56).

Nóta (2) — Má thugtar airgead i gcomaoín an deontais, ba chóir clásal admhála a chur isteach sa ghníomhas.

Nóta (3) — Maidir le forghníomhú an deontais agus le fianú an fhorghníomhaithe, féach Rialacha 54 agus 55.

## FOIRM 68

*Iarratas ar éasúint nó profit à prendre a chlárú a fuarthas le forordú (Riail 46 agus Alt 49A)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

Contae

Fóilió (*i gcás talamh cláraithe*)

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

1. Tá an éasúint/an *profit à prendre* a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo ar teachtadh agam, (agus ag mo réamhtheachtaithe i dteideal), go leanúnach (gan bhriseadh) agus go hoscailte le breis is bliana anuas gan chead. (*féach Nóta (1)*)
2. (*Tabhair tuairisc ar an gcaoi ar thosaigh an tréimhse úsáide agus ar an uair a thosaigh sí agus leag amach cibé fíorais ar a bhfuil seasamh an iarratasóra mar thaca lena éileamh/lena héileamh go bhfuil a cheart/a ceart bunaithe. Ní mór don iarratasóir a shuíomh go raibh deontóir agus deontáí cumasach ann gach tráth ábhartha, go bhféadfadh an ceart a bheith mar ábhar deontais, gur le forordú a fuarthas an ceart a éilítear agus nár cheart slí poiblí é, ná ceart gnách, díolúine ghnách ná ceadúnas gnách, ná nach bhfuarthas é le deontas ná forchoimeádas sainráite ná nach éasúint riachtanais é, go bhfuil an tréimhse úsáide riachtanach caite, gur gan forneart, gan rúndacht agus gan chead a feidhmíodh an ceart agus nach mbeadh deonú an chirt neamhdhleathach).*)
3. Tá teidlíocht agam chun mo thairbhe féin chun na maoinne a shonraítear sa Dara Sceideal ag a bhfuil an ceart a éilítear ar teachtadh (*tabhair tuairisc ar an gcaoi ar tairbhe don mhaoín é*). (*I gcás gur maoin neamhchláraithe an mhaoín, ní mór iarratas ar chéadchlárú a bheith ag gabháil leis an iarratas de bhun Rialacha 14 go 19*). (*féach Nóta (2)*)
4. Leagtar amach sa Tríú Sceideal an mhaoín a bhfuil an ceart le feidhmiú thairbhe agus tugtar ainm agus seoladh (*más eol sin*) an úinéara le haghaidh fógraí. (*féach Nóta (3)*)
5. Níl go bhfios dom aon cheist ná amhras a dhéanann difear don cheart, ná d'aon chuid den cheart, ná aon ní ná rud is cúis, nó ab fhéidir a bheith ina chúis, chun an ceart a tháinseamh, chun difear a dhéanamh dó nó chun é a thabhairt i gceist i slí ar bith.
6. Níl go bhfios dom leas sa teidlíocht a éilítear faoin iarratas seo agus (*nó*) sna fothailte ag aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, nó atá mímhheabhrach (ach amháin — *tabhair ainm agus seoladh aon duine leasmhair atá ina mhionaoiseach/ina mionaoiseach nó atá mímhheabhrach agus ainm agus seoladh a chaomhnóra/a caomhnóra nó a chúramaí/a cúramaí, nó a iontaobhaithe/a hiontaobhaithe faoi Alt 57 den Acht Comharbais, 1965, má tá sin aige/aici*) ná níl aon imeachtaí ar feitheamh in



aon chúirt i leith na teidlíochta sin (ach amháin — *tabhair sonraí aon chaingne nó agra atá ar feitheamh*).

7. Iarraim, maidir leis an gceart roimhe seo-

- (a) go gclárófaí é mar ualach faoi réim Alt 69(1)(j) den Acht, (*ar an gcoinníoll gur talamh cláraithe an fothalamh*),
- (b) go ndéanfaí é a thaifeadadh sa chlár mar chomhghabhálas de bhun Alt 82 den Acht nó, i gcás *profit à prendre* atá ar teachtadh i gcomhlán, go dtaifeadfaí é i gclár na húinéireachta a choimeádtar faoi Alt 8(b)(i) den Acht.

### An Chéad Sceideal

Tuairisc ar an éasúint nó ar an <i>profit à prendre</i> :
( <i>Anseo bíodh tuairisc iomlán neamhdhébhríoch ar an éasúint nó ar an profit à prendre faoi threoir léarscáil iarratais a bheidh marcáilte go cuí féach Rialacha 29 agus 56.</i> )

### An Dara Sceideal

(féach Nóta (2))

Tuairisc ar an bpríomhthalamh atá ar úinéireacht ag an iarratasóir:
( <i>Faoi threoir uimh. an fhóilió más talamh cláraithe an talamh. Mura bhfuil i gceist ach cuid den fhóilió nó, má dhéantar iarratas ar chéadchlárú, faoi threoir na maoine faoi chiumhais dhearg ar an léarscáil iarratais.</i> )

### An Tríú Sceideal

Tuairisc ar an bhfothalamh agus ainm agus seoladh an úinéara ( <i>más eol sin</i> ):
( <i>Faoi threoir uimh. an fhóilió más talamh cláraithe an talamh. Más talamh neamhchláraithe an fothalamh, faoi threoir na maoine faoi chiumhais dhearg ar an léarscáil iarratais.</i> )

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo  
go bhfuil aithne agam ar an  
teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir.*)

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Go dtí an 30 Samhain 2021, ní féidir iarratas faoi Alt 49 den Acht a shuíomh ach de bhun an dlí ar fhorordú roimh an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 (“Acht 2009”), i.e. faoin dlí coiteann, faoi theoiric an deontais nua-aimseartha chaillte nó de bhun an *Prescription Act*, 1832, arna chur i bhfeidhm in Éirinn ag an *Prescription (Ir) Act*, 1858. Déantar socrú le forálacha idirthréimhseacha Alt 38 d’Acht 2009 [arna leathnú le hAlt 38 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011] chun éileamh a shuíomh a **fuarthas cheana féin** roimh an 1 Nollaig 2009 **nó atá á fháil** faoin dlí roimh Acht 2009, **go dtí an 30 Samhain 2021**. Ní mór go dtaispeánfar go soiléir ar an iarratas go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal na héasúna nó an *profit à prendre* a éilítear faoin dlí agus is infheidhme roimh thosach feidhme Chaibidil 1 de Chuid 8 d’Acht 2009 díreach roimh dháta an iarratais.

Nóta (2) — Is féidir Mír 3 d’Fhoirm 6 agus an Dara Sceideal a fhágáil ar lár i gcás gurb é atá san iarratas iarratas ar *profit à prendre* atá ar teachtadh i gcomhlán a chlárú.

Nóta (3) — I gcás go mbeidh úinéir (más eol sin) na talún sa Tríú Sceideal éagtha, ní mór sonraí a ionadaí phearsanta/a hionadaí phearsanta a thabhairt. Mura mbeidh aon ionadaí pearsanta ann, ní mór sonraí a neasghaoil a thabhairt le haghaidh seirbheáil fógra.

Nóta (4) — Mura deimhin leis an Údarás go bhfuil teidlíocht ann chun na héasúna nó chun an *profit à prendre* nó má ardaíonn agóid amhras maidir le teidlíocht an iarratasóra, féadfar diúltú don iarratas. Ba chead don iarratasóir ansin iarratas a dhéanamh chun na cúirte faoi Alt 35 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009.

**FOIRM 69**

*Fógra i dtaobh iarratas ar éasúint nó profit à prendre a fuarthas le forordú a chlárú (Riail 46)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió** (i gcás talamh cláraithe)**FÓGRA**

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit go bhfuil iarratas déanta ag \_\_\_\_\_ chun éasúint (nó *profit à prendre*) a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo (agus is tairbhe don talamh a shonraítear sa Dara Sceideal a ghabhann leis seo) a chlárú. (féach an Nóta)

Éilíonn an t-iarratasóir go bhfuil sé/sí i dteideal na héasúna (nó an *profit à prendre*) ar an mbonn gur comhlíonadh na ceanglais iomchuí a leagtar amach in Ailt 33 go 38 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Éilíonn an t-iarratasóir go bhfuil an éasúint sin (nó an *profit à prendre* sin) ar teachtadh aige/aici (agus ag a réamhtheachtaithe i dteideal) go leanúnach (gan bhriseadh) agus go hoscailte le breis is \_\_\_\_\_ bliana anuas gan chead.

Seirbheáiltear an fógra seo ort mar úinéir (nó mar ionadaí pearsanta nó mar neasghaol an úinéara etc. de réir mar is cuí) ar an talamh is ábhar don éasúint (nó don *profit à prendre*) a éilítear agus a leagtar amach sa Tríú Sceideal a ghabhann leis seo (nó i gcás go ndéanfaidh an t-iarratas difear duit in aon slí).

Aon agóid a bheidh le déanamh agat in aghaidh an chláraithe a iarrrtar, ní mór í a dhéanamh le mionnscribhinn agus ní mór forais na hagóide a leagan amach inti. Mura bhfaighfear uait, laistigh de \_\_\_\_\_ lá ón uair a gheobhaidh tú an fógra, aon agóid insuite, rachfar ar aghaidh leis an iarratas gan tuilleadh tagartha duitse [agus (i gcás gur talamh cláraithe an fothalamh) déanfar an éasúint sin (nó an *profit à prendre* sin) a chlárú mar ualach ar an bhfóilió a leagtar amach sa Tríú Sceideal a ghabhann leis seo].

Measfar an fógra seo a bheith faighte agat laistigh de \_\_\_\_\_ lá ón dáta seo.

**An Chéad Sceideal**

Tuairisc ar an éasúint nó ar an <i>profit à prendre</i> :

**An Dara Sceideal**  
(féach an Nóta)

Tuairisc ar an bpríomhthalamh atá ar úinéireacht ag an iarratasóir:

**An Tríú Sceideal**

Tuairisc ar an bhfothalamh:

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

Chuíg:

(Cuir isteach ainm agus seoladh an fhógra-pháirtí)

Nóta — Fág “(agus is tairbhe don talamh a shonraítear sa Dara Sceideal a ghabhann leis seo)” agus an Dara Sceideal ar lár má bhaineann an t-iarratas le *profit à prendre* i gcomhlán.

**FOIRM 70**

*Foréileamh ar rabhadh i gcoinne déileálacha ag úinéir cláraithe (Riail 122)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Tá A.B. á fhoréileamh leis seo nach ndéanfadh an t-úinéir cláraithe aon déileáil (*nó, aon déileáil i bhfabhar nó, aon mhuirear, nó, de réir mar a oireann*) leis an maoin a thuairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae (*nó, leis an gcuid den mhaoin a thuairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae agus lena bhfuil ciumhais dhearg ar an léarscáil atá i gceangal leis seo*) a chlárú go dtí go seirbheálfar fógra air/uirthi féin.

Is é an seoladh atá ag A.B. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é a thuairisc/a tuairisc:-

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an rabhdóir nó ag a aturnae/a haturnae. I gcás an rabhdóra, ní mór an síniú a fhianú (Riail 54).)*

Nóta — Mura mbaineann an rabhadh ach le déileálacha i bhfabhar duine a ainmnítear nó le déileálacha de chineál áirithe, ní mór é sin a rá go sonrach san fhoréileamh.

**FOIRM 71**

*Mionnscribhinn i dtacaíocht le rabhadh (Riail 122)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Mionnaímse, A.B., as

, agus deirim—

Is mar seo a leanas atá leas agam sa mhaoin dá dtagraítear sa rabhadh seo istigh:-

*(Luaigh na fíorais agus tagair do na doiciméid (más ann) as a dtagann, nó lena mbunaítear, ceart i bhfabhar an rabhdóra sa mhaoin nó chuici nó thairsti.)*

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo  
go bhfuil aithne agam ar an  
teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir.*)

Síniú

Síniú

*(Le mionnú ag an rabhdóir nó, arna mhodhnú mar is gá, ag a aturnae/a  
haturnae).*

Nóta — I gcás rabhadh a taisceadh thar ceann údarás reachtúil, féadfaidh an deimhniú a fhorordaítear le hAlt 97(6) den Acht a bheith san fhoirm seo, arna hoiriúnú mar is gá, agus féadfaidh aturnae an údaráis reachtúil é a shíniú.

**FOIRM 72**

*Fógra d'úinéir cláraithe i dtaobh rabhadh a thairfeadh (Riail 122)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine  
*(seoladh na hoifige cú)*

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit go bhfuil A.B. as tar éis rabhadh a chlárú i bhfóilió den chlár do Chontae i gcoinne chlárú aon déileála (*nó*, de réir mar a oireann) agatsa leis an maoin a thairiscítear ann agus ar tusa a húnéir cláraithe (*nó*, leis an muirear a cláraíodh san fhóilió sin an lá de agus ar tusa a únéir cláraithe) go dtí go seirbheálfar fógra ina thaobh sin air/uirthi féin.

Tugtar sa Sceideal a ghabhann leis seo gearrshonraí an chirt ar chun a chosanta a cláraíodh an rabhadh.

**An Sceideal**

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

Chuíg:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh an úinéara cláraithe)*

## FOIRM 73

*Fógra foláirimh do rabhdóir i dtaobh déileáil a taisceadh (Riail 123)*

### CLÁRLANN NA TALÚN

**Contae**

**Fóilió**

### FÓGRA FOLÁIRIMH

An tÚdarás Clárúcháin Maoine  
*(seoladh na hoifige cuí)*

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit go bhfuarthas, lena clárú, an déileáil a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo. An rabhadh a thaifead tusa an                      lá de                      20                      i gcoinne déileálacha ag úinéir cláraithe na maoine a thuairiscítear i bhfóilió                      den chlár do Chontae                      (*nó, an mhuirir a cláraíodh an                      lá de                      i bhfóilió                      den chlár do Chontae*) go dtí go seirbheálfar fógra ort, scoirfidh sé d'éifeacht a bheith aige ar 21 lá a bheith caite ó dháta an fógra seo a sheirbheáil, agus rachfar ar aghaidh leis an gclárú faoin déileáil mura ndéanfaidh an tÚdarás Clárúcháin Maoine a mhalairt d'ordú.

In aon iarratas uait chun an clárú a bhac, ní mór na forais atá agat leis a lua.

Measfar an fógra seo a bheith faighte agat laistigh de                      lá ón dáta seo mura gcruthaítear a mhalairt.

### An Sceideal

Arna dhátú an                      lá seo de                      20                      .

Arna shíniú:

Chuib:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh an rabhdóra)*

Nóta (1) — Is féidir an tréimhse fógra a athrú (féach Riail 123(2)).

Nóta (2) — Is féidir an fhoirm seo a oiriúnú mar is cuí i gcás toirmisc (féach Riail 135(1)).



**FOIRM 74**

*Fógra foláirimh do rabhdóir i dtaobh iarratas ón úinéir cláraithe chun rabhadh a chealú (Riail 123)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA FOLÁIRIMH**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine  
*(seoladh na hoifige cúí)*

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit go bhfuil úinéir cláraithe na maoine a thuairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae (nó, an mhuirir a cláraíodh an lá de 20 , ar an maoin a thuairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae ) tar éis a iarraidh ar an Údarás Clárúcháin Maoine an rabhadh a chealú a thaifead tusa i gcoinne déileálacha ag an úinéir sin. Tá gearrshonraí ar fhorais a iarratais/a hiarratais luaite sa Sceideal a ghabhann leis seo. Scoirfidh do rabhadh d'aon éifeacht a bheith aige agus cealófar sa chlár é ar lá a bheith caite ó dháta an fógra seo a sheirbheáil, mura ndéanfaidh an tÚdarás ordú chun an rabhadh a choimeád ar marthain.

In aon iarratas uait chun an Údaráis ag iarraidh an rabhadh a choimeád ar marthain, ní mór na forais atá agat leis a lua.

Measfar an fógra seo a bheith faighte agat laistigh de lá ón dáta seo mura gcruthaítear a mhalairt.

**An Sceideal**

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

Chuíg:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh an rabhdóra)*

Nóta — Is féidir an tréimhse fógra a athrú (féach Riail 123(2)).

**FOIRM 75**

*Iarratas ó rabhdóir chun rabhadh a tharraingt siar (Riail 126)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Iarratas é seo ó A.B. chun an rabhadh a tharraingt siar a taifeadadh ina ainm/ina hainm an            lá de            i gcoinne déileálacha ag úinéir cláraithe na maoiné (*nó*, na coda den mhaoín a thaispeántar ar an bplean atá i gceangal leis seo agus) a thuairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae            (*nó*, an mhuirir a cláraíodh an            lá            de ar an maoin a thuairiscítear i bhfóilió            den chlár do Chontae            ).

Arna dhátú an            lá seo de            20            .

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an rabhdóir nó ag a aturnae/a haturnae. I gcás rabhdóra, ní mór a shíniú/a síniú a fhianú (Riail 54).)*

Nóta — Féadfaidh ionadaí pearsanta an rabhdóra an t-iarratas a dhéanamh freisin, agus an fhoirm a athrú mar is gá.

**FOIRM 76**

*Iarratas chun an Údaráis toirmeasc a thairfeadh i gclár (Riail 130)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Iarrann A.B. as leis seo ar an Údarás Clárúcháin Maoine toirmeasc a thairfeadh i gcoinne déileálacha leis an maoin (*nó*, leis an gcuid den mhaoin a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo) a thairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae (*nó*, leis an muirear *nó*, leis an ualach a cláraíodh, an lá de , ar an maoin a thairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae ).

Is iad forais an iarratais:

*(luaigh an doiciméad a bhunaigh an ceart neamhchláráithe, agus tabhair tuairisc chomair ar a éifeacht: nó, mura bhfuil aon doiciméad ann ag bunú an chirt, tagair don mhionscríbhinn a nochtann na fíorais is bun leis an gceart).*

Is é an toirmeasc atá á iarraidh:

*(luaigh go soiléir téarmaí an toirmisc — féach Riail 128(2) agus Foirm 77).*

Is é an seoladh atá ag A.B. sa Stát chun fógraí a sheirbheáil air/uirthi agus is é a thairisc/a tuairisc:-

*(tabhair an seoladh agus an tuairisc).*

**An Sceideal**

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an iarratasóir nó ag a aturnae/a haturnae. I gcás iarratasóra, ní mór a shíniú/a síniú a fhianú (Riail 54).)*

## FOIRM 77

*Foirmeacha toirmisc (Riail 128)*

- i. Ní dhéanfar aon chlárú faoi dhiúscairt ón úinéir cláraithe ná faoi tharchur uaidh/uaithi, ach amháin aistriú de dhroim díola, gan fógra roimh ré a thabhairt do .
- ii. Ní dhéanfar aon chlárú faoi dhiúscairt ar luach-chomaoin ón úinéir cláraithe (i leith na coda den mhaoin a thaispeántar mar phlean le ciumhais dhearg ar léarscáil na clárlainne den mhaoin, *nó, tuairisc eile as a n-aithneofar an chuid den mhaoin a bhfuil srian le cur le déileálacha ina leith*) le linn shaolta A agus B agus an mharthanóra díobh gan toiliú uathu nó ón marthanóir.
- iii. Ní dhéanfar aon chlárú faoi dhiúscairt ar luach-chomaoin ón úinéir (ó na húinéirí) cláraithe, ach amháin aistriú de dhroim díola, (chun an t-aistriú sin a dhéanamh le linn shaolta A agus B agus an mharthanóra díobh, ní mór toiliú a fháil ó A agus B nó ón marthanóir, agus ní dhéanfar aon chlárú faoi dhiúscairt shaorálach ach amháin le toiliú ó A agus B agus ón marthanóir díobh agus, tar éis bhás an mharthanóra, le formheas an Údaráis Clárúcháin Maoine tar éis fiosrúchán i dtaobh an teidil).
- iv. Ní dhéanfar aon chlárú faoi dhiúscairt ar bith (ar luach-chomaoin) ón úinéir cláraithe ach amháin faoi ordú ón Údarás Clárúcháin Maoine (tar éis fiosrúcháin i dtaobh an teidil).
- v. Má thiteann líon na n-úinéirí cláraithe go dtí nach mbeidh ann ach duine amháin, ní dhéanfar aon chlárú faoi dhiúscairt ón úinéir marthanach ná faoi tharchur uaidh/uaithi ach amháin tar éis fógra do (nó, ach amháin le toiliú ó , nó, ach amháin faoi ordú ón Údarás Clárúcháin Maoine).
- vi. Ní dhéanfar aon chlárú faoi dhiúscairt ón úinéir cláraithe go dtí (*luaigh an tréimhse atá le caitheamh, nó an teagmhas atá le tarlú, sular féidir clárú a dhéanamh*).

**FOIRM 78**

*Fógra i dtaobh iarratas chun toirmeasc a thairfeadh (Riail 131)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine,  
*(seoladh na hoifige cú)*

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit go bhfuil iarratas déanta chun an Údarás Clárúcháin Maoine ag go ndéanfaí toirmeasc a thairfeadh sa chlár ag cur srian le déileálacha ag leis an maoin a thairiscítear i bhfóilió den chlár do Chontae .

Tá forais an iarratais luaite sa Sceideal a ghabhann leis seo.

De thoradh na bhforas atá nochtá, tá beartaithe ag an Údarás toirmeasc sna téarmaí seo a leanas a thairfeadh san fhóilió sin: agus déanfar an tairfeadh sin mura súfidh tú cúis ina aghaidh laistigh de lá ó dháta an fógra seo a sheirbheáil.

Aon agóid a bheidh le déanamh agat in aghaidh an tairfid bheartaithe, ba cheart í a sheoladh i scríbhinn go dtí an tÚdarás Clárúcháin Maoine ag an seoladh thuas. Ba chóir forais d'agóide a lua, mar aon le haon mhodhnú, más ann, atá tú a iarraidh ar an toirmeasc beartaithe.

Seirbheáiltear an fógra seo ort mar .

Measfar é a bheith faighte agat laistigh de lá óna dháta seo mura gcruthaítear a mhalairt.

**An Sceideal**

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

Chuir:  
*(Cuir isteach ainm agus seoladh an fhógra-pháirtí)*

**FOIRM 79**

*Iarratas chun an Údaráis toirmeasc a chealú nó a mhodhnú le toiliú na bpáirtithe (Rial 133)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Iarrann A.B., as \_\_\_\_\_, leis seo ar an Údarás Clárúcháin Maoine go gcealófaí (nó, go modhnófaí) sa chlár an toirmeasc a taifeadadh i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_, an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_, sna téarmaí seo a leanas: (*luaigh an toirmeasc mar a taifeadadh é*)

(*mar a leanas: luaigh an modhnú atá beartaithe nó, más iarratas é chun an toirmeasc a chealú fág amach na focail "mar a leanas"*).

Toilíonn C.D., as \_\_\_\_\_, agus E.F., as \_\_\_\_\_, leis seo go ndéanfaí an tarraingt siar (nó, an modhnú) a iarrtar thuas.

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_.

Arna shíniú:

(*Le síniú ag an iarratasóir nó ag a aturnae/a haturnae agus na páirtithe eile go léir a bhfuil leas acu sa toirmeasc nó ag a n-aturnae. Ní mór síniú na bpáirtithe a shíneoidh a fhianú. Ní mór d'aturnae a shíneoidh an páirtí a bhfuil sé/sí ina aturnae/ina haturnae dó/di a shonrú.*)

**FOIRM 80**

*Iarratas chun an Údaráis toirmeasc a chealú nó a mhodhnú, i gcás nach dtoilíonn na páirtithe (Riail 133)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Iarrann A.B., as \_\_\_\_\_, leis seo ar an Údarás Clárúcháin Maoine go gcealófaí (nó, go modhnófaí) sa chlár an toirmeasc a taifeadadh i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_, an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_, sna téarmaí seo a leanas: *(luaigh an toirmeasc mar a taifeadadh é)*  
*(mar a leanas:- luaigh an modhnú atá beartaithe, nó más iarratas é chun toirmeasc a chealú, fág amach na focail "mar a leanas").*

Mar thaca lena iarratas nó lena hiarratas, tá an t-iarratasóir ag seasamh ar na fíorais atá nochtta sna doiciméid seo a leanas atá ag gabháil leis: *(sonraigh na doiciméid agus na mionnscríbhinní ar a bhfuil a sheasamh).*

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_.

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an iarratasóir nó ag a aturnae/a haturnae. I gcás iarratasóra, ní mór a shíniú/a síniú a fhianú (Riail 54).)*

## FOIRM 81

*Fógra i dtaobh gníomhais a thaisceadh sa Chlárlann faoi réir liain orthu  
(Rialacha 43 agus 151)*

### CLÁRLANN NA TALÚN

**Contae**

**Fóilió** (*más talamh cláraithe*)

### FÓGRA

**Don Údarás Clárúcháin Maoine**

*(seoladh na hoifige cuí)*

Tá na doiciméid a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo á dtaisceadh agamsa (*nó, ag* ) sa Chlárlann, ar iarratas ó (*nó, de réir ordú ón Údarás Clárúcháin Maoine dar dáta* ) chun críocha iarratas ó ar chéad-chlárú na maoine (*nó, cuid den mhaoin*) a thuairiscítear iontu (*nó, ar chomhshó an teidil i bhfóilió* den chlár do Chontae ).

Thaisc na gníomhais liomsa (*nó, le* ) an lá de , i modh morgáiste cothromais mar urrús ar shuimeanna a airleacadh (agus a bheadh le hairleacan) chuige/chuici, agus a bhfuil airgead dlite dá mbun, agus iarraim nach ndéanfaí aon chlárú a sháróidh mo lian, nó a dhéanfaidh dochar dó, go dtí go sásófar é nó go ndéanfar soláthar dó.

### An Sceideal

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an taiscí nó ag a aturnae/a haturnae).*



**FOIRM 82**

*Iarratas chun ionstraim chomhdaithe a tharchur chuig Cláraitheoir Contae lena tabhairt ar aird i gcúirt (Rialacha 156 agus 157)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**Don Údarás Clárúcháin Maoine**

*(seoladh na hoifige cúí)*

Iarraimse, A.B., aturnae C.D., as \_\_\_\_\_, go ndéanfaí an doiciméad a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo a tharchur chuig an gCláraitheoir Contae do Chontae \_\_\_\_\_ lena thabhairt ar aird ag an suí den chúirt atá le bheith ar bun i \_\_\_\_\_ an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_, i gcúis (nó, in ábhar) atá ar feitheamh faoi láthair sa chúirt sin.

Is é/í an gearánaí (nó, an t-achainíoch nó, an cosantóir) sa chúis (nó, san ábhar) sin úinéir cláraithe (nó, ionadaí pearsanta úinéir cláraithe) na maoine a thuairiscítear i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_ agus a mbaineann an doiciméad sin leis.

*nó,*

*(Mura bhfuil an t-úinéir cláraithe nó a ionadaí/a hionadaí pearsanta ina pháirtí/ina páirtí sna himeachtaí luaigh na fíorais a léiríonn go bhfuil teidlíocht ag an iarratasóir, faoi Riail 156, chun go ndéanfaí an doiciméad a tharchur.)*

**An Sceideal**

*(Cuir isteach sonraí an doiciméid agus luaigh a uimhir ionstraime sa Chlárlann, nó, mura bhfuil sin air, an tagairt do na himeachtaí inar taisceadh é.)*

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_.

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an aturnae).*

**FOIRM 83**

*Iarratas ó úinéir cláraithe chun ainm, seoladh nó tuairisc úinéara chláraithe a leasú (Riail 65)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Mionnaímse, (dá ngairtear “an teisteoir” anseo ina dhiaidh seo) as , agus deirim:-

Is é atá sa mhaoin lena mbaineann an tIarratas seo é sin agus iad sin uile an mhaoin a bheidh ar áireamh i bhfóilió den chlár do Chontae ar mise a húinéir cláraithe.

Iarraimse go leasófaí m’ainm (nó mo sheoladh, nó, mo thuairisc) ó (*cuir isteach an t-ainm/an seoladh/an tuairisc mar a léirítear ar an bhfóilió é nó í*) go dtí (*cuir isteach an t-ainm/an seoladh/an tuairisc leasaithe*).

*(Léirigh fianaise i gcásanna cuí e.g. athrú ar ainm — deimhniú pósta nó gníomhas aonpháirtí agus deimhnigh gurb ionann an duine atá sa doiciméad sin agus an t-úinéir cláraithe.)*

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an lá seo de , 20 , i , i gContae , os mo chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir*).

Síniú

Síniú

Nóta (1) —Más thar ceann comhlacht corpraithe a dhéantar an t-iarratas, féadfaidh an Rúnaí nó an Gníomhaire Dlí é a dhéanamh nó féadfaidh duine atá údaraithe go cuí ag an gcomhlacht sin é a dhéanamh má tá sé deimhneascha go bhfuil an duine údaraithe go cuí agus go bhfuil an bun eolais aige/aici is gá.

Nóta (2) —Más é/í aturnae an iarratasóra a dhéanfaidh an t-iarratas ba cheart dó/di a lua gurb é/í aturnae an úinéara chláraithe agus an fhoirm a shíniú, is síniú nach gceanglaítear a bheith ar mhionnscribhinn i gcás den sórt sin.

**FOIRM 84**

*Fógra i dtaobh ceartú earráide i gclárú (Riail 7(2)(b))*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine.  
*(seoladh na hoifige cúí)*

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit go mbeartaíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine, faoi Alt 32(1)(b) den Acht um Chlárú Teidil, 1964 arna ionadú le hAlt 55 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006, earráid a cheartú (faoin Alt ionaid 32(1)(c) den Acht) a rinneadh sa chlárú mar seo a leanas

*(an earráid agus an ceartú beartaithe le leagan amach go hiomlán mar aon le cóip de léarscáil Chlárlann na Talún más cúí).*

Seirbheáiltear an fógra seo ort mar .

Aon agóid a bheidh le déanamh agat i gcoinne an cheartaithe bheartaithe, ba cheart í a sheoladh i scríbhinn go dtí an tÚdarás Clárúcháin Maoine ag an seoladh thuas roimh                      lá a bheith caite ó dháta an fógra seo a sheirbheáil ort. Ní foláir, in aon agóid den sórt sin a dhéanfaidh tú i gcoinne an iarratais, na forais atá agat léi a lua.

Measfar an fógra seo a bheith faighte agat laistigh de                      lá óna dháta seo mura gcruthaítear a mhalairt.

**An Sceideal**

Arna dhátú an                      lá seo de                      20                      .

Arna shíniú:

Chuig:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh an fhógra-pháirtí)*

**FOIRM 85**

*Taifead le cur sa chlár de bhun Riail 145*

“Tá an teideal faoi réir fhorálacha an Achta um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009.”

## FOIRM 86

*Iarratas ar chlárú iontaobhaí (iontaobhaithe) atá i dteideal a chláraithe/a cláraithe/a gcláraithe mar úinéir (úinéirí) ar thalamh cláraithe de bhun Acht 2009 (Riail 66)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## Contae

## Fóilió

Mionnaímse, A.B., as , agus deirim—

1. Tá E.F. cláraithe mar úinéir teoranta na dtailte atá ar áireamh san fhóilió thuasluaite.
2. Is iontaobhaí in iontaobhas talún mé de bhun an Achta um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009. Tá teidlíocht agam chun mó chláraithe mar úinéir ar na tailte sin de bhua (*taispeánfaidh na hiarratasóirí cén teidlíocht atá acu*).
3. Chun go gcosnófar na hiontaobhais ar a bhfuil an mhaoín ar teachtadh agam, iarraim leis seo an toirmeasc seo a leanas a thaifeadadh sa chlár ar mé a chlárú mar úinéir (*féach Riail 49 agus Foirm 77*):
4. Iarraim leis seo go gclárófaí mé mar úinéir ar an bhfóilió sin.
5. Is é an seoladh atá agam sa Stát chun fógraí a sheirbheáil orm agus is é mo thuirisc:-  
(*tabhair an seoladh agus an tuairisc*)

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine  
cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an  
teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo  
go bhfuil aithne agam ar an  
teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn  
go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir*).

Síniú

Síniú

Nóta (1) — Leagtar amach na daoine is iontaobhaithe in Iontaobhas Talún in Alt 19 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009.

Nóta (2) — Ná húsáidtear an fhoirm seo ach amháin i gcás úinéir teoranta cláraithe reatha a bheith ann.

Nóta (3) — Má tá níos mó ná iarratasóir amháin ann, ba chóir an fhoirm a leasú dá réir.

**FOIRM 87**

*Toghairm chun freastal os comhair an Údaráis Clárúcháin Maoine (Riail 175)*

**CLÁRLANN NA TALÚN****Contae****Fóilió**

Ceanglaítear ort leis seo freastal i gClárlann na Talún (*seoladh na hoifige*), ar an chloig, an lá de 20 , (le go gceistefar tú maidir le — *luaigh fáth an fhreastail*) (*féach Nóta (1)*) agus/nó (*chun an doiciméad/na doiciméid a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo a thabhairt ar aird*) (*féach Nóta (2)*). Má fhaillíonn tú go toiliúil nó má dhiúltaíonn tú freastal a dhéanamh de réir na toghairme seo, dlífean an pionós a chur ort a ordáítear ina leith sin le hAlt 16(6) den Acht um Chlárú Teidil, 1964 arna leasú le hAlt 4 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

**An Sceideal**

(más gá)

Arna dhátú an lá seo de 20 .

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Séala an Údaráis

Nóta (1) — Fág ar lár nuair nach gá dó/di freastal ach chun doiciméid a thabhairt ar aird.

Nóta (2) — Fág ar lár nuair nach gá dó/di freastal ach chun a cheistithe/a ceistithe.

**FOIRM 88**

*Foréileamh ar chuardach oifigiúil san ainmthreoir (Riail 160)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Don Údarás Clárúcháin Maoine**  
*(seoladh na hoifige cúí)*

Déan cuardach san Ainm-Threoir do Chontae \_\_\_\_\_, agus tabhair gach fóilió-thagairt dom a bheidh ar taifead sa treoir sin ar dháta an chuardaigh ag léiriú úinéireacht in ainm \_\_\_\_\_ sa Chontae sin.

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_.

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an iarratasóir, agus ní foláir a sheoladh/a seoladh sa Stát a thabhairt, nó ag a aturnae/a haturnae.)*

## FOIRM 89

*Foréileamh ar chuardach oifigiúil ag lorg clárú úinéireachta i gcás dáileacht shonraithe maoinne i gclár na húinéireachta ar thalamh ruilse nó i gclár na húinéireachta leasanna léasacha nó ar aon cheart a gcláraítear a úinéireacht sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht (Riail 160).*

## CLÁRLANN NA TALÚN

**Don Údarás Clárúcháin Maoine**  
(seoladh na hoifige cuí)

Iarraim go dtabharfar dom an fhóilió-thagairt/na fóilió-thagairtí sa chlár/sna cláir de Chontae \_\_\_\_\_, inar cláraíodh úinéireacht na coda sin de bhaile fearainn (nó tuairisc eile mar atá ar an léarscáil) a thaispeántar ar an bplean atá i gceangal leis seo (nó, úinéireacht aon leasa léasaigh nó aon chirt ann a bhfuil a úinéireacht cláraithe i gclár na leasanna léasacha nó sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht).

Arna dhátú an \_\_\_\_\_ lá seo de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_.

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an iarratasóir, agus ní foláir a sheoladh/a seoladh sa Stát a thabhairt, nó ag a aturnae/a haturnae.)*

Nóta — Ba chóir an mhaoin is ábhar don chuardach a bheith faoi imlíne dhearg ar léarscáil oifigiúil Chlárlann na Talún nó ar léarscáil Chomhlíontach Chlárlann na Talún nó ar cibé léarscáil eile is inghlactha leis an Údarás.



**FOIRM 90**

*Foréileamh ar chuardach oifigiúil i gclár ag lorg na dtairfead a rinneadh ó  
céadchláraíodh an mhaoin (Riail 160)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**Don Údarás Clárúcháin Maoine**  
*(seoladh na hoifige cúí)*

Teastaíonn uaim deimhniú a fháil ar na tairfid a cuireadh i bhfóilió  
Contae            ón      lá de            go dtí an      lá de            20      .

Arna dhátú an      lá seo de            20      .

Arna shíniú:

*(Le síniú ag an iarratasóir, agus ní foláir a sheoladh/a seoladh sa Stát a thabhairt,  
nó ag a aturnae/a haturnae.)*

**FOIRM 91**

*Deimhniú ar an toradh a bhí ar an gcuardach oifigiúil san ainmthreoir (Rial 160)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

Tar éis dianchuardach a dhéanamh san Ainm-Threoir do Chontae os comhair ainm , deimhním nach bhfuil, ar dháta an deimhnithe seo, aon úinéireacht maoiné faoin ainm sin ar fáil sa treoir sin ach amháin a bhfuil sna fóilíonna den chlár a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo.

**An Sceideal**

Uimh. an Fhóilíó sa chlár	Ainm an úinéara chláráithe	Seoladh agus tuairisc an úinéara chláráithe san fhóilíó

Arna dhátú an      lá seo de      20      .

Arna shíniú:

Chuíg:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh an iarratasóra ar chuardach)*

## FOIRM 92

*Deimhniú ar an toradh a bhí ar chuardach oifigiúil ag lorg clárú úinéireachta i gcás maoin shonraithe nó ag lorg taifead i glár (Riail 160)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

Tar éis dianchuardach a dhéanamh sa léarscáil Clárlainne (agus/nó sa chlár,) do Chontae , deimhním go bhfuil úinéireacht a thaispeántar ar an bplean atá i gceangal leis seo, cláraithe i bhfóilió den chlár do Chontae ,

*nó*

go bhfuil úinéireacht leasa léasaigh i (nó aon chirt ann, (*leag amach an cineál cirt*), atá incláraithe sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht) agus a thaispeántar ar an bplean atá i gceangal leis seo, cláraithe i bhfóilió den chlár do Chontae ,

*nó,*

nach léiríonn an léarscáil Clárlainne gur cláraíodh úinéireacht , a thaispeántar ar an bplean atá i gceangal leis seo (*nó, úinéireacht aon leasa léasaigh ann, nó, aon chirt ann atá incláraithe sa chlár a choimeádtar faoi Alt 8(b) den Acht*),

*nó,*

Deimhním gurb iad seo a leanas na taifid a cuireadh i bhfóilió den chlár do Chontae ó:-

*nó,*

Deimhním gur cuid de thalamh cláraithe í an mhaoin atá faoi chiumhais dhaite agus faoi aibhsiú daite, mar aon le tagairt plean chlóite ann ar an sliocht den léarscáil Clárlainne atá faoi iamh. Féach an ‘Liosta Torthaí Cuardaigh’ atá i gceangal leis seo i gcomhair liosta den mhaoin ar a dtaispeántar na tagairtí plean agus na huimhreacha fóilió.

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

Chuig:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh an iarratasóra ar chuardach)*

**FOIRM 93**

*Iarratas ar thairfead tosaíochta a thairfeadadh de bhun Alt 108 den Acht (Riail 161)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

Deimhnímse , Aturnae

*(ainm agus seoladh iomlán an cheannaitheora, an léasaí nó an mhuirearaí), go bhfuil conraithe aige/aici an mhaoin go léir atá ar áireamh san fhóilió thuasluaite (nó, an chuid den mhaoin atá ar áireamh san fhóilió thuasluaite agus lena bhfuil ciumhais dhearg ar an bplean atá i gceangal leis seo) a cheannach (nó), a thógáil ar léas (nó), iasacht airgid a thabhairt ar urrús muirir ar an maoin sin. (féach Nóta)*

Iarraim de bhun Alt 108 den Acht go ndéanfar an tairfead forordaithe sa chlár.

Seirbheáladh fógra maidir leis an iarratas seo i bhFoirm 94 leis an ngnáthphost réamhíochta/leis an bpost cláraithe/go pearsanta/leis an bpost leictreonach (féach Nóta) ar (ainm agus seoladh an pháirtí eile sa chonradh).

Síniú an Aturnae

Seoladh

Dáta

Nóta — Scrios cibé roghanna nach bhfuil infheidhme.

**FOIRM 94**

*Fógra i dtaobh iarratas ar thairfead tosaíochta a chlárú de bhun Alt 108 den Acht (Riail 161)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

Deimhnímse \_\_\_\_\_, Aturnae  
(ainm agus seoladh iomlán an cheannaitheora, an léasaí nó an mhuirearaí), go bhfuil conraithe aige/aici an mhaoín go léir atá ar áireamh san fhóilió thuasluaite (nó, an chuid den mhaoín atá ar áireamh san fhóilió thuasluaite agus lena bhfuil ciumhais dhearg ar an bplean atá i gceangal leis seo)  
a cheannach (nó),  
a thógáil ar léas (nó),  
iasacht airgid a thabhairt ar urrús muirir ar an maoín sin. (*féach Nóta*)

Iarraim ar an Údarás Clárúcháin Maoine, de bhun Alt 108 den Acht, go gclárófaí an tairfead forordaithe seo a leanas sa Chlár:

“Tá an (chuid den) mhaoín (a thaispeántar mar phlean \_\_\_\_\_) faoi réir na tosaíochta a thabharfar le hAlt 108 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 66 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.”

Síniú an Aturnae

Seoladh

Dáta

Nóta — Scríos cibé roghanna nach bhfuil infheidhme.

**FOIRM 95**

*Taifead le déanamh de bhun Alt 108 den Acht (Riail 161)*

Tá an (chuid den) mhaoin (a thaispeántar mar phlean ) faoi réir na tosaíochta a thabharfar le hAlt 108 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna ionadú le hAlt 66 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006.

## FOIRM 96

*Iarratas chun cóip d'ionstraim faoi Riail 159 de na Rialacha um Chlárú Talún a iniúchadh nó a fháil*

## CLÁRLANN NA TALÚN

## 1. Sonraí

Uimhir an Fhóilió		Contae	
Ainm an úinéara chláraithe/ainmneacha na n-úinéirí cláraithe			
Uimhir na hIonstraim			
Doiciméad/Gníomhas a Iarrtar			

## 2. Iarratas ó

Ainm	
Seoladh	
Tagairt	
Seoladh ríomhphoist	

## 3. Teidlíocht

Tá teidlíocht agam cóip den Ionstraim/den Doiciméad atá sa sceideal thuas a iniúchadh/a fháil faoi fhorálacha Riail 59 de na Rialacha um Chlárú Talún mar a léirítear thíos.

**Féach, le do thoil, ar na treoirínte atá i gceangal leis seo** (*Cuir tic leis an mír is infheidhme*)

- Is mise (ionadaí pearsanta) úinéir cláraithe an fhóilió thuasluaite (Féach Nóta 1)*
- Is mise an t-arnae thar ceann (ionadaí pearsanta) úinéir cláraithe an fhóilió thuasluaite (Féach Nóta 3)*
- Tá mé údaraithe ag (ionadaí pearsanta) úinéir cláraithe an fhóilió thuasluaite*
- Tá mé údaraithe ag ordú ón gcúirt*
- Is mise úinéir cláraithe an mhuirir (a n-iarrtar cóip de) atá cláraithe ar an bhfóilió thuasluaite*
- Is mise an páirtí atá i dteideal thairbhe an ualaigh (a n-iarrtar cóip den ghníomhas dá bhunú) atá cláraithe ar an bhfóilió thuasluaite*
- Ba pháirtí mise sa ghníomhas sa sceideal thuas, a n-iarrtar cóip de*
- Is duine mé a bheadh i dteideal iniúchadh a dhéanamh ar dhoiciméad a bhaineann le maoin más rud é nach mbeadh a húinéireacht cláraithe agus go mbeadh an doiciméad i seilbh an duine a bhí i dteideal a choimeádta de réir dlí*
- Tá an morgáiste breithiúnais sa sceideal thuas (a n-iarrtar cóip de) gan cealú ar an bhfóilió*

- Tá an lis pendens sa sceideal thuas (a n-iarrtar cóip de) gan cealú ar an bhfóilió
- Is réadtiomnaí/tairbhí faoi uacht nó díthiomnacht úinéara chláráithe roimhe seo ar an bhfóilió thuasluaite mé nó is mé an comharba i dteideal air/uirthi
- Thaisc mé an ionstraim faoi Riail 130(5)
- Is mise úinéir fothionóntáin neamhchláráithe
- Tá mé i dteideal thairbhe aon chirt a bunaíodh le hionstraim a comhdaíodh faoi Riail 130(5)
- nó
- Faoi Riail 159(8) iarraim ar an Údarás cead a thabhairt dom an doiciméad a iniúchadh ar na forais seo a leanas

## 4. Iarratas

(a) **Iarratas ó Atur nae**

Iarraimse/Iarraimidne, Atur nae an úinéara chláráithe/na n-úinéirí cláráithe nó a ionadaí pearsanta/a hionadaí pearsanta nó a ionadaithe pearsanta/ a ionadaithe pearsanta, maidir leis an Ionstraim/an Doiciméad atá sa sceideal i mír 1 thuas í nó é a iniúchadh  cóip di nó de a eisiúint domsa/dúinne

**Arna shíniú (ag Atur nae aonair)**.....

**Ainm an ghnólachta** .....

**Dáta** .....

(b) **Iarratas ó Úinéir Cláráithe/Ionadaí Pearsanta**

Iarraimse mar  úinéir cláráithe nó mar  a ionadaí pearsanta/a hionadaí pearsanta, maidir leis an Ionstraim/an Doiciméad atá sa sceideal i mír 1 thuas í nó é a iniúchadh  cóip di nó de a eisiúint domsa/dúinne

**Síniú an Úinéara Chláráithe/an Ionadaí Phearsanta**

**Síniú an fhinné**

**Seoladh an fhinné**

**Dáta**.....

(c) **Iarratas ó pháirtí eile (Sonraigh le do thoil)**

**Síniú an fhinné**

**Seoladh an fhinné**

**Dáta**.....

Úsáid Oifige Amháin	Dáta faighte .....	Táillí € .....	
		Cruthúnas ar chéannacht tugtha ar aird:	
Iniúchadh	€2.50	<input type="checkbox"/>	Ceadúnas Tiomána
Cóip den Ionstraim iomlán	€25	<input type="checkbox"/>	Pas
Cóip de chuid den Ionstraim	€6	<input type="checkbox"/>	Eile (sonraigh)



Nóta (1) — I gcás gurb é/í an t-iarratasóir an t-úinéir cláraithe nó a ionadaí pearsanta/a hionadaí pearsanta, ní mór an síniú a fhianú agus ní mór fianaise ar chéannacht agus fianaise ar sheoladh buan a thíolacadh nó a thaisceadh.

Nóta (2) — I gcás gur páirtí, seachas aturnae, a dhéanfaidh an t-iarratas agus é/í ag gníomhú le húdarás an úinéara chláraithe, ní mór údarás faoi shíniú an úinéara chláraithe agus arna fhianú a bheith san iarratas. Ní mór fianaise ar chéannacht agus fianaise ar sheoladh buan an iarratasóra a thíolacadh nó a thaisceadh.

Nóta (3) — I gcás go mbeidh aturnae ag tabhairt údarás do pháirtí eile e.g. cuardaitheoir dlí nó páirtí eile Ionstraim cóipe a fháil thar a gceann, ní mór a lua san iarratas (a) gur aturnae na n-úinéirí cláraithe iad agus (b) an páirtí a bhfuil an ionstraim cóipe nó cuid di á heisiúint chuige/chuici.

Nóta (4) — Ní mór an uimhir na hionstraime a shainnithint san iarratas agus a chur in iúl ann an bhfuil rochtain á hiarraidh ar an ionstraim **iomlán** nó ar **chuid** shonrach di.

Nóta (5) — Ní mór a shonrú in aon litir údaráis cibé acu rochtain ar an ionstraim **iomlán**, ar **ghníomhas** sonrach nó ar **ghníomhais** shonracha nó ar **chodanna** sonracha den Ionstraim atá i gceist le rochtain údaraithe. Ba cheart gur litir bhunaidh an litir údaráis.

Nóta (6) — Féadfar fógra a sheirbheáil ar an úinéir cláraithe más cuí leis an Údarás é.

### **Riail 159 Na Rialacha um Chlárú Talún —Iniúchadh doiciméad**

(1) Féadfaidh úinéir cláraithe maoine agus duine ar bith arna údarú/arna húdarú ag an úinéir sin nó le hordú ón gcúirt nó leis na Rialacha seo, ach ní fhéadfaidh duine ar bith eile, doiciméad a iniúchadh a comhdaíodh sa Chlárlann i gcás déileáil nó idirbheart le maoin an úinéara.

(2) Aon duine a bheadh i dteideal doiciméad maidir le maoin a iniúchadh, dá mba rud é nach mbeadh a húinéireacht cláraithe faoin Acht agus go mbeadh an doiciméad i seilbh an duine a bhí i dteideal a choimeáda de réir dlí, beidh sé nó sí i dteideal an doiciméad a iniúchadh má chomhdaítear sa Chlárlann é.

(3) Féadfaidh duine ar bith mionnscríbhinn bhreithiúnais a taisceadh sa Chlárlann de bhun an *Judgement Mortgage (Ireland) Act, 1850*, arna leasú leis an Acht, nó iarratas ar chlárú morgáiste breithiúnais faoi Riail 110 a iniúchadh fad a bheidh fógra a taiscthe nó an taifead maidir leis an morgáiste breithiúnais gan cealú i gclár.

(4) Féadfaidh duine ar bith meabhrán maidir le *lis pendens*, banna, cúirtbhanna nó ionchoisne a comhdaíodh sa Chlárlann a iniúchadh fad a bheidh an taifead ina thaobh gan cealú i gclár.

(5) Aon iarratas, aontú, mionnscríbhinn, nó aistriú, a bheidh déanta ag ionadaí pearsanta úinéara éagtha maoine ar dílsíodh don ionadaí pearsanta í, féadfaidh

réadtiomnaí nó duine eile, ach amháin creidiúnaí, a bhfuil leas aige nó aici sa mhaoín faoi uacht an úinéara, é nó í a iniúchadh nó, i gcás gur éag an t-úinéir ina dhíthiomnóir nó ina díthiomnóir, féadfaidh duine ar cineachadh leas tairbhiúil sa mhaoín chuige nó chuici de chionn na díthiomnachta, nó duine a shásóidh an tÚdarás gurb é nó í an comharba i dteideal é nó í ar dhuine de na daoine sin, é nó í a iniúchadh.

(6) Féadfaidh an duine a thaisc ionstraim a comhdaíodh sa Chlárann faoi Riail 130(5) an ionstraim sin a iniúchadh, nó má chruthaíonn duine ar bith chun sástacht an Údaráis go bhfuil teidlíocht aige nó aici chun tairbhe aon chirt a bunaíodh leis an ionstraim féadfaidh sé nó sí í a iniúchadh.

(7) Aon ionstraim a comhdaíodh sa Chlárann faoi Riail 46 féadfaidh aon duine nó aon daoine í a iniúchadh má chruthaíonn sé nó sí nó siad chun sástacht an Údaráis gurb é nó í an t-úinéir nó gurb é nó í an duine nó gurb iad na daoine atá i dteideal a bheith ina úinéir, ina húinéir nó ina n-úinéirí ar mhaoín fothionóntáin neamhchláraithe, a ndearnadh ceart a chlárú thairsti mar cheart atá comhghabhálach le maoín phríomhthionóntáin faoi Alt 49A den Acht, ar cibé cruthúnais a ordóidh an tÚdarás a thabhairt ar aird.

(8) Aon duine a bheidh i dteideal doiciméad a comhdaíodh sa Chlárann a iniúchadh, féadfaidh sé nó sí cóip de a fháil.

(9) Féadfaidh an tÚdarás, in imthosca speisialta agus ar cibé téarmaí is cuí leis, cead a thabhairt do dhuine cóip de dhoiciméad a comhdaíodh sa Chlárann a iniúchadh nó a fháil.

(10) Is i bhFoirm 96 a dhéanfar iarratas chun cóip faoin Riail seo a iniúchadh nó a fháil.

(11) Sula ligfidh sé do dhuine a éileoidh cead iniúchta faoi Riail 159 aon doiciméad a iniúchadh, féadfaidh an tÚdarás cibé fiosrúcháin a dhéanamh agus cibé fógraí a thabhairt is cuí leis. Is i bhFoirm 97 a thabharfar fógra faoin riail seo.

**FOIRM 97**

*Fógra i dtaobh iarratas chun ionstraim a iniúchadh (nó cóip di a fháil) (Riail 159)*

**CLÁRLANN NA TALÚN**

**Contae**

**Fóilió**

**FÓGRA**

An tÚdarás Clárúcháin Maoine,  
*(seoladh na hoifige cúí)*

A Dhuine Uasail,

Bíodh seo ina fhógra duit go ndearna as iarratas faoi Riail 159 de na Rialacha um Chlárú Talún chun Ionstraim Uimhir (nó , *sonraigh an gníomhas nó na gníomhais nó an doiciméad nó na doiciméid má bhaineann an t-iarratas le cuid den Ionstraim*) a iniúchadh (nó, *go ndearna sé/sí iarratas chun cóip den chéanna a fháil*) Is iad na forais atá acu lena n-iarratas (*leag amach na forais*).

Déantar an fógra seo a sheirbheáil ort mar úinéir cláraithe fhóilió do Chontae.

Aon agóid a bheidh le déanamh agat in aghaidh an iniúchta nó an iarratais ar chóip atá á iarraidh, ba cheart í a sheoladh i scríbhinn go dtí an tÚdarás Clárúcháin Maoine ag an seoladh thuas sula mbeidh lá caite ó dháta an fógra seo a sheirbheáil ort. Má dhéanann tú aon agóid i gcoinne an iarratais, ní mór na forais atá léi a lua.

Measfar an fógra seo a bheith faighte agat laistigh de lá óna dháta seo mura gcruthaítear a mhalairt.

Arna dhátú an lá seo de 20 .

Arna shíniú:

Chuig:

*(Cuir isteach ainm agus seoladh an fhógra-pháirtí)*

## FOIRM 98

*Iarratas ar chúiteamh as an bPríomh-Chiste faoi Alt 120 den Acht (Riail 184)*

## CLÁRLANN NA TALÚN

Contae

Fóilió

Don **Údarás Clárúcháin Maoine**  
(*seoladh na hoifige iomchuí*)

1. Déanaimse, A.B. as \_\_\_\_\_, iarratas leis seo ar chúiteamh faoi Alt 120 den Acht i leith cailteanais a bhain dom mar gheall ar earráid sa chlár (nó, sa léarscáil clárlainne) a rinne an tÚdarás Clárúcháin Maoine, (Cláraitheoir na dTeideal), a oifigh/a hoifigh nó a fhostaithe/a fostaíthe (*nó, mar gheall ar ní a bheith taifeadta sa chlár nó fágtha amach as, agus sin a bheith déanta nó tugtha chun críche le brionnú nó le calaois*) (*nó, mar gheall ar earráid i gcuardach oifigiúil a rinne an tÚdarás (an Cláraitheoir) nó a oifigh/a hoifigh*) (*de réir mar a bheidh*)
2. Tá an mhaoín a bhfuil mé ag iarraidh cúiteamh as í a chailleadh ar áireamh i bhfóilió \_\_\_\_\_ den chlár do Chontae \_\_\_\_\_, ar mise a húnéir cláraithe (*nó, de réir mar a bheidh*)
3. Is é ba chúis leis an gcaillteanas a bhfuil mé ag éileamh cúiteamh as (earráid a rinne an tÚdarás (an Cláraitheoir) nó oifigeach amháin nó fostaí amháin nó níos mó dá chuid/dá cuid toisc– (*luaigh an cineál earráide agus sonraí na hearráide a líomhnaítear gur chúis cailteanais don iarratasóir í, cé acu míráiteas, míthuairisc, easnamh, nó eile é, agus cé acu sa chlár nó sa léarscáil clárlainne dá dtagraítear ann é nó, cé acu i gcóip oifige den chlár nó den léarscáil clárlainne nó i sliocht as ceachtar díobh é nó i gcóip oifige de dhoiciméad nó de phlean a comhdaíodh sa Chlárlann)),*

nó

(trí \_\_\_\_\_ a thaifeadadh sa chlár (*nó, a fhágáil amach as*) agus gurbh é ba chúis lena thaifeadadh (*nó, lena fhágáil amach*) (*sonraigh go hiomlán anseo an cineál brionnaithe (nó calaoise) a líomhnaítear gurbh é ba chúis leis an ní a thaifeadadh nó a fhágáil amach go héagórach, lena n-áirítear ainm an duine nó ainmneacha na ndaoine a rinne an céanna agus na himthosca, a mhéid is eol don iarratasóir iad, ina ndearnadh an brionnú nó an chalaos*))

nó

(earráid sa chuardach oifigiúil (*nó, in ullmhú na cóipe oifige (nó, an tsleachta) réamhráite a rinne an tÚdarás (an Cláraitheoir) nó daoine dá oifigh/dá hoifigh nó dá fhostaithe/ dá fostaíthe sna himthosca seo a leanas, eadhon, (luaigh anseo sonraí an fhoréilimh ar an gcuardach oifigiúil nó ar an gcóip oifige nó ar an sliocht a cuireadh chuig an Údarás (an gCláraitheoir), an toradh a bhí ar an gcuardach sin nó ar an bhforéileamh*

*agus níthe iomchuí eile a thaispeánfaidh an earráid sa chuardach nó in ullmhú na cóipe oifige nó an tsleachta sin, arb í ba bhun leis an gcaillteanas a ghearántar)).*

4. Éilím gur bhain caillteanas dom, de réir bhrí Alt 120 den Acht, de dheasca [(na hearráide (nó, an taifid)) (nó, an easnaimh) sa chlár (nó, sa léarscáil clárlainne) (cibé acu é)] a dtugtar sonraí ina leith i mír 3 thuas, agus ag seo síos sonraí an chaillteanais sin

5. *(Cuir síos anseo sonraí iomlána an chaillteanais airgid a bhain don iarratasóir, mar shampla, luach an eastáit nó an leasa go léir, má cailleadh sin, nó an méid is ionann agus an laghdú ar luach na maoine (más caillteanas páirteach é) nó, i gcás muirear nó ualach eile a cailleadh go hiomlán, luach an mhuirir sin (nó má laghdaíodh luach an ualaigh nó an mhuirir, an méid is ionann agus an laghdú ar luach an mhuirir nó an ualaigh eile) mar aon le sonraí aon chostas agus caiteachas a tabhaíodh ag ceartú na hearráide)*

6. Tá mo sheasamh ar na doiciméid seo a leanas i dtacaíocht le m'éileamh ar chúiteamh—

*(Leag amach anseo sonraí na ndoiciméad agus na fianaise eile ar a bhfuiltear ag seasamh, mar shampla, an fóilió sa chlár, an léarscáil clárlainne agus ionstraim ar bith ar ar bunaíodh an earráid a líomhnaítear (de réir mar a bheidh))*

7. Is é seoladh atá agam sa Stát chun fógraí, orduithe, etc. a sheirbheáil orm:-  
*(tabhair an seoladh agus an tuairisc)*

Arna shíniú:

*Mionnscribhinn chun an t-iarratas sin roimhe seo a fhíorú*

## CLÁRLANN NA TALÚN

### Contae

### Fóilió

Mionnaímse, as an t-iarratasóir san iarratas sin roimhe seo, agus deirim mar a leanas:-

1. *Tá an t-iarratas sin roimhe seo léite agam agus creidim gur fíor é go hiomlán agus go huile*
2. *Comhairlítear dom, agus creidim, go bhfuil teideal bailí agam chun cúiteamh a fháil faoi Alt 120 den Acht, de thairbhe na bhfíoras atá leagtha amach agam san iarratas sin*
3. *Níl aon duine, chomh fada agus is eol dom nó a chreidim, a bhfuil, nó atá á éileamh go bhfuil, aon eastát, ceart, teideal, nó leas aige/aici sa mhaoín nó chun na maoin a luaitear san iarratas sin, ach amháin mar atá leagtha amach san iarratas sin*
4. *De réir mar is fearr is eol dom, mar a cuireadh i bhfios dom agus mar a chreidim, nochtar san iarratas sin gach fíoras ábhartha agus gach doiciméad iomchuí a bhaineann le m'éileamh ar chúiteamh.*

Déanaim an mhionnscribhinn seo (*luaigh anseo údair an eolais atá agat, mar shampla, “de bharr an eolais atá agam féin go pearsanta ar na fíorais, agus de bharr na faisnéise a thug m’aturnae dom” nó de réir mar a bheidh*).

Síniú an teisteora.

Arna mhionnú an      lá seo de      ,  
20      , i      , i gContae      , os mo  
chomhairse, Coimisinéir Mionnaí (*nó duine cáilithe eile*), agus tá aithne agam ar an teisteoir

Deimhnímse, X.Y., leis seo go bhfuil aithne agam ar an teisteoir.

(*nó, tá aithne agam ar X.Y., a dheimhníonn go bhfuil aithne aige/aici ar an teisteoir*).

Síniú

Síniú

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dúinn le hAlt 126 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna leasú le hAlt 72 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006, déanaimidne, Coiste na Rialacha um Chlárú Gníomhas agus Teidil, arna bhunú de bhun fhorálacha Alt 74 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006, leis seo, le comhthoilíú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, na Rialacha sin roimhe seo.

ARNA DHÁTÚ an 23ú lá seo de Lúnasa, 2012


MARY LAFFOY, Breitheamh den Ard-Chúirt

FRANK TREACY, Príomhfheidhmeannach Eatramhach den Údarás Clárúcháin Maoine

JAMES DWYER, Abhcóide Sinsir

OWEN M. BINCHY, Aturnae

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAlt 126 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, arna leasú le hAlt 72 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006, comhthoilímse, ALAN SHATTER, Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis seo leis na Rialacha sin roimhe seo a dhéanamh.



ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,  
1 Nollaig 2012.

ALAN SHATTER,  
Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

## NÓTA MÍNIÚCHÁIN

*(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)*

Leis na Rialacha seo, a thiocfaidh in éifeacht an 1ú lá d’Fheabhra, 2013, comhdhlútháitear agus leasaítear na Rialacha um Chlárú Talún, 1972 go 2011, agus cealaítear leis seo na rialacha sin.